

**LOGAINMNEACHA CHLÉIRE.**

**CO. CHORCAÍ**

Éamon Lankford

Tráchtas Ph. D. sa Ghaeilge.

faoi stiúrá ag an Ollamh Ruairí Ó hUiginn

Iml. I

Dámh na nEalaíon,  
Coláiste Phádraig,  
Maigh Nuad.

Samhain 1995

# CLÁR

## Imleabhar I

	<u>Leathanach</u>
Focal Adhmála	(i)
Achoimre	(ii)-(iv)
Leagan amach an ábhair	(v)-(viii)
Réamhrá	1
CUID I. Liostáil logainmneacha an bhailiúcháin maille le nótaí	65

## Imleabhar II.

CUID 2. Seanchas na n-Áitainmneacha maille le nótaí	258
CUID 3. Staidéar ar Logainmneacha.	453
Aguisín	623
Leabharliosta agus foinsí eile	641
Innéacs ar logainmneacha an bhailiúcháin.	678

## FOCAL ADMHÁLA

Táim faoi chomaoín ag an Ollamh Pádraig Ó Fiannachta a chéad spreag an tráchtas seo ar Logainmneacha Chléire. Ba é an tOllamh Ruairí Ó hUigín a stiúraigh an obair agus a thug dom gach cúnaimh agus treoir chun an saothar a chur i gcrích. Is mór agam an chabhair a thug sé dom i gcóiriú na leaganacha fogharscrite a ghabhann leis na logainmneacha. Táim buíoch don Ollamh Seán Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh a thug spreagadh dom; Máirín Lankford a chabhraigh go mór liom mo smaointí a bhailiú le chéile, agus a chur in eagar; An Dr. Máire Ní Earca agus Lia Ní Éigeartaigh LLM a chuir roinnt ábhar ar mo shúile dhom; Fionnghuaile Nic Suibhne a tharraing na léarscáileanna agus Míchéal Ó Murchú, Roinn na Tíreolaíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh a chuir cló orthu.

Pádraig Ó Céadagáin, (Glebe), Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil (Comalán), Míchéal Ó Dálaigh (Ardghort) agus Bill Curtin (Gleann) ó Chléire a sholáthraigh an chuid is mó des na hainmneacha atá cláraithe sa bhailiúchán seo. Gabhaim buíochas leo, agus leis na faisnéiseoirí go léir a sholáthraigh ábhar ar logainmneacha Chléire.

Chuir na daoine seo comaoín orm le linn dom a bheith ag gabháil don dtionscnamh; Tim Cadogan, An Canónach Míchéal Ó Dálaigh, Tomás Ó Síocháin, Máiréad Ní Loingsigh, Séamas Ó Coileáin agus Loraine Ní Chonchúir.

Tá mo bhuíochas tuillte chomh maith ag fóirne na n-instiúidí a leanas: Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Oifig na dTaifead Poiblí; An Leabharlann Náisiúnta; Leabharlann Russel, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad; Leabharlann na Láimhscríbhinní, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Roinn Bhéaloideas Éireann; Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Leabharlann Chontae Chorcaí; Leabharlann Chathair Chorcaí agus Cartlann Láthair Oidhreachta Chléire.

## ACHOIMRE

Ar bhailiúcháin 14,000 mion-áitainmneacha i gCo. Chorcaí a chuir mé le chéile ó 1976 tá mion-áitainmneacha na n-oileán Inis Uí Drisceoil, Oileán Uí Chumaisc, Inis Fada, Inis Cáim, Inis Earcáin, An Bhá Thuaidh agus Oileán Chléire. Is é atá sa tráchtas seo ná bailiúchán Chléire agus An Bhá Thuaidh (Long Island Bay) ina bhfuil 2,105 ainm.

Seachas a bhfuil curtha ar fáil i dTriocha Céad Chorca Dhuibhne (1938) agus Uí Ráthach (1954) leis An Seabhach ainmneacha bailte fearainn is mó atá faoi chaibidil i saothair logainmníochta na hÉireann na haoise seo. Is beag duine a bhí 'amuigh sa ghort' ag iarraidh beagán den mhóroidhreacht mhionáitainmneacha atá in Éirinn a shábháil ó scrios. Anuas go dtí 1975 níor cuireadh mapaí a léireodh suíomh beacht mionainmneacha le formhór na mbailiúchán logainmneacha a bhí curtha ar fáil in Éirinn roimhe sin, rud a d'fhág gur ar éigin a d'fhéadfaí anois teacht ar shuíomh puinn des na hainmneacha a bhí luaite. Dhein An Cumann Logainmneacha, Baile Átha Cliath éacht mar sin, sa bhliain 1975 trí *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge* a fhoilsiú maille le mapaí a thaispéanann na mionranna talaimh ina bhfuil na háitainmneacha suite. Ba é *The Living Landscape* (1975) le Séamas Ó Catháin agus Patrick O'Flanagan ina bhfuil mionainmneacha ó bhaile fearainn Cill Ghallagáin, Co. Mhaigh Eo an chéad saothar in ar cuireadh mionáitainmneacha, maille lena ndinnsheanchas, a leaganacha foghraíochta agus tuairisc ar a bhfaisnéiseoirí i gcló. Sa bhliain 1968 i léacht dar teideal 'Ainmneacha na nGarraithe- a Nádúr agus a dTábhacht', a tugadh don Chumann Logainmníochta, chuir Breandán S. MacAodha tús le scagadh agus rangú ar aicme áirithe de logainmneacha na hÉireann d'fhonn nádúr na mbunilimintí iontu a aithint. Sa *Living Landscape* leanadh den iniúchadh seo ar eilimintí áitainmneacha nuair a deineadh ainmneacha an bhailiúcháin áirithe seo a rangú i seacht n-aicme de réir a gcáilíocht, líon agus dinnseanchas d'fhonn léargas a thabhairt ar bhunús, feidhm agus líon na n-áitainmneacha a thabharfadh tuiscint ar ghnéithe de shaol na ndaoine a chum. Bhí céimeanna mhóra tugtha i scoláireacht na logainmníochta in Éirinn ag na húdair seo.

Ba i mí an Mheithimh 1976 a thosaigh mé ar ainmneacha na bpáirceanna agus mionainmneacha eile Oileáin Cléire a bhailiú agus a suíomh á mharcáil ar léarscáil. Deineadh an bailiú a chur i gcrích chomh fada agus dob fhéidir ar téip agus is iad na hainmneacha seo agus a leaganacha foghraíochta a gheibheann tús áite sa liostáil ainmneacha sa chéad chuid den saothar seo.

Bíodh go bhfuil ainmneacha bailte fearainn Chléire cnuasaithe sa saothar seo, is ar mhionainmneacha, is é sin ainmneacha tírghnéithe aiceanta mar chnoic, failltreacha agus gnéithe den tírdhreach cultúrtha mar ainmneacha garraithe nó ainmneacha seanchabhlaigh agus a leithéidí atá an bhéim. Seachas ainmneacha na mbailte fearainn is ar éigin a bheadh thar dornán ainmneacha ar eolas ag éinne ón móirthír. Is é an aidhm atá leis an tráchtas seo mar sin ná :

- (i) Saibhreas logainmeacha Chléire a chlárú agus a chur ar láimh shábhála.
- (ii) Soiléiriú a dhéanamh ar thábhacht agus ar fhiúntas áitainmneacha mar fhoinsé bhreise eolais ar stair agus ar chultúr daoine.
- (iii) An léiriú ar mheon, ar shaol agus ar shaothar pobail atá le sonrú sna háitainmneacha a nochtadh.
- (iv) Léiriú a dhéanamh ar athraithe a tháinig ar ghnéithe den saol eacnamaíochta agus sóisialta le linn tréimhsí bronnta na n-ainmneacha.
- (v) Bailiúchán de 2,000 ainm a rangú ina bpríomhaicmí d'fhonn iarracht a dhéanamh ar bhunús na n-ainmneacha a shoiléiriú agus léargas a thabhairt ar chuid de phróiseas logainmníochta an oileáin.
- (vi) Iarracht a dhéanamh ar dhátaí a chur le roinnt des na hainmneacha a bronnadh.

Caitheann réamhrá an tráchtais súil siar ar mhórbhailiúcháin logainmníochta na hÉireann sa chéad seo agus ríomhtar an modh bailithe ainmneacha a bhí agam sa bhailiúchán seo. Tugann an cúlra ginearálta léargas ar na gnéithe fisiciúla agus gnéithe eile a chuaigh i gcionn ar shaol na ndaoine a chum áitainmneacha an oileáin. 'Líostáil logainmneacha an bhailiúcháin' atá i gCuid 1 maille le foinsí béil agus foinsí scríofa a léiríonn eolas faoin ainm agus mapaí ag léiriú gnéithe na mbailte fearainn de réir na n-uimhreacha atá tugtha dá n-ainmneacha sa saothar.

Is cuid den traidisiúin an seachas áitiúil agus ar nós na n-áitainmneacha féin baineann scéalta agus seachas go dlúth le háiteanna. Is minic gur sa seachas a bhíonn an bunús le háitainm le fáil. Seans maith go mbeadh a lán des na hainmneacha imithe as cuimhne daoine murach an beosheanchas a choiméad in úsáid iad go dtí ár linn féin. Is dócha gur fíor a rá chomh maith go mbeadh mórán den seachas céanna cailte ach gur mhair beo an oiread sin ainmneacha ar áiteanna. Tugtar i gcuid 2 den tráchtas 'Seachas na n-Áitainmneacha' a ghabhann le roinnt des na háitainmneacha sa bhailiúchán.

Sa 'Staidéar ar Logainainmneacha' i gcuid 3 pléitear roinnt cúiseanna le spreagadh áitainmniú agus deintear ainlís chainníochtúil, de réir a mbunailimintí, ar na hainmneacha atá sa bhailiúchán d'fhonn léargas a fháil ar a nádúr agus a

minicíocht. Rangaítear na hainmneacha i sé aicme agus tugtar cuntas ar na gnéithe a ainmníodh maille lena minicíocht. D'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar conas mar a ainmníodh áiteanna deintear ainilísiú ar eilimintí tánaisteacha na n-ainmneacha.

I bhfianaise na hainilíse ar bhuneilimintí agus eilimintí tánaisteacha na n-ainmneacha léirítear cuid des na feidhmeanna a bhí agus atá le bronnadh ainmneacha agus rangaítear na príomh-chinéalacha ainmneacha a cumadh i gCléire. Pléitear leis tábhacht na n-áitainmneacha mar fhoinsí eolais agus mar léiriú ar chultúr áite. Deintear iarracht ar an léiriú ar mheon, ar nósanna, ar shaol agus ar shaothar pobail atá le sonrú sna h-áitainmneacha a nochtadh beagán.

## LEAGAN AMACH AN ÁBHAIR

### IML.I

#### **Réamhrá:**

##### **A. Scóip an tSaothair.**

Bailiú agus eagrú an ábhair.

Príomhfhaisnéiseoirí.

Foinsí scríofa.

Ciorraithe do theidil foinsí agus faisnéiseoirí.

Mapaí:

I. Deilbh aiceanta an oileáin.

II. Cléire roinnte i mBailte Fearainn.

Nótaí eagarthóireachta.

##### **B. Cúlra Ginearálta.**

Suíomh, aeráid agus topagrafaíocht.

Stair na lonnaíochta : ársaíocht, roinnt agus seilbh na talún.

Iascaireacht, An Gorta, Protastúnachas, Oideachas, Daonra.

Ainmneacha Oifigiúla.

Líon agus dátaí na n-ainmneacha.

#### **Cuid I :Líostáil logainmneacha an bhailiúcháin**

**A.** Leagan amach ábhar na mBailte Fearainn atá eagraithe in ord aibitre sa líostáil.

(1) Ainm an Bhaile Fearainn le leagan ciorraithe idir lúibíní agus fig. uimhir a léiríonn a shuíomh.

(2) Ainm an Bhaile Fearainn le cinnlitreacha an fhaisnéiseora agus an leagan foghraíochta, bunaithe ar leagan labhartha an fhaisnéiseora chéanna nó faisnéiseora eile sa chás nach raibh taifeadadh déanta ar ghuth an phríomhfhaisnéiseora.

(3) Leaganacha scríofa i nGaeilge agus a bhfoinsí.

(4) (a) Leagan Béarla na Suirbhéireachta Ordanáis.

(b) Leaganacha Béarlaithe eile agus a bhfoinsí.

**B. Leagan amach ábhar na mionainmneacha.**

An mionainm le cinnlitreacha an fhaisnéiseora agus an leagan foghraíochta.

Tagairtí scríofa don mhionainm.

Foinsí a léiríonn eolas faoin ainm. e.g. Cáipéisí S.O., Valuation & House Books, Parish Registers 7rl.

Nótaí eagarthóireachta le Cuid 1.

Mapaí ag léiriú gnéithe na mBailte Fearainn de réir na n-uimhreacha atá tugtha dá n-ainmneacha sa saothar.

## **Iml. II**

### **Cuid 2: Seanchas na n-Áitainmneacha**

1. Ainm an Bhaile Fearainn.

(a) Blúiríní seanchais scríte faoi chló iodáileach a leanann an leagan amach atá ar ainmneacha i gCuid I.

(b) Eolas Breise.

2. Mionainmneacha.

Ainm agus a uimhir thagartha.

Blúiríní seanchais scríte faoi chló iodáileach de réir na n-uimhreacha atá tugtha dá n-ainmneacha i gCuid I.

Eolas breise.

Nótaí eagarthóireachta le Cuid 2.

### **Cuid 3: (I) Staidéar ar Logainmneacha Chléire**

#### **Anailís chainníochtúil ar bhuneilimintí logainmneacha.**

Sa chuid seo den tráchtas deintear anailísiú chainníochtúil, de réir a mbun eilimintí, ar na hainmneacha atá sa bhailiúchán. Rangaítear iad i sé aicme agus tugtar cuntas ar na gnéithe a ainmnítear maille lena minicíocht. Is iad na sé aicme ná :

(1) Tírdhreach / gnéithe fisiciúla.

(2) Uisce / farraige.

(3) Iarsmaí ó ré eile / lonnaíocht.

(4) Cumarsáid / taisteal.



(5) Ranna tailimh.

(6) Eilimintí eile.

Ar dtúis deintear cuid des na cúiseanna le spreagadh áitainmnithe a phlé agus soláthraítear eolas faoin scéim rangaithe atá in úsáid don anailís ar na h-áitainmneacha.

## **(II) Anailís ar eilimintí tánaisteacha**

D'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar conas mar a ainmníodh áiteanna deintear anailísiú ar eilimintí tánaisteacha na n-ainmneacha.

Scrúdaítear :

1. Téarmaí coibhneasta nó eilimintí bunaithe ar shuíomh, treo agus am.
2. Téarmaí atá bunaithe ar radharc na súl agus a chuireann síos ar:  
(a) Dath. (b) Méid. (c) Cruth.
3. Meastóireacht is tuairimíocht sa logainmníocht.  
(a) Téarmaí a bhfuil cáilíocht agus meastóireacht i gceist iontu.  
(b) Téarmaí a bhaineann le hábhar.  
(c) Mothú sa téarmaíocht.
4. Ainmniú ón Duine.  
(a) Aicmí Daoine.  
(b) Gairmeacha agus Ceardanna.  
(c) Tréithe.  
(d) Baill Choirp.
5. Ainmniú ó Ainmneacha Pearsanta, Sloinnte, Leasainmneacha agus Ainmniú Tíolactha.
6. Ainmniú ó Ainmneacha Áiteanna Eile.
7. Téarmaí a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith.  
(a) Talmhaíocht. (b) Iascaireacht. (c) Saothair eile.
8. An Dúlra sa Logainmníocht.  
(a) Aeráid.  
(b) Plandaí fiáine agus barraí.  
(c) Ainmhithe fiáine.  
Beostoic.  
Éin.  
Éisc.  
Mionmhíolta.
9. Uimhríocht sna háitainmneacha.
10. Ainmneacha na mBailte Fearainn sna mionainmneacha.

### **(III) Na príomh-chinéalacha ainmneacha**

I bhfianaise na hanailíse atá déanta ar bhuneilimintí agus eilimintí tánaisteacha na n-ainmneacha léirítear cuid des na feidhmeanna a bhí agus atá le bronnadh ainmneacha agus rangáítear na príomh-chinéalacha ainmneacha a cumadh i gCléire

### **(IV) Tábhacht na n-áitainmneacha**

Pléitear tábhacht na n-áitainmneacha mar fhoinsí eolais agus mar léiriú ar chultúr áite. Deintear iarracht ar an léiriú ar mheon, ar nósanna, ar shaol, agus ar shaothar pobail atá le sonrú sna h-áitainmneacha a nochtadh beagán.

### **Críoch**

Aguisín.

1. Tagairtí don ainm Cléire.
2. Ainmneacha bailte fearainn Chléire in ord croineolaíoch.

Leabharliosta.

1. Foclóir.
2. Leabhair.
3. Altanna.
4. Lámhscríbhinní.
5. Tráchtais Neamhfhoilsithe.
6. Tuarascáileanna.
7. Mapaí agus Pleananna.
8. Nuachtáin.
9. Dánta

Innéacs.

Innéacs, in ord aibítire, de na h-ainmneacha ar fad.

**Logainmneacha Chléire**

**Co. Chorcaí**

**Réamhrá**

**Cúlradh ginearálta**

# Logainmneacha Chléire

## Réamhrá

Le linn turasanna go hOileán Cléire, Co. Chorcaí sna seachtóidí thug mé faoi deara go luaití logainmneacha go han-mhinic i ngnáthchumarsáid daoine. Bhí geinealach na gcomharsan, stair, mionimeachtaí agus an saol mar a chaith daoine é le sonrú i mionáitainmneacha mar ainmneacha na bpáirceanna, failltreacha agus cuaisíní an oileáin. Bhí aithne le cur mar sin ar thírdhreach agus ar phobal Chléire tré mhéan na logainmneacha. Bhí an gnáthphobal fonnmhar na scéalta agus na rúnta a bhí faoi ghlas sna hainmneacha dúchais a scaoileadh don té a chuir suim iontu. Chuaigh mé i mbun bailithe ainmneacha agus an seanchas a ghaibh leo sa bhliain 1976. Ar thurasanna ó Chléire amach sna blianta ó 1982 bhailigh mé logainmneacha ar roinnt oileán eile ar chósta Chorcaí mar a raibh pobal beag agus áitainmneacha dúchais fós beo sa chaint. Ar na bailiúcháin ainmneacha seo a cuireadh le chéile sna seachtóidí agus ochtóidí tá mionainmneacha Inis Uí Drisceoil, Oileán Uí Chumaisc, Inis Fada, Inis Cáim, Inis Earcáin, An Bhá Thuaidh agus Oileán Chléire. Is é atá anso ná bailiúchán Chléire agus An Bhá Thuaidh ina bhfuil os cionn 2,000 ainm.

## Scóip an tsaothair

Is mór idir scóip an tsaothair seo agus saothair eile logainmníochta in Éirinn. Déantar cúram, mar shampla, de ainmneacha bhailte fearainn sa chuid is mó des na saothair seo: *The Place-names of the Decies* le Patrick Power (Oxford 1952), *The Place-names of Westmeath* le Paul Walsh (Dublin 1958), *The Place-Names of County Kilkenny* le Owen O'Kelly (Kilkenny 1985), *The Place-names of Co. Wicklow* le Liam Price (Dublin 1945-67), agus *Parish Histories and Place Names of West Cork* le Bruno O'Donoghue (Cork g.d.). Tá roinnt saothar eile sa *genre* céanna tagtha ar an saol le gairid. Orthu tá: *Place-Names of Northern Ireland: County Down*, The Institute of Irish Studies, The Queens University of Belfast (Belfast 1992), agus *Contae Luimnigh* (1990), *Liostaí Logainmneacha. Contae Lú. County Louth*, 1991, *Uíbh Fháilí. Offaly* (1994) arna bhfoilsíú ag an tSuirbhéireacht Ordanáis.

Ainmneacha bailte fearainn i dteannta mionainmneacha e.g. ainmneacha páirceanna, cúisíní agus mar sin de ba shuim leis An Seabhac i *Triocho-céad Chorca Dhuibhne* (Cumann le Béaloideas Éireann 1938), agus *Uí Ráthach* (Cumann le

Béaloideas Éireann 1954). Is amhlaidh leis atá i *Place-names and antiquities of S.E.Cork* le Patrick Power (PRIA 1917).

Mionainmneacha ar sheacht gcinn des na hoileáin Bhlascaodacha atá faoi chaibidil i *nDinnseanchas na mBlascaodaí* le Tomás Ó Criomhthain (Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais, Baile Átha Cliath 1935). Tá bailiúcháin mionainmneacha paróistí, nó codanna de pharóistí agus oileáin éagsúla curtha i gcló chomh maith i *nDinnseanchas*, iris An Chumann Logainmneacha, Baile Átha Cliath. Orthu sin is tábhachtaí tá: '*Logainmneacha as Toráí*' (Ó hUrmoltaigh 1967), '*Placenames of Innismurray*' (Mac Cárthaigh 1971), '*Logainmneacha ó Dheisceart Thiobruid Árann*' (Ó Cíobháin 1964), agus an mór bhailiú logainmneacha i gCo. Chorcaí le Mícheál Mac Cárthaigh, '*Dursey Island and Some Placenames*' (1966), '*Placenames of the Parish of Kilcatherine*' (1972), '*Placenames of the Parish of Kilnamanagh*' (1974), '*Placenames of the Parish of Killaconenagh*' (1977). Ar na bailiúcháin ainmneacha is mó tábhacht do Chontae Chorcaí agus atá le fáil sa *Journal of The Cork Historical and Archaeological Society* tá an sraith ar '*Place Names and Antiquities of Kinalmeakey Barony, Co. Cork*', (O'Riordáin 1930-1934), '*The Place Names and Antiquities of the Barony of Kerrycurrihy, Co. Cork*', (O'Leary 1919), agus '*Placenames of the Parish of Kilcaskan*' (Mac Cárthaigh 1980). Ar an mbailiúchán mionainmneacha is mó dá bhfuil ar fáil san iris *Ainm* nó *Bulletin of the Ulster Place Name Society* tá '*The Placenames of Rathlin*' (Mac Giolla Easpaig 1987).

Níor cuireadh mapaí a léireodh suíomh beacht mionainmneacha le formhór na mbailiúchán thuasluaite, a fhágann gur ar éigin a d'fhéadfaí anois teacht ar shuíomh puinn des na hainmneacha seo. Ní luaitear ach oiread faisnéiseoirí mionainmneacha sna saothair chéanna. Tá clárúchán ginearálta déanta áfach ar shuíomh mionáitainmneacha ceantacha áirithe i saothair éagsúla. Is dócha gur do Chontae Chiarraí atá an clárú is mó ar mhionáitainmneacha déanta. Gabhann, mar shampla, léarscáileanna a thaispeánann ionad na bparóistí agus láithreacha eile i gCorca Dhuibhne leis an saothar *Triocha-céad Chorca Dhuibhne* (1938). Cuireadh léarscáil a léiríonn suíomh ginearálta mionáitainmneacha le roinnt saothar eile ó shin. I *Seanchas Chléire* le Conchúr Ó Síocháin (1940, 1970) tugtar ainmneacha na mbailte fearainn agus roinnt mionainmneacha ar chósta Chléire. Chláraigh Joan agus Ray Stagles páircainmneacha sa saothar *The Blasket Islands* (1980) agus cuireadh liosta ainmneacha a bhí i gcló i *nDinnseanchas* (Bealtaine 1971) ar fáil ar léarscáil i *Inishmurray* le Patrick Heraughty (1982). I *nDinnseanchas* (1968, 1969, 1970, 1970-71) chuir Breandán Ó Cíobháin treoir léarscáileanna do shuíomhanna áitainmneacha ar fáil le sraith altanna ar '*Logainmneacha ó Bharúntacht Mhaigh Fhearta, Co. an Chláir*' agus i 1973 chuir Eoghan Ó Riagáin léarscáil de ainmneacha i nDún Chaoin ar fáil.

Chuir Tim Robinson an tsraith mapaí *The Burren* (1977), *Oileáin Árann* (1980), agus *Connemara* (1990) ar fáil ina ndírítear ar ainmneacha bhailte fearainn agus ainmneacha príomh-thírghnéithe agus iarsmaí seandálaíochta in Árann, Iarchonnacht agus i dtuaisceart Chontae an Chláir. Tháinig léaráid léarscáil de Pharóiste an Fheirtéaraigh ar an saol i 1983 agus Paróiste Chill Maolchédair i 1985. Tá bailiúchán cuimsitheach de ainmneacha goirt, gnéithe aiceanta agus tithe an oileáin curtha go snasta ar léarscáil *An Blascaod Mór* (1991). Dhein An Cumann Logainmneacha, Baile Átha Cliath éacht trí mhapaí a fhoilsiú le *Logainmneacha as Paróiste na Rinne, Co. Phort Láirge* (1975) a thaispeánann na mionranna talaimh ina bhfuil na háitainmneacha suite.

Obair den scoth atá déanta ag Breandán Ó Cíobháin lena *Toponomia Hiberniae* I-IV (1978-85) ina bhfuil idir ainmneacha bhailte fearainn agus mionainmneacha ghnéithe den tírdhreach aiceanta agus den tírdhreach cultúrtha i nDún Chiaráin Thuaidh agus Theas i gCiarraí. Is é an baile fearainn an t-aonad is lú a léirítear áfach sna mapaí a ghabhann leis an saothar seo agus ba dheacair do dhuine teacht ar shuíomh na n-ainmneacha gan bun-léarscáileanna an údair féin mar threoir aige.

In *Ulster Folklife* na bliana 1959 scrígh D. E. Morton alt dar teideal 'Some Notes on Minor Place-Names in the Glenlark District' ina ndéintear aird a tharraingt ar ghnéithe den tírdhreach agus gnéithe den stair a chuaigh i gcionn ar áitainmniú i gCo. Thír Eoghain. Sa bhliain 1968 i léacht 'Ainmneacha na nGarraithe: a Nádúr agus a dTabhacht' a tugadh don Chumann Logainmníochta, dhein Breandán S. MacAodha scagadh agus rangú ar aicme áirithe de logainmneacha na hÉireann d'fhonn nádúr na mbunailimintí iontu a aithint. Seachas an rangú seo ar gharraíainmneacha trí bhaile fearainn taobh thiar den Spidéal, Co. na Gaillimhe (*Dinnseanchas* 1975a) níor deineadh aon iarracht roimhe sin na patrúin a ghabhann le h-áitainmneacha na hÉireann a aithint nó rangú ar bith a dhéanamh orthu, gan trácht ar iad a chur i gcomhthéacs idirnáisiúnta. Deineann 'Leathbhaile Fearainn i gCois Fharráige', alt le Tomás Ó Concheanainn (*Dinnseanchas* 1971) súil a chaitheamh ar an mbunús atá le bailiúchán áirithe áitainmneacha. Dhein Breandán Ó Cíobháin rangú ar phríomheilimintí na logainmneacha i *Toponomia Hibernica I-IV* agus ainilís ar a minicíocht sa réamhrá a ghabhann le *Toponomia Hibernica IV* (1985). I ndá alt le Breandán S. MacAodha sa *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* (1981, 1983) deintear mionscrúdú ar structúr agus ar nádúr na n-áitainmneacha atá le fáil ar léarscáil Co. Lú na Suirbhéireachta Ordanáis.

Dhírigh *The Living Landscape* (1975) le Séamas Ó Catháin agus Patrick O'Flanagan ar mhionainmneacha bhaile fearainn Cill Ghallagáin, Co. Mhaigh Eo. Ba é seo an chéad saothar in ar cuireadh mionáitainmneacha, maille lena ndinnsheanchas, a leaganacha foghraíochta agus tuairisc ar a bhfaisnéiseoirí i gcló. Deineadh na hainmneacha sa bhailiúchán a rangú i seacht n-aicme de réir a gcáilíocht, líon agus

dinnseanchas d'fhonn léargas a thabhairt ar bhunús, feidhm agus líon na n-áitainmneacha a thabharfadh tuiscint ar ghnéithe de shaol na ndaoine a chum. Ní tugtar áfach, ach suíomh ginearálta na bpríomh-áitainmneacha ar léarscáileanna eangaí a fhágann gur deacair teacht ar shuíomh ceart na mionainmneacha sa sár-saothar seo.

Chonacthas go raibh freastal roghnaitheach á dhéanamh ar ábhar a bhí ar phár le cianta i go leor saothar logainmníochta agus nach raibh ach an duine anso is ansú "amuigh sa ghort" ag iarraidh beagán den mhór-oidhreacht mhionáitainmneacha atá in Éirinn a shábháil ó scrios. Bhí fómhar iontach logainmníochta le baint i gCléire fad a bhí roinnt cainteoirí maithe Gaeilge fós ann.

## Aidhm an tSaothair

Tá idir ainmneacha bhailte fearainn agus mhionainmneacha Chléire cnuasaithe sa saothar seo. Is ar mhionainmneacha áfach, 'sé sin ainmneacha tírghnéithe aiceanta mar chnoic agus failtreacha agus gnéithe den tírdhreach cultúrtha mar ainmneacha garraithe nó seanchabhlaigh agus a leithéidí atá an bhéim. Seachas ainmneacha na mbailte fearainn is ar éigin a bheadh thar dornán ainmneacha ar eolas ag éinne ón mórtáir. Is é an aidhm atá leis an tráchtas seo mar sin ná :

- (i) Saibhreas logainmeacha Chléire a chlárú agus a chur ar lámh shábhála.
- (ii) Soiléiriú a dhéanamh ar thábhacht agus ar fhiúntas áitainmneacha mar fhoinsé bhreise eolais ar stair agus ar chultúr daoine.
- (iii) An léiriú ar mheon, ar shaol agus ar shaothar pobail atá le sonrú sna háitainmneacha a nochtadh.
- (iv) Léiriú a dhéanamh ar athruithe a tháinig ar ghnéithe den saol eacnamaíochta agus sóisialta le linn tréimhsí bronnta na n-ainmneacha.
- (v) Bailiúchán de 2,000 ainm a rangú ina bpríomhaicmí d'fhonn iarracht a dhéanamh ar bhunús na n-ainmneacha a shoiléiriú agus léargas a thabhairt ar chuid de phróiseas logainmníochta an oileáin.
- (vi) Iarracht a dhéanamh ar dhátaí a chur le roinnt des na hainmneacha a bronnadh.

Baineadh feidhm leathan riamh as áitainmneacha i ngnáth-chumarsáid agus is amhlaidh leis atá inniu. 'It is nearly unthinkable to describe a landscape without at the same time using place-names', a deir Christine Keller.<sup>1</sup> Is féidir tré mhéan na n-ainmneacha léamh a dhéanamh ar thírdhreach oileánda Chléire. Tugann siad léargas ar conas mar a chuaigh an duine i gcionn ar a thimpeallacht agus conas mar a chuaigh an timpeallacht i bhfeidhm ar an nduine. Tugtar sean-chaint, sean-shaol agus sean-

ghníomhartha chun cuimhne iontu. Tugann siad brí don am i láthair. Ba chuid riachtanach den chóras cumarsáide laethúil na gnáth-mhuintire i gCléire iad agus ba é an bhaint seo a bhí acu leis an saol nithiúil a choimeád an oiread sin díobh beo ó ghlún go glún. 'The use of place-names is a matter of daily habit'<sup>2</sup> agus feidhmíonn mórán dá bhfuil sa chnuasach seo mar léiriú ar an ngaol atá idir daoine agus a dtimpeallacht san am i láthair. Má imíonn siad as an ngnáth-chumarsáid rachaidh a bhfuil fágtha anois díobh in éag go tapaidh agus beidh cuid shainiúil de chultúr na hÉireann caillte.

## **Bailiú agus eagrú an ábhair**

Ba i mí an Mheithimh 1976 a tosnaíodh ar ainmneacha na bpáirceanna agus mionainmneacha eile Oileáin Chléire a bhailiú agus a suíomh á mharcáil ar léarscáil. Deineadh bailiú seo na n-ainmneacha a chur i gcrích chomh fada agus dob fhéidir ar téip agus is iad na hainmneacha seo agus a leaganacha foghraíochta a gheibheann tús áite sa liostáil ainmneacha sa chéad chuid den saothar seo.

Bhí cuid des na faisnéiseoirí an-oilte ar léamh léarscáileanna agus ba lena gcabhair nó le cabhair na gcomharsan a deineadh formhór na n-ainmneacha a mharcáil mar atá léirithe i mapaí de fo-ranna na mbailte fearainn a ghabhann le Cuid I den saothar seo. Bhí na faisnéiseoirí an-fhonnmhar an t-eolas a thabhairt uathu agus ba bheag amhras a nocht daoine faoi fhuaimiú nó faoi shuíomh na n-áitainmneacha. Bailíodh ainmneacha 'sa ghort', faoi dhíon tí agus ar an bhfarraige timpeall ar Chléire. Caithfidh gur chuir taifeadán, léarscáil agus an modh bailithe isteach beagán ar aimsiú suíomh agus faisnéisiú nádúrtha roinnt ainmneacha. I gcás áitainm nach rabhthas cinnte faoin a shuíomh cruinn marcáladh ar deireadh é san áit a measadh a shuíomh a bheith, i bhfianaise aon eolais bhreise a bhí ar fáil ag an am. Lena chois sin bailíodh dinnseannchas agus eolas gineolaíochta agus eolas eile a bhí ar fáil a léireadh, b'fhéidir, bunús agus spreagadh ainmneacha. Is cinnte go raibh ainmneacha a bailíodh imithe as gnáthúsáid le blianta agus caithfidh go raibh suíomh ceart roinnt eile acu ligthe i ndearmad le tamall. Ní foláir nó deineadh beagán cumadóireachta chomh maith anso is ansúd i soláthar ainmneacha agus eolais faoin a suíomh. Ní fhéadfaí breith a thabhairt ag an am faoi cad iad na hainmneacha ar ghabháltas ar bith a bhí fós coitianta nó i ngnáthchumarsáid i dteaghlach nó i measc comharsan.

Gabhann leagan foghraíochta le formhór na n-ainmneacha sa bhailiúchán i gCuid I den tráchtas. Níltear ag maíomh go n-éiríonn leis an iarracht fogharscríte seo gach a bhaineann le Gaeilge Chléire a thabhairt chun solais. Gan dabht deineadh taifeadadh ar chainteoirí a bhí an-chruinn agus soiléir. Bhí daoine eile soiléir ach míchruinn agus bhí daoine eile fós agus ba léir go raibh an Béarla taréis an lámh in uachtar a fháil ar an bhfuaimiú a bhí acu ar an líon ainmneacha a bhí fós acu agus a



bhain go hiondúil lena ngabháltaisí féin amháin. Bíodh gur trí mheán na Gaeilge a bailíodh an t-ábhar ar fad, geall leis, ba léir ó 1976 go raibh an Béarla mar ghnáththeanga caidrimh ag na faisnéiseoirí agus gur chuir an taithí seo ar an mBéarla isteach ar cheart-fhaisnéisiú agus fuaimiú ainmneacha. Deineadh tuairisciú mar sin, ar ainmneacha nach bhfuil ag teacht le cruinn ghramadach na teanga. Is clárú ar ainmneacha díreach mar a fuarthas iad ó bhéal atá déanta anso. Liostáil ar ainmneacha a bhí ar bun ag faisnéiseoirí áirithe ó am go chéile agus mar sin ba dheacair a dhéanamh amach, uaireannta, an logainm nó tuairisc ar áit a bhí i gceist nuair a luadh eilimint mar *port* nó *currach* b'fhéidir, agus gan an t-alt a bheith luaite a dhéanfadh ainm mar *An Port* nó *An Currach* a chur in iúl. Tugann na leaganacha foghraíochta agus an seanchas a ghabhann leis na hainmneacha léiriú ar ghnéithe de chaighdeán agus truailliú na teanga i gCléire sa tréimhse 1976-1990.<sup>3</sup>

Níorbh fhéidir i gcónaí taifeadadh a dhéanamh de fhaisnéiseoirí agus b'éigin sna cásanna seo leagan na gcomharsan, b'fhéidir, a chur leis na hainmneacha a bailíodh. Tharla uaidh seo uaireannta, go raibh gramadach an dara leagain níos cruinne ná mar a bhí sa leagan a bhí tugtha ag an bpríomh-fhaisnéiseoir. Cláraíodh an dá leagan sa chás seo. Ar ócáidí eile dhein Pádraig Ó Céadagáin ón mBaile Iarthach, Mícheál Ó Dálaigh, Ardghort, Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil agus Tomás Ó Síocháin ón gComalán cinntiú ar fhuaimiú ainmneacha agus is iad a leaganacha foghraíochta súd a ghabhann le roinnt mhaith ainmneacha.<sup>4</sup> Tá leis méid áirithe ainmneacha sa bhailiúchán gan leagan foghraíochta ar bith leo.

## Faisnéiseoirí

Faisnéiseoirí a raibh buanchónaí orthu i gCléire sa tréimhse 1976-1993 a sholáthraigh formhór na n-ainmneacha. Sholáthraigh gach áitritheoir mionainmneacha a ghabháltais féin. Daoine a chaith cuid dá saol i gCléire ag iascaireacht is mó a chuir na hainmneacha ar an gcósta ar fáil. Faisnéiseoirí a bhfuil cónaí orthu ar an mórthír anois iad Mícheál Ó Dálaigh (MÓD) agus Eoin Ó Dálaigh (EÓD), agus Tommy Regan (TR). Is tré mheán na Gaeilge a bailíodh an t-ábhar ar fad, lasmuigh den soláthar mór ainmneacha a dhein Bill Curtin (BC) a chaith formhór dá shaol i mBoston Mheiriceá, agus roinnt ábhair ó Danny Leonard (Dónal Ó Lionáin, (DÓL)) agus Tommy Regan (TR). Feirmeoirí beaga a chaith tréimhsí fada ag iascaireacht ar an gcósta theas agus i gcabhlach tíortha eile ba ea a lán des na faisnéiseoirí, agus bhí na hainmneacha céanna ar an gcósta agus a suímh ar eolas ag go leor acu.

Faisnéiseoir den scoth ba ea Pádraig Ó Céadagáin, An Glebe, Cléire. Ní chaithfeadh sé tuairim faoi shuíomh áite, ach nochtaigh sé a raibh de logainmneacha aige go cinnte soiléir. Ba mhinic a tástáladh é faoi shuíomh áiteanna agus d'eirigh leis

na suíomhanna céanna a mharcáil ar léarscáileanna gan dua ar bith. Ba é an dála céanna é i gcás Bill Curtin ón nGleann a d'imigh go Boston i 1927 ach a choiméad an oiread sin de logainmneacha an oileáin ina chloigeann go dtí gur cuireadh ar phár iad i lár na n-ochtóidí agus é ar cuairt abhaile go Cléire. Saoi, fealsamh agus fear léinn Chléire ba ea Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil ón gComalán. Ba é a chinntigh suíomh furmhór na mionainmneacha ar ghabháltaisí taobh thoir an oileáin. Saineolaí ar ainmneacha ar chósta Chléire agus ar farraige ba ea Mícheál Ó Dálaigh, Ardghort agus bhí Éireamhóin Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach an-bheacht ar shuíomh agus fuaimiú ainmneacha cuaisíní agus na náiteanna ab fhearr iascaireachta ar chósta an oileáin. Tríd is tríd bhí a lán des na hainmneacha céanna ar eolas ag mórán daoine go háirithe ainmneacha cnoc, cuaisíní, toibreacha agus baill iascaireachta. Bhí faisnéiseoirí eile, áfach, agus ní raibh acu ach cúpla ainm a bhain len a ngábhaltas féin. As an daichead a haon faisnéiseoir fireann agus seachtar baineann a sholáthraigh ábhar logainmníochta dom ó 1976, tá triocho duine ar shlí na fírinne.

## Foinsí scríofa

Is é ar bailíodh d'ainmneacha ó bhéal, a ndinnseanchas agus marcáil shuíomh na n-áitainmneacha féin an chuid is tábhachtaí den ábhar. Baineadh leaganacha scríofa de ainmneacha as foinsí de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Orthu sin bhí: *O.S. Fair Plan*, léarscáil a cuireadh le chéile le linn obair pháirce na Suirbhéireachta sa bhliain c.1839/40; *O.S. Name Book*, Clear Island, Co. Cork, a thugann na leaganacha éagsúla de ainmneacha a roghnaíodh le cur ar an gcéad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta sa bhliain 1841; *O.S. Boundary Survey Report* ina bhfuil cuntaisí ar theorannacha na mbailte fearainn agus ainmneacha áiteanna i ngiorracht dóibh. Gabhann an *Boundary Surveyor's Sketch Map* 1840 leis an Tuarascáil seo; *O.S. Revision Name Book* c. 1896, ina bhfuil tuairisc ar na hainmneacha a cuireadh ar léarscáileanna 6" agus 25" na Suirbhéireachta a seoladh 1899-1901; *O.S. Memoranda* ina bhfuil roinnt ceisteanna ag Stiúrthóir na Suirbhéireachta ar oifigigh a bhí i mbun obair pháirce na Suirbhéireachta i gCléire c. 1841.<sup>5</sup>

Sa tráchtas seo baineadh feidhm as mapa a ghaibh le *Seanchas Chléire* 1940 (LSC 1) a bhí bunaithe ar léarscáil 6" SO (LDF), a d'úsáid an tAth. Donnchadh Ó Floinn (eagarthóir) chun suíomh áiteanna ar an chósta a bhí luaite sa saothar úd a mharcáil.<sup>6</sup> Sholáthraigh Oifig na Logainmneacha, Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis leaganacha caighdeánaithe des na hainmneacha céanna do mhapa (LSC 2) a ghaibh le heagrán nua de *Seanchas Chléire* 1970.

As foinsí de chuid Roinn Bhéaloideas Éireann a baineadh an chuid is mó des na leaganacha scríofa Gaeilge sa bhailiúchán. Fuarthas leaganacha caighdeánaithe a

lán díobh seo i Seanchas Chléire (1970), Céad Fáilte go Cléire (1990) curtha in eagar ag Marion Gunn agus Aistí Ó Chléire (1987) le Donnchadh Ó Drisceoil. Baineadh úsáid leis as roinnt ainmneacha a luaitear i litreacha agus leabhair nótaí leis an Athar Donnchadh Ó Floinn agus atá i dtuaisce i Leabharlann Russel, Maigh Nuad.

Ar na foinsí tagartha atá curtha le chéile ag údar an tráchtais seo do Chartlann Láthair Oidhreachta Chléire agus a luaitear anseo istigh tá: Suirbhé Ársaíochta Chléire (SAC), Suirbhé Tíreolaíochta Chléire (STC), Bailiúchán Gineolaíochta Chléire (BGC), Cléire Register of Births 1818-1990 (CRB), Cléire Marriage Register 1841-1900 (CMR), Cléire Register of Burials 1841-1987 (CRB), agus liostaí éagsúla a bhaineann le stair, saol agus muintir an oileáin. Ar na bailiúcháin áitainmneacha leis an údar céanna a mbaintear úsáid astu tá: Bailiúchán Logainmneacha d'Inis Earcáin (BIE), Bailiúchán Logainmneacha d'Inis Fada (BIF), agus Bailiúchán Logainmneacha do Inis Uí Drisceoil (BD).

Baineadh feidhm as liostaí agus ábhar logainmníochta atá le fáil i Journal of the Cork Historical and Archaeological Society (JCHAS), Dinnseanchas (Dinn.), Toponomia Hiberniae (Top. Hib..I-IV), The Living Landscape (Dublin 1975), Triochoa-Céad Chorca Dhuibhne (TCCD) (Baile Átha Cliath 1937-1939), Logainmneacha as Paróiste na Rinne, (Baile Átha Cliath 1975), Bulletin of the Ulster Place-Name Society (BUPS.) agus Ainm i gcrostaigrú ar ainmneacha. Gheobhfar sa leabharliosta ar chúl an tráchtais seo, ainmneacha na n-irisí logainmníochta idirnáisiúnta agus foinsí eile gur baineadh leas astu i gcur le chéile an tsaothair.

## **Dinnseanchas Chléire**

Tá an t-eolas breise faoi ainmneacha atá le fáil sa seanchas agus sa ghinealas an-tábhachtach chun cur ar ár gcumas staidéar a dhéanamh ar na hainmneacha ina gcomhthéacs ceart chun go dtuigfimis conas mar a úsáideadh iad. Tá mar shampla, an t-eolas sa seanchas faoi chúrsaí iascaireachta lán de lua áitainmneacha. I dtaobh an *Ré Shúnta BT 21* sa Bhá Thuaidh mar shampla, tá eolas tábhachtach don iascaire:

Dá mbeadh sé ina ghála aneas thiocfá aníos an Ré Shúnta idir na hÓglaigh agus Leac Leathard lastuaidh de Charraig Uí Laoghaire. The Great Sound, an súnta doimhin idir na hÓglaigh agus Carraig Uí Laoghaire. ED

agus dála *Boilg Chathail Ó Riagáin BT 31*:

Boilg 'sea carraig nach mbriseann choíche. Paiste de thalamh garbh go mbuaileann an t-iasc isteach ann. Laistiar des na Laonna tá Boilg Chathail Ó Riagáin nó Charlie Regan's Boilg. ED

agus faoi na dromanna ar farraiige ar nós *Drom na mBolg BT 23* tá seo le rá ag Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil:

Tá réimse arda carraige fén bhfarraiige agus thabharfaí dromanna orthu. Tá an Drom Istigh againn agus an Drom Amuigh; tá Drom na Carraige againn agus Drom na Lice agus le linn gála nó airicéin eiríonn an fharraiige an-ard ar fad de dhroim na ndromanna so agus titeann sí de thuairt thar na ndrom le glór ard.<sup>7</sup> In a leithéid d'ocáid bíonn na dromanna ag briseadh. Ba olc an bhail ar bhád dá mbrisfeadh drom acu so uirthi.

Is gnáth gur áiteanna maithe chun iascaigh iad na dromanna san. Ná deirtear nár leag Drom na Carraige éinne riamh follamh. Sí an Charraige Aonach nó Aonair atá i gceist ansan.<sup>8</sup>

Tá an seanchas agus an logainm fite fuite ina chéile mar sin. Cothaíonn siad a chéile. Maireann siad in a chéile. I gcás an tSeanchais Fiannaíochta mar shampla, deineadh daonnú ar an dtírdhreach trí ainmneacha laochra na Fiannaíochta a nascadh le gnéithe den tírdhreach nádúrtha agus le gnéithe den tírdhreach cultúrtha. Feictear uaidh seo an fheidhm shóisialta a ghaibh leo i meon na ndaoine a bhain an oiread sin suilt is sásaimh as scéalaíocht na sean-aimsire gur nascadar ainmneacha naomh is laochra le gnéithe den tírdhreach in ar mhaireadar.

Is cuid d'ár n-aighe tírdhreachúil iad logainmneacha agus ba chuid den aighe tírdhreachúil oileánda iad áitainmneacha Oileán Chléire. Bíonn ainmneacha áite ar leith ina ndíol suime agus mórtais agus córoinnte ag muintir na háite sin i slí nach dtuigeann lucht an t-saoil mhóir taobh amuigh den áit áirithe sin. Meon Chléire atá sna hainmneacha sa bhailiúchán seo agus an dinnseanchas a ghabhann leo.

Léirítear feidhm ainm go minic sa seanchas a ghabhann leis. Dar le Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'Ní raibh cuas ná clabadán gan a ghnó féin'.<sup>9</sup> Ba ag Béal na Leaca a gheibhtí na caoirigh a ghoidtí marbh. Chuirte an t-im le cruachaint sa t-samhradh i gCuaisín an tSamhraidh. Bhí duilisc a bhí breá le n-ithe ag fás i gCuaisín an Trithin. Ba i Scol na Cáige a báití na madraí buille... Na béilleacha - gheibhtí fothain futhu. Gheobhfaí ionad clúmhar fé bhéilic éigin agus bheadh an ghrian ag taitneamh ann.<sup>10</sup> Feidhm foláirimh don seoltóir atá tugtha san ainmniú ar *Rinn na mBreall*. I rangú ainmneacha mar sin, is léir gur cuí a bhfuil de sheanchas a ghabhann le ainm a mheas agus a chur san áireamh d'fhonn blaiseadh den chomhthéacs ina mbaintí úsáid as.

Thus the place-names, and the stories or legends tied to them, give us something more than just a geographical point, it gives us the concept of place. And this idea of place will include a knowledge of its physical appearance, of its history, and its social status.<sup>11</sup>

Is i lámhscríbhinní i gCartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath atá fáil ar an gcuid is mó des na sleachtaí a roghnaíodh le cur i 'Seanachas na n-Áitainmneacha' atá i gCuid 2 den tráchtas seo. Ba iad páistí Scoil Inis Cléire faoi stiúir Dhonnchadh P. de Búrca, O.S. sa bhliain 1938, a sholáthraigh mórán dá bhfuil ann, agus ba as ábhar a bhailigh Ciarán Ó Síocháin. Crathach, Cléire sa tréimhse 1938- '48 a roghnaíodh a lán sleachtaí eile. Deineadh go leor den roghnú as scríbhinní le Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, Cléire a bhí i gcló san *Irish Times* sna blianta 1975-'84. Roghnaíodh píosaí as *Seanchas Chléire* (1940. 1970) le Conchúr Ó Síocháin agus tá blúiríní as foinsí fánacha eile ann. Bailíodh an chuid eile den ábhar ar théip ó bhéal na bhfaisnéiseoirí a luaitear leis na sleachtaí éagsúla. Fágadh na sleachtaí mar a fuarthas iad i scríbhinn agus i gcaint chanúnach faisnéiseoirí agus níor deineadh de chóiríú orthu ach cor-leasú ar an litriú, ar mhaithe le héascaíocht léitheoireachta. Sa chuid seo den tráchtas leis, tugtar cuid den stair a bhaineann le foirgnimh áirithe ar an oileán a mbíonn a n-ainmneacha in úsáid mar phointí tagartha.

Is féidir rangú a dhéanamh ar gach ainm nach mór. In alt leis ar '*Minor names in an Irish Mountain Area*',<sup>12</sup> deineann Breandán S. Mac Aodha rangú ar ainmneacha bailte fearainn, ainmneacha ar ghnéithe fisiciúla agus ar ghnéithe cultúrtha atá le fáil ar léarscáil de cheantar sléibhtiúil idir Co. Mhaigh Eo agus Co. na Gaillimhe. Scéim ghinearálta rangaithe, bunaithe ar bhuneilimintí amháin a úsáideann sé agus tugtar le fios gur eilimintí a bhaineann leis an tírdhreach fisiciúil is mó atá in uachtar. I gCuid 3 den tráchtas seo deintear iarracht mion-rangú a dhéanamh ar mhionainmneacha oileáin trí scrúdú, ní amháin ar bhuneilimintí ach ar eilimintí tánaisteacha chomh maith. Ní amháin go bhféachtar ar ar ainmníodh ach, tré scrúdú ar eilimintí tánaisteacha, féachtar chomh maith ar conas a ainmníodh. Ón mion anailís seo bítear in ann na feidhmeanna a ghaibh le hainmneacha a shoiléiriú níos cruinne. Deineann grinn iniúchadh faoin a leithéid de chóras soiléiriú ar na príomh-chineálacha ainmneacha a cumadh in áit. Mar atá ráite, tarraingítear anso as tobar dinnseanchas agus geinealas mhuintir Chléire chun beacht rangú a dhéanamh ar ainmneacha áirithe. Gan amhras, beidh roinnt ainmneacha i gcónaí ann gur deacair rangú a dhéanamh orthu agus beidh tuilleadh fós a d'fhéadfaí a chur faoi níos mó ná roinn amháin.

Ón soláthar mionainmneacha atá sa bhailiúchán ó Chléire, an dinnseanchas agus eolas eile a ghabhann len a bhformhór agus an léargas a thugann anailísiú eilimintí ar lucht chumtha ainmneacha, is léir gur léann beo an staidéar ar logainmneacha, fiú má tá siad imithe as úsáid cuid mhaith. Is eochair é an staidéar seo ar conas teagmháil daonna a dhéanamh le háiteanna arís.

It is [the] feeling, assenting, equable marriage between the geographical country and the country of the mind, whether that country of the mind takes its tone unconsciously from a shared oral inherited culture, or from a consciously savoured literary culture, or from both, it is this marriage that constitutes the sense of place in its richest possible manifestation.<sup>13</sup>

Iarracht é an staidéar seo ar eochair a sholáthar don meon agus don aigne a bhronn ainmneacha ar thírdhreach Cléire.

## Ciorraithe do ainmneacha faisnéiseoirí agus do theidil foinsí.

### Faisnéiseoirí

Tugtar inisileacha an fhaisnéiseora mar atá sa téacs, an t-ainm, seoladh agus dáta breithe nó aois (go garbh, i 1976).

BC	William Curtin (Bill), An Gleann, Cléire agus Boston, U.S.A. (2/2/1901).
CC	Ciarán Mac Coitir, Crathach Thiar, Cléire, (c.46 bl.).
CD	Conchúr (Connie) Ó Donnchú, Ardhort, Cléire, (7/4/1915).
DB	Donncha de Búrca, An Comar, Cléire (19/10/1923).
DC	Donncha (Dinny) Ó Céadagáin, Comalán, Cléire, (12/12/1900).
DD	Dónal (Dónaillín) Ó Drisceoil, An Cóbh, Co. Chorcaí, (20/11/1946).
DÓD	Donncha Ó Dálaigh, Ardhort, Cléire, (c.65).
DÓL	Dónal (Danny) Ó Lionáin, Baile Iarthach Theas, Cléire, (3/5/1896).
DS	Diarmaid (Jerry) Ó Sé, Baile Iarthach Theas, Cléire, (c. 57 bl.).
DSD	Donncha Shéamais Ó Drisceoil, Comalán, Cléire, (10/7/1914).
ED	Éireamhóin (Hernie) Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Cléire, (47 bl. ).
EÓD	Eoin Ó Dálaigh, Ardhort, Cléire agus Corcaigh, (21/9/1914).
FC	Mary Frances Cotter, An Gleann, Cléire agus Sasana, (1/6/1935).
FD	Finín (Leoil) Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin, Cléire, (c.74 bl.).
HS	Helena Bean Uí Shúilleabháin, Lios Ó Móine, Cléire, (22/9/1906).
JC	John Connolly, Lios Ó Móine, Cléire, (17/6/1904).
JD	Jimmy Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Cléire, (31/7/1922).
JSD	Jerry Sheáin Ó Drisceoil, Comalán, Cléire, (28/10/1918).
MÓD	Mícheál Ó Dálaigh, Ardhort, Cléire, agus Ceann a' Tuirc, Co. Chorcaí, (27/11/1910).
MC	Máire (Mamie) Ní Chéadagáin, Ardhort, Cléire, (c. 82 bl.).
MCD	Mícheál C. (Michael Carey) Ó Drisceoil, Comalán, Cléire, (25/9/1928).
MMD	Mícheál (Mikey) Ó Dálaigh, Gort na Lobhar, Cléire, (28/9/1930).
MD	Mícheál (Mack) Ó Donnchú, An Loch, Baile Iarthach, Cléire, (17/8/1917).
MH	Mícheál (Miko) Ó hAonghusa, Gleann Oirtheach, Cléire, agus Cill Áirne, Co. Chiarraí, (87 bl.).
MJ	May Joyce, Cléire agus Cill Uird, Co. Chorcaí, ( 76 bl.).
MJC	Michael John Ó Céadagáin, Comalán, Cléire, (2/6/1945).
MJD	Mícheál (Michael Jackeen) Ó Drisceoil, Lios Ó Móine, Cléire, (49 bl.).
M Uí D	Máire Bean Uí Dhrisceoil, Lios Ó Móine, Cléire, (63 bl.) agus An Cóbh, Co. Chorcaí.
MTC	Mícheál T. Ó Ceadagáin, Baile Iarthach Thuaidh, Cléire, (c. 46 bl.).
MVC	Mícheál (Michael Vincent) Ó Céadagáin, Baile Iarthach, Cléire, (12/10/1936).
ND	Nóra Uí Dhuinnshléibhe (Ní Dhálaigh), Ardhort, Cléire, (14/9/1928).
NÓD	Nóra (Nonie) Bean Uí Drisceoil, Lios Ó Móine, Cléire, (16/5/1915).
PB	Pádraig de Búrca, Comar, Cléire, (c.51 bl.).

PC	Pádraig (Pat the Glebe) Ó Céadagáin (c. 47 bl.), An Glebe, Baile Iarthach, Cléire.
PCD	Pádraig (Paddy Carey), Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin, Cléire, (c.54 bl.).
PD	Pádraig (Patrick Crúidín) Ó Drisceoil, Lios Ó Móine, Cléire, (27/1/1951).
PÓL	Pádraig Ó Lionáin. Coinlín, Cléire, (22/1/1936).
PSD	Pádraig (Paddy Shéamais), Ó Drisceoil Ardghort, Cléire, (6/2/1916).
PTD	Pádraig (Paddy Timsey) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar, Cléire, (25/5/1915).
SÓD	Seosamh Ó Drisceoil, Ceathrúna, Cléire, (c. 40).
SSD	Séamas (Séamaí Shéamais) Ó Drisceoil, Comalán, Cléire, (19/3/1906).
SCD	Seán C. (Johnny Mike) Ó Drisceoil, Comalán, Cléire, (18/6/1919).
SFD	Seán (Johnny Finín) Ó Drisceoil, Gleann Iarthach, Cléire, (19/11/1910).
SS	Síle (Julia) Bean Uí Shíocháin, Lios Ó Móine, Cléire, (27/6/1911).
SMC	Seán Mac Coitir, Crathach Thiar, Cléire, (11/8/1938).
TÓD	Tadhg (Teddy) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar, Cléire, (1/7/1915).
TÓS	Tómás Ó Síocháin, Comalán, Cléire, (13/4/1954).
TR	Tommy Regan, An Crois, Cill Leice Fórabháin, Cléire, agus Corcaigh, (10/2/1918).
TS	Tadhg Ó Síocháin, Comalán, Cléire, (c.76 bl.).

### Ciorraithe foinsí scríofa

I gCuid I den tráchtas mar a bhfuil clárú déanta ar liosta logainmneacha an bhailiúcháin tá líne curtha faoi chiorraithe na bhfoinsí scríofa d'fhonn iad a idirdhealú ó na foinsí béil.

ADSD	Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, <u>Aistí Ó Chléire</u> , Tomás De Bhaldraithe a chuir in eagar, Baile Átha Cliath, 1987.
Ainm	Iris an Ulster Place-Names Society, Béal Feirste.
Annals	Journal of the Association of American Geographers.
BB	Tomás Ó Máille, <u>An Béal Beo</u> , Baile Átha Cliath, 1936.
BBC	Bailiúchán ábhar bitheolaíochta Chléire, Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire, 1985.
BCC	Bailiúchán ainmneacha páirceanna déanta sa bhliain 1965 ag Club Ciarán, club óige an oileáin.
BD	Bailiúchán Logainmneacha ó Inis Uí Drisceoil, Éamon Lankford a chuir in eagar do Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
Béal.	<u>Béaloideas</u> , Iris an Chumainn le Béaloideas Éireann. Baile Átha Cliath.
BEC	Bailiúchán ábhar éaneolaíochta Chléire, Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire. 1986.
BGC	Bailiúchán Gineolaíochta Chléire. Éamon Lankford a chuir in eagar do Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
BIC	Bailiúchán Logainmneacha ó Inis Cáim. Éamon Lankford a bhailigh agus a chuir in eagar do Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
BIE	Bailiúchán Logainmneacha ó Inis Earcáin. Éamon Lankford a bhailigh agus a chuir in eagar do Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
BIF	Bailiúchán Logainmneacha ó Inis Fada. Éamon Lankforda bhailigh agus a chuir in eagar do Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
BMC	Bailiúchán ábhar Míoleolaíochta Chléire, Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire, 1985.
BSD	<u>Book of Survey and Distribution</u> .(c.1666-1703). PRO, Dublin.
BSM	<u>Boundary Surveyor's Map</u> . PRO, Dublin, 1840.
BSR	<u>Boundary Surveyor's Report</u> . PRO, Dublin, 1840.
BUPNS	<u>Bulletin of the Ulster Place-Names Society</u> .
CAW	Charles A. Webster, 'The Diocese of Ross', <u>JCHAS</u> , Vol. XXIX, No. 129, (1923): 34-35.

- CCBO Cape Clear Bird Observatory Reports, Cape Clear Bird Observatory, Co. Cork.
- CFC Marion Gunn, eag. Céad Fáilte go Cléire, An Clóchomhar Tta, Baile Átha Cliath, 1990.
- CFOC Cnuasach Focal Ó Oileán Cléire, Tráchtas do chéim an mháistir le Caoilfhionn Nic Pháidín, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath 1981.
- CI Séamus Pender, A Census of Ireland, circa 1659, Dublin, 1939.
- CIMR Cape Clear Marriage Register (Church of Ireland), Rectory, Skibbereen, Co. Cork. Éamon Lankford a chuir in eagar, 1991.
- CIRB Cape Clear Register of Births (Church of Ireland). Éamon Lankford a chuir in eagar, 1991.
- CLOC Cartlann Láthair Oidhreachta Chléire, Cléire.
- CMR Cléire Marriage Register 1841-1886, Éamon Lankford a chuir in eagar, 1993.
- CPR Calendar of Patent Rolls. Jac. I.
- CRB Cléire Register of Births, 1818-1993, Éamon Lankford a chuir in eagar, 1993.
- Cusack M.F. Cusack, A History of the City and County of Cork, Dublin & Cork, 1875.
- DCC 'Dornán Cnuais ó Chuantaibh Chléire', Irisleabhar Mhaigh Nuad, Má Nuad, 1929, eag. Ath. Donnchadh Ó Floinn, Má Nuad.
- DFLN Leabhair nótaí leis an Ath. Donnchadh Ó Floinn, Leabharlann Russell, Maigh Nuad.
- DHG Brian Goodall, The Penguin Dictionary of Human Geography, Middlesex, England, 1987.
- DIL Dictionary of the Irish Language, Dublin, Royal Irish Academy, 1913-76.
- Dinn. Dinnseanchas, iris an Chumainn Logainmneacha (1964-1975).
- DL Nicholas Williams, Díolaim Luibheanna, Sáirséal- Ó Marcaigh, Baile Átha Cliath, 1993.
- DPG John B. Whittow, The Penguin Dictionary of Physical Geography, Middlesex, England, 1984.
- DSM Léarscáil 'The Parish and Island of Capeclare' de chuid an Down Survey, c. 1655-59.
- DST Liosta ainmneacha áitritheoirí talaimh i gCléire aimsir an Down Survey, c. 1655-59.
- Dwelly Edward Dwelly, The Illustrated Gaelic - English Dictionary. Glasgow (Ninth ed.), 1977.
- EPNS English Place Name Society Journal. University of Nottingham.
- FB Field Books 1849. Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- FGB Niall Ó Dónaill, Foclóir Gaeilge-Béarla, Baile Átha Cliath, 1977.
- FGD Patrick S. Dinneen, Foclóir Gaedhilge agus Béarla. An Irish-English Dictionary, Dublin, 1927.
- FP Fair Plan de chuid an tSuirbhéireacht Ordanáis c. 1840. Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- GBI Gordon D'Arcy, The Guide to the Birds of Ireland, Dublin, 1982.
- GPD Guys Postal Directory 1875. Cork. 1875-1944.
- GV General Valuation of Rateable Property in Ireland. Dublin 1853.
- Hardiman Hardiman Atlas, Trinity College Dublin, Lámhscríbhinn (Manuscript), 1209.
- HB House Books, Land Valuation Office, Dublin.
- HD Hiberniae Delineatio (Petty's Atlas), 1685.
- INP P.W.Joyce, The Origin and History of Irish Names of Places, Dublin, 3 vols., (1869 - 1913).
- IPN Deirdre Flanagan & Laurence Flanagan, Irish Place-Names, Dublin, 1994.
- IT 'Irish Times', Irish Times Publications, Dublin.
- JCMS James Coombes, Liosta logainmneacha ó Inis Earcáin, Co. Chorcaí atá i dtaisece i Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- JCHAS Journal of the Cork Historical and Archaeological Society. Cork.



- JMB James M. Burke. 'Cape Clear Island,' JCHAS, Vol. XIV, (1908): 115-22.
- JKC Dánta le John K. Cotter, An Gleann, Cléire.
- JPC J. P. Conlon, 'Cape Clear Island', JCHAS, Vol. XXIV, (1918): 53-61.
- JRSAI Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland, Dublin.
- LBI Robert F. Ruttledge, A List to the Birds of Ireland, National Museum of Ireland, Dublin, 1975.
- LDF Léarscáil le Donnchadh Ó Floinn, eagarthóir Seanchas Chléire, c. 1939.
- Lewis Samuel. Lewis. A Topographical Dictionary of Ireland. Vol. 1, London, 1837.
- LiDF Litir ó Dhonnchadh Ó Floinn chuig an Suirbhéireacht Ordanáis 1940.
- LFR T. S. Ó Máille, Liosta Focail as Ros Muc, Baile Átha Cliath, 1974.
- LTS Litreacha ó Thomás Ó Síocháin, Cléire chuig an Ath. D. Ó Floinn, Maigh Nuad. Leabharlann Russel, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- LN An Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- LNDF Leabhair Nótaí leis an Ath. D. Ó Floinn, Maigh Nuad. Leabharlann Russel, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- LSC 1. Leárscaíl le Seanchas Chléire, eág. 1940.
- LSC 2. Leárscaíl le Seanchas Chléire, eág. 1970.
- M.ch. Long Island Bay, Admiralty Chart, London, 1847.
- MEM Memoranda na Suirbhéireachta Ordanáis (Ordnance Survey Memoranda) 1841, Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- MFC Riobárd P. Breatnach, The Man From Cape Clear (Aistriúchán ar Sheanchas Chléire le Conchúr Ó Síocháin, 1940), Mercier Press, Cork, (g.d.).
- Misc. Miscellany of the Celtic Society, Dublin 1849.
- NB Ordnance Survey Name-book, c.1840. Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- NBR Ordnance Survey Name Book Revised for 25' scale c.1898. Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- NHC J.T. R. Sharrock (ed.), The Natural History of Cape Clear Island, Berkhamstead, 1973.
- Nomina English Name-Studies, University of Hull, England, 1977 - .
- ONOM Edmund Hogan, S.J., Onomasticon Goedelicum, Dublin. 1910.
- OED Oxford English Dictionary.
- O' R Dictionary of the Irish Language. Dublin 1864.
- Ó Murchú Tomás Ó Murchú, Forbairt agus Soláthar Oideachais i bParóiste na Rátha agus na n Oileán, 1800-1870. Tráchtas neamhfhoilsithe Oideachais, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 1988.
- PA Peadar Ó hAnnracháin, Fé Bhrat an Chonnartha, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath. 1944.
- PDG W. G. Moore, The Penguin Dictionary of Geography. Middlesex, England, 1978.
- PG Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, London.
- PHPWC Bruno O'Donoghue, Parish Histories and Place Names of West Cork, Tralee, c.1986.
- PM Pádraig Ó Maidín, 'Pococke's Tour South and South-West Ireland 1758', JCHAS, Vol. LXIII, No. 198, (1958): 81-82.
- PNCW Liam Price, The Place-Names of Co. Wicklow, Vols. 1-VII, 1945 -1967.
- PND P. Power, Place Names of Decies, London 1907.
- PNNA Cameron H. Gillies, Place Names of Argyll, London. 1906.
- PNSEC Patrick Power, 'Place Names and Antiquities of S.E. Cork', PRIA, Vol. XXXIV., Sec. C.No. 1, Part 1, Dublin, 1917; Vol. XXXIV., Sec. C. No.9, Part 11, Dublin, 1918; Vol. XXXVI, Sec. C, No.11, Part 111. Dublin, 1923.
- PRIA Proceedings of the Royal Irish Academy, Dublin.
- SAC Suirbhé Arsaíochta Chléire, Cumann Iarsmalann Chléire, 1985.

- SC Conchúr Ó Síocháin, Seanchas Chléire, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1940, 1943, 1970.
- Sk Daniel O'Donovan, Sketches in Carbery, Dublin, 1876.
- Smith. Charles Smith, Ancient and Present State of the County and City of Cork, Vol. 11., Cork 1815.
- SO Léarscáileanna 6" na Suirbhéireachta Ordanáis (1) 1841, (2) 1899. Roinn na Suirbhéireachta Ordanáis, Baile Átha Cliath.
- SAC Suirbhé Ársaíochta Chléire, Cumann Iarsmalann Chléire, 1984.
- SGC Suirbhé Geolaíochta Chléire, Cumann Iarsmalann Chléire, 1985.
- STC Suirbhé Tíreolaíochta Chléire, Cumann Iarsmalann Chléire, 1985.
- TA Séamus Mistéal, Tír-eolaidheacht (Aicionta), Cuid I. Baile Átha Cliath, 1932, 251-276.
- TAB Tithe Applotment Book. Cape Clear List 1833. PRO.
- TCCD An Seabhach, Triocho- céad Chorca Dhuibhne. Cuid I-III, Cumann le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath, 1938.
- TDC Directory of Townlands and District Electoral Divisions, Comhairle Chontae Chorcaí, 1985.
- TDF Congnamh Foclóra Ó Chléire, Tráchtas le haghaidh Chéim an M.A. ar n-a scríobhadh ag Donnchadh Ó Floinn, B.A. 1940.
- TJW Thomas Johnson Westropp, 'Fortified Headlands and Castles in Western County Cork, Part 1 From Cape Clear to Dunmanus Bay', PRIA, Vol. XXXII, Section C, 1915.
- Top. Hib. Breandán Ó Cíobháin, Toponomia Hibernia. I-IV, An Foras Duibhneach, Baile Átha Cliath, 1978, 1984, 1985.
- TP Foclóir Tíreolaíochta agus Pleanála mar aon le Téarmaí Seandálaíochta, An Roinn Oideachais, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1981.
- VB Valuation Books 1853-1981. Valuation Office, Dublin.

# Cúlra Ginearálta

## SUÍOMH

Oileán is ea Cléire atá suite ar chósta thiar theas na hÉireann. Suite mar atá sí i ndomhanleithead 51 25' thuaidh, agus i ndomhanfhad 9 29' thiar, is í an talamh is faide ó dheas in Éirinn í. Faid tri mhíle atá ó *Phoinnte an Chuais Leithin* thoir go *Pointe Ard an tSrutha* thiar, agus míle go leith ó *Charraig Liúir* theas go *Bothán na Mná Boichte* ó thuaidh.

*I GENERAL DESCRIPTION OF THE PROVINCE OF MUNSTER c. 1620*  
tuairiscítear :

Cape Clear is an island so called from its cape; where is a castle for security of ships, which take shelter under its cannon; for it is far advanced into the sea and is of great advantage from its being an opening to the south coast whence in war time, there are generally some men of war stationed to cruise and keep the coast clear of privateer; this being the southernmost island, as Mizen Head to the west is the southernmost land of Ireland.<sup>14</sup>


Scoite amach sa bhfarraige léi féin is ceann des na hoileáin is faide ó mhórthír na hÉireann í ar a bhfuil daoine fós ag maireachtaint. Ocht míle slí farraige atá idir *Chuan Trá Chiaráin* i gCléire agus Dún na Séad ar an mórthír, bíodh gur beagán thar míle slí atá idir Chléire agus Inis Earcáin, an t-oileán is giorra di. Faightear an t-oileán ina luí sa bhfarraige agus déanamh péiste uirthi, mar a deirtear, a ceann ar an taobh thoir mar a bhfuil *Cnoc Phoill an Duirc*, a dronn ar a drom mar a bhfuil *Cnoc Coraintín* agus a heirbeall siar san fharraige mhór. Francis Mac Manus sa Bell (1950) a dúirt go raibh cuma ar an oileán 'as if it had been torn savagely from the mainland mass and cast aside by the lunatic fingers of the Atlantic. It is, for the south, the last place God made, the land's end and beyond land's end',<sup>15</sup>

D'fhág suíomh iargúlta Chléire an t-oileánach beag beann ar thionchar na mórthíre go tosach na fichiú haoise nach mór. Go dtí sin bhí saol iomlán á chaitheamh ag daoine ag iascaireacht agus ag oibriú na talún. Is dóichí gur b'shin ba chúis le Cléire a bheith fágtha ar an t-aon oileán de chéad oileánaibh Chairbre ina bhfaightear roinnt Gaeilge fós dá labhairt.

## AERÁID

Mar atá Cléire suite ag *Béal Loch Trasna* cinntítear go bhfaigheann sí an buntáiste is mó ó shruth na hAtlantaice Thuaidh a fhágann aici an geimhreadh gan sioc agus an samhradh brothallach. Gné shuntasach de aeráid an oileáin 'sea an raon íseal teochta, le meán 7 gcéim Celcius (45 F) i mí Eanáir agus 15 céim Celcius (59 F) i mí Iúil. Is annamh a bhíonn titim sneachta agus má thiteann féin ní fada a mhaireann. Bíonn an aimsir chinéalta tríd is tríd, ach ní fháiltíonn feirmeoirí roimh an ghaoth ná an bháisteach. Séideann gálaí an gheimhridh sáile salannach ar fud an oileáin a dhónn gach fásra, go háirithe sna futhaireacha scéirdiúla ar an dtaobh thiar agus ó dheas. Is lú an bháisteach ná a mbíonn ar an mórthír. Bailíonn na scamail ar thaobh na talún agus is minic spéartha gorma i gCléire agus báisteach sa Sciobairín.

1898



MAPAI I

## DEILBH AICEANTA AN OILEÁIN

D'fhonn léargas a fháil ar dheilbh aiceanta an oileáin is féidir cúig fo-roinn a dhéanamh den tírdhreach.

1. Intíre idir an Cósta Thuaidh agus an Cósta Theas.
2. An Cósta Thoir Thuaidh.
3. An Cósta Thoir Theas.
4. Loch Iorail ó Dheas.
5. Loch Iorail ó Thuaidh.

### **1. Intíre idir an Cósta Thuaidh agus an Cósta Theas**

Talamh ard cnocach atá i gcuid mhaith den oileán a ardaíonn aníos as an bhfarrage go hairde 533' ag *Cnoc Coraintín* ar an dtaobh ó dheas. Thiar, tá an talamh níos ísle mar a bhfuil 275' ag an bpointe is airde den *Sliabh Ard*. Tríd is tríd dromcla droinneach a gheibhtear san oileán agus fáil choitianta ar charraigeacha móra mar *Charraig an Chomaláin* agus *An Charraig Liath* a ghobann aníos i dteannta gleannta ina bhfuil ithir bhocht éadoimhin. Is féidir talamh Chléire a roinnt idir talamh ard agus talamh íseal mar a bhfuil an talamh is airde os cionn 500' i gCill Leice Fórabháin agus an talamh is ísle faoi bhun 50' ar an gcósta thuaidh. Tá cuid mhaith dea-thalamh os cionn 100'. Is féidir idir ardtalamh agus ísealchríoch a aithint mar sin agus an comhrian 200' a bheith mar theorann eatarthu. Ceithre bhloc ardtalaimh atá le feiscint ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ach is dóichí gur aonad amháin ardtalaimh a bhí iontu roimh oighirchreimeadh. I dtéarmaí ginearálta d'fhéadfaí limistéir diosctha a thabhairt ar an oileán.

Ceantar ardtalaimh atá sa limistéar intíre idir an cósta thuaidh agus an cósta theas. Tá mullaigh na n-ardán talaimh rí-shoiléir sa tírdhreach áitiúil. Tá an pointe is airde i gCléire thoir thuaidh ar *Chnoc Coraintín* i gCill Leice Fórabháin agus titeann an talamh ar gach taobh uaidh sin. Meall le mullach cruinn atá i g*Cnoc Coraintín* atá dealraitheach le *Cnoc an Chrathaigh* atá ar airde 400' i gCrathach Thiar. Tá cnoic eile mar iad seo anso is ansúd tríd an oileán ach iad a bheith níos ísle. Oibriú clúidoighir a mhúnlaigh agus a chuir orthu an fhoirm atá anois acu. Fána réidh fairsing atá sa tírdhreach ardtalaimh máguird agus nochtann Lios Ó Móine in iarthuaisceart an oileáin ardú réidh talaimh le failltreacha carraigeacha ag *Faill na mBan*.

Ar an gComalán, airde 200' atá i g*Cnoc Phoill an Duirc* agus *Carraig an Fhiolair* mar a bhfuil carraigeacha ag gobadh aníos ag An Chathaoir Ríoga agus An Capall Bán. Ó thuaidh beagán tá *Carraig an Chomaláin* le hairde 200' agus *Cnoc Rinn Ghuaile* le hairde thart ar 120'. Fianaise de shil-leagan agus oighirchreimniú atá sna cnoic seo ar déanamh droimnín. Suite i log idir *Charraig an Chomaláin* agus *An*

*Futhar* a thiteann ó *Rinn na hÓgha* tá *Loch an Chomaláin* mar a gheibhtí geatairí agus fionnán tráth le haghaidh díonú na dtithe.

I mbaile fearainn Ardghoirt tá airde talaimh os cionn 400' gar do lár an bhaile agus ag dhá thaobh an bhaile thuaidh agus theas tá airde 50' go 100' cois cósta leis an ghéireacht is mó ar an dtaobh theas. Is amhlaidh atá sa chuid is mó den oileán mar a bhfuil an titim is géire ar an dtaobh theas. Scoite amach in a hoileáinín ar an gcósta thuaidh tá an *Charraig Fhada* agus ar an gcósta theas tá aghaidh na talún ag titim ó dheas go dtí an rinn tíre *An Rinn Ramhar Mhór* atá ina leithinis theann ar imeall an Atlantaigh mar a bhfuil an fhaill siar ó dheas go dtí an *Raithearsach* agus *An Cuas Dubh* ar airde 100'.

Talamh an-chnocach atá i gCrathach Thoir i gcomparáid leis an gcuid eile den oileán. Airde ó 400' go 500' atá le fáil i lár an bhaile a thiteann faoi bhun 100' ar an gcósta. Tarlaíonn an titim ó 400'-300' in achar gearr, rud a fhágann éagsúlacht thírdhreacha mar atá le *Cnoc an Chrathaigh* ar an gcuid is airde, *An Futhar* scéirdiúil ar thaobh na talún, an *Cuas Dubh* agus an charraig mhara ar a dtugtar *Capall an Chuaisín* ar thaobh na farraige mar a bhfuil airde 100' i bhFaill an Chuaisín.

Ag gluaiseacht soir ó thuaidh ó *Chuas an Ghasláigh* go *Carraig Liúir* ardaíonn an talamh intíre ón gcósta go hairde 400' ag *Cnoicín an tSeabhaic* agus titeann sé ó thuaidh intíre de réir a chéile go 300', agus go 200'. Tá an titim ó 400' go 200' anseo i bhfad níos géire i dtreo an chósta ná mar atá ag Inbhear agus ón airde seo is titim ghrádaithe go 300' atá siar ó thuaidh intíre.

Ón dtaobh thoir de Inbhear go *Cuas an Ghasláigh* airde 300' atá sa talamh intíre a thiteann go 200' sa stráice seo a léiríonn leaca agus failltreacha cuíosach géar. Intíre i dtreo Inbhir Mhóir titeann an talamh ó 300' go 200' go 100' agus ní ró-ghéar atá ag a bun mar sin ó *Leaca Drisceoil* go *Bóthar na gConaireach* agus *An Bollán* i gCoinlín seachas an titim chun na trá ag *Trá Inbhir Mhóir* atá an-chlochach ar fad.

Tá lomáin carraige raidhsiúil i mbaile fearainn Choinlín mar a bhfuil airde 300' ar an bpointe is airde de *Chnoc an Phréacháin* atá ar theorainn bhaile fearainn *Chnocán an Choimhthígh*. Thoir thuaidh leis ardaíonn an talamh ó 50' go 100' agus go 300' ach titeann sé fé bhun 100' cois cósta. Síneann cósta bhaile fearainn Choinlín soir ó dheas go hInbhear Mhór. Tá carraigeacha móra mar an Bollán, *The Ivy Rock* agus *The Tarry Rock* ag gobadh aníos ar an gConair idir Inbhear agus *An Comar*. Tá sil-leagan muirí gainimh agus scaineagáin le fáil in *Inbhear Beag* i gcúinne thoir thuaidh Inbhir a léiríonn gur beag gníomhú chreimigh atá anso agus gur áit fhothainiúil í.

Intíre idir an cósta thuaidh agus an cósta theas tá fáil ar mheascán de thalamh carraigeach, móinteach, féarach garbh agus talamh arúil. Tugann an dreach iomlán atá ar an limistéar léargas de nádúr carraigeach na háite. Anois áfach tá mórán dá raibh de chlocha ar an dtalamh tráth glanta agus curtha isteach i gclathacha a thimpeallaíonn breis agus 1600 aonad talaimh a raibh a ainm féin ar gach aonad díobh tráth. Tá thart ar 14

míle de chlathacha bóthair i gCléire. I dtithe atá scartha amach óna chéile agus atá tógtha le cloch áitiúil a chónaíonn formhór na ndaoine. Bhí baint nár bheag ag topagrafaíocht le suíomhú lonnaíochtaí, sa chuid ó thuaidh den oileán agus is ann atá an fhothain is fearr le fáil. Is beag lonnaíocht atá ó dheas mar a bhfuil talamh ard scéirdiúil le failltreacha arda atá oscailte don fharraige mhór.

Tá an draenáil go maith thoir thuaidh san oileán mar a bhfuil fáil ar raidhse toibreacha mar *Thobar Róibín*, *Tobar an Lín*, *Tobar na gCeann*, *Tobar an Airgid* agus roinnt sruthán beaga le méid maith uisce mar Shruth an Mhuilinín, agus cinn eile a théann faoi thalamh in áiteanna mar *An Draein Mhór* agus i n*Draeneáil Dhiarmada Bháin* agus a shníonn chun farraige ag áiteanna mar *Poll an Duirc*, *Cuas an Dúglais*, *Faill an Uisce*, *Cuas an Uisce* agus *Trá Dhún Cléire*. Tá an talamh féin roinnte agus infhálaithe i bpáirceanna agus gabháltaisí a thugann dealramh bhreacháin don oileán.

## 2. An Cósta Thoir Thuaidh:

Níl mórthaibhseachas na bhfailltreacha ó dheas ag gabháil leo san atá ar an chósta thuaidh. Síneann an chuid seo den chósta, ó thuaidh thoir thuaidh ó *Mhionnán na Caillí* i gCnocán an Choimhthígh go Cnocán na mBáirneach agus is limistéar é ina bhfuil an airde choibhneasta íseal sa mhéid nach n-ardaíonn an talamh ach beagán thar 50' os cionn uisce in áiteanna seachas ag cúpla áit mar *Fhaill na Binne* mar a bhfuil airde 200' agus ag *Faill na Bó* agus *Faill na mBan* mar a bhfuil airde 100'.

Bá chósta faoi ndear an tsraith cuaisíní agus leithinsí carraigeacha a gheibhtear fan cósta thuaidh ó *Bhéal Chuain Trá Chiaráin* go *Pointe an Chuais Leithin* i mbaile fearainn an Chomaláin. Ar na stacáin farraige atá sa chuid seo den chósta tá *Mionnán na Caillí*, *Stacán Faill na Binne* agus *Stacán na Mionnán*. Bá chósta atá sa leithinis ag Carraig Iarthach i Lios Ó Móine mar a bhfuil fáil leis ar roinnt oileán mar *An tOileán Thuaidh*, *An tOileán Theas*, *Oileán Beag*, agus *An Bhiréadach* a bhíonn ag trá mhara mar chuid scoite de thalamh an oileáin atá níos airde. Is amhlaidh leis don chósta soir ó *Thrá Dhún Chéire* mar a bhfuil trá ard atá an-chlochach sa chúinne thoir thuaidh de Lios Ó Móine. Síneann an bá chósta go *Carraig Fhada in Ardghort*, *Carraig Uí Laoghaire* i gCnocán na mBáirneach, *An Bhunadach* ar an gComalán thuaidh agus is cuid de thalamh an oileáin iad na carraigeacha seo chomh maith, ag trá mhara. Nochtann suíomh na gcarraigeacha agus na n-oileán beag anso cumhacht creimthe na farraige ar an gcósta thuaidh agus is léir go bhfuil an bearnú níos géire ar an gcósta thuaidh ná mar atá ar an gcósta theas sa chuid thoir thuaidh seo den oileán. Is cuid den bhá chósta chéanna a d'fhág *Leac Leith Ard*, *Carraig an tSáile*, *Carraig an Chláir* ina gcarraigeacha mara amach beagán ó *Fhaill Rónáin* a shíneann ó Bhothán na Mná Boichte i gCnocán na mBáirneach go *Faill Chua*. 'Sé an scéal céanna é ag *Óglach Beag*, *Óglach Mór* agus *Óglach Láir* atá ag gobadh aníos sa bhfarraige idir *Oileán Éinne* agus talamh an oileáin ag Gort na Lobhar agus Ardghort.



Talamh íseal atá faoi bhun 50' cois cósta atá i gCnocán na mBáirneach. Ardaíonn an talamh intíre ón gcósta go hairde 200' mar a bhfuil cnoc beag sínte ar a bhfuil *An Charraig Liath* ag gobadh aníos ann. Ar an gcósta tá *Faill Rónáin* le cuaisíní beaga mar *Chuaisín Faille Rónáin* agus *Tráigín an Líont* ina mbearnaí gearrtha inti. Sé *Pointe Thaidhg an Táilliúra* an chuid is suntaisí de *Fhail Chua* a ritheann soir-siar ar chósta thuaidh Cheathrúna. Ag síneadh ó thuaidh tá an charraig mhara *An Bollán Mór* a bhíonn clúdaithe ag lán mara ag béal *Chuas Faill Chua* a bhíodh tráth in úsáid ag báid mar phríomh-ionad teacht i dtír. *An Rinn Reamhar Bheag* atá ar an leithinis is mó ar chósta theas Cheathrúna.

Ar na gnéithe is suntaisí ar an gcósta ó *Chuas an Tairbh* tá *Faill an Tairbh* a shíneann soir ó thuaidh go *Pointe na Péiste* mar a bhfuil *Cuas an Bháid* ina ndeintí na báid a fhágaint ar snámh agus sraith cuaisíní agus gobanna talún a chuireann dreach éagsúil ar an gcósta thuaidh agus thoir murab ionann agus cósta theas an Chomaláin mar atá cnoc le failltreacha arda i dteannta poll mór séideáin ag *Poll an Duirc*. Airde 50' atá sna failltreacha ó thuaidh ag *Faill an Tairbh* agus *Faill na gCloch nGeal* mar atá *Cul Phortáin* agus *Cuas Mór* gearrtha isteach inti. Ag síneadh sa bhafarraige anseo tá na carraigeacha an *Bhunadach Mhór* agus *An Bhunadach Bheag* agus a heirbeall *Pointe nó Capall na Bunadaí* ag imeacht soir sa bhfarraige agus a bhíonn clúdaithe ag lán mara.

Istigh sa bhaile féin titeann an talamh ó airde 120' ag *Cnoc Rinn Ghuaille* go 50' cois cósta ag *Pointe an Trithin* mar a thiteann luí na talún uaidh sin soir ó dheas go *Cuas na Síofraí*, *Cuas an Éisc*, *An Cuas Caol* agus *Cuas an Dúglais* mar a bhfuil sruthán maith uisce ag rith thar eas ag *Scoil na Cáige* a thug is dócha a ainm don chuas fothainiúil seo. Thoir ó *Chuas an Dúglais* sa Sunta atá idir Cléire agus Inis Earcáin tá *An Ghaisceanán* a bhíonn clúdaithe ag lán mara, *Carraig na bPortán* agus an *Charraig Mhór*.

Ar an dtaobh ó dheas de *Chuas an Dúglais* tá *Leaca na mBráthar* taobh le *Cuas an Chapail* agus góilín *Chuas na gColúr* mar a bhfuil cuma chaincín sróna ar an dtírdhreach ag *Tón na gCaincín*. Ag brú isteach sa farraige amach ón *gCuas Leathan* tá *Gob an Chuais Leithin* mar a bhfuil an pointe is sia soir i gCléire.

### 3. An Cósta Thoir Theas

Ó *Phointe an Chuais Leithin* ó dheas go dtí *An Ceathrú* nó *Quarter* agus *Poll an Duirc* tá airde 100' sna failltreacha a ritheann ag bun *Chnoc Phoill an Duirc*. Anseo tá *Carraig na gCeithre bPoll*, *An Boilgín* a bhíonn clúdaithe ag lán mara agus *Carraig Mharcais* nach nochtann choíche. Istigh i *gCuaisín an Toirc* tá poll séideáin agus áirse mór nó 'droichead' déanta transna air ar a dtugtar *Droichead Pholl an Duirc*.

Is lú an bearnú ar an gcósta theas ná ar an gcósta thuaidh, ach is mó ar fad airde na bhfailltreacha ann a bhfuil aighthe suas le 200' ar an gcuid is mó de siar ó *Fhail Ní*

*Chathail go hInbhear.* Eisceacht is ea cósta *Ghort na Lobhar* agus Crathach Thoir mar a bhfuil airde 100' nó mar sin. Is mór idir airde na talún anso agus ó thuaidh agus téann seo i bhfeidhm ar úsáid na talún sa chuid seo den oileán. Beidh an ainmniú a deineadh cúngaithe chomh maith agus feidhmeanna teoranta ag baint le háit ar bith. Is beag curadóireacht is féidir a dhéanamh ó dheas anso agus is éadoimhin atá an ithir ann leis, bíodh gur eisceacht í an Ghleann mar atá fáil ar an limistéar is torthúla i gCléire.

Ó *Phointe na Boilge* san iardheisceart go baile fearainn an Ardghort san oirthear, cósta cuíosach rialta atá ann gan aon bhearnaí mórchúiseacha nó gnéithe sil-leagan muirí le sonrú. Nithe iad seo a chiallaíonn go bhfuil an chuid seo den chósta an-oscailte do fhórsaí an Aigéin Atlantach. Tá leithinsí éagsúla ag gobadh amach ag *An Leathanán Mór*, *An Leathanán Beag*, *An Raithearsach* agus *An Rinn Ramhar Mhór* agus áiteanna eile a fhágann go leor cuaisíní mar *Chuas an Ghasláigh*, *Cuas an Leathanáin*, *Cuas an Eoin*, *Cúlbhá* agus *An Cuas Dubh*. Ní cuaisíní iad seo gur féidir teacht i dtír iontu áfach. Ag síneadh feadh an chósta seo leis tá roinnt carraigeacha mar *Charraig Liúir*, *Carraig an Chorráin*, *Carraig an Chláir* agus *Capall an Chuaisín* a mbíodh tóir ag iascairí an oileáin orthu tráth. Ó *Charraig Liúir* go dtí *An Rinn Ramhar Mhór* in Ardghort ardaíonn an talamh intíre go 533'. Tá an stráice talaimh seo cuíosach géar, bíodh nach bhfuil ach airde 100' sna failltreacha ó *Fhail an Chuaisín* i gCrathach Thoir go *Poll an Duirc* agus *An Chuas Leathan* i gComalán. Idir Crathach Thoir agus Crathach Thiar tá góilín *Cuaisín na Muice Mara* mar chuid de *Fhail Ní Chathail* a bhfuil airde 200' inti in áiteanna.

I nGleann Iarthach tá líne an chósta mírialta mantach mar a bhfuil bearnú mórchúiseach ó *Thrá Inbhir Mhóir* go *Pointe na Boilge* rud a léiríonn géarchreimeadh le fada ar an gcósta seo. Tá airde 200' sna failltreacha agus an cósta bearnaithe ag *An Díodán Mór*, *An Díodán Beag* agus ag *Cuas na Boilge* mar a bhfuil roinnt pluaiséanna agus áirsí. Leithinis ceangailte le cé atá in Oileán Áthach a bhíodh tráth ina oileán scoite ón tír. Ar an sil-leagan muirí atá cnósaithe anso agus ar *Thrá Inbhir Mhóir* tá mórán cloiche, scaineagáin agus gaineamh. Ardaíonn an talamh ón dtrá anso go pointe triantánaithe ag 351'

Ó *Phointe na Boilge* síneann an cósta thoir thuaidh go *Cuas an Ghleanna Iarthaigh* atá gearrtha go doimhin ón greimeadh muirí a d'fhág *An Rinn Rua* ag síneadh ó dheas ina leithinis. Thoir thuaidh go *Cuas an Ghasláigh* mar a bhfuil cuaisín caol faightear carraigeacha crua ag gobadh chun farraige i roinnt áiteanna.

#### 4. Loch Iorail Ó Dheas

Airde 275' agus pointe triantánach atá sa Sliabh Ard ón a dteann an talamh go grádaithe intíre go 200' agus go 100' ag a bhun mar a dheineann sé leibhéalú amach sa *Réidh Mhór*. Ó dheas uaidh, cois cósta tá an titim ingearach ó 200' go dtí *An Liogánach* mar a bhfuil líne an chósta gan bearnú ach mar atá ag an m*Bá Bheag*. Ón

mBá Bheag síneann leithinis ó dheas go dtí *An Pointe* agus *Bollán na nDeargán*. Ó thuaidh as seo titeann an talamh go 100' i dtreo na farraige. Ag an n*Gearrathar* tá an fhaill gearrtha díreach gar do *Chuas an Ghallúnaigh* agus leanann an t-íslíú talún isteach i g*Cuan Inbhir* mar atá creimeadh na farraige greanta ar an gcuma atá ar Na Crúibíní, dhá ghob talún a bhfuil dealramh crúibíní muice orthu. Anso leis, tá *Cuas an Uisce* gearrtha isteach i bh*Faill an Phréacháin* atá ar airde 50'.

Ar an gcuid is sia siar de Bhaile Iarthach Theas tá *Tón an Amadáin* agus *Faill Dhiarmada* a bhfuil airde 200' nach mór inti. Is mór ar fad idir cósta thiar theas Chléire agus cósta thoir Bhaile an Iarthaigh Theas. Rinn ramhar tíre atá i n*Dún Thomáis* suite i mBaile Iarthach Theas agus a bhfuil *Faill na Loinge* ó thuaidh beagán uaidh. Sraith leithinsí a dheineann cuasanna doimhne soir ó thuaidh as seo trí Bhaile Iarthach Thuaidh go dtí *Loch Iorail*. Tá an dá leithinis, *Gearrán Mór* agus *Gearrán Beag* le *Cuas an Choiscéim* eatartha. Tá *Faill an Choiscéim* ar thaobh amháin de *Chuas an Choiscéim* le *Faill an Tí* ar an dtaobh eile. Idir seo agus *Faill na gCloch nGeal* tá *Cuas na Réidh*. Sé *Pointe Ard an tSrutha* an pointe is faide siar i gCléire amuigh ar leithinis *Ceann Chléire* mar a bhfuil *An Slios* ar thaobh amháin den leithinis agus *Taobh an Bháid* ar an dtaobh eile. Airde thart ar 100' atá i bh*Faill na Téide*, *An Fhaill Fhiaclach* agus *An Fhaill Mhóir* anso mar a mbíonn farraigí an-ard ag *Rinn Ard na gCaorach* agus *Díleann an Locha*.

## 5. Loch Iorail Thoir agus ó Thuaidh.

Aon acra déag le himlíne gar do mhíle atá i *Loch Iorail* i mBaile Iarthach. Tá cáil le fada ar uisce an locha a théann faoi thalamh agus chun farraige ag eas i mBéal na Gaibhge. Thagair roinnt údar do cháilíocht an uisce. Sa bhliain 1750 thug an stairí Charles Smith cuairt ar Chléire agus in a *History of Cork* tagraíonn sé do uisce an locha:

The water of this lake, is of a most saponaceous abstersive quality; it very readily dissolves soap; and the inhabitants affirm, that if a cask in which train oil had been kept, was to be laid, for a few days, in this lough, it would be taken out sweet and clean.

In a *Tour of the South and South West*, 1758 deir Pococke, 'The water is very soft, occasioned probably by the saltings of the soil from the sea spray'. Bhí dhá loch eile i mBaile Iarthach i lár na haoise seo caite agus ceann ar an gComalán ach is tirim, nó ina bportacha, atáid anois. Bhaintí ábhar iontu tráth le haghaidh díonú tithe.

Thoir ó Loch Iorail tá airde talaimh 200' a sheasann amach in áit mar a bhfuil an talamh máguird ar airde 100'. Ó thuaidh tá an airde talaimh ar a dtugtar *Cnoc an Bhaile Thuaidh* a ardaíonn soir go pointe triantánach 267' ag *Cnoc an tSuíocháin*. Titeann an airde seo ar gach taobh go 200', go 100' agus fiú go 50' ó thuaidh i dtreo *Cill Chiaráin*. Anso tá log talún ar an dtugtar *Com na Cille* agus beagán thoir thuaidh ó *Reilig Chiaráin*.

tá an poll seantoinne *Poll an Amhrais*. Ó thuaidh ó *Bhéal na Gaibhge* tá stacáin mar *Stacán Buí* agus *Mionnán Buí*, cuasanna mar *Chuas na gCánóg*, *Cuas an Dúna* agus *Trá Leagaigh* mar a bhfuil fáil ar go leor leacacha trá. Idir *Thrá Leagaigh* agus *Cill Chiaráin* tá *Loch na Cille*. Tá leis carraigeacha mara mar *Thón Loinge* agus *Oileán na gCeard* ag *Béal Chuain Trá Chiaráin*. Tá an creimeadh suntasach a dheineann an fharraige ríshoiléir ón mórbearnú atá le feiscint ar chósta thiar agus cósta thoir thuaidh Chléire

## STAIR NA LONNAÍOCHTA

### **Lonnaíocht i Ré na hÁrsaíochta**

Tá rian gníomhaithe daoine i gCléire préamhaithe 5000 bliain ó shin ar a laghad sa **Ré Neoilíothach** nuair a cleachtaíodh an fheirmeoireacht in Éirinn den chéad uair. Bíodh go bhfuil rian tithé falla feidín ciorcalacha i mBaile Iarthach Theas níl fáil fós ar fhianaise chinnte i dtaobh gníomhú céad áitritheoirí an oileáin, ach is eol gur deineadh daoine a adhlacadh ann sa Ré Neoilíothach. Fuarthas i gCrathach Thiar sa naoú haoise déag cloch ghreannta le móitífeanna mar atá orthu sin ag Brú na Bóinne, Contae na Mí<sup>16</sup>. I 1986 aimsíodh carn scriosta ag barr *Chnoc Coraintín* gur dóichí gur Uaigh Pasáiste é.<sup>17</sup>

Tá fianaise leis i dtaobh gníomhú daoine ar an oileán in **Aois an Chré-Uamha** (2,000 R.Ch.-500 R.Ch.). Faightear Línte Cloch mar *Ghalláin an Chomaláin* coitianta in Iarthar Chorcaí agus Deisceart Chiarraí. Ní fios cad chuige i gceart iad, ach is dóichí go raibh feidhm shearmanais acu. *Cloch na nGeallúna* atá ar cheann de na galláin sa tsraith ar an gComalán a bhfuil poll trína lár inti. Galláin is gnáth-théarma do na hiarsmaí seo agus meastar gur tógadh leis iad in Aois an Chré-Uamha. Tá ceann acu 2.65 m ar airde i n*Gort an Ghalláin* i gCrathach Thiar agus ceann eile ar a dtugtar *Cloch Maoláin* i mbaile fearainn Coinlín. Tá crosanna greanta ar chuid acu, mar shampla *Gallán Chiaráin*, *Gallán Lios Ó Móine* agus *Gallán Bhaile Iarthaigh*, agus tharlódh go mbaineann siad seo le Ré na Críostaíochta, nó b'fhéidir gur bhain siad le tréimhse níos luaithe fós agus gur deineadh 'críostú' orthu le teacht na críostaíochta go Cléire. Is dóichí gur le hAois an Chré-Uamha leis a bhaineann an *Boulder Dolmen*<sup>18</sup> atá i b*Páirc na Cloiche*, i mbaile fearainn Ghort na Lobhar agus uaimh ar dhéanamh dinge i gCrathach Thoir.

Trí cinn ar a laghad de dhúnta rinne atá ar chósta an oileáin agus b'fhéidir gurb áiteanna dídine iad de chuid **Ré an Iarainn**. Faightear a leithéid ar rinn tíre a mbíonn faill ard ar thaobh na farráige le sraith claiseanna agus bainceanna tógtha mar chosaint orthu ar thaobh na tíre. Féachann sé gurb amhlaidh a bhí ag *Dún Cléire* agus ag *Dún Thomáis*. Deineadh athchosaint i Ré na Meánaoise ar an gceann ag *Dún an Óir*.

**Ré na Críostaíochta** : Is dóichí gur tháinig an Chríostaíocht go Cléire go luath sa chúigiú aois agus tá de cháil ar Naomh Ciaráin gur ag *Fionn -Tráigh Ciaráin* a saolaíodh é. Tá a ainm le gallán a bhfuil crosanna agus dearraí eile greannta air agus le tobar beannaithe ag *Tráigh Ciaráin*. Tá dhá ghallán eile i mBaile Iarthach a bhfuil crosanna greannta orthu.

Ní léir go maireann i gCléire aon rian de chill de chuid Ré na Luath-Chríostaíochta. Tharlódh go mbaineann na láthair adhlactha ag *Cill Bhrún*, *Cill*

*Léithín, Cill Leice Fórabháin* agus ag *an Cillíneach* i Lios Ó Móine le tréimhse an-luath, ach in éagmais fianaise de thoradh tocailte, ní féidir breith chinnte a thabhairt faoina leithéid. Baineadh feidhm thar tréimhse fada as reiligí mar iad chun leanaí gan baiste do chur.

Samplaí de lonnaíochtaí tuatacha na Luath-Chríostaíochta atá i lios réabtha ag *Gort an Leasa* i mbaile fearainn Lios Ó Móine agus ar a sheas tráth ag an suíomh ar a dtugtar *An Lios*, i *nGarraí an Tí Finn*, i mbaile fearainn Ghort na Lobhar. I nGort na Lobhar agus i gCrathach Thiar agus ar an gComalán tá uaimheanna talún aimsithe.

Is dóichí gur leis an triú haois déag a bhaineann an séipéilín ar a dtugtar *Teampall Chiaráin*, bíodh gur sheas séipéal an-luath eile ar an láthair céanna de réir an bhéaloidis. Is díol suime leis iad leacacha greanta i *Reilig Chiaráin* ó láimh Fhinín Mhic Gearailt, saor cloiche a mhair ar an oileán ag tosach an naoú haois déag.

Iarsma ó **Ré na Meánaoise** 'sea *Caisleán Dhún an Óir* a sheasann ar rinn talún atá anois scoite ón oileán féin, nach mór. Dún de chuid na nDrisceolach a tógadh i lár na cúigiú haoise déag atá sa túr cloiche seo agus ba sa bhliain 1602 a chuir gunnaí Shasana ó mhaith é.

**An tIar Mheánaois:** Structúir Iar-Mheánaoiseach iad an Túr Comharthaíochta, nó *Signal Tower* a tógadh timpeall 1806 agus an *Teach Solais* ar *Chnoicín an tSeabhaic*, i nGleann Oirtheach a tógadh i 1817.

## Patrún na tithíochta

B'éigean lonnaíochtaí a thógaint ag tosach an naoú haois déag in áiteanna scéirdiúla i gCoinlín agus i mBaile Iarthach de bharr brú daonra nuair a mhéadaigh an líon daoine ar an oileán go breis agus míle duine.

Bhíodh tithe sa tseansaol 'ina mbloiscíní nó ina gcladaí ar fud an oileáin' <sup>19</sup> ina mbíodh ó cúpla tigh go mb'fhéidir deich gcinn de thithe tógtha in aon láthair faoi mar a bhíodh sa 'chlachán' in áiteanna eile.<sup>20</sup> Bhí mar shampla suas le cúig thigh tógtha timpeall ar *Loch an Chomaláin* agus roinnt eile i gcóngar *Páirc na Cathrach* sa Ghleann. Bhí suas le cúig cinn déag de thithe i gclada i gCoinlín <sup>21</sup> agus bhí sé ráite go raibh suas le hocht gcinn déag de thithe i gclada gar do *Róidín Dhiarmín* i mBaile Iarthach Thuaidh.<sup>22</sup> Bhí cúpla tigh leis tráth mar a bhfuil *Tigh an Choitirigh*. Idir deich agus fiche slat a bhíodh idir na tithe.<sup>23</sup> De réir daonáirimh 1831, bhí 206 tigh i gCléire ina raibh 200 líon tí. Faoi na tithe féin tuairiscíodh :

The houses are mostly built of stone and thatched ; and from the unsheltered situation of the island, exposed to every raging blast ; the inhabitants are obliged to secure the thatch on the roofs by an interwoven covering of netting or matting kept down by heavy stones.<sup>24</sup>

Ní raibh aon easpa cloiche i gCléire le haghaidh tógáil tithe ina mbíodh dhá sheomra, fuinneoga beaga agus díon tuí orthu. Inniu tá seanchabhlaigh go leor de na tithe seo le feiscint tréigthe i mBaile Iarthach agus iad gan díon orthu agus cuid eile acu le díon slinne nó iarainn curtha orthu agus iad in úsáid mar sciobóil. Féachann sé gur mhair sa logainmníocht ainmneacha úinéirí a bhformhór toisc gur lean feidhm éigin leo. Mhair structúr na lonnaíochta mar an gcéanna i ndiaidh an Ghorta ach athraíodh é go luath ina dhiaidh sin.

Ó lár an naoú haois déag is mór an t-athrú a tháinig ar phatrún na lonnaíochta ar an oileán. Ar an gcéad dul síos d'athraigh an bhéim shóisialta agus trádála ó *Chuan Inbhir go Trá Chiaráin*. Ba in Inbhir mar a raibh *Cé Cillín* a bhí bonn na hiascaireachta dírithe. Ó dheas leis bhí an *Coastguard Station* agus an *Tigh Solais* agus foireann mhaith oibre iontu ó thús an chéid. Ó 1840 ar aghaidh ba anseo a bhí *Tigh an tSagairt*, *Tigh an Mhinistéara* agus a ghníomhairí. Bhí an *Teampall Gallda*, an *Scoil Ghallda* agus oifig de chuid Reuters suite ann chomh maith. Chuig béal Inbhir a thagadh galtáin Mheiriceá chun teachtaireachtaí a chur ar tír le sreangscéalta a sheoladh rompu go Londain Shasana.

Chuaigh tábhacht Cuan Inbhir i léig nuair a dúnadh an *Tigh Solais* sa bhliain 1853 agus le dúnadh an *Tigh Teileagrafa* nuair a snadhmadh cábla teileagrafaíochta idir Oileán Dairire, Co. Chiarraí agus Meiriceá sa bhliain 1866. Tháinig *Trá Chiaráin* chun cinn mar chuan fothainiúil le tógáil *An Doic*, *Cé Sheáin Rua* agus *Duffy's Pier*.

I dteannta na n-athruithe sin d'athraigh patrún na tithíochta le tógáil lonnaíochtaí scaipthe. Le roinnt na talún i ngabháltaisí sa bhliain 1833 tógadh tithe ar fud na bhfeirmeacha, go hiondúil ar an bpaiste talaimh carraigeach fothainiúil ba chónगरaí do pé casán a bhí ag gabháil cheana féin i dtreo ceann éigin de chuaisíní an oileáin. D'fhág sin tithe ar ghabháltaisí an oileáin scaipthe amach ón a chéile agus a lán acu ar aon líne le bóithre an oileáin ar nós iad sin atá ar an mbóthar ó *Chuan Trá Chiaráin go Cuas an Dúglais* agus iad sin ar an mBóthar Láir agus ar an mBóthar Nua. Fágadh an seanbhothán agus a gharraí beag acu sin nach bhfuair gabháltas nuair a deineadh talamh an oileáin a roinnt. Faoi 1881 tuairiscíodh 109 clann i 118 tigh ar an oileán.<sup>25</sup> Thacaigh an imirce agus íslíú daonra sa dara leath den naoú haois déag le cur ar aghaidh an chlaonta seo chun na lonnaíochta scaipthe.

I gcaitheamh na haimsire céanna cuireadh leis an méid tithe a bhí sa *Chomar* agus d'fhás sráidbhaile beag in a raibh trí thigh tábhairne. Tá anseo leis sraith de sheacht gcinn de thithe beaga a chuir an tiarna talún ar tógáil timpeall 1846 do lucht leanúna an tOirmh. Edward Spring agus an 'Island and Coast Society'. Tá ó *Thithe na nIascairí go Jumpers Row* agus le gairid *Sunbeam Row* tugtha ar na tithe seo sa *Lána*.

Ó 1896 go 1906 nó mar sin, tógadh thart ar fiche teach cloiche, díon slinne, dhá stór le cabhair airgid Bhórd na gCeanntair Cúng ar ghabháltaisí in áit na dtithe a bhí tógtha i ndiaidh 'Bliain na gCeathrúna'. Ba í an tógáil chéanna a bhí ar an gcuid is mó acu. Ailíniú thoir-thiar agus claonadh iontu na fuinneoga go léir a bheith ar an dtaobh theas, i dtreo na gréine, agus fuinneog amháin ó thuaidh in aghaidh gálaí an gheimhridh. Maireann daoine in a lán díobh seo go fóill, ach go bhfuil cloch a bhformhór anois clúdaithe le plástar.

Sa bhliain 1938 bhí tuairim is céad teach cónaithe ar an oileán agus orthu san bhí thart ar dhá thigh déag tuí. Tógadh suas le fiche faoi scéim nua tithíochta don Ghaeltacht ó 1932.<sup>26</sup> Ó 1976 tógadh leath-dhosaen bungaló nua i gCléire agus i 1993 tógadh sé cinn de thithe samhraidh sa Chomar ar a bhfuil anois ainm ó ghinealach an úinéara bronnta ar gach ceann acu, mar shampla Tigh Éireamhóin, Tigh Thaidhg, Tigh Sheáin 7rl.

## ÚINÉIREACHT NA TALÚN

### **Géilleadh na nDrisceolach**

Bhí talamh Drisceolach ar a tugadh Corca-Laidhe in Iarthar Chorcaí tráth ar chomhfhéid le Deois Rois. Bhí ó Chionn tSáile go Béara faoina reacht. Bhain Mathúnaigh, Barraigh, Súilleabhánaigh, Donabhánaigh agus Coileánaigh mórán dá raibh acu díobh. D'fhan na Drisceolaigh neamhspléach orthu áfach, go dtí 1232 nuair a ghlac na Cárthaigh tiarnas ar an réimse sin talaimh in a bhfuil an ceithre barúin ar a dtugtar Cairbre anois orthu. Cúngaíodh a thuilleadh ar Chorca Laidhe agus níor fágadh ag Drisceolaigh faoi 1615 ach a tuairiscíodh sa *Regal Visitation Book*, sé sin 'Myross, Glanbarahane, Tullagh, Creagh, Kilcoe, Aghadowne and Cleere'.<sup>27</sup> Thógadar caisleáin ag Loch Oighin, Gleann Bearcháin, An tSean-Chuairt, Oileán Spáinneach, Rinn Chúil Uisce, Dún na nGall, Dún na Long in Inis Earcáin, Dún na Séad, Faiche an Chabhlaigh agus Dún an Óir i gCléire.

Faoin gcóras Gaelach bhí ceart fad a mhair sé ag Taoiseach na nDrisceolach chuig tailte áirithe de chuid na tuaithe. Níor leis iad agus ní raibh ceart ar bith aige iad a ghlacadh chuige féin, nó iad a thabhairt uaidh. Toghadh Fínín Ó Drisceoil ina Thaoiseach ar Drisceolaigh sa bhliain 1573 agus ba Ó Drisceoil Mór feasta é. Thug sé cuairt ar Londain agus ghéill sé talamh a mhuintir féin don Choróin ar ghrá iad a fháil bronnta air féin agus ar a shliocht faoin scéim Géilleadh agus Athbhronnadh. Thóg sé a chuid tailte:



..by letters pattents from Queen Elizabeth and thereby extinguished the Irish Rite. The former custome was that the eldest of the familie succeeded, unto whome Mac Cartie Reagh did give a rod, and then he was reputed and obeyed as lord of the Countrie of Collimore.<sup>28</sup>

Ghlac Finín móid dílseachta do rí Shasana sa bhliain 1576 i bhfianaise Sir Henry Sydney i gCorcaigh agus sa bhliain 1586 ghéill ar fad do dhlí Shasana ag Párlimint i mBaile Átha Cliath nuair a bronnadh teideal Ridire air. Bhí cúl tugtha aige ar an gcóras Gaelach agus d'fhan sé dílis don Choróin gur bhain na Spáinnigh Ceann tSáile amach i 1601, nuair a ghéill sé suas a chuid caisleán i nDún na Séad, in Inis Earcáin agus i gCléire dóibh. Briseadh ar na Gaeil ag Cionn tSáile agus de bharr a mhídhílseachta chaill Finín a cheart chuig na tailte a bhí bronnta air faoi Ghéilleadh agus Athbhronnadh. Le gliocas áfach, d'eirigh leis greim a choiméad ar a chuid tailte go ceann tamaill eile.

Sa bhliain 1605 thug Finín Ó Drisceoil léas bliain is fiche de Dhún na Séad don Ridire Thomas Croke ar íocaíocht £2,000 dó. Ghéill Croke agus Sir Finín na tailte a bhí eatarthu don Choróin ag súil go bhfaighidís bronnadh ríoga díobh, ach ba ar Croke amháin a deineadh an t-athbhronnadh.<sup>29</sup> Thug Croke roinnt coilíneach go Dún na Séad ó Shasana agus bhronn an Rí Séamas I cairt ar an áit sa bhliain 1612. Pé ní é bhí morgáiste bronnta i 1608 ag Finín Ó Drisceoil ar Walter Coppinger as tailte ar an mórthír agus sa bhliain 1610 tháinig Croke, Coppinger agus Finín le chéile agus bhronn léas de thailte, caisleán agus baile Dhún na Séad go ceann bliain is fiche ar Thomas Bennett, Droichead na Bandan. Tar éis bhás Croke, d'eirigh le Coppinger ordú cúirte a fháil in aghaidh Ó Drisceoil Mór agus a shliocht agus chaill Drisceolaigh go deo greim ar a gcuid tailte.

Bheartaigh Coppinger léasanna na Sasanach i nDún na Séad a chur ar fionraí ach thóg Drisceolaigh, Bárdas agus pobal Dhún na Séad raic. B'éigean don Choróin Coimisiún a bhunú chun an cás a iniúchadh. Ceapadh Henry Beecher ar dhuine de na breithiúin agus thug Coppinger léas na dtailte a bhí faoi iniúchadh do ach fuarthas in aghaidh Coppinger sa chúirt. D'eirigh le Beecher, áfach, greim a fháil ar roinnt tailte de chuid na nDrisceolach a bhí ag Coppinger. Bhí deartháir ag Sir Walter Coppinger, Richard, a raibh iníon leis pósta ag Tadhg Cárthach Ó Drisceoil agus ba ag a mhac sin a d'fhág Richard caisleán Dhún an Óir agus a thailte i gCléire le huacht sa bhliain 1651.<sup>30</sup> Faoi 1641 ba áitritheoirí Drisceolacha ar fad a bhí i gCléire agus ba le Sir Algernon May agus a bhean an t-oileán. Bhí 'Teige O' Driscoll also Carragh' [Tadhg Cárthach] i nDún an Óir. Donogh O' Driscoll also Carragh a bhí i Glonnes nó sa Ghleann. Donogh Mc Dermod agus Dermod McKnogher a bhí i Keenleen & Killvickadary, nó Coinlín. ffynne Oge mc Connor O Driscoll i Knockanakehig, nó Cnocán an Choimhthígh, ffynne mc Connor O Driscoll i Lis-O-monin, nó Lios Ó Móine.<sup>31</sup>

Thit tailte sa Sciobairín chuig Henry Beecher agus chuir mac leis Colonel Thomas Beecher, faoi in Inis Earcáin. Ba é an Thomas Beecher seo A.D.C. Rí Liam Oráiste ag Cath na Bóinne i 1690 agus sa bhliain 1698 cheannaigh sé estáit Walter Coppinger. Thit a raibh cnósaithe aige chuig William Wrixon as Mala, Co. Chorcaí, nuair a thóg Wrixon chuige féin an t-ainm Beecher, ainm a mháthar sar a phós sí. Toisc gur shíolraigh a mháthair ó Thomas Beecher, Inis Earcáin, tháinig Sir William Wrixon-Beecher i seilbh estáit 19,000 acra na mBitséarach sa Sciobairín agus sna hoileáin Cléire agus Inis Earcáin.

## **Roinnt na Talún - Bliain na gCeathrúna 1833**

Bhí seilbh bhuan na talún préamhaithe níos luaithe i gCléire ná mar a bhí in áiteanna eile. Ón oiread sin ainmneacha daoine atá ag gabháil le garraithe an oileáin is léir gurbh é an garraí an fheirm roimh 1833, *bliain na gceathrúna*, nuair a deineadh an chéad roinnt ar thalamh an oileáin.<sup>32</sup> Tuairim ceathrú acra a bhí i ngach garraí agus an té nach raibh a cheathrú féin aige bhí paiste thall agus abhus aige agus fiche éigin duine eile ina thimpeall lena bpaiste féin.<sup>33</sup> Cimínigh a bhí sna cnoic agus ceart ag cách chucu.

Bhí roinnt bheag gabháltas déanta tamall roimh bliain na gceathrúna ach bhíodar níos lú ná na cinn a deineadh i 1833 nuair a roinneadh 649 acra i 137 gabháltas de thart ar 5 acra an ceann. Talamh curaíochta ba ea tuairim 200 acra agus talamh garbh a bhí sa chuid eile.<sup>34</sup> Briseadh ar roinnt daoine ar ndéanamh na ngabháltas, ach fágadh a gharraí ag go leor daoine i lár nó in imeall na ngabháltas nuadhéanta, rud a tharraing achrann agus aighneas go minic.<sup>35</sup>

Tugann *Cape Clear Tithe applotment List, 1833* léargas ar cé air a bhí talamh roinnte, chomh maith le cuntas ar acraíocht, cíos agus caighdeán na talún a bhí i seilbh 30 áitritheoir. Orthu bhí Wm. Driscoll agus Ds. Driscoll in Ardhort; Bros. Leonard, Jerh. Parkey agus Ds. Driscoll ar an gComalán; Jerh. Bryan agus Thos. Driscoll sa Ghleann Oirtheach; Eugene Dealy agus Tim. Fwohill i gCill Leice Fórabháin; Jos. Mahony agus Thos. Mahony i gCeathrúna.<sup>36</sup>

B'é Sir William Wrixon Beecher nó a mhaoir agus a bháillí a dhein an roinnt ar thalamh Chléire. Dheineadar 'léirscios ar mhórán daoine bochta ar ghrá gabháltais mhaithe do bheith acu féin agus ag a gclainn; agus tá na gabháltais úd fós i seilbh sliocht na muintire ar daoibh a gcuid ban'.<sup>37</sup> Chúngaigh sealbhóirí na ngabháltas diaidh ar ndiaidh ar lucht na ngarraithe agus ghlac le lámh láidir chucha féin iad. Cuireadh lucht na ngarraithe chun bóthair agus níor fágadh tuairisc orthu, ach a n-ainmneacha do lean de na garraithe ina ndiaidh. Craolann a suíomh leagan amach na talún roimh 1833.

Tharla faoi 1843 go raibh eastáit Sir William roinnte aige ar a bheirt mhac Henry (1826-'93) agus John (1828-1914). Ba é Henry an tiarna talún do Chléire. Choiméad Sir William súil ghéar áfach ar imeachtaí i gCléire faoi mar a léirítear i litir oscailte uaidh chuig sagart an oileáin an tAth. J. B. Noonan sa bhliain 1846 nuair a cháin an sagart é tar éis dó díshealbhú a bhagairt ar bhean a raibh cliamhain isteach ag a hiníon agus theastaigh uaithi, is cosúil gur aige a bheadh a gabhálas. 'I am already well acquainted', a d'fhreagair Sir William, 'with the widow Cadogan's case, who was to be dispossessed of her farm if she persevered in subdividing or subletting it contrary to agreement'.<sup>38</sup> Níorbh aon dóichín é Sir William. Bhris sé fiú ar a mhac féin John de bharr easaontais agus bhain an díon dá thigh.<sup>39</sup>

Nuair a bhuail an tOirmh. Edward Spring cos ar an oileán sa bhliain 1846 cuireadh daoine ar thaobh an bhóthair ar ghrá talaimh a bheith ag lucht leanúna Spring agus chuir Beecher sraith tithe ar a dtugtar *An Lána* ar tógáil chun freastail ar an bpobal Protastúnach a mealladh isteach ar an oileán ag an am.

Faoi 1853 bhí a raibh de thalamh i gCléire (1578 acra) roinnte i 76 gabhálas.<sup>40</sup> Deineadh fo-roinnt ar chúpla gabhálas díobh seo. Ó thaobh talaimh agus acraíochta ba mhór a bhí idir na gabhálaisí. Ba in áiteanna sa Ghleann, i gCrathach Thiar agus i gCoinlín a bhí cuid den talamh ba thorthúla ar an oileán agus deineadh na tionóntaithe a ghlanadh díobh. Ag Thomas Shipsey bhí iomlán an bhaile fearainn 68 acra i gCrathach Thiar; ag Edward Shipsey bhí 32 acra i gCoinlín; ag Eleanor Field bhí 53 acra i nGleann Oirtheach; ag Jeremiah Minihane bhí 53 acra i nGleann Iarthach agus ag Rev. Edward Spring bhí 9 n-acra i nGleann Meánach.<sup>41</sup> Meán 10 n-acra a bhí in sna gabhálaisí eile. Ceathrú mar gharraí a bhí fós ag go leor daoine áfach.

Le bás seandaoine agus imeacht daoine óga thar lear, fágadh botháin gan éinne iontu. Bhuail "an gabhálachas" daoine agus leagadh na botháin agus glacadh seilbh ar an ngarraí a bhí ag dul leo. Chuaigh ainmneacha na mbothán i ndearmhad ach maireann ainmneacha daoine ar na garraithe a ghaibh leo e.g. *Garraí Thaidhg Bháin*, *Garraí Mhiocain*, *Garraí Mháire Óg* agus mar sin de.<sup>42</sup>

## Talamh gan Léas

Mhair structúir na talún mar an gcéanna i ndiaidh an Ghorta. Ar cíós gan léas ón tiarna talaimh a bhí an talamh ag tionóntaithe Chléire. Bhí comhthionóinteacht idir an tiarna talún agus roinnt oileánach faoi 1853<sup>43</sup> agus bhí cúpla duine des na tionóintithe móra seo a lig ar cíós paistí beaga talún nó garraithe anso is ansúd. Thóg daoine cuid den sliabh nó an cnoc ar cíós chomh maith. Bhí buanacht ag baint le teorannacha na ngabháltas i gCléire ó 1833 agus mhair siad faoi mar a mhair sa logainmníocht sloinnte na ndaoine ar leo iad gan athrú go dtí an lá inniu. I gcás aighnisí talún ar an oileán deintí cúiseanna a phlé os comhair 'cúirt áitiúil' a thionóiltí

faoi chathaoirleacht sagart an oileáin. Scríte i gClár Leabhar Baistí Chléire 1841-1899 tá an cuntas seo:

Special court were held in Cape where laws were framed by twelve men and a priest, and approved by the authorities. Father Noonan was the first priest who started it and he was the first priest to fall out with the Minister Spring.

The court was held once a week or once a fortnight, at the priest's house at first and afterwards at the house of one of the farmers named Cadogen. The twelve men were selected by the priest. The laws related chiefly to settlements about land disputes and trespassing of cattle, etc. The decision was always final and was ratified by the authorities outside.<sup>44</sup>

Ba é sagart an oileáin leis a bhí ina cheanaire ar na daoine in aimsir Chumann na Talún nuair a d'eirigh leis na tionóntaithe laghdú a fháil sna cíosanna.<sup>45</sup> Sa bhliain 1881 socraíodh cíos a bhí le seasamh go ceann cúig bliana déag, rud a chabhraigh le buanacht seilbhe a fhágaint ag na clanna céanna.

Bíodh gur mór é an dul i léig sa daonra ní raibh aon athrú le sonrú in acraíocht na ngabháltas. Ní raibh spreagadh ar bith ann forbairt a dhéanamh ar ghabháltas a bhí ar cíos gan léas. Murach ar baineadh de fómhar na farraige agus díogras pearsanta daoine i soláthar riachtanaisí na beatha bheadh formhór na muintire ar an ngátar de shíor. Dheineadh gach clann beagán iascaireachta agus chuirí an t-iasc ar salann le haghaidh an gheimhridh. Ní raibh áfach ach ón láimh go dtí an béal ag a lán.

De bharr an tsoláthair a dhein na hAchtanna Talún 1885-1923 ach go háirithe d'eirigh leis na tionóntaithe seilbh phearsanta a ghlacadh ar ghabháltaisí an oileáin. Faoi na tríochaidí ba úinéirí-áitritheoirí iad. Bhíothas ag súil, mar sin, go dtiocfadh forbairt ar chúrsaí talmhaíochta an oileáin, rud nár tharla. Bhí an tóin titithe as margadh an éisc ó 1926 agus géarchéim eacnamaíochta domhanda ann faoi 1929. Lena shála sin tháinig an 'Cogadh Eacnamaíochta' idir Éire agus Sasana sna tríochaidí, imeacht a ghéaraigh ar an gcruatan agus an ganntanas a bhain le saol oileáin cheana féin. Lean an imirce go Sasana agus go Meiriceá agus chuaigh a lán d'fhearaibh Chléire ag iascaireacht i gcabhlaigh iascaireachta tíortha eile.

## Úinéireacht na talún inniu

Tá gar do 1600 aonaid talaimh ar an oileán a bhfuil a bhformhór fós timpeallaithe ag clathacha dúbailte nó clathacha singil ina bhfuil airde deich dtroigh i gcuid acu ar nós *An Cláí Ard*. Bhí a ainm féin ar gach gort, páirc, garraí, nó ceathrú acu tráth. Bheadh an chuid is mó acu níos lú ná acra, gan ach an cheathrú féin ar nós *Ceathrú Bheití* i gcuid díobh. Is ar éigin atá thar an pháirc nó dhó ar an oileán a bhfuil acraíocht dhá acra inte. Maítear gurb é *Gort Maoláin* i gCoinlín, le méid hacra go leith inti an gort is mó ar an oileán.

Bíodh gur tháinig titim thubaisteach ar an daonra iomlán, titim diaidh ar ndiaidh de thoradh báis a tháinig ar líon na dteaghlach a mhair in sna seanáitribh. Ar an méan, thart ar deich n-acra a bhíonn i ngabháltas ach is gabháltaisí neamhiomlána a lán acu anois toisc go bhfuil daoine tar éis cur lena gcuid talún in áiteanna eile ar an oileán le fiche blian nó mar sin anuas. Táid ann a fuair talamh le huacht, nó a cheannaigh cuid na gcomharsan nuair a tháinig scaipeadh ar theaghlaigh. Is le hoileánaigh an chuid is mó den talamh fós bíodh go bhfuil naoi ngabháltas ina bhfuil thart ar 200 acra san iomlán anois i seilbh daoine nach Éireannaigh iad. Tá dhá gabháltas le trí thigh cónaithe i seilbh eachtrannaigh a chaitheann cúpla seachtain sa bhliain i gCléire. Níl talamh na ngabháltas seo á oibriú áfach. Ar oileánaigh is i seilbh pinsinéirí idir fhir is mhná, a lán acu singil, atá an chuid is mó den talamh fós. Is le sliocht oileánach a bhfuil buanchónaí orthu ar an mórthír ceithre gabháltas atá ar cíos aon mhí déag sa bhliain, socrú nach spreagann infheistiú nó forbairt ar bith ar an talamh. Tríd is tríd is ag dul ó mhaith atá an talamh a bhíonn ar cíos. Tá roinnt tithe agus talaimh i seilbh institúidí ar nós Comharchumann Chléire Teo., Gaelachas Teo., An Óige, an eaglais agus an Bird Observatory. Tá thart ar 12 acra in úsáid mar fheirm gabhar ar a dtugtar an *Goat Farm* agus clúdaíonn láthair na feirme éisc thart ar trí acra ar imeall na farraige i gCnocán na mBáirneach.

## IASCAIREACTH

D'onnmhairítí éisc go Sasana agus an Mhór Roinn ó ré na meánaoise agus thagadh iascairí de chuid na Fraince, na Spáinne, na Poirtingéile agus na Beilge chuig cósta theas na hÉireann gach bliain mar a raibh fáil ar raidhse éisc<sup>46</sup>. Luaitear gur sheol 600 árthach Spáinneach go talúintí éisc na hÉireann sa bhliain 1569.<sup>47</sup> Iad sin a thagadh ag iascaireacht go cósta Chléire b'éigean dóibh cíos a íoc leis na Drisceolaigh. I bhFiosrú Coróineach a tionóladh i Ros Cairbre, Co. Chorcaí sa bhliain 1608 tuairiscíodh :

The predecessors of O'Driskoll, lords of the said Country, have been always used to have divers Royalties, duties, and other customs, from Fashney bewest Cape Clyre to the Rocks called the Stagges Eastward. The said Sir Fynyne O'Driskoll and his ancestors have been wont to receive as well from strangers as from their own tenants, the duties, customs, rents and royalties following, viz. that every ship and barcque that cometh to aunquer in any part of the said Harborough of Baltymore, ought to pay to the chief lord for the time being four-pence sterling for his aunkeradge.<sup>48</sup>

Leagadh cíos leis ar úsáid charraigeacha idir Carraig Aonair agus Dún na Séad:

That every boat which fisheth in or from the said Harbrough between Fastness and the Stagges three nights, is to pay two shillings eight

pence to the Lord, and fish three times every week, and if they dry their fish for their rockes six shillings and eight pence. That all ships, except his Majesty's subjects, are to pay for their rockes to dry their fish on.....<sup>49</sup>

Sa bhliain 1625 bhí an oiread sin tarrach ag iascairí ar cheantair Chléire, Dhún na Séad agus an cósta theas gur fhógair na Commissioners of Ireland for the increase of Manufactures go gcaithfí stop a chur leo. D'fhógair siad: 'As the fishing in general of Ireland runs for the most parts into the hands of strangers, no foreigner should be permitted to fish or save any upon those coasts'.<sup>50</sup> Lean iascairí na Mór-Roinne orthu ag teacht áfach, agus fiú chuireadh iascairí de chuid na Spáinne fúthu ar an oileán i gcaitheamh séasúir na hiascaireachta :

In ancient times, when Spain was more flourishing than she is at present, the Spanish fishermen frequented the vicinity of Cape and Baltimore in great numbers, and used to reside upon the island occasionally.<sup>51</sup>

Ó thosach na seachtú haoise déag bhí fáil ar shéirdíní ar chósta theas na hÉireann agus bhí tóir ag iascairí na hÉireann agus na hEorpa orthu. Luann Smith 'The Kingsale fishermen also come hither and build huts, where they cure their fish and for this they pay a smart rent'.<sup>52</sup> Sa bhliain 1758 tuairiscíodh : 'They have on the coast, places for curing fish, comonly call'd fish palaces & come to these parts from Cork & Kinsale'<sup>53</sup>, agus tá fáil fós ar rian na bPálás éisc seo i gCléire agus in Inis Earcáin agus i gceantair Chruacháin agus Scoil Mhuire, Co. Chorcaí.<sup>54</sup>

Níorbh aon stróinséirí chuig na talúintí iascaireachta iad na Francaigh ach oiread mar a thuairisc Pocke sa bhliain 1758: 'Most in the time of peace the French come over here to fish : where the Pilchards came great fortunes were made by them',<sup>55</sup> agus is mó uair nach ró-mhór an fháilte a bhí rompu mar dheineadh iascairí Bheanntaí a gcuid líonta a ghearradh san oíche orthu. Dála éisc eile a bhí le fáil tuairiscíodh:

Now they get chiefly Mackrel during the month of July & August. Herrings also come in at that time they catch likewise Hake, Ling, & Cod, all which they salt & barrel up the Mackrel & Herrings.<sup>56</sup>

Ag tagairt do scil iascairí Chléire dúrthas sa bhliain 1837:

The men are expert and resolute seamen, and the best pilots on the coast; they are remarkable for discerning land at a distance in snowy or foggy weather, possess an uncommon sagacity in discerning the approach of bad weather, and are exceedingly skillful in the management of their vessels.<sup>57</sup>

Le cabhair ón mBord Iascaireachta feabhsaíodh báid agus trealamh iascaireachta oileánach. Théadh suas le hocht gcinn déag de húcaéirí chomh fada le hOileán Buí agus chaithidís ó Luan go hAoine as baile de ghnáth agus théadh na báid béaloscailte go dtí talúintí iascaireachta a bhí níos cóngaraí don oileán ar nós an Charraig Aonair. Báid iomartha, ceithre nó sé mhaide is mó a bhíodh in úsáid sa naoú haoise déag agus de réir méid an bháid a bhíodh fir inti. An té ná bíodh bád aige féin bhíodh sé ag iascach i mbád a chomharsan.

Bhí eagar faoi ghnó na hiascaireachta i gCléire. Thart ar Lá 7 le Pádraig gach bliain deintí socraithe áirithe a leanfadh don séasúr.

The people agree with the owner of boats to fish with them the ensuing season; the number of men in each boat is four or five, the owner providing twice as many lines and nets as any one else in the boat - that is, a share for her and a share for himself. Each man has generally two nets, and brings in his turn such quantity of turf and potatoes as would serve the crew for a week.<sup>58</sup>

Iascach mionéisc a bhíodh ar siúl ó thosach an Mheithimh nuair a chuirfí na báid ar snámh ar dtúis. Le feabhsú na haimsire níor ghá na báid a tharraingt aon oíche agus d'fheistí iad i gcuaisíní beaga mar *Chuas an Dúglais* agus *Cuas an Bháid*. Iascach deargán, cnúdán, gabhar, ballach, pollóg agus colmóirí is mó a bhíodh ar siúl.

Chuirfí an t-iasc ar salann i dtrá Chiaráin agus dheintí é a dhíol le ceannaitheoirí a thagadh go Cléire ar bhonn rialta don ghnó. Sheoltaí a raibh gan díol go margadh Chorcaí.<sup>59</sup> Ba mhór an chabhair é *An Doic* a tógadh i dTrá Chiaráin sa bhliain 1842, ach b'éigean báid a tharrach ar tír sa gheimhreadh nó iad a shuncáil, nó iad a cheangail i gcuanta ar an mórthír.

Bhí iascairí ó Oileán Mhanann, Alban, Sasana agus an Fhrainc ag díriú go tiubh ar chósta theas na hÉireann ó 1840 ar aghaidh ag am nach raibh puinn bád i gCléire nó ar chósta na mórthíre in ann dul in iomaíocht leo. Bhí allmhairiú 10,000 tonna éisc isteach sa tír faid a bhí eachtrannaigh ag déanamh ar thalúintí éisc na hÉireann agus ag tabhairt leo fómhar na farraige.<sup>60</sup> Bhuail ganntanas Cléire sa bhliain 1842-43 agus gorta agus gátar sna blianta 1845-48 a d'fhág oileánaigh beo bocht mar b'éigean do chuid acu idir bháid agus threalamh iascaireachta a dhíol.<sup>61</sup>

Bhí dlúthbhaint ag an iascaireacht le heacnamaíocht an oileáin. Is ar fhómhar na farraige mar bhia a mhair daoine cuid mhaith, agus ba air a bhraith siad chun an cíós a dhíol leis an tiarna talún. 'They have,' a deir Smith, '30 or 40 boats belonging to the place, with which they take considerable quantities of fish; and by this means, they are enabled to pay their rent; When a bad season comes, they generally run in arrear, but they very honestly clear it off when the fish returns'.<sup>62</sup>

Mhair an iascaireacht ach thit líon na húcaéirí a bhí i gCléire go sé cinn faoi 1875.<sup>63</sup> Fad a lean an séasúr bhíodh gach éinne ar an oileán i mbun gnóthaí a bhain le hiascaireacht. Ag tagairt don radharc a bhí le feiscint ar Thrá Chiaráin sa bhliain 1876, i *Sketches in Carbery* scríobh Daniel O'Donovan :

..all the female population rush to the beach, attended by the "gorsoons", and some of the fish are packed in baskets which they swing upon their shoulders with the greatest ease, and carry away up the steep and slippery pathways of the island. The women are engaged then in curing the fish, a process which is accomplished with great skill: and the men rest for a couple of days to recruit themselves for further expeditions out to sea.<sup>64</sup>

Thart ar 1877 fuarthas amach go dtagadh na scoileanna maicréal go cósta theas na hÉireann go luath sa bhliain agus do lean iascairí Shasana agus na Mór-Roinne iad. Ceapadh Ath. Charles Davis ina shagart paróiste ar Ráth agus na hOileáin sa bhliain 1879 agus b'fhacthas dó go raibh saibhreas na farraige á bhaint ag eachtrannaigh ó oileánaigh ina pharóiste féin.

Thither flocked at once fleets of fishing smacks from every shore: from France, from the north of England, from the Isle of Man, from Arklow and other parts of Ireland, so that the combined fleet off Cape Clear often numbered seven hundred vessels. When it is borne in mind that each vessel realised from £400 to £600 for the season, it will be easily seen what a golden harvest the strangers gathered on our coasts. The unhappy fisherman of Cape Clear gazed with wonder and envy on this strange invasion on his shores. For him there was no part in this wealth beneath the water.<sup>65</sup>

Dhein an tAth. Davis tathaint ar Bhanbharún Burdett-Coutts Shasana iasacht £10,000, saor ó ús a chur ar fáil do cheannach bád agus trealamh do iascairí Chléire agus oileáin eile. Ba ghearr go raibh soithigh do iascaireacht mhaicréilí a tógadh i gclóslong Watson & Graves, Oileán Mhanainn le feiscint i dTrá Chiaráin, Chléire. Ar chuid de na báid seo a bhí thart ar 45 troigh ar fhaid agus a bhí faoi chumhacht inneallra bhí : *Sarah Gale, Pride of Erin, King Orry, Test, Harriet, Roving Swan* agus *Blue Jacket*. Sa bhliain 1880 bhí ocht gcinn des na báid seo i gCléire agus an bhliain dar gcionn bhí 15<sup>66</sup>. Ba ghearr go raibh go leor gleotóga nó yawls i dteannta cúpla scúnar sa chabhlaigh áitiúil.

Faoi 1884, bhí 44 bád ag iascaireacht amach ó Chléire agus gar do £500 mar mheán teacht isteach acu don séasúr. Measadh gur £22,000 de theacht isteach a bhí tuilte ag na báid seo i séasúr na bliana sin amháin.<sup>67</sup> Rud eile níor theip ar éinne na hiasachtaí a fóc in am. Ag scríobh dó faoi chabhlaigh iascaireachta Chléire dúirt an Ath Davis :



Amidst the numerous fleets of fishing fleets of fishing vessels from many lands, there are none better appointed than theirs, better manned, better worked.<sup>68</sup>

Agus san *Irish Builder*, March 1884 tuairiscíodh:

The "Capers" - as the island fishermen were called - became the most skilful, the most daring, and the most successful of the fishermen of all nationalities who came to the fishing grounds. Whenever an English or Scotch crewman wished to say that a night was particularly tempestuous he would remark that "the Capers did not go out.

Tháinig margadh maicréal Mheiriceá chun cinn sa bhliain 1887 agus tháinig ceannaitheoirí Meiriceánacha go hIarthar Chorcaí agus Cléire ag ceannach éisc. Bunaíodh stáisiúin éisc ar an gcósta agus bhí Cléire ar cheann den na cinn ba thábhachtaí. Ní raibh éinne díomhaoin ar an oileán i gcaitheamh an tséasúir. 'Their little fleet absorbs the youth and manhood of the island. They have succeeded beyond the wildest dreams of the past,' a dúirt an tAth. Davis.<sup>69</sup> D'fhás tionscail mór iascaireachta i nDún na Séad ó 1881 agus ba ghearr go raibh suas le 400 báid Éireannach agus eachtrannach ag oibriú amach ón gcuan sin. Tógadh Scoil Iascaireachta ann sa bhliain 1887 a sholáthraigh oiliúint i scileanna iascaireachta, agus i dtógáil agus deisiú bád.<sup>70</sup> An uair sin bhí trí scór bád béaloscailte ag fágáil Tráigh Chiaráin ag leanúint an iascaigh sa Bhá Thuaidh agus bhíodh triúr fear ins gach bád acu. Bheireadh galtáin na héisc leo go Sasana gach lá ó Dhún na Séad. Bhíodh galtáin leis ag teacht go Cléire agus bheiridís leo éisc leasaithe go galtáin mhóra Mheiriceánacha a bhíodh amuigh sa bhfarraige ó Chléire.

Bhí cúpla stáisiún leasaithe éisc ag ceannaitheoirí i dTrá Chiaráin i gCléire agus bhí gníomhairí uathu ag feidhmiú ar a son ar an oileán. Ar na gníomhairí de chuid an oileáin bhí clann Mhic Coitir agus clann Uí Lionnáin.

Do mhargadh Mheirice a bítí ag leasú an éisc sin, agus dála an scéil, ní fhéadfaidís a leathdhóthain de a fháil, mar bhí an glaoch go léir sa mhargadh thiar air. Cuirthí an t-iasc ar dtír amach as na báid. Bhí lámha-dóirí oibre ag baint le gach ceannaitheoir. D'órdaíodh sé ag obairiad: cuid acu ag scoltadh an éisc le sceana, tuilleadh acu á ghlanadh, tuilleadh á tharraingt ón mbord i gcliabháin agus á chaitheamh isteach inumar lán d'uisce chun é a ní i gcomhair é a chur ar salann.

.....

Ní raibh bean, cailín, ná páiste san Oileán ná raibh tuilleamh le fáil acu san aimsir sin; agus is minic a bhíodh a oiread gnótha ann go gcaitheadh na hiascairí féin lámh chúnta a thabhairt uathu nuair a bhíodh curthanna móra éisc ann mar mhaithe le gnó an lae a bheith críochnaithe.

Sheasaimh an gnó san, mar atá agam á rá, fiche éigin séasúr. Sin é an uair a bhí Oileán Cléire in airde a chabhlaí, ní raibh sé riamh roimis sin ná ó shin anuas chomh neamhspleách.....<sup>71</sup>

Thart ar dhá scór bád a bhí ag feidhmiú ó Chléire i 1920 agus cumhacht inneallra a bhí i tuairim is leath acu. Gleotóga agus scúnair a bhí sa chuid eile. Bhí scúnair ar nós an *Isaalt*, *George Henry* agus *Sarah Evans* leis ann. Bhí os cionn 200 duine ar an oileán ag tuilleamh a slí bheatha ón iascaireacht ag an am. Faoi 1928 bhí tionscail na hiascaireachta ag dul as in Iarthar Chorcaí. Leag Rialtas Mheiriceá cáin chustaim mar chosaint ar thionscail mhaicréal Mheiriceá a bhris ar an dtionscail in Iarthar Chorcaí. Anuas ar sin tosnaíodh ar mhodhanna nua iascaireachta ar nós tráláireacht, nó scuabadh grinnil, a d'fhág iascairí Chléire agus an cósta chun deiridh ceal bád agus trealaimh oiriúnach don ghnó. Mhéadaigh ar an imirce go Meiriceá agus go Sasana ach go háirithe. Chuaigh fir Chléire ag iascaireacht i gcabhlaigh tíortha eile rud a d'fhág an t-oileán go minic gan dóthain fóirne dos na báid a bhí fós fágtha ar an oileán. Díoladh roinnt acu agus dhreóigh roinnt eile cois cuain. Orthu sin a bhí fágtha baineadh feidhm as *Carbery Queen*, *Carbery Lass*, *Jasmine* agus *St. Ultan* mar bháid iompair nó 'Coasters' ag tabhairt lasta ó Chorcaigh go Cléire agus cuanta beaga ar fud Iarthar Chorcaí anuas go 1950, nó mar sin.

Ar na ceithre thráláeir a bhí i gCléire i 1960 níl fágtha ach *An tArd Casta* a bhfuil foireann lánaimseartha inti. Tá cúpla bád idir 20- 30 troigh in úsáid fós ag iascairí páirtaimsearacha agus le gairid tá tús curtha le feirmeoireacht éisc ar an oileán.

## AN GORTA

Is cosúil go raibh muintir Chléire ar an gcaolchuid go minic i gcaitheamh an naoú haois déag. Ní tuairiscítear áfach go bhfuair daoine bás den ghorta ach d'fhulaingáodar go géar mar sin féin mar is léir ón tuairisc seo ón nGearmánach Johann Georg Kohl a thug cuairt ar Éirinn agus ar Chléire sa bhliain 1842.

The inhabitants of the little Irish island of Cape Clear suffered so much from a scarcity of fuel in 1839, that they came together to cast lots, which first, and which second and third, should tear down his cabin in order to warm the dwellings of the others with its materials. But the fever-plague was only increased by this proceeding; for as they were all crowded together in narrow rooms, and admitted no fresh air into their houses, the infection spread with still greater violence.<sup>72</sup>

Cúpla bliain ina dhiaidh sin tagraítear arís don slí in ar sheas an pobal le chéile in am an ghátair agus iad ag fulaingt i dteannta chéile : 'Hitherto', a scrígh John Noonan, sagart cúnta an oileáin sa bhliain 1847,

We have had no deaths from immediate starvation. The poor creatures had too much mercy and charity in their hearts to see a human being starve before them. I have seen them share the stone of Indian meal with their poorer neighbours. They have never got a penny or a pound to relieve them, and the result is, that as before they stood together they are now falling together; the givers of charity are now on a level with the recipients of their former bounty.<sup>73</sup>

D'fhág an gorta agus an gátar a bhuail Cléire sna blianta 1845-48 oileánaigh beo bocht agus b'éigean do chuid acu idir bháid agus threalamh iascaireachta a dhíol.  
Dúrtas :

Their staple food entirely disappeared; Indian meal of the coarsest and cheapest kind had to be carried eighteen miles by water, often at the peril of their lives. To purchase that, ready money was necessary; for few were found to trust the distant islanders. With the food disappeared their fishing gear, their clothes, nay even the beds they lay on, pledged in pawn offices never to return. Then hunger and want in the most aggravated and hopeless form pervaded the island.<sup>74</sup>

Ag tagairt do dhrochbhail daoine ar an dá oileán Inis Earcáin agus Cléire luaigh an Ath. Noonan:

Every thing in either island that a single halfpenny could be raised on has been pawned. They have not even straw to lie on, we have fever in every second house.<sup>75</sup>

Tugadh beagán fostaíochta ar oibreacha bóthar i gCléire 'seal gearr blianta roimh bliain an ghortaigh'<sup>76</sup> agus ba i mbliain an ghortaigh a deineadh an bóthar atá ag dul ón gCumar go dtí Baile Iarthach Theas. Ceal bídh áfach bhí daoine ró lag do pé beag obair a cuireadh ar fáil. Ag scríobh dó chuig eagarthóir an Southern Reporter i 1847 dúirt an tAth. John Noonan, sagart cúnta Chléire :

It is awful, Sir, to see a strong man not thirty years of age, creep on all fours if he meets a little rising ground on his way home from this road making', agus ag tagairt dó do mhná agus páistí ar an oileán is ar an mbáirneach a mhaireadar sa chuid is mó : 'The great majority of the females live on seaweed, limpets, &c. I have seen more than 40 of them together picking these off the rocks. They and their children subsist on them for days together.'<sup>77</sup>

Cháin an chléir na húdaráis agus an tiarna talaimh ach go háirithe toisc gur theipeadar cabhrú leis na daoine. I gcaitheamh na haimsire seo dheimhnigh an tiarna talún Beecher go bhfuair sé a chíos de £4 an acra in aghaidh na bliana bíodh nach raibh faic ag daoine. Chaill daoine dóchas agus luigh roinnt acu isteach ar an ngadaíocht. 'Here nature at present enforces her first law - they are stealing sheep, geese, in fact every thing they can eat'.<sup>78</sup>

I gClár Leabhar Baistí Chléire is suimiúil iad na figiúirí atá cláraithe dos na blianta 1845-48. Cláraíodh 50 baiste sa bhliain 1845, 50 sa bhliain 1846, figiúirí a thit go 9 gclárúchán sa bhliain 1847. Ní tuairiscítear áfach go bhfuair éinne bás den ocras ar an oileán sa tréimhse chéanna. Faoi 1848 bhí an "Island and Coast Society" ag déanamh fóirithinte roghnaitheach ar dhaoine a bhí sásta tacú le feachtas bíoblóireachta an chumainn a bhí faoi stiúir an Oirmh. Edward Spring. Tuairiscíodh go raibh 70 dalta sa Scoil Ghallda agus suas le céad duine ag freastal seirbhíse eaglasta an mhisiúin nua Protastúnach. Má dáileadh bia orthu sin ar fad ní hionadh nach bhfuair éinne bás ag an am seo.

Bhuail gorta Cléire agus Inis Earcáin sa bhliain 1862. Beartaíodh tonna min bhuí a chur chuig na hoileáin agus ceapadh Diarmaid Ó Donnabháin Rossa ina Oifigeach Fóirithinte i mí Bealtaine na bliana céanna. Seo é a thuairisc ina iomlán:

We got into Cape Clear about nine o' clock in the evening. Father Collins was on the strand with conveyance to take the meal to his house near by. We brought with us a gallon measure and a half gallon measure. A gallon holds about seven pounds of meal, and we were to distribute our relief as nearly as we could within the bounds of the Poor Law Outdoor-relief regulations - giving no single individual more than three and a half pounds of meal. When we had supplied the relief to all that called we had about a hundred pounds of meal left.....After breakfast, Father Collins took us to see a bedridden woman who was living in a cleft of a rock on a hill back of his house. He went on his hands and knees getting into her house; I went in after him in the same fashion; and there was the poor woman stretched upon flag stones covered with heath. She could not sit up to cook the measure of meal that we gave to a neighbouring poor woman for her. Father Collins suggested that as we had some of the meal left, it would be no harm to give this neighbouring poor woman an extra measure of it in consideration of her attendance upon the sick woman. We acted upon the suggestion, and gave the extra measure.....Father Collins accompanied us to the other end of the island to take the boat for Sherkin.... We entered many houses on the way. Some of them had flags for doors - the wooden doors having been burned for firing. In one house were five or six children; one of them was dead - evidently from starvation. I reported the case of death to the first coroner I could communicate with when I reached the mainland; an inquest was held and the coroner's jury brought in a verdict of: "Death from starvation."<sup>79</sup>

Chuir tuairisc Uí Dhonnabháin i dtaobh bás an linbh straidhn buille ar Choimisinéirí Fóirithinte na mBocht sa Sciobairín agus tugadh bata agus bóthar dó ar an ábhar gur thug sé min sa bhreis do dhuine i gCléire. I bPáras na Fraince chuaigh an Corcaíoch J.P. Leonard i mbun feachtais bailithe airgid do Chléire<sup>80</sup> agus sheol sé síntiús fial chuig an Sagart Paróiste an tAth. Henry Leader. Sa bhliain 1863 tháinig Angela Burdett-Coutts Shasana i gcabhair ar iascairí Dhún na Séad agus Chléire nuair a cuireadh airgead ar fáil chun roinnt clann a chur go dtí na Stáit Aontaithe.<sup>81</sup>

Bliain an Mheathlaithe is gnáthach a thabhairt ar bhliain an ghorta i gCléire ach is deacair a dhéanamh amach áfach cén bhliain é siúd i gceart.

### PROTASTÚNACHAS

Paróiste ann féin, *The Parish and Island of Capeclare*, a tugadh ar an oileán i dtuairisc a ghabhann le léarscáil an *Down Survey* 1655<sup>82</sup> agus bhí 6 gníomh, 10 n-acra 'Arable & pasture' sa 'Glebe' ann. Sa bhliain 1634 ba ag an Earl of Castlehaven a bhí an Glebe.<sup>83</sup> Knoghr. O' Driscoll a bhí ina thionónta ar an 'Glebe land of Cape-Cleer' de réir an *Book of Survey and Distribution* c. 1666. Anuas go dtí an bhliain 1841 nuair a cuireadh an chéad léarscáil de chuid na Suirbhéireacta Ordanáis ar fáil bhí seasamh faoi leith mar aonaid talaimh ann féin ag 'talamh na cille'. Seasamh baile fearainn a bhí ag an nGléib mar a raibh Cill Chiaráin agus Reilig Chiaráin. Chuir an *Topographical Dictionary of Ireland* in iúl sa bhliain 1837 gur le Sir William Wrixon Beecher Oiléan Chléire ina raibh 17 baile fearainn. *The Townland of Glebe* atá ar an *Boundary Surveyor's (Sketch) Map* c. 1839/40 agus ag an *Clear Island Name Book* 1840 ar an áit mar a bhfuil an Glebe. Ní raibh áfach, teach biocáire ná teampall ar an oileán faoin am seo.<sup>84</sup>

Deineadh Paróiste eaglasta Chléire a nascadh le paróiste an Tullaigh ar an mórthír sa tréimhse 1607-67. Francis Beecher a bhí ina Reachtaire ar *Cleere* nuair a snadhmadh an t-oileán le Acha an Dúin sa bhliain 1667 agus lean an sochrú seo faoi an Reachtaire Nicholas Bolton 1670, John Griffen 1683, Samuel Moreton 1684 agus Benjamin Bousfield 1692. Thug an tEaspag Protastúnach Dive Downes cuairt ar Chléire idir 1699-1703 agus thug sé an tuairisc seo:

Cape Clear, the Countess of Castlehaven has the rectory, being half the tythes.. The whole parish is twelve ploughlands. There are ruins of a church, a churchyard, glebe, half a ploughland belonging to the vicar. The island is the estate of Colonel Beecher. The Colonel gives four pounds to the vicar for the vicarage.....<sup>85</sup>

Bhí, a dúirt an tEaspag Downes (c. 1700), 'none but Irish papists lived in this parish' agus leis an ráiteas 'The Protestant minister has not been in this island for many years past'<sup>86</sup> admhaíonn sé nár dhein ministéirí na hEaglaise puinn cúram de Chléire. Tugadh le fios áfach go ndéanfaí iarracht an scéal seo a leigheas mar 'Mr. Trix promis'd to go thither on next St. Barnaby's Day, and to preach to the people'. Níor mealladh éinne de dhúchas an oileáin ón gcreideamh Caitliceach is cosúil mar

tuairiscíonn *The Statistical Survey of the County of Cork* 1810 leis an Oirmh. Horatio Townshend 'the inhabitants were all Catholics'.

Sa bhliain 1823 tuairiscíodh arís nach raibh Protastúnach ar bith ar an oileán 'except about twenty of the waterguard'<sup>87</sup> agus sa bhliain 1824 cuireadh Paróiste Chléire le Paróiste Cill Chua arís. I ndaonáireamh na bliana 1831 áiríodh 16 Protastúnach i gCléire agus chuirí seirbhís eaglasta ar fáil dóibh sa Teach Solais ó am go céile. Ba ag Sir William Wrixen Beecher, Bart a bhí teideal an 'Glebe' sa bhliain 1837.<sup>88</sup> Bhí an 25 acra de 'thalamh na cille' faoi dheachú £34, leath a bhí iníoctha le Beecher, an tiarna talún agus an leath eile leis an ministéir William Moore Crossthaite. D'fhógair an *Parliamentary Gazetteer of Ireland* 1844, 'The inhabitants are all Catholics'; 'Mr. Beecher holds the tithes and the people settle with him in the payment of their rents, a circumstance of ease and convenience to all parties'.<sup>89</sup>

### **The Island and Coast Society**

Bunaíodh 'The Island Society' nó 'The Irish Island Society' sa bhliain 1833<sup>90</sup> agus é mar aidhm ag an gcumann oideachas scríoptúrtha a sholáthar do pháistí na n-oileán agus ceantracha eile ar chósta na hÉireann.<sup>91</sup> Baisteadh "The Island and Coast Society for Ireland" ar an gcumann sa bhliain 1847.<sup>92</sup> Deineadh iarracht stáisiúin misinéireachta a bhunú ina mbeadh idir mhinistéir, eaglais, scoil, oide scoile, léitheoir scríoptúir agus gníomhaire don chumann i ngach stáisiúin díobh.

An tOirmh. Edward Spring<sup>93</sup> a raibh céim B.A. bainte amach aige i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1833 a ceapadh ina mhinistéir do Chléire sa bhliain 1846. Bhí sé ar thuarastal £100 in aghaidh na bliana<sup>94</sup> ón "Island and Coast Society" ón mbliain 1849 agus ba é a dhein eagrú gníomhach ar obair an chumainn ins na hoileáin. Dúirt an tAth. Davis faoi, 'Perhaps, in the entire confraternity of proselytizing agents there was not another so unctuous in language and so versatile in pen. Where all were highly active he was *primus inter pares*. He threw himself, with boundless energy, into the new spiritual movement and uprising. But a field was necessary for his labours.'<sup>95</sup> Bheartaigh sé an fómhar sin a bhaint i gCléire.

Bhuail gorta agus ganntanas iarthar Chorcaí agus Cléire sna blianta 1845-47. I dtaobh bhail na ndaoine sna blianta sin tuairiscíodh:

Their staple food entirely disappeared; Indian meal of the coarsest and cheapest kind had to be carried eighteen miles by water, often at the peril of their lives. To purchase, that ready money was necessary; for few were found to trust the distant islander. With the food disappeared their fishing gear, their clothes, nay, even the beds they lay on, pledged in pawn offices never to return. Then hunger and want in the most aggravated and hopeless form pervaded the island.<sup>96</sup>

Bhí drochbhail ar oileánaigh mar sin nuair a tháinig Edward Spring ina measc ar dtúis. Ba é Robert Wilson, Protastúnach, iar-oifigeach de chuid cabhlach Shasana an tacathóir ba mhó a bhí aige ar an oileán. Bhí Wilson tráth i gceannas an Signal Tower ar Chnoicín an tSeabhaic i gCléire agus nuair a tógadh an Teach Solais taobh leis sa bhliain 1817 cuireadh Wilson i mbun an tsolais. Don Oirmh. Spring mar sin

The lighthouse thenceforward formed his *point d'appui*. From this commanding height he scanned with bated breath the conditions of the inhabitants. Amongst them was an imported land baliff, an unworthy Catholic of Protestant descent, who by his misconduct, incurred the displeasure of the resident priest.<sup>97</sup>

Ceapadh eisean, Shipsey Mór nó 'Shipsey na Broimní' ina léitheoir Bíobla ar thuarastal. Bhí tosnú maith déanta dar le Spring, agus chinn sé cur faoi feasta i gCléire

Thug an tiarna talún feirm sa Ghleann don Oirmh. Spring agus cuireadh beagán fostaíochta ar fáil nuair a deineadh saothrú air seo agus arís nuair a deineadh Tigh an Mhinistéara nó 'Parsonage' den iar Coastguard Station<sup>98</sup> ag Inbhir. Bhí daoine buíoch. 'The famishing fishermen', a scrígh an Ath. Davis sa bhliain 1881, 'were invited to hew stones, to bring timber, slate and other materials. A large and commodious residence soon rose by the shore of South Harbour'.<sup>99</sup> Deineadh feabhsaithe leis os comhair an tí: '..on the road and quay in front of the house', a dúirt Spring sa bhliain 1850, 'I have expended £5. 13. 2'<sup>100</sup> agus gach rud ina cheart aige bhí seo le maíomh aige:

What is now the Parsonage was the first place provided near five years ago, to meet the earliest openings that presented themselves. For some time it served, in its unfinished state, the various purposes of School, occasional Place of Worship when visited by a clergyman, and residence of the Lay Agents of the Society - but was, twelve months ago, by a further outlay rendering it in every respect commodious and comfortable, converted to its present use.<sup>101</sup>

Ba léir go raibh dul chun cinn á dhéanamh ag an misiúin agus chinn an Oirmh. Spring ar scoil a thógaint ag an *Cuar* sa Ghleann. Cé go raibh bunscoil náisiúnta aitheanta ar an oileán cheana féin, 'it did not commend itself to his spiritual or intellectual tastes'.<sup>102</sup> Tugadh le fios nach mbeadh fostaíocht nó fóirhint ach ag an scoil Phrotastúnach. Briseadh ar thionónta a bhí sa *Glebe* agus bronnadh an talamh ar 'imported Protestants and perverts' agus 'Thus a tolerable attendance was secured for the schools'.<sup>103</sup> Dáileadh bia, blaincéidí agus ábhar tine orthu sin a chuir a bpáistí chun na scoile.<sup>104</sup> Cuireadh sraith seacht gcinn de thithe ar fáil sa *Lána* do lucht leanúna na hEaglaise Bunaithe. Dúirtheas go raibh 70 páiste ag freastal ar scoil an "Island and Coast Society" i gCléire,<sup>105</sup> rud a thug uctach do bhaill an chumainn i mBaile Átha Cliath. Thacaigh Shipsey nó 'Mr Friday', gníomhaire an tiarna talaimh

leis an bhfeachtas bíoblóireachta. Nuair a bhain sé talamh de Chéadgánach dúrthas ina thaobh:

Mr. Friday did not yet commence the work of demolition on the huts, his object being to show the poor inmates that he is a man of mercy, with a view to induce them to become members of the family of ranters, who have lately commenced burrowing in this island. In this he is added by an old lamplighter, who has of late turned preacher, and who expects to be handsomely rewarded by some foolish society who are made to believe that the Capers are all Idolaters.<sup>106</sup>

Mar chuid den bhfeachtas bíoblóireachta dhein an cumann agus Spring ach go háirithe deimhin de go raibh Gaeilge ag oidí, léitheoirí agus gníomhairí an chumainn. Bhí an Ghaeilge ag Spring féin agus bhain sé úsáid aisti i seirbhísí eaglasta. Thug sé le fios 'many listen to the reading of God's word therein, and express their approval in various ways'.<sup>107</sup> Níos déanaí nuair a ceapadh Spring ina Reachtair ar Chléire agus Cill Chua sa bhliain 1852 d'fhostaigh sé Sasanach an tOirmh. Lamphier ina chuntóir aige sa bhliain ar an gcoinníoll go bhfoghlaimeadh sé an Ghaeilge.<sup>108</sup>

Beartaíodh teampall Protastúnach a thógaint in Inbhear agus i nóta i gClár Baistí Chléire deirtear 'The Protestant Church was built after the Famine in McCarthy's land forcibly taken for for the purpose'.<sup>109</sup> Chuaigh Spring go díograiseach i mbun feachtais bailithe airgid agus tógadh *An Teampall Gallda* i 1849. Ag scríobh dó sa bhliain 1881 faoi feachtas bailithe airgid an Oirmh. Spring, dúirt an Ath. Charles Davis, Sagart Paróiste an Ráth agus na hOileáin:

Tracts were printed and circulated far and wide, containing the most pathetic description of the benighted islanders, their docility, their avidity even to hear the word of God preached to them. Once the church was erected in their midst and its doors open to receive them, the light of the Gospel would illumine the whole island, and there was an end for ever to their darkness and idolatry.<sup>110</sup>

Bailíodh airgead ó chian agus ó chónagar chuige.<sup>111</sup> Orthu sin a thug síntiúisí bhí Banríon Shasana, Easpag Osraí, Easpag Chorcaí<sup>112</sup> agus daoine eile nach iad.<sup>113</sup> Sa bhfeachtas bolscaireachta tugadh le fios gur thacaigh pobal an oileáin leis an iarracht - 'The little flock for whom it has been provided have, for their means, also subscribed liberally, those who could not afford to give money contributing in work'.<sup>114</sup> Pé ní é ba ghairid an mhoill i dtógáil an teampaill agus ceadaíodh póstaí a cheiliúradh ann ón 27 Feabhra, 1850.<sup>115</sup> 'The Church', a dúirt Spring, 'erected at a cost of £500<sup>116</sup> is greatly admired and as a quaint but sensible imitation of an ancient Irish church, is quite in character with its Irish services'.<sup>117</sup>

I mí Eanáir 1850 chuir an tOirmh. Spring in iúl go raibh a lán daoine i gCléire tar éis iompú ón seanchreideamh. 'We had', a dúirt sé, 'on Christmas day a



congregation of 61, all old steady attendants'<sup>118</sup> agus, faoi Nollaig na bliana céanna bhí seo le maíomh aige .

Within a short time its congregation of professing Protestants has grown from one family to nearly one hundred individuals, including a few imported from the mainland to fill situations connected with the infant Mission.<sup>119</sup>

Ba mhinic lucht leanúna an Oirmh. Spring agus lucht leanúna an tsagairt in adharca a chéile. Mar shampla briseadh 35 fuinneog sa Teampall agus ocht bpána gloine sa scoil<sup>120</sup> agus dúirt Spring gur imir an sagart an bata ar pháistí a dhein freastal ar scoil an chumainn <sup>121</sup> nó *Scoil an tSiúip* , 'They had', a dúirt sé, 'for several days to go to school under an escort'. Ba mhinic an tAth. John Noonan, séiplíneach Chléire, ag scríobh chuig na nuachtáin faoin bhfeachtas bíoblóireachta a bhí ar siúl i gCléire.<sup>122</sup> Bhunaigh Spring craobh de Chumann an "Irish Island Society" sa Tullach ar an mórtáir chun tacú leis an misiún i gCléire agus sa bhliain 1853 cheannaigh an cumann bád iascaireachta<sup>123</sup> ar a raibh beart acu san a dhein freastal d'fílis ar an tseirbhís Protastúnach. D'éirigh go láidir idir an tOirmh. Spring agus an Sagart Paróiste an tAth. Henry Leader agus ar deireadh gheall Spring nach ndéanfaí na tithe sa *Lána* a úsáid feasta chun daoine a mhealladh óna greideamh.

Níor sheas an choilíníteacht Phrotastúnach i bhfad i gCléire áfach. D'imigh an tOirmh. Spring sa bhliain 1852 agus d'eirigh ministéirí Chléire as cónaí ar an oileán go gairid ina dhiaidh sin. Ba é George Deacon a bhí mar mhaor ag an "Missions of the Island Coast Society" do na hoileáin agus bhí cónaí air i *dTigh an Mhinistéara* i gCléire ó 1859 go 1863. Dar le Holland:

Proselytism under every form was carried on, to the great annoyance of the good inhabitants, and the mockery continued under some shape or other until 1872, when to take the place of the Minister, a drunken schoolmaster was sent to read the Bible, and preach to the vile set that had been acting the hypocrite and fattening on the funds of the Island Society.<sup>124</sup>

Fágadh an léitheoir Bíobla seo a bhíodh go minic faoi straidhn mheisce i mbun na scoile agus seirbhísí eaglasta. Éinne de dhúchas an oileáin a ghlac páirt i seirbhísí na hEaglaise Bhunaigh 'ar ghrá ladhar mine bhuí nó taoscán praisce d'fháil' d'fhilleadar ar an seanchreideamh nuair a gheal an lá'.<sup>125</sup> Dar leis an Ath. Charles Davis, Sagart Paróiste, Ráth agus na hOileáin 'in the year 1856 the last native islander returned to the Church'<sup>126</sup> Dar leis na húdaráis Phrotastúnacha áfach 44 Protastúnach a bhí fós i gCléire sa bhliain 1863.<sup>127</sup> I ndaonáireamh na bliana 1881 áiríodh 19 Protastúnach. Ag tagairt don pobal Protastúnach a bhíodh ann scrígh an Ath. Davis:

Of the motley congregation which once thronged the church, two Protestant families (not perverts) remain, the one a struggling farmer, the other a poor labourer living on casual employment from his Catholic neighbours.<sup>128</sup>

Bhí an *Scoil Ghallda* nó *Scoil an tSúip* dúnta faoi 1880 agus dála *Thigh an Mhinistéara* dúrthas 'The beautiful parsonage with its once luxuriant garden and outlying farm is occupied by a Catholic fisherman and pilot, who, in irony of fate, dates his infrequent letters from the "Glebe House", Cape Clear'.<sup>129</sup> Agus an teampall tréigthe gan pobal bhí drochbhail tagtha air:

The church alone stands empty and deserted. the grass grows rank on the threshold of its vestibule. The rain and tempest have made sad havoc of its beautiful windows and exquisite woodwork. The mould of ages seems to creep over its chiselled stone and high pitched roof....there it stands over the lonely shore picturesque even in decay, an abiding monument of baffled hopes and stupendous folly.<sup>130</sup>

I ndaonáireamh na bliana 1890 bhí líon na bProtastúnach titithe go 15. Faoi tríochaidí na haoise seo bhí drochbhail ceart ar an Teampall Ghallda a bhí anois gan díon agus ar deireadh beartaíodh ar é bhaint ó chéile ar fad. Tógadh Banc Mumhan agus Laighean sa Scoil, Co. Chorcaí lena chuid cloch.<sup>131</sup>

## OIDEACHAS

### **Scoileanna Scairte**

In aimsir na bPéin Dlithe bhí scoileanna scairte i gCléire faoi mar a bhí ar an mórthír. De réir an tseanchais bhí cúpla scoil scairte sa Ghleann<sup>132</sup>. Tuairiscíonn 'Report of the State of Popery' go raibh máistir scoile ar an oileán sa bhliain 1731 agus seans maith gur sa Ghleann a bhí teagasc á thabhairt aige. Tuairiscíodh:

I have made inquiry into the present state of popery in my parishes in ye Dioces of Ross and have been informed that in ye parish of Cape Clear there is one mass house, one priest and (One Popish) schoolmaster.<sup>133</sup>

Bhí scoil scairte leis tráth mar a bhfuil Poll Mháire Tóibín, thoir ar an gComalán.<sup>134</sup> Ag déanamh a shlí dó ar *Bhóthar an Ghleanna go Tigh an tSolais* sa bhliain 1823 tháinig Caesar Otway ar scoil scairte:

Further on, as we ascended the hill, we came into a snug hollow, in which was a low hut, without a chimney, covered with a net-work of ropes, to save the thatch from the stripping of the storm ; and there came forth from this hive, or hovel, a hum as if from a wasp's nest...So bending double to pass, as through the aperture of a cavern's mouth, we descended into a hole, as dark, smoky, and smelly, as the cave of Cacus ; but in a short time, our eyes assimilating themselves to the palpable obscure could observe about twenty children sitting on stones, humming forth their lessons like hornets preparing to swarm; every little healthy, ragged, fish-smelling urchin had a bit of a book in his hand...<sup>135</sup>

Ón uair go raibh na hoileánaigh ar bheagán Béarla <sup>136</sup> dar le Otway is dócha gur tré mheán na Gaeilge a tugadh an teagasc i scoil scairte an Ghleanna. Denis McCarthy, Caitliceach <sup>137</sup>a bhí i mbun scoile sa Ghleann sna blianta 1824-26 mar a raibh tinreamh 40 Caitliceach agus 5 Protastúnach. Orthu bhí 37 cailín agus 8 mbuachaillí. "Pay School" ba ea é in a raibh táillí idir dhá agus ceithre scilling sa ráithe le hóc ag na daltaí leis an múinteoir. Tuairiscíodh gur de chlocha agus cré a bhí an scoil tógtha<sup>138</sup> agus sa bhliain 1835 luadh go raibh tinreamh 30 dalta, 27 buachaill agus 3 cailín le meántinrimh 15<sup>139</sup> i scoil sa Ghleann.

Bhí scoil scairte ar Bhóthar an Ghleanna a ndúirt Caesar Otway faoi sa bhliain 1823

The furniture was of a heterogeneous character, bespeaking the multifarious occupations of the pedagogue. In a corner by the fire-side

was his bed, over which were hanging sundry kinds of fish, put to smoke or dry ; over the door were nets and rods; along the walls were hanging a number of dead rabbits; and over the game was suspended a bag of foetid ferrets: all of which bespoke, that independent of his college, this worthy principal drew much of his livelihood from the sea in summer, and from the sand-hills in winter.<sup>140</sup>

Tuairiscíodh gurb é Thomas Hayes a bhí i mbun na scoile sa Ghleann sa bhliain 1835<sup>141</sup> ach ba ghearr gur athraigh sé go dtí an Scoil Náisiúnta a bhí athchóirithe i Lios Ó Móine ag an tiarna talaimh.<sup>142</sup> I *Leabhar Luacha na Talún* i gCléire don bhliain 1849 luaitear go raibh 'School House endowed by Sir William Beecher' in ainm William Hayes suite i mBaile Iarthach Thuaidh ar thalamh atá anois taobh le tigh tábhairne an Choitirigh.

## An Scoil Ghallda

Chuir cumann Protastúnach an "Island and Coast Society" scoil ar bun sa sean Coastguard Station in Inbhir thart ar 1846 agus nuair a deineadh *Tigh an Mhinistéara* de cóiríodh tigh eile mar scoil. Dáileadh an mhin bhuí agus anraith, éadaí, blaincídí agus gual ar dhaltaí na scoile<sup>143</sup> agus dá thoradh sin tugadh *An Scoil Ghallda* nó *Scoil an tSúip* air. Faoi 1849 bhí scoil Dhomhnaigh agus scoil laethúil faoi stiúir an chumainn. Sa bhliain 1850 tuairiscíodh go raibh 70 dalta sa scoil<sup>144</sup> agus an bhliain dar gcionn dúrthas go raibh 40 dalta ag freastal ar an scoil Dhomhnaigh agus tinreamh rialta ar an scoil laethúil<sup>145</sup> ach ba líon é seo a bhí titithe go 23 faoi 1855.<sup>146</sup>

Ba í tuairisc a thug cigire an chumainn faoina scoil féin sa bhliain 1854 ná 'the condition of the school is highly creditable to all interested in its management. On the whole, I am happy to state, that this peculiarly circumstanced school, is one of the best in every respect that I have inspected'.<sup>147</sup> Theip glan go gairid ina dhiaidh sin ar scoil an Island and Coast Society i gCléire agus ar an bhfeachtas bíoblóireachta a spreag é. Thréig gníomhairí agus múinteoirí an chumainn an t-oileán agus fágadh an scoil gan daltaí agus é dúnta ar fad faoi 1880.

## Scoil Lios Ó Móine

Thart ar 1822-23 thóg tiarna talún Chléire Sir William Wrixon Beecher esq. M.P. scoil ar chostas £30 i lár an oileáin mar a bhfuil *Láthair Oidhreachta Chléire* anois.<sup>148</sup> Ba é Beecher patrún na scoile agus thug sé uaidh síntiús £10 in aghaidh na bliana i dtreo thuarastal an mhúinteora<sup>149</sup>. Scoil dhea-thógtha le clocha agus díon slinne air a bhí sa bhfoirgneamh. Bhí faid 40', agus leithead 14' ann agus é roinnte i ndá sheomra scoile agus cónaí ar an múinteoir sa chuid eile dhe.<sup>150</sup>

Ag scríobh dó sa bhliain 1823 tugann Caesar Otway le fios gur chuir an sagart áitiúil in aghaidh na scoile :

The owner of the island sometime ago built a school-house, and offered to pay a master, but the priest, his miraculous reverence, said he would allow no school, they were well enough without learning; the fish were caught, and the potatoes grew without it, and men could do all that man wanted, eat drink and sleep. It was a happy little place, and he would not alter things, or turn what was well enough inside out such were his authoritative reasons.<sup>151</sup>

De réir tuarascála *Choimisiúin ar Oideachas Bunscoile in Éirinn* dar dháta 1826 bhí dhá scoil i gCléire, ceann acu ina 'pay school' i Lios Ó Móine in a raibh 35 dalta faoin oide John Quin agus an ceann eile sa Ghleann faoin oide Denis McCarthy. Bhí tinreamh samhraidh 70 dalta i scoil Lios Ó Móine agus tinreamh geimhridh 130 duine.<sup>152</sup> Faoin mbliain 1834 bhí an scoil i Lios Ó Móine 'latterly discontinued for want of funds'.<sup>153</sup> Le comhoibriú William Wrixon Beecher, patrún na scoile, d'éirigh leis an gcléir Chaitliceach <sup>154</sup> sa bhliain 1834 an scoil a shnaidhmeadh leis an gcóras Náisiúnta Bunscoile. "There is a National School in which there are about 40 boys and 20 girls' a dúirt Lewis ag scríobh do sa bhliain 1837.<sup>155</sup> Deineadh bunscoil do chailíní a aithint sa bhfoirgneamh céanna sa bhliain 1842 agus fostaíodh Mary Hayes mar oide ar thuarastal £13 in aghaidh na bliana.

Ar chuarclam scoil na gcailíní bhí léitheoireacht, litriú, graiméar, scríobhneoireacht, uimhiríocht, tíreolaíocht agus obair fhuála.<sup>156</sup> Cuireadh leabhair ar fáil do 70 dalta.<sup>157</sup> I dtuairisc ar an scoil don bhliain 1854 dúrtas:

A very indifferent thatched cabin, containing two rooms with a wooden partition between, to separate the boys from the girls, furniture sufficient : a large slate used for a blackboard. The teacher is very painstaking, but his literary qualifications are poor.<sup>158</sup>

Agus ní ró-shásta a bhíodhas le Mary Hayes mar mhúinteoir i scoil na gcailíní:

This school is in a very inefficient state, and, I believe, chiefly owing to the inattention of the teacher, who seems to be occupied with her domestic affairs, to the neglect of her school..... As specimens of the pupil's ignorance, I may mention, that the most advanced said "Ireland belongs to America", and that "England was the capital of Ireland." Teacher is quite capable of having her school in a very different state.<sup>159</sup>

Is beag tairbhe a dhein an scolaíocht i gCléire is cosúil, mar sa bhliain 1871 tuairiscíodh go raibh 367 nó 73.3 % den phobal os cionn 5 bliana gan léamh ná scríobh.<sup>160</sup>

Faoin mbliain 1894 bhí drochbhail ar an scoil agus cuireadh scoil nua ar tógáil i gCoinlín le hais Inbhir.<sup>161</sup> Le linn tógála na scoile nua 1895-97, tugadh oideachas

bunscoile do pháistí Chléire sa sean-Teach Solais ar *Chnoicín an tSeabhaic*. Baineadh feidhm as an sean-scoil mar láthair deisithe líontán iascaireachta agus mar ionad scoraíochta ó am go céile.<sup>162</sup> Ó 1897 is i *Scoil Inis Cléire* i gCoinlín atá oideachas bunscoile á gcur ar leannaí an oileáin agus *Láthair Oidhreachta Chléire* atá ar an *Sean-Scoil* ó 1986.

## DAONRA

In *A Census of Ireland c. 1659* tuairiscítear go raibh 89 duine i gCléire. Ar léarscáil an Down Survey atá comhaimseartha leis an bhfoinse seo tugtar le fios nach raibh buanchónaí ar fhormhór na ndaoine ar an oileán.

The quality of the land within it is arable pasture. Rocky and furzy which furze are there only fewell being there's not wood or trees growinge in it and by reason it is bleake and cold and most of the inhabitants - doe commonly in the beginning of winter, leave it and in the followinge Spring return.

Faoi lár na hochtú haoise déag dar le Smith in a *History of Cork*, a mhalairt a bhí amhlaidh agus buanchónaí ar cheithre chéad líon tí ar an oileán. Sa mheastachán ar dhaonra na tíre sa bhliain 1821 tuairiscíodh 886 duine a bheith i gCléire. I ndaonáireamh na bliana 1831 daonra 1057 a cláraíodh, ach faoi cheann céad bliain ina dhiaidh sin bhí an líon daoine titithe go 354, laghdú os cionn 120 %. Gan chuairoteoirí samhraidh nó oileánaigh 'pháirtaimseartha' a chur san áireamh seasann an daonra inniu ag 131.

Tugann figiúirí daonáirimh léargas ar an titim sa daonra iomlán agus is minic gur féidir na cúiseanna eacnamaíochta ba bhun le cuid den titim a shonrú uathu. Tugann an ráta breithe nod faoi stáid na heacnamaíochta ag an am chomh maith. Léiríonn figiúirí oifigiúla daonáirimh<sup>163</sup> gur thit an daonra diaidh ar ndiaidh ón mbliain 1821. Bhí tréimhsí ann mar sin féin nuair a tháinig méadú ar dhaonra an oileáin. Méadú 19.3 % a bhí ann mar shampla, sna blianta 1821-31, le méadú 2.91 % do na blianta 1891-1901. Sna blianta 1971-81 tharla méadú 5.6 %. San iomlán bhí titim 922 duine i ndaonra an oileáin sa tréimhse 1821-1991- dídhaonú leanúnach buan.

Léiriú ar dhul in éag córais beatha atá éagsúil ar fad le chóras na mórthíre atá le tuiscint ó fhiigiúirí daonáirimh Chléire. Ar an mórthír tháinig méadú ar dhaonra na mbailte le cúlú na talmhaíochta, ach i gCléire ba é cúlú na hiascaireachta faoi ndear do chuid mhór den titim sa daonra. Sna blianta 1841-1851 thit daonra an oileáin ó 1052 go 819, claonadh a bhí forleathan ar fud Éireann ag an am. D'imir idir bhochtanas, gorta agus imirce tionchar láidir ar isliú an daonra sa tréimhse seo bíodh is go raibh 303 breith

cláraithe i gCléire ar *Chlár Leabar na mBaistí* dos na blianta céanna. Thit líon na mbreitheanna go 175 sna blianta idir 1850 agus 1860.

Is mó rud a chuir as do dhaonra an oileáin ó 1821 i leith. Ar na nithe ba mhó orthu sin bhí imeacht suas le fiche duine ón Coastguard Station roimh 1840, an Gorta Mór 1845-'47 nuair a thit breitheanna ó 50 i 1845 agus 1846 go 9 i 1847, dúnadh agus imeacht foireann Teach Solais Chléire 1853, imeacht mhúinteoirí, ministéir agus gníomhairí an 'Island and Coast Society' ón mbliain 1860 amach. Caithfear a admháil áfach nach raibh an tionchar céanna ag an nGorta Mór ar an oileán is a bhí ar fud Éireann. Bíodh go raibh an práta mar bhia i gCléire ní rabhthas ag brath air go hiomlán. Talamh carraigeach a bhí ann agus is ar an iascaireacht a bhí daoine ag brath cuid mhaith mar sin, murab ionann agus anois.

Bhuail gorta an t-oileán arís sa bhliain 1862 ach níor tuairiscíodh go hoifigiúil ach go bhfuair páiste amháin bás ceal bia. Cuireadh roinnt teaghlach thar sáile go Meiriceá áfach ag an am. Sna seascaidí chomh maith cailleadh naonúr i dtimpist báid agus cúigear i ndó tí. Cailleadh suas le fiche duine sa bhliain 1879 nuair a bhuail fiabhras Cléire. Imirce leanúnach a bhí ann ón oileán agus ghéaraigh sé le dul as don iascaireacht mar thionscail i bhfichidí na haoise seo.

Sna blianta 1926-1936 bhí cúlú daonra ó 450 go 354, titim de 96 nó os cionn 20 %. B'éigean do iascairí Chléire dul go Meiriceá agus an Bhreatain ar thóir oibre agus ba i gcabhláigh iascaireachta na dtíortha sin is mó a chuaigh siad. Ní raibh ag daoine ach ón láimh go dtí an béal sna tríochaidí agus lean ganntanaisí agus saol cruaiigh ar an oileán sa tréimhse 1939-'45. Sna blianta céanna bhí breis agus fiche duine de fhearaihbh Chléire a raibh gnáthchónaí orthu ar an oileán ag obair ar longa Sasanacha agus in aimsir an chogaidh cailleadh trí dhuine dhéag díobh sin. Chaith roinnt eile acu a saol mar iascairí ar thrálaeirí nó ina máirnéalaigh ar longa móra Meiriceánacha. A lán díobh sin a saolaíodh sna blianta 1910-1930 chuaigh siad ar imirce nó chun na mórthíre go háiteanna mar Dhún na Séad, an Sciobairín, Scoil Mhuire agus áiteanna eile i gCathair agus i gContae Chorcaí.

Murach na síntiúisí a cuireadh abhaile ó Mheiriceá agus ó Shasana ó am go céile bheadh mórán ar an oileán ar an gcaolchuid. Thit an ráta breithe go 31 idir 1940-1950 figiúir a léiríonn titim thubaisteach de 272 i gcomparáid le figiúir de 303 sna daicheadí céad blian roimhe sin. Ghéaraigh a thuilleadh ar an titim sna daichidí, caogaidí agus seachtóidí le titim an-tapaigh sa ráta breithe rud a léiríonn go raibh daonra an oileáin ag dul in aois agus gan fágtha ar an oileán ach céatadán íseal ban a bhí in aois iompar clainne.


Ag teacht leis an gclaonadh ar fud Éireann bhí méadú beag i líon na ndaoine i gCléire sna caogaidí ach faoi na seascaidí bhí an daonra ag titim arís agus cláraíodh titim de 22 do Chléire sna blianta 1951- 1961 faid a bhí 43 breith sa tréimhse chéanna. Mórthitim ar an ráta breithe a bhí ann ó 1960. Titim leanúnach a bhí ann go dtí na blianta

1971-1981 nuair a tháinig méadú 6 %. Teacht roinnt eachtrannach agus ban ón mórthír a phós isteach ar an oileán fé ndearr don mhéadú seo.

Sa tréimhse 1960-1990 níor saolaíodh ach 42 páiste ar an oileán. Os na figiúirí is déanaí ní chónaíonn formhór na bpáistí a saolaíodh sa tréimhse chéanna ar an oileán. Is eachtrannaigh, nó mná ón mórthír atá pósta ag oileánaigh, céatadán ard de dhaonra an oileáin anois. Ar an 131 duine a áiríodh ar an oileán i mí Lúnasa 1994, ní de dhúchas an oileáin 50 duine nó 65.5 %. Is síol na haicme céanna 48 duine eile de chuid daonra an oileáin. Murach gur ghluais na daoine seo isteach ar an oileán is ar éigin a bheadh puinn sa bhreis ar 30 duine i gCléire inniu. Tá, is cosúil, géarghá lena leithéid de ghluaiseacht agus nascadh chun go mairfidh pobal i gCléire feasta.



### Daonra Chléire 1821-1991



<b>Bliain</b>	1821	1831	1841	1851	1861	1871	1881	1891	1901	1911	1926
<b>Daonra</b>	886	1057	1052	819	756	572	594	584	601	565	450

<b>Bliain</b>	1936	1946	1951	1956	1961	1966	1971	1979	1981	1991	
<b>Daonra</b>	354	281	257	245	235	217	192	152	164	135	

### AINMNEACHA OIFIGIÚLA

Bailúchán roghnaitheach de réimse leathan eolais ar a raibh le feiscint i dtírdhreach an oileáin thart ar na blianta 1841 agus 1901 atá ar léarscáileanna Chléire de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Baineann an t-eolas seo le tréimhsí éagsúla san am atá caite. Ar aon tábhacht leis na léarscáileanna féin, a gcuid teorannacha agus an léiriú a deintear ar mhíreanna so-fheicthe an tírdhreacha tá na siombail teangeolaíochta nó na tuairiscí atá tugtha agus cláraithe do na gnéithe topagrafacha agus na gnéithe atá múnlaite ag an duine.

Sa bhliain 1841 cláraíodh 57 áitainm ar an chéad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Ba sa bhaile fearainn Baile Iarthach Thuaidh a bhí an líon ba mhó clárúcháin le 13 áitainm. Ní luaitear ainm ar bith do Chrathach Thoir agus Gort na Lobhar ar léarscáileanna an SO do 1841 agus 1901. Faoi 1901 méadaíodh ar an líon ainmneacha a bhí cláraithe go 107 agus ba sna bailte fearainn Baile Iarthach

Thuaidh le 39, Baile Iarthach Theas le 10 agus Comalán le 18 a bhí an méadú. Chaill Cill Leice Fórabháin an t-aon áitainm a bhí cláraithe agus faoi 1901 bhí trí bhaile fearainn gan ainm ar bith iontu cláraithe go hoifigiúil.

Is iad ainmneacha na mbailte fearainn agus *An Comar, Tráigh Chiaráin, Inbhear, An Scoil, An Séipéal, Oifig an Phoist, Oifig an Chomharchumainn, An Brú, An Oige, Bird Observatory, Tigh an tSagairt*, na tithe tábháirne agus siopaí agus b'fhéidir dornán beag ainmneacha eile na hainmneacha 'oifigiúla' ar an oileán. Is le riarachán agus leis an saol amuigh is mó a bhaineann siad. Mhair thart ar dhá mhíle mionainm eile bíodh nach raibh clárú oifigiúil déanta orthu.

### **Líon na nÁitainmneacha**

Tá áitainmneacha 'úra' ann, iad sin a bhíonn á mbuanú, ainmneacha a bhfuil glactha leo agus iad sin atá ag imeacht as úsáid. Tá leis ainmneacha atá 'marbh' nó ainmneacha nach mbíonn fáil orthu a thuilleadh sa chumarsáid áitiúil agus a bhfuil fáil orthu ar mhapaí nó i scríbhinní eile. Braitheann líon na n-áitainmneacha i gceantar ar bith sa chuid is mó ar an dtimpeallacht áitiúil. Ina teanna sin imríonn líon na ndaoine, éagsúlacht agus faid na lonnaíochtaí in áit tionchar láidir ar líon na n-ainmneacha a bhíonn beo sa chumarsáid ag am áirithe in áit ar bith. Is é an tírdhreach féin áfach, an foinse is tábhachtaí do áitainmneacha. Spreagtar ainmniú áiteanna sa tírdhreach atá éagsúil mar a mbíonn fáil ar chnoic, aibhneacha, gleannta agus gnéithe eile. Is ar oileán is fearr a fheictear an éagsúlacht so mar is ann atá fáil ar chósta a bhíonn briste le cuaisíní, failltreacha, tránna, boilgeacha, carraigeacha, stucáin, pluaiséanna, rinnte agus gobanna tíre.

Tá baint nach beag ag daonra le líon na n-áitainmneacha in áit ar bith. Aithneófar áit má thaithíonn daoine í. Tá ainmniú áiteanna in áit ar bith ag braith ar phobal. Dá mhéid daoine is ea is mó, de ghnáth, an gá le hainmneacha breise mar go méadaítear ar na hainmneacha a bhaineann le lonnaíochtaí agus seilbh san áit a mbíonn méadú ar líon na ndaoine. Muna mbíonn pobal in áit ní bhíonn áitainmneacha. Is féidir glacadh mar sin, leis an tuairim gur dóichí go raibh i bhfad Éireann níos mó logainmneacha in úsáid i gCléire sa bhliain 1831 nuair a tuairiscíodh daonra 1056 ar an oileán ná an 2086 ainm a bhí fós ar fáil sa bhliain 1976 nuair a tosaíodh ar an mbailiúchán seo a chur le chéile agus gan ach thart ar 160 duine ag maireachtaint ar an oileán.


Dá fhaid a bhíonn muintir lonnaithe san áit chéanna 'sea is fearr an seans gur líonmhaire iad na hainmneacha ansin ná san áit a bhíonn áithritheoirí nua. Bíonn an t-áithritheoir nua beag beann ar na sean-ainmneacha agus téann a bhformhór i léigh mar sin agus ní cumtar ainmneacha nua ina n-áit. Le himeacht na mblianta b'fhéidir go mbronnfaí ainmneacha nua ar chuid des na háiteanna a bhí ainmnithe tráth ag brath sa chuid is mó ar an bhfeidhm a bhíonn ag an áithritheoir nua do na háiteanna céanna.

Imíonn áitainmneacha as úsáid nuair a thiteann an daonra. Dar le Zelinsky, 'The difference between the quantity of names in one area as opposed to another may arise out of the lower population densities and hence less cultural landscape development'.<sup>164</sup> Is fíor seo i gcás an chuid is mó de Bhaile Iarthach Thuaidh agus Theas ach go háirithe mar a raibh méid mór talaimh roinnte ar bheagán daoine i gcomparáid leis an gComalán mar a raibh méid mór daoine ar ghabháltaisí beaga agus iad tuillte le hainmneacha ar tír agus cois cósta. Braitheann gan amhras líon na n-ainmneacha atá fós ar fáil ar feabhas cuimhne na bhfaisnéiseoirí a mhaireann in áit. Murach an oiread sin ainmneacha de chuid sheilbh na gcomharsan agus ainmneacha a bhain le saothrú na beatha ar farraige a bheith ar barr teanga ag leithéidí Phádraig Uí Chéadagán, Glebe, Donncha Shéamais Ó Drisceoil, Comalán, agus Bill Curtain, Gleann, bheadh an chuid is mó dá bhfuil sa bhailiúchán seo cailte gan fillleadh go deo. Dá guimhne siúd atá a mbuíochas ag dul gur tháinig an oiread sin slán díobh.

#### Dáileadh Áitainmneacha Chléire

Bailte Fearainn	Líon Ainmneacha	Mapa
Ardghort	120	Fig. 2
An Bhá Thuaidh	53	Fig. 11
Baile Iarthach Theas	138	Fig. 10
Baile Iarthach Thuaidh	291	Fig. 9
Ceathrúna	88	Fig. 2
Cill Leice Fórabháin	61	Fig. 3
Coinlín	39	Fig. 7
Cnocán na mBáirneach	75	Fig. 3
Cnocán an Choimhthígh	48	Fig. 7
Comalán	271	Fig. 1
Crathach Thiar	48	Fig. 4
Crathach Thoir	31	Fig. 4
Gleann Iarthach	38	Fig. 6
Gleann Meánach	27	Fig. 6
Gleann Oirtheach	71	Fig. 5
Gort na Lobhar	61	Fig. 2
Lios Ó Móine	256	Fig. 8

### Dáileadh Áitainmneacha Chléire



Is cosúil gurb é patrúin an chultúir a chleachtaíonn daoine a imríonn an tionchar is mó ar an líon ainmneacha a bhíonn ar fáil in áit ar bith. Dhealródh sé leis gur i measc daoine a choinnigh greim daingean ar an talamh agus a dhein dianshaothrú uirthi atá fáil ar an líon is mó áitainmneacha. San áit a raibh brú ar an méid talaimh a bhí ar fáil deineadh saothrú agus ainmniú ar gach píosa cnoic a glanadh agus fiú an píosa den phortach a réitíodh ina gharraí beag ar ar tugadh leithéid *Garraí an Chnoic* nó *Garraí an Phoirt BIT 184*. Mar a raibh brú talún mar thoradh ar bhrú daonra, bhí bronnadh áitainmneacha thar an gcoitiantacht. D'fhéadfaí bheith ag súil go mbeadh an brú talaimh níos géire ar oileán mara agus is amhlaidh a bhí i gCléire agus ar oileáin eile mar Hawaii agus ar Oileán Fetlar na hAlban mar a deineadh diansaothrú ar an talamh, rud a d'fhág tírdhreach na n-áiteanna sin clúdaithe le mionainmneacha ar nós Cléire.<sup>165</sup>

Imríonn eacnamaíocht áite tionchar láidir ar an áitainmniú leis gan amhras. Nuair a bhain beathú caorach le patrúin an tsaoil i gCléire, mar shampla, baineadh feidhm as an téarma caoire sa logainmníocht. D'fhás líon na n-ainmneacha le tógáil cuanta ag *Faill Chua Ca 59* nó ag *An Doic BIT 4* agus ag *Tráigh Chiaráin BIT 3*. Chuir soláthar seirbhísí ar nós seirbhísí eaglasta agus oideachais le líon na n-ainmneacha beagán.

Is mó go mór na hainmneacha a bronnadh ná an líon áiteanna a ainmníodh, mar go ndeintear go leor athrá ar théarmaí áirithe.<sup>166</sup> Is ar éigean áfach, a bheadh puinn díobh ar eolas ag daoine nach den oileán iad. Bheadh go leor díobh anois nach mbeadh ag daoine sa bhaile fearainn is giorra dóibh. Léiríonn líon na n-ainmneacha an dlúthcheangal a bhí idir daoine agus a n-áit dúchais agus an gaol gairid idir an grúpa agus áit.<sup>167</sup>

Is deacair méar a leagadh ar na cúiseanna atá le dul as do áitainmneacha. Is cuid den phróiseas é go gcumtar ainmneacha agus go ligtear ainmneacha eile i ndearmad. Ní bhíonn an gá nó an fheidhm chéanna leo i bpobal ina bhfuil síorthitim sa daonnra. Is dócha mar sin go n-imríonn dídhaonú áite an tionchar is láidre ar an gcailliúint nó dul i léig a thagann ar áitainmneacha go háirithe mionainmneacha na ngabháltas. Féachann sé go dtéann ainmneacha in éag le hathruithe eacnamaíochta agus sóisialta. Tarlaíonn seo go minic nuair a ghlacann pobal le modhanna agus teicnicí nua. Tá eagar nua ar eacnamaíocht an oileáin agus ní ar iascaireacht ná talmhaíocht atá an bhéim a thuilleadh, ach ar an turasóireacht agus soláthar seirbhísí le cabhair deontais ón stáit. Seachas cur beagán prátaí is beag curadóireacht a deintear. Níl feidhm le gráfán, ná corrán a thuilleadh mar sin agus an tarracóir in úsáid sa chuid is mó mar áis chun tranglam daoine a iompar ar fud an oileáin. Níl aon ní anois curtha sa ghort i bhformhór na ngabháltas agus cén ghnó a thuilleadh mar sin a bheadh lena n-ainmniú ?

Le teacht na mbád mór agus athruithe i dtrealamh agus teicnicí iascaireachta dealraíonn sé nach raibh tábhacht níos mó le hainmneacha carraigeacha mara, talúintí iascaireachta, marcanna talaimh agus áitainmneacha an chósta agus chuaigh a n-úsáid as de réir a chéile. Tá na ceangail idir an duine, an talamh agus an fharraige bogtha go mór le gairid agus leanann uaidh sin go bhfuil go leor ainmneacha a bhain leo imithe i ndearmad gan fáil anois orthu.

In ainneoin na n-athruithe eacnamaíochta agus sóisialta áfach a ghaibh le roinnt na talún, gorta, imirce, dídhaonnú, athruithe teicneolaíochta, cumarsáid leis an mórthír agus athrú teangan is ábhar iontais é gur mhair os cionn 2,000 mionáitainmn ar an oileán go dtí ár linn féin. Tharlódh amach anseo áfach, gur in ainmneacha pearsanta agus in áitainmneacha an oileáin amháin a bheidh fáil ar rian de Ghaeilge Chléire. Tá mórán dá bhfuil sa saothar seo agus ar a sholáthraigh Pádraig Ó Céadagáin, Bill Curtin agus Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil imithe sa chill ó shin agus gan tuairisc air ag an nglún óg. Is léir an fiúntas stairiúil a bhaineann le hainmneacha ach is baolach go bhfuil an glún seo beag beann air sin agus gur dóichí gur fíor i gcás Chléire an chonclúid a tharraing Stewart faoi fhiúntas áitainmneacha Mheiriceá: 'Though the books should be burned', a

deir sé, ' and the people themselves be cut off, still from the names - as from arrowheads and potsherds - the patient scholar may piece together some record of what we were'.<sup>168</sup> Is cinnte gur léiriú iltaobhach ar an muintir nach ann dóibh a thuilleadh a bhfuil de logainmneacha atá cnuasaithe sa bhailiúchán seo.

## DÁTAÍ AINMNEACHA

Ní féidir bheith cinnte faoi cad iad na hainmneacha a bhfuil glactha ag an bpobal leo agus a mbíonn i ngnáthchumarsáid. Níl sé éasca an fhírinne a scagadh ón tsamhlaíocht agus ón chumadóireacht, ón uair gur cuid den traidisiún iad. Ní luaitear dátaí le hainmneacha ná le himeachtaí sa bhéaloideas. Is ionann Bliain an Mheathlaithe, Bliain na gCeathrúna, Aimsir an Board of Works, Bliain na Loinge agus tamaillín ó shin in aigne an oileánach. Níl greim ag an oileánach ar cathain a bhí Naomh Ciarán ina measc ach gurbh ann dó am éigin. Is deacair dátaí a chur le formhór na n-ainmneacha mar sin.

Is i súile an oileánaigh amháin a bhí fáil riamh ar fhormhór na n-áiteanna a bhfuil ainmneacha bronnta orthu agus feidhm na n-áiteanna sin anois imithe i léigh is dóichí gurb é seo an glún deireannach a mbeidh aon chuid díobh ina seilbh. Is féidir roinnt ainmneacha a rangú i dtréimhsí áirithe áfach. Luaitear ainmneacha áiteanna ar léarscáil Chléire de chuid an *Down Survey* c. 1655 agus i *A Census of Ireland* c. 1659 agus sa *Book of Survey and Distribution* 1666-1703. Glactar le cuid acu mar ainmneacha do aonaid talaimh ar an *Tithe Applotment List* 1833 agus mar ainmneacha do bhailte fearainn ar an chéad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis 1841. Is léir mar shampla, gur Comalán atá i gceist le Comeline an Down Survey agus Comilane na Suirbhéireachta Ordanáis. Ón uair go bhfuil fáil sa *Down Survey* ar leaganacha ainmneacha gur ionann iad agus Ardghort, Coinlín, agus an Gleann ar ainmneacha bhailte fearainn anois iad, is féidir a rá go bhfuil aois gar do cheithre chéad bliain ar a laghad ag gabháil leis na hainmneacha seo. Ar an lámh eile de níl aon tuairisc ar ainmneacha eile a bheadh dealraitheach in aon slí le hainmneacha bhailte fearainn eile atá anois ann. Is féidir glacadh leis mar sin, is dócha, gur i ndiaidh 1655 a ceapadh ainmneacha ar bhailte fearainn cosúil le Baile Iarthach Thuaidh agus Baile Iarthach Theas.

In a *History of Cork* tagrann Charles Smith do *Tra Kieran* agus *Dunanore* mar a bhí siad sa bhliain 1750 agus tá an *North Cove* tugtha ar *Thrá Chiaráin* ag Pooke sa bhliain 1758. Tá fáil ar ainmneacha na mbailte fearainn ar fad sa *Tithe Applotment List* don bhliain 1833, Bliain na gCeathrúna, nuair a deineadh an chéad roinnt ar thalamh Chléire. Bíodh go raibh na hainmneacha atá sa *Name Book*, Clear Island, Co. Cork sa ghnáthchaint

roimh cur ar fáil leaganacha oifigiúla Béarlaithe a bhformhór sa bhliain 1841 ar chéad léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is féidir an cruinn dáta 1841 a chur leo.

Nuair atá teacht ar fhoinsí oifigiúla mar na *Field Books* 1849, *House Books* c.1850 agus na *Leabhra Luacha* don tréimhse 1853-1985 is féidir dáta a chur le mórán des na mionainmneacha sealbhóireachta atá i gCléire. Is féidir chomh maith céanna dátaí laistigh de ghlún áirithe a chur le seanchabhlaigh agus aonaid talaimh tré thagairt do dhéanamh do ainmneacha atá i gClár Leabhair Baistí, Clár Leabhar Pósadh, Clár Leabhar Adhlacadh do Chléire agus i mBailiúchán Geineolaíochta Chléire.<sup>169</sup> Tá go leor fianaise gineolaíochta in ainmneacha sealbhóireachta an oileáin chun dáta réasúnta cruinn a chur le hainmneacha.

Baineann ainmneacha eile le tréimhsí áirithe i stair an oileáin. Tagraítear do *Chuantuibh Chléire* in *Agallamh na Seanórach* ón dara aois déag.<sup>170</sup> Ar mhuirchairteanna ón triú aois déag tá fáil ar leaganacha éagsúla den ainm Cléire.<sup>171</sup> Le cabhair na hársaíochta is féidir dátaí garbha a chur le hainmneacha mar *Ghalláin an Chomaláin*, *an Boulder Dolmen*, *Gallán Chiaráin* agus *Teampall Chiaráin*. Ó thaobh na hailtireachta dhe is féidir glacadh leis mar shampla, go mbaineann túr nó *Caisleán Dhún an Óir* le Ré na Méanaoise agus faightear a thuairisc sa *Down Survey* agus sa *Book of Survey and Distribution* ón seachtú haois déag. Ionsaí ar an gcaisleán seo a d'fhág *Áit an Chatha* mar ainm agus dáta 1602 leis. Is le tréimhse na bPéindlithe a bhaineann *Caarraig an Aifrinn*, *Cnoc an Aifrinn* agus *Léim an Chapail* más fíor don tseanchas. Baineann tógáil *Na Fir Bréige*, *an Signal Tower*, *Cé Cillín* agus an *Tigh Solais* leis an tréimhse 1806-1817. Tógadh bóithre faoi scéimeanna fóirithinte sna blianta 1843-47 agus 1926-29. Tógadh *An Doic* agus *Duffy's Pier* i dTrá Chiaráin i lár na haoise seo caite. Baineann na hainmneacha *An Teampall Gallda*, *An Scoil Ghallda* nó *Scoil an tSúip* leis an tréimhse 1849-56. Is féidir dátaí cruinn a chur le tógáil na ngnéithe ar a dtugtar *An [t]Sean-Scoil*, *An Scoil Náisiúnta*, *An Séipéal*. agus le formhór na dtithe cónaithe a tógadh ag deireadh an naoú haois déag agus a bhfuil ainm anois bronnta orthu.

Ní féidir a rá go beacht cathain a tosnaíodh ar úsáid a bhaint as ainm ar bith ach is féidir tuairim gharbh a nochtadh i bhfianaise pleananna agus cáipéise oifigiúla a ghabhann le tógáil míreanna den tírdhreach cultúrtha ar nós cuanta, scoileanna, séipéil agus tithe solais. Ina theannta sin baineann líon mór ainmneacha gharraithe Chléire leis an tréimhse 1833-'50 nuair a bhí roinnt á dhéanamh ar thalamh an oileáin agus gabháltaisí á leagan amach. Ar an iomlán, aois thart ar 150 bliain a bheadh ag formhór na n-áitainmneacha sa bhailiúchán seo. Ní féidir ainmniú a dhéanamh áfach ar an té a bhronn ainm ar bith seachas b'fhéidir cúpla ainm searbhasach scigiúil mar *Calvary*, *Pagan Square*, *Sunbeam Row*, *O'Connell Avenue* a tháinig ó fhaisnéiseoir den teaghlach céanna, ainmneacha nach mbeadh i mbéal an gnáthphobail, b'fhéidir.

- <sup>1</sup> Cf. Christian Keller, 'The Theoretical Aspects of Landscape Study', Decoding The Landscape. Timothy Collins Ed. Centre for Landscape Studies, University College Galway, 1994, 89.
- <sup>2</sup> Geggrey Spittal and John Field, A Reader's Guide to the Place-Names of the United Kingdom. Lincolnshire, 1990, 1.
- <sup>3</sup> Do chuntas ar stáid na teanga i gCléire in 1958 cf. Reg Hindley, 'Clear Island (Oileán Chléire) in 1958: a Study in Geolinguistic Transition', Irish Geography 27 (2) (1994): 97-106.
- <sup>4</sup> Beidh fáil ar ball ar na téipeanna den ábhar logainmníochta a taifeadadh.
- <sup>5</sup> Do chuntas níos iomláine ar bhunfhoinní na Suirbhéireachta Ordanáis Cf. Toponomia Hibernia IV le Breandán Ó Cíobháin, Baile Átha Cliath 1985., xxii-xxvi.
- <sup>6</sup> I seilbh an Ollaimh Pádraig Ó Fiannachta, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad atá an léarscáil seo.
- <sup>7</sup> Mór bhainceanna iascaigh a bhí sa Drom Amuigh agus an Drom Istigh, Talamh Cró, Talamh Charraig an Locha, Talamh Bhéal na Gaibhge, Talamh Cheann na dTrí Chaisleán, agus mar sin do. Cf. CÓS, RBÉ 742:327.
- <sup>8</sup> Cf. 'Tuairisc an Róin'. DSD. IT. 13/6/1981.
- <sup>9</sup> Gabhair agus Coiníní, IT. 26/10/1983.
- <sup>10</sup> ibid.
- <sup>11</sup> Christian Keller, 'The Theoretical aspects of Landscape Study", op. cit., 1994, 91.
- <sup>12</sup> Breandán S. Mac Aodha, 'Minor Names in an Irish Mountain area', Studia Celtica, Vol., XXIV-XXV, 1989/ 90: 141-152.
- <sup>13</sup> Séamus Heaney, Preoccupations: Selected Prose, 1968-1978. London: Faber & Faber, 1980, 132.
- <sup>14</sup> Lms. 1209/19. T.C.D.
- <sup>15</sup> Francis Mac Manus, 'Viking-Faced Cape Clear', The Bell, 16 (2) (1950):. 24-29.
- <sup>16</sup> cf. É. Lankford, 'Decorated Stone From Cape Clear', JCHAS. Vol. 93 (1988): 144; M. J. O'Kelly, 'An Example of Passage Grave Art from Co. Cork', JCHAS, Vol. 54 (1949): 8-10.; Nóta 605 (i liosta na n-ainmneacha i gCuid I den tráchtas seo).
- <sup>17</sup> Cf. (i) Suirbhé Ársaíochta Chléire 1986; Nóta 364 CLF (sa liostáil); (ii) Patrick J. O'Leary. 'A Passage Tomb on Clear Island in West Cork?', JCHAS.. Vol. XCIV No. 253 (1989): 124-126.
- <sup>18</sup> Cf. William O'Brien, 'Boulder-Burials: A Later Bronze Age Megalith Tradition in South -West Ireland', JCHAS. Vol. 97 (1992): 11-15.
- <sup>19</sup> CFC 105.
- <sup>20</sup> Cf. Desmond McCourt, 'The dynamic quality of Irish rural settlement', Man and His Habitat: Essays presented to Emyr Estyn Evans, Edited by R.H. Buchanan, Emrys Jones & Desmond McCourt. Routledge & Kegan Paul, London, 1971, 126-164.
- <sup>21</sup> CFC 105-06.
- <sup>22</sup> Agallamh le Mícheál T. Ó Céadagáin, Baile Iarthach Thuaidh, Cléire, Lúnasa 1982.
- <sup>23</sup> CFC 106.
- <sup>24</sup> Samuel Lewis , A Topographical Dictionary of Ireland, London.: S. Lewis and Company, 1837, Vol. I, 250.  
cf Horatio Townsend, Statistical Survey of the County of Cork. Dublin, 1810, 303.
- <sup>25</sup> Cf. The Census of Ireland for the year 1881.
- <sup>26</sup> Cf. RBÉ 609: 211-13.
- <sup>27</sup> Cf. Miscellany of the Celtic Society. Edited by John O'Donovan, Dublin, 1849, 143.
- <sup>28</sup> Harll 1425.. (lch. 25), Brit, Museum luaite sa Miscellany of the Celtic Society. (1849),401.
- <sup>29</sup> Cf. Diarmuid Ó Murchadha. Family Names of County Cork. Dún Laoghaire. (1985), 181-183; Miscellany. op. cit., 390.
- <sup>30</sup> Ó Murchadha, op. cit., 183.
- <sup>31</sup> Cf. Book of Survey and Distribution 1636-1703. Irish Manuscript Commission, Dublin, 238.
- <sup>32</sup> Cf. ADSD 49.
- <sup>33</sup> SC 1.
- <sup>34</sup> Cf. Lewis, op. cit., 249; ADSD 49.
- <sup>35</sup> Cf. ADSD 49.
- <sup>36</sup> Cf. Tithe Applotment Lists 1833 CLOC.
- <sup>37</sup> ADSD 49.
- <sup>38</sup> Cf. Cork Examiner, 10 Feb. 1846.



- 39 Cf. James S. Donnelly, Jr. The Land and the People of Nineteenth Century Cork. London and Boston, 1975. 59-60.
- 40 Cf. Léarscáil Clárúchán na Talún CLOC.
- 41 Cf. VB 1849; Griffith Valuation 1853.
- 42 Cf. ADSD 51; IT. 24/1/1982.
- 43 Cf. Griffith Valuation 1853.
- 44 Cf. Clár Leabhar Baistí Chléire 1841- 1899 CLOC.
- 45 Cf. SC 144-147.
- 46 Cf. 'Foreign Fishing Fleets along the Irish Coasts', JCHAS. LIV, No. 179 (1949): 17-24.
- 47 Calendar Carew MSS. 1515-74, 85.
- 48 Miscellany of The Celtic Society, op. cit., 1849, 103.
- 49 ibid., 104.
- 50 W.F.T. Butler. 'The Barony of Carbery', JCHAS. X (1904): 4.
- 51 Cf. Daniel O'Donovan, Sketches in Carbery. Cork, (1876): 68.
- 52 Smith, op.cit., The Ancient and Present State of the County and City of Cork. Cork: John Connor, Patrick street, 1815, Vol. I, 281.
- 53 Pooke's Tour, JCHAS. Vol. L1, No. 174 (1946): 81.
- 54 Cf. Arthur E.J. Went, 'Pilchards in the South of Ireland', JCHAS. Vol. L1, No. 174 (1946): 140-151. Cf. Tráig na Pailíse, Seanchas Ó Chairbre I. 1985, 19; Pálás BID 23; Cnocán na Palaíseach BID 9.
- 55 Pádraig Ó Maidín, 'Pococke Tour'. JCHAS. Vol. L1, No. 174 (1946): 81.
- 56 ibid., 81-82.
- 57 Samuel Lewis, Topographical Dictionary of Ireland. London, 1837, 249.
- 58 Cf. RW 27:  
Do chúntas ar mhodhanna iascaireachta Chléire sa bhliain 1832. Cf. RW 27-28.
- 59 Cf. Lewis, op. cit., 249.
- 60 Cf. Henry Stanley Newman, The Harvest of the Sea For Ireland, (g.d.), 5.
- 61 C. Davis, 'Cape Clear : A Retrospect', The Month. (1881): 480.
- 62 Smith, op. cit., 281.
- 63 Cf. Sketches in Carbery. op.cit., 68.
- 64 ibid., 68-69.
- 65 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month. (1881), 487.
- 66 Cf. 'The Irish Fishery Industry'. The Irish Builder, March 15, 1881.
- 67 Cf. 'The Fishery Industry and Fishermen of Cape Clear', The Irish Builder. Oct. 15, (1884): 311.
- 68 C. Davis, 'Cape Clear : A Retrospect', The Month. (1881): 487.
- 69 ibid.
- 70 Cf. (a) The Illustrated London News. Aug. 27, 1887. 246-47.  
(b) É. Lankford, Nótaí agus ábhar taispéantais ar 'Scoil Iascaireachta Dhún na Séad, 1887-1987'. CLOC.
- 71 Conchúr Ó Síocháin, Seanchas Chléire. Baile Átha Cliath, 1970, 41-42
- 72 Cf. Diarmaid Ó Muirthe. A Seat Behind The Coachman: Travellers in Ireland 1800-1900. Dublin: Gill and Macmillan, 1972, 49.
- 73 Cf. Southern Reporter. January 12th. 1847.
- 74 Cf. C. Davis, 'Cape Clear : A Retrospect.', The Month (1881): 480.
- 75 Cf. Southern Reporter. January 12th, 1847.
- 76 Cf. CFC 118.
- 77 Cf. Southern Reporter. January 12th, 1847.
- 78 ibid.
- 79 Cf. 'Administering Relief to Poor People- A Fight with the Landlords', Diarmuid O'Donovan Rossa., Rossa's Recollections: 1838-1898, (1898) Irish University Press, Shannon, Ireland) (g.d.) 320-326.
- 80 Cf. Christmas Number, Cork Weekly Examiner And Holly Bough, 1962.

- 81 Cf. The Irish Builder. Oct. 15, (1884): 311.
- 82 Cf. DSM, c. 1655.
- 83 Charles A. Webster, The Diocese of Ross: Its Bishops, Clergy and parishes, Guy & Co. Ltd., Cork, 1936, 78.
- 84 ibid.
- 85 Cf. JCHAS. XV (1909): 87-8.
- 86 ibid.
- 87 Caesar Otway, Sketches in Ireland, Descriptive of Interesting Portions of the Counties of Donegal, Cork, and Kerry. (Sec. edition, William Curry, Jun. and Company), Dublin, (1839): 118.
- 88 Lewis, op. cit., I, 250.
- 89 The Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, 304.
- 90 Island and Coast Society Yearly Statement of Missionary Progress in the Irish Islands 1883. National Library, Dublin. Ir. 206.6, lch. 5: Tomás Ó Murchú, 'Forbairt agus Soláthar Oideachais i bParóiste na Rátha agus na nOileán. 1800-1870'. Tráchtas neamhfhoilsithe le haghaidh céim máistreachtá san oideachas, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, (1988), 504.
- 91 ibid., lgh. 5 agus 9.
- 92 Mss. 7664-8. The Minute Books of the Island and Coast Society for Ireland 1846-1893. Manuscript Department, Trinity College Library, Dublin.
- 93 Do chur síos ar shaol agus saothar scríofa an Rev. Edward Spring (1806-1880) cf.  
 (i) J.H. Cole, Church and Parish Records of the United Diocese of Cork. Clovne.  
 (ii) Brady, op. cit., 497;  
 (iii) Webster, op. cit. 70;  
 (iv) 'Cape Clear Church and Parsonage': - Litreacha ballscaireachta le haghaidh feachtais bailithe airgid don séipéal a chuir sé dá thógáil i gCléire sa bhliain 1849. Pádraig Ó Maidín, Leabharlannaí Chontae Chorcaí a dhein cóipeanna clóscríte ón mbun lámhscríbhinn a bhí i seilbh Clann Becher a bhfuil cónaí anois orthu i Sasana.
- 94 Mss. 7664-8. Minute Book of the Irish Island Society 1846-1893. Old Manuscripts Department. Trinity College Library, Dublin, 6 February 1849.
- 95 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month (1881): 481.
- 96 ibid., 480.
- 97 ibid., 481.
- An Ath. John Noonan a bhí ina shéiplíneach i gCléire ag an am agus Mr. Friday, is cosúil a bhí á thabhairt aige ar an bhfear seo ( Cf. 'Cape Clear - A Curiosity', Cork Examiner, July 6, 1846) ina dtugtar 'Mr. Friday, a late seceder from Popery' air.
- 98 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 481.
- 99 Cf. Cóip de litir ó Edward Spring go Rev. W. Wrixon, Jan. 1, 1850. CLOC.
- 100 ibid.
- 101 'Cape Clear Church and Parsonage', op. cit., (1850), 2. CLOC.  
 'The Kitchen Garden', atá fós ar an ngáirdín taobh le Brú an Óige. Agallamh le PC, Lúnasa 1982.
- 102 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 481-82.
- 103 ibid., 482.
- 104 Yearly Statement of Missionary Progress of the Island and Coast Society, 1846 (Dublin : Goodwin & Son 1847), Appendix Iii. Cf. Tomás Ó Murchú, op. cit., 511.
- 105 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society, 1850, (Dublin: Goodwin and Nethercott 1850), 11.
- 106 Litir faoi'n ainm cleite 'Martinus Scriblerus', Cape Clear, chuig eagarthóir an Cork Examiner. June 29th, 1846.
- 107 Cf. (a) Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society. (Twentieth Report 1855), 26-27.  
 (b) Ó Murchú, op. cit., 519-20.
- 108 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society, 1846 (Dublin : & Son 1847), Appendix Iii.
- 109 Nóta gan síniú scríte i CRB.

- 110 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 482
- 111 Cf. (i) C. Davis 'Cape Clear- A Retrospect', The Month, (1881): 482-3;  
(ii) Edward Spring, 'Cape Clear Church and Parsonage', December 1850. CLOC.
- 112 C. Davis, 'Cape Clear Church and Parsonage', op. cit., 2-3.
- 113 Miss O'Dwyer (daughter of John O'Dwyer, esq., Taxing Master in Chancery), exerted herself much in the collection of these funds, as well as in many other works of Christian benevolence. Cf. W. Maziere Brady, Clerical and Parochial Records of Cork, Cloyne and Ross, Dublin, Alexander Thom, Vol. II, 1864, 496.
- 114 C. Davis, 'Cape Clear Church and Parsonage', The Month, (1881); 3.
- 115 Brady, op. cit., 496; Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society, 1849. (Dublin: Goodman and Nethercott 1850) 6. 'St. Kieran's Chapel' ba theideal ceart do. [Agallamh le Rev. Robin Bantry-White, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Mí na Nollag 1981].
- 116 'It cost at least £ 2,000' a mheas na húdaráis Caitliceacha [Cf. C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 483].
- 117 'Cape Clear Church and Parsonage', op. cit., 2.
- 118 Cóip de litir le Edward Spring, Jan. 1, 1850 CLOC.
- 119 Cf. (i) 'Cape Clear Church and Parsonage', Litir- Edward Spring, December 1850. CLOC  
(ii) Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society, (Dublin, Goodwin and Nethercott 1850), 10, 11.
- 120 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast society 1851 (Dublin: P. Dixon Hardy & Sons 1851), 40.
- 121 ibid., 38-39.
- 122 Dealraíonn sé gurbé an tAth. Noonan údar na litreach faoi an ainm cleite Scriblerus, Cape Clear, June 27, 1846 chuig an Cork Examiner ina ndeintear magadh faoi an tOirmh. Spring agus searmanas oirniú ministéirí a bhí beartaithe aige don Teach Solais i gCléire. Cf. 'Cape Clear - A Curiosity', Cork Examiner, July 6, 1846.
- 123 Mss. 7664-8, Minute Book of the Irish Island Society 1846-1893. Old Manuscripts Department. Trinity College Library, Dublin. April 1853.
- 124 Cf. William Holland, The History of West Cork and the Diocese of Ross, Skibbereen: Southern Star, 1949, 328.
- 125 ADSD 72.
- 126 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 484.
- 127 W. Maziere Brady, Clerical and Parochial Records of Cork, Cloyne, and Ross, Dublin, Alexander Thom, 1864, 497.
- 128 C. Davis, 'Cape Clear: A Retrospect', The Month, (1881): 485-6.
- 129 ibid.
- 130 Ibid., 486.
- 131 Is ar bhád an *Jasmine* le Willie Regan, Comar, a iompraíodh an chloch ó Ché Cillín in Inbhear go Cé na Scoile. Banc Aontas Éireann a tugtar ar an mbanc sa Scoil anois.
- 132 Agallamh le DSD, Lúnasa 1979.
- 133 'Report on the State of Popery in Ireland, 1731, Munster:' Archivium Hibernicum Vol. II (1913): 141. Maynooth: Catholic Record Society.
- 134 (i) Agallamh le DSD, Lúnasa 1979.  
(ii) Cf. Poll Mháire Tóibín C 19 (sa Dinnseanchas).
- 135 Otway, op. cit., 215-216.
- 136 ibid., 205.
- 137 Second Report of the Commission of Irish Education Inquiry 1826, Appendix No. 22, 918-919.
- 138 Second Report of the Commission of Irish Education 1826, Appendix No. 22, 918-919.
- 139 The Second Report of the Commissioners of Public Instruction (Ireland), (1835), 128.
- 140 Otway, op. cit., 215-216;
- 141 The Second Report of the Commissioners of Public Instruction (Ireland), (1835), 128
- 142 Cf. (i) General Register, County Cork Schools, Cape Clear, Public Records Office Ed. 2/7 Folio 97. (ii) i. e. An Sean Teach Scoile LM 221.
- 143 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society 1850 (Dublin: Goodwin and Nethercott 1850), 11.

- 144 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society 1849 (Dublin: Goodwin and Nethercott), 6; Ó Murchú 514.
- 145 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society 1851 (P. Dixon Hardy & Sons), 38.
- 146 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society 1855. Twentieth Report). 26-27.
- 147 Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society. 1850. (Dublin: Goodwin and Nethercott 1850), 11.
- 148 Second Report of the Commissioners of Irish Education Inquiry 1826. Appendix No. 22, 918-19.
- 149 ibid.
- 150 Application for Aid from Co. Cork Schools. Cape Clear Application. Public Records Office, Ed. 1/13 No 72.
- 151 Cf. Otway, op. cit., 217.
- 152 Application for Aid from Co. Cork Schools. Cape Clear Application. Public Records Office, Ed. 1/13 No. 72. Cf. Ó Murchú, op. cit., 63.
- 153 ibid.
- 154 ibid.
- Bhí an tiarratas in ainm Rev. Daniel O' Keeffe, Daniel Cadogan, John Burke. Cf. Ó Murchú, op. cit., 311-12.
- 155 Lewis 1, 250.
- 156 Application for Aid from County Cork Schools. Cape Clear Application, Public Records Office. Ed. 1/14 No 262.
- 157 General Register County Cork Schools. Cape Clear. Public Records Office Ed. 2/8, Folio 111.
- 158 Appendix to Twenty-first Report of Commissioners of National Education in Ireland (1854), 133-134.
- 159 ibid.. 134.
- 160 Census of Ireland for the Year 1871.
- 161 Cf. Scoil Inis Cléire Cn 11a (2) ; An Scoil Náisiúnta Cn 11c (sa Dinnseanchas).
- 162 Agallamh le DSD, Lúnasa 1979; Cf. Ó Murchú, op. cit., 568.
- 163 Census of Ireland for the Year, 1871, 1891, 1901. Dublin.
- 164 Cf. Wilbur Zelinsky, 'Some Problems in the Distribution of Generic Terms in the Place names of the Northeastern United States', Annals of the Association of American Geographers, Vol. XLV. No. 4 (Dec. 1955): 319-349.
- 165 Cf. G.R. Stewart, Names on the Land . op. cit., 417-18.
- 166 Cf. G.R. Stewart, Names on the Globe. op. cit., 17.
- 167 Tá suas le 300 ainm i mBaile Iarthach Thuaidh mar shampla, agus 290 ar an gComalán
- 168 G.R. Stewart, Names on the Globe. op. cit., 368.
- 169 Ábhar é seo atá curtha in eagar ag Éamon Lankford do Láthair Oidhreachta Chléire. Cléire.
- 170 Cf. Breandán Ó Buachalla, 'Duileasc a Cuantaibh Cléire, Oidhreacht na nOileán'. Léachtaí Cholm Cille. XXII (1992): 25 (Nóta 1).
- 171 Cf. 'Liosta tagairtí don ainm Cléire' CLOC; Aguisín 1 sa tráchtas seo.

# **Logainmneacha Chléire**

## **Co. Chorcaí**

### **Cuid 1**

**Liostáil logainmneacha an bhailiúcháin maille le nótaí agus léarscáileanna**



## Cuid 1

### Liostáil ar logainmneacha Chléire

#### AN t-ARDGHORT (A) Fig. 2.

Cúig ghabháltas talaimh atá ar an Ardghort agus is ó airde mhór-chuid den talamh ann a fuair sé a ainm. Tá páirc amháin ann agus sé an t-Ardghort a tugtar uirthi. Ní fheadar an ón mbaile a ainmníodh an pháirc nó an taobh eile timpeall. DSD.

**An t-Ardghort** / ən ta:rdyort / DSD.

An t-Ardghort LSC 1, 2, RBÉ 609:282-3, CFC 80.

An tArd Ghort RBÉ 609:215. Ardghort RBÉ 609:282, CFC 80.

Ardgort SO 1, 2.

Ardgurt TAB. Ardgurt BSM, FP, NB. Ard-gort NB.

Ardgurth, Tithe Ledger NB. Ardgort, JOD NB, NHC 33.

1614 Ardgrott CPR. Ardgrot and Parke DSM, BSD.

Ard-gort, highfield JPC 60. An tArdgort = The High Field MFC 133.<sup>1</sup>

1. **Gort an Ghainimh** / gort ə yan'əv' / MC.

Gort-a-Ghainimh DSD, IT 9|11|1983.

Gort an Ghainimh Thoir BCC.

Séidtear sáile na farraige agus gaineamh na trá isteach anseo MC.<sup>2</sup>

2. **Gort an Ghainimh Láir** / gort ə yan'əv' la:r' / MC.

Gort an Ghainimh BCC.

3. **Gort an Ghainimh Thiar** / gort ə yan'əv' hiər' / MC.

Gort an Ghainimh Thiar BCC.

4. **An Coiréal** / ən ki'r'e:l / MC.

**Páirc an Choiréil** / pa:r'k' ə xi'r'e:l' / CD.

Quarry FP.

As an coiréal seo a gearradh mórchuid den slinn atá le feiscint ar dhíontaibh na dtithe i gCléire inniu CD.<sup>3</sup>

5. **Garraí Beag** / gari: b'og / MC.

Garraí Beag BCC.

6. **Garraí Chonchúir an Táilliúra** / gari: xrohu:r' ə ta:'l'u:rə / MC.

Garraí Chonchúir an Táilliúra BCC.

Garraí le Conchúr Ó Drisceoil, i.e. 1850 Cornelius Driscoll VB.

**Garraí Thaidhg an Táilliúra** / gari: hæig' ə ta:l'u:rə / MC.  
Garraí le Tadhg Ó Drisceoil, i.e. 1916 Timothy Jr. Driscoll VB.

Tá beagán de rian chabhlach tí Chonchúir fós ann CD. <sup>4</sup>

7. **Gort Mór** / gort muər / MC.  
Garraí na Galltacha BCC.

Thugtaí **Gort Gabhála** nó **Gort Gallda** air tráth CD. Dhá ghort a bhíodh ann, Gort Gall Íochtair agus Gort Gall Uachtair DSD. <sup>5</sup>

8. **An Gort Láir** / ən gort la:r' / MC.

Cuid de Ghort Gall Íochtair í DSD.

9. **Cabhlach Chonchúir an Táilliúra** / kəuləx xrohu:r' ə ta:l'u:rə / CD.  
Cabhlach Chonchúir an Táilliúra BCC.  
Cabhlach le Conchúr Ó Drisceoil. <sup>6</sup>

Drisceolaigh ba ea 'Na Táilliúirí' CD.

10. **Gort an Bhuime** / gort ə vim'ə / CD.  
Gort an Bhuime BCC. <sup>7</sup>

**Gort an tSéipéil**. / gort ə t'e:p'e:l' / CD.

11. **Cabhlach Mháire Chiaráin** / kəuləx va:r'ə xi:ra:n' / CD.  
Cabhlach le Máire Ní Drisceoil, i.e. 1864 Mary Driscoll VB. <sup>8</sup>

12. **Gort an Tí** / gort ə t'i: / CD.

13. **Páirc an tSéipéil** / pa:r'k' ə t'e:p'e:l' / CD.  
Páirc an tSéipéil BCC.

**Garraí an tSéipéil** / gari: ə t'e:p'e:l' / CD.

14. **Carraig Ghort an Bhuime** CD.

**Carraig an tSéipéil** / karəg' an t'e:p'e:l' / CD.  
Carraig an tSéipéil BC. <sup>9</sup>

15. **Ardán Uachtair** / a:r'da:n uəxtər' / CD.

**An tUachtar** / ən tuəxtər / CD.

Airde réidh sa talamh le slios amháin géar. <sup>10</sup>

16. **An Dromán** / ən drə'ma:n / CD.

11

17. **An Dromán** / ən drə'ma:n / CD.  
An Dromán BCC.

18. **Tobar an Dromáin** / tobər ə drə'ma:n' / CD.

12



19. **An Port** / ə port / CD. 13
20. **Ardán Íochtair** / a:rda:n i:xtər' / CD.
21. **Gort an Chúinne** / gort ə xu:ŋə / PTD.
22. **An t-Íochtar** / ən t'í:xtər / PTD.
23. **An t-Íochtar** / ən t'í:xtər / PTD.
24. **Gort an Scamail** / gort ə skaməl' / PTD.
25. **An Gort Láir** / ən gort la:r' / PTD.  
An Pháirc Láir BCC.
26. **Garraí Cháit Ní Dhálaigh** / gari: xa:t' ni: ya:ləg' / PTD.  
Garraí Cháit Ní Dhálaigh BCC.  
  
Garraí le Cáit Ní Dhálaigh, i.e. 1846 Kate Daly CMR.
27. **Garraí na Carraige** / gari: nə karəg'ə / PTD.  
Garraí na Carraige BCC.
28. **Garraí an Aitinn** / gari:n' at'ə'n' / PTD.
29. **Cnocán** PTD. / knə'ka:n /
30. **An Charraig** / ən xarəg' / PTD.  
An Charraig BCC.  
  
**Carraig Mhaidhc** / karəg' vəik' / DSD. <sup>14</sup>
31. **Garraí Thaidhg Bháin** / gari: həig' va:n' / DSD.  
Garraí le Tadhg Ó Drisceoil, i.e. 1849 Tim Driscoll FB.  
  
**Garraí Dhonncha Bháin** / gari: yonəxə va:n' / DSD.  
Garraí le Donncha Ó Drisceoil, i.e. 1850 Denis Driscoll & Tim FB.  
  
**Páirc an Tobair** ND. / pa:r'k' ə tobər' / CD. <sup>15</sup>
- 32-33. **An Currach** DD. / ən krəx / MÓD.  
An Currach BC.
34. **Goirtín na dTriúin** ND.  
  
**Goirtín an dTriúin** ND. / gort'í:n' ə d'í'u:n' / MÓD.  
**Goirtín an dTriúin Íochtair** ND.  
  
Garraí na dTonn BCC. <sup>16</sup>
35. **Garraí an dTriúin Uachtair**  
**Garraí an dTriúin Uachtair** ND. / gari: ə d'í'u:n' uəxtər' / EÓD,  
MÓD. <sup>17</sup>
36. **Port** ND. / port / EÓD, MÓD.

37. **Cnocán** ND. / knə'ka:n / MÓD.
38. **Garraí Caol** ND. / gari: ke:l / DSD.
39. **Gort na hAbhann** ND. / gort nə həun / EÓD, DSD.
40. **Gort an Ghrafaidh** ND. / gort ən yrafəg' / EÓD, DSD.  
Gort a deintí a shaothrú le grafán.<sup>18</sup>
41. **Cnocán** / knə'ka:n / EÓD, DSD.
42. **Garraí Beag** / gari: b'og / EÓD, DSD.
43. **Páirc an Tobair** / pa:r'k'ə tobar' / DSD.  
**An Pháirc Mhóir** PSD. / ən fa:r'k' vuə'r' / DSD.
44. **Gort an Tí** PSD. / gort ən t'i: / DSD.
45. **Páirc an tSeomra** PSD. / pa:r'k'ə t'ó:mə'rə / DSD.
46. **Tobar Mháire Mháirín** PSD. / tobər va:r'ə va:'r'i:n' / EÓD, DSD.  
**Tobar Nóra Ní Shíocháin** PSD.  
Ainmnithe ó Nóra Ní Shíocháin, i.e. 1863 Norry Sheehan CRB.<sup>19</sup>
47. **An Leacain** PSD. / ən l'akə'n' / EÓD, DSD.  
**Leaca Nóra Ní Shíocháin** / l'akə no:rə n'i: hi:`xa:n' / DSD.  
<sup>20</sup>
48. **Cabhlach Nóra Ní Shíocháin** / kəuləx no:rə n'i: hi:`xa:n' / DSD.  
<sup>21</sup>
49. **An Pháirc Mhóir** PSD. / ən fa:r'k' vuə'r' / DSD.
50. **Garraí na gCabhlaí** / gari: nə gəu'li: / EÓD, DSD.  
Garraí na gCabhlaí BCC.  
**Na Cabhlaí** / nə kəu'li: / CD.  
Na Cabhlaí BCC.<sup>22</sup>
51. **Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh** EÓD, DSD.  
Ainmnithe ó Sheosamh Ó Dálaigh, i.e. 1876 Joseph Daly VB.<sup>23</sup>
52. **Garraí Sheáin Mhic Giolla** / gari: xa:n' ik' g'ulə / EÓD, DSD.  
Garraí Sheáin 'ic Ghiolla BCC.  
Garraí le Seán Ó Drisceoil, i.e. 1850 John Driscoll HB.  
Tá sé laistear de Thigh Dhonncha Uí Dhálaigh. Tá seanchabhlach le 'Seán Mac Giolla' ann i gcónaí MÓD.<sup>24</sup>
53. **Garraí Liodáin** ND. / gari: l'ə'da:n' / EÓD.

Garraí Liodáin BCC.  
Gort an Liodáin CFC 89. Gort a' Liodáin RBÉ 609: 282-3. <sup>25</sup>

54. **Garraí Beag** ND. / gari: b'og / EÓD, MÓD.  
Garraí Beag BCC.

55. **An tArdghort** ND. / ən ta:rdyort / EÓD, MÓD.  
An tArdghort BCC, CFC 80, RBÉ 609: 215.

Tá talamh ard ann. Is mór idir airde agus dreach na háite seo agus an chuid íochtarach den bhaile fearainn. <sup>26</sup>

56. **Garraí Goirtín an Tae** ND. / gari: gor't'i:n' ə t'e: / MÓD.  
Garraí Goirtín an Tae BCC. <sup>27</sup>

57. **Leaca an Ardghoirt** ND. / l'akə ən a:rdyor't' / EÓD, MÓD.

58. **Garraí Beag** ND. / gari: b'og / EÓD, MÓD.  
Garraí Beag BCC.

59. **Garraí Mhuiris** / gari: vir'əs' / EÓD, DSD.  
Garraí Mhuiris BCC. <sup>28</sup>

Tá cloch mhór ann.

60. **Cnocán** / knə'ka:n / MÓD.  
Cnocán BCC.

61. **An Pháirc Nua** / ən far'k' no: / MÓD.  
An Pháirc Nua BCC.

62. **An Futhar** / ən fuhər / EÓD, MÓD.  
An Futhar BCC. <sup>29</sup>

63. **Tobar an Fhothair** / tobər ən uhər' / DSD.

64. **Cabhlach Bheist Ní Chiaramháin** / kəuləx v'es't' ni: xiərəva:n' / EÓD, DSD.  
Cabhlach Bheist Ní Chiaramháin BCC.

Cabhlach Bheist Ní Chiaramháin is down in the middle of the "Fothar", over the top and down the other side EÓD. <sup>30</sup>

65. **Garraí Bheist** / gari: vis't / DSD.  
Garraí Bheist BCC.  
Garraí le Beití nó Beist Ní Chiaramháin.

Garraí Bheist is over the top of the hill EÓD.

66. **Poll Chuaisín Éireamhóin** / pəul xuəs'i:n' e:r'əvo:n' / ED.

**Poll an Chuaisín** DSD. <sup>31</sup>

67. **Pointe na Rinne Ramhaire Móire** / pi:n't'ə nə rin'ə rəur'ə muər'ə / DSD.  
Pointe na Rinne Ramhaire Móire RBÉ 742:329.

68. **An Rinn Ramhar Mhór** / ən ri:n' rəur vuər / DSD.  
 An Rinn Ramhar Mhór LSC 1, 2, SC 94.  
 An Rinn Reamhair Mhór MFC 139-40.  
 Rinn Reamhair Mhór LDF.  
 An Rinn Ramhar Mór / ən ri:n' rəur muər / DSD.  
 An Rinn Ramhar Mór DSD, IT, 18 | 2 | 1981.  
 An Rinn Ramhar RBÉ S 295: 87. <sup>32</sup>
69. **Cuas na Rinne Ramhaire** / kuəs nə rin'ə rəur'ə / DSD.  
 Cuas na Rinn' Ramhaire CC.
70. **An Raithearsach** / ən rahərsəx / DSD.  
 An Raithearsach LSC 1, 2, LDF, MFC 139.  
 Rinn talún nó carraige mí-réidh DSD. <sup>33</sup>
71. **Bas na Raithearsaí** / bas nə rahərsi: / DSD.  
 Bas na Raithearsaí BCC, SC 93, MFC 135.  
 Bas na Ratharsaí RBÉ 558: 557. Bais a Ratharsaí RBÉ 742:329. <sup>34</sup>  
 Pointe nó rinn talún ar an dtaobh theas den mbaile fearainn mar a bhfuil na carraigeacha fada mí réidh. Bhí pointe ag gobadh amach ann ina raibh clocha screagacha thart air. DSD.
72. **Barra Bhais na Raithearsaí** / barə vas' nə rahərsi: / DSD.  
 Tá barra Bhais na Raithearsaí go maith chun Ballach a mharú le tosach na tuille go brách chun go gclúdaítear an Bhais. Caitheann tú aistriú ansan mar bíonn an taoide ró ard. CÓS RBÉ 558:557.
73. **Garraí [is]Sia Síos** DÓD.
74. **Garraí Láir** DÓD. / gari: la:r' / MÓD.
75. **Garraí Bocht** DÓD. / gari: boxt / MÓD.
76. **Na Fothaireacha** DÓD. / nə fuħər'əxə / MÓD.  
 The Wilderness EÓD. <sup>35</sup>
77. **An Mhalainn** DÓD. / ən valən' / MÓD.  
 Mala nó barr an chnoic. <sup>36</sup>
78. **Garraí na Malann** / gari: nə malən / MÓD.  
 Garraí na Malann BCC.  
 Garraí an Mhalainn EÓD. <sup>37</sup>
79. **Béilic na Malann** / b'e:l'ik' nə malən / MÓD.  
 An Póna / ən po:nə / MÓD. <sup>38</sup>  
 Tá an Póna suite ag barr an chnoic nach mór EÓD.
80. **Garraí Beag an Fhothair** / gari: b'og ən uhər' / MÓD.  
 Garraí Beag an Fhothair BCC. <sup>39</sup>

Bhí garraithe saothraithe thíos ag na carraigeacha mara a ndearnathas roimh 'Bhliain an Mheathlaithe'. Bhí Garraí Beag an Fhothair agus Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin ar chuid acu.

81. **Páirc Nua** / pa:r'k' no: / MÓD.  
An Pháirc Nua BCC.

82. **An Bán Mór** / ən ba:n muər / MÓD.  
An Bán Mór BCC.

Two fields that were water-logged, one is called 'An Pháirc Nua' A 81. and another to the west of it is called 'An Bán Mór', and another still to the west at the tip of the boundary, is called 'Garraí an Mhalainn' A 78 EÓD.<sup>40</sup>

83. **An Pháirc Nua** / ən fa:r'k' no: / MÓD.

84. **Garraí Thaidhg Spáinneach** / gari: hæig' spa:n'əx / MÓD.  
Garraí Thaidhg Spáinneach BCC.  
Garraí Thaidhg Spáinnigh DÓD.<sup>41</sup>

Is dóichí go mba ghaol é Taidhg leis an 'Spáinneach Mór, Séamas Ó Cochláin báille de chuid na mBitséarach, tiarna talún an oileáin.

85. **Cnocán** DÓD. / knə'ka:n / MÓD.

86. **Páirc an Ghrafaidh** DÓD. / pa:r'k' ə yrafəg' / EÓD.  
Páirc an Ghrafaidh BCC.

Once it was cultivated, but its all overgrown now EÓD.<sup>42</sup>

87. **An Buailíneach** DÓD. / ən buə'l'i:n'əx / MÓD.  
An Buailíneach BCC.

**Na Buailíní** / nə buə'l'i:n'í: / MÓD.  
Na Buailthínigh, CÓS RBÉ 609:258.<sup>43</sup>

Choimeádaí na ba ann roimh a gcrú. DÓD.

88. **An Lochtín** DÓD. / ən loxt'i:n' / MÓD.  
An Lochtín BCC.

A little strip with a hill behind it, and the ground receding in front EÓD.<sup>44</sup>

89. **An tArdghort** / ən ta:rdyort / EÓD, MÓD.  
An tArdghort BCC, CFC 80, RBÉ 609:215.<sup>45</sup>

90. **Páirc na Cloiche** / pa:r'k' nə klihə / MÓD, EÓD.  
Páirc na Cloiche BCC.

An chloch mhór a bhí ina lár tráth, tá sí anois le feiscint sa chlaí MÓD.

91. **Garraí Fhinín na Páirce** DÓD. / gari: i'n'í:n' nə pa:r'k'ə / MÓD.  
Garraí Fhinín na Páirce BCC.

Garraí le Finín Ó Drisceoil, i.e. 1841 Florence Parkey HB; 1849 Florence Parkey FB.

Duine de Dhrisceolaigh na Páirce ba ea Finín na háitainme seo DSD.  
46

92. **Garraí an Bhóthair** DÓD. / gari: ən vo:hər' / MÓD.  
Garraí an Bhóthair BCC.

93. **Carraig Sheáin Spáinneach** DÓD. 47

94. **Leacain** DÓD. / l'akən' / MÓD.

95. **Leaca Shéamais Thaidhg** DÓD.

Its between Dunleavy's and the road. There was a little hut there long ago EÓD.

96. **Garraí Eibhlín** DÓD. / gari: əi'l'i:n' / MÓD.

Garraí Eibhlín BCC.

Garraí le hEibhlín Ní Mhuinneacháin, i.e. 1841 Ellen Minihane CRB.

97. **Páirc an Phoitín** / pa:r'k' ə fo't'i:n' / MÓD, DSD.

98. **Tobar na Cionáite** MÓD.

99. **Gort an tSeantí** PTD.

100. **An Pháirc Láir** / ən fa:r'k' la:r' / PTD.

101. **An Réidhleán Theas** DSD.

An Réidhleán DSD.

Páirc féarmhar ghlas leibhéalta í DSD. 48

102. **An Réidhleán Thuaidh** DSD.

Gabhann an bóthar go Comalán idir An Réidhleán Theas agus An Réidhleán Thuaidh.

103. **Páirc an Tí** / pa:r'k' ə t'i: / PTD.

104. **Tigh Dan Thaidhg** DSD.

Tigh le Dónall Ó Síocháin, i.e. 1890 Daniel Sheehan VB.

Tadhg a bhí ar athair Dhónaill, i.e. 1876 Timothy Sheehan VB. 49

**Tigh Phádraig Shéamais** MÓD

Tigh le Pádraig Shéamais Ó Drisceoil, i.e. PSD.

105. **Dromán** / drə'ma:n / CD. 50

106. **Tobar an Dromáin** / tobər ə drə'ma:n' / CD.

107. **Port** / port / CD.

Port BCC.

108. **Bóithrín Fhail Chua** ND.  
Bóithrín Faille Cua MÓD. <sup>51</sup>
- Bóthar nua dhéanta é mar ná raibh ann ach gruinneal sruthán go dtí timpeall 1940. DSD.
109. **Mainistir an Ardghoirt** DSD.  
Mainistir an Ardghoirt RBÉ 609:282-3, CFC 88-9.  
"Láthair an tsean-shéipéil" CFC 89.
110. **Tigh Phaidín** / t'ig' fa:d'i:n' / DSD.  
Tigh le Paidín Ó Drisceoil, i.e. 1968 Pádraig Ó Drisceoil VB. <sup>52</sup>
- Tigh Connie** DSD  
Tigh le Conchúr Ó Donnchú, i.e. CD. <sup>53</sup>
111. **Tigh Ghearóidín** MJC.  
Bungaló nua le Gearóidín Uí Dhonnchú.
112. **Tigh Dhonncha Uí Dhálaigh** DSD 54
113. **Tigh Nóra Uí Dhuinnshléibhe** DSD 55
114. **Tigh Dhonncha Uí Dhálaigh** DSD. 56
115. **An Bothán Dubh** / ən bə'ha:n duv / DSD. 57
116. **An Malartán Teileafóin** . MJC. 58
117. **An Dreapa** DÓD. / ən d'r'apə / MÓD.
118. **Tigh Dhonncha Con** / t'ig' yunəxə kon / DSD.  
Tigh le Donncha Ó Drisceoil, mac Chonchúir, i.e. 1908 Cornelius Driscoll VB. <sup>59</sup>
119. **Cnocán an Asail** / knə'ka:n ən asəl' / DÓD.  
Cnocán an Asail BCC. <sup>60</sup>
120. **Carraig Fhada** / karəg' adə / DSD.
- Carrigadda SQ 2.  
Carrigodda (Long Rock), Carrigadda NBR.

Applies to a detached rock visible at high water, situated about 4 chains north of the Townland of Ardgort and 12 chains South of Ogloughlar. On the 6" map it was wrongly called Carrignashoge NBR.

### AN BHÁ THUaidh (BT) Fig. 11.

An Bhá Thuaidh atá ar an mbá fhairsing idir Chléire agus an tír.

**An Bhá Thuaidh** / ən va: huəg' / DSD.  
An Bhá Thuaidh RBÉ 783: 463.

1847 Long Island Bay M.ch. <sup>61</sup>

1. **Oileán Éinne** / ə'l'a:n e:n'ə / PC, DSD.  
Oileán Éinne LSC 2, SC 115.  
Oileán Éanna LSC 1. Oileán Éanna, Oileán na n-Éan, Island of the Birds NB. Oileán na nÉan MÓD.

Illauneana SO 1, 2. Bird Isld. or Illaunaina FP. Bird Island BSM.  
Illaunanean, Local NB. Illauneaha, JOD NB. Illauneana (Bird Island) NBR.

Applies to a small island situated about a half mile north of the north eastern end of Clear Island. It is uninhabited and provides grazing for 2-3 sheep NBR. <sup>62</sup>

2. **Carraig na Seagái** / karəg' nə s'agi: / DSD.  
Carraig na Seagái LSC 1, 2.  
Carraig na Seagái = Rocks of the Shags, or Cormorants MFC 136.  
Carraig na Seag - Aidhe, island of the cormorants NB.  
Carraig na Seabhac, rock of the hawks NB.

Carrignashogee SO 1, 2.  
Carrignashogue FP. Carrignashuggee, Local NB.  
Carrignashoggee, JOD NB. Carrignashoggeee (Divers Rock) NBR.

Applies to a rock about 2 chains in length situated almost 3 chains East of Illauneana, two parts of the rock remain uncovered at high water NBR. <sup>63</sup>

3. **An Súnta Láir** / ən su:ntə la:r' / ED. <sup>64</sup>
4. **Rabharta Oileán Éinne** / rourtəxə ə'l'a:n e:n'ə / ED.  
Rabharta Oileán Éinne RBÉ 742:327. <sup>65</sup>

5. **Óglach Beag** / o:gləx b'og / ED.  
An tÓglach Beag RBÉ 742: 327. Óglach Beag, little youth NB. <sup>66</sup>

Oglaghbeg SO 1, 2.  
Oglaghbeg NB. 1847 Carrigoglah M.ch.

Applies to a small rock only visible at low water, situated about 8 chains South of Illauneana and 2 chains east of Oglaghlar NBR.

6. **Óglach Láir** / o:gləx la:r' / ED.  
Oglaglar (Middle Oglagh) NBR.

7. **Óglach Mór** / o:gləx muər / ED.

**Na hÓglaigh** MÓD.  
Na hÓglaigh Mhóra RBÉ 742:327.

Oglagh SO 1, 2.  
Oglagh, Local ; JOD NB.  
Oglagh, a young man (a mere nick - name) NB.  
1847 Carrigoglah M.ch.



- A rock covered at high water **NB**.  
Tugadh an suíomh mícheart do ar **SO** 1.
8. **An Caol** / ən ke:l / ED.  
An bealach farráige idir Oileán Éinne BT 1 agus An Bhoilg Mhór BT 22.<sup>67</sup>
Tá an téarma '**Bán**' mar phríomheilimint i gcás 13 logainm i gCléire agus '**Bánóg**' ina phríomheilimint faoi thrí. Two fields that were waterlogged, one is called, 'An Pháirc Nua' and another to the west of it is called 'An Bán Mór'. Still to the west, at the tip of the boundary is 'Garraí an Mhalainn' EÓD.

<sup>41</sup> Cf. Boilgín na Spáinneach C 156.

<sup>42</sup> Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.

- <sup>43</sup> Le haghaidh nósanna buailíochta: Cf. (i) Buailíocht - Seán Ó Dubhda, 'Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta, 7rl.' Béal., XIII, I-II (1943): 23; (ii) P. Ó Moghráin, 'Some Mayo Traditions of the Buaille', Béal., XIII, I-II (1943): 167-72; (iii) Cf. Caoimhín Ó Danachair, A Bibliography of Irish Etnology and Folk Tradition. Mercier: Cork & Dublin, 1976, 14.
- <sup>44</sup> Cf. (i) Páirc an Liochtáin C 215; Na Lochtíní C 42; (ii) 'Garraí na Liochtán, móinéir agus ardán ann. Bhí na leachta cloch ann uair' TCCD III (1938): 202.
- <sup>45</sup> Cf. nóta 1 supra.
- <sup>46</sup> Cf. Garraí Dhiarmaid na Páirce C 120.
- <sup>47</sup> Cf. Garraí Thaidhg Spáinneach A 84; Garraí na Spáinneach C 156.
- <sup>48</sup> Gabhann an bóthar go Comalán idir An Réidhleán Theas A IOI, agus An Réidhleán Thuaidh A IO2. Ar an DSM luaitear Cnogher Oge McErwan Driscoll, 'Irish Papist' mar úinéir talaimh i 'Reheloge'. Bíodh go bhfuil 'Reheloge' an DSM suite i mbaile fearainn Bhaile Iarthaigh Theas an lae inniu is dóichí gur 'An Réidhleán' i mbaile fearainn Ardghort atá i gceist. Cf. (i) DSM agus DST; (ii) Reidhleán - 'a plain, a level field, a green for play' O'R; (iii) 'Goirtín an Reidhleáin - little (tilled) field at the smooth slope'. Cf. Dinn.VI, 1 (1974): 19, 20; (iv) Réidhleán - 'level place', Tomriland PNCW 504. (v) Réidh - a level place or clearing, IPN 136; (vi) Righealán, Patrick Heraughty, 'Inishmurray, ancient monastic island', Island Series 5, Dublin, 1982, 82.
- <sup>49</sup> i.e. Dónall Ó Síocháin, 1890 Daniel Sheehan VB. Mac le Tadhg Ó Síocháin i.e. 1876 Timothy Sheehan VB, ba ea Dónall. Bhí Dónall nó Dan Thaidhg mar a b'fhearr aithne air, pósta le Máire Ní Riagáin. Thréig a mórshéisear clainne an t-oileán [Cf. Ó Síocháin, Ardghort BGC]. Ba iad Dónall Thaidhg Ó Shíocháin agus Pádraig Ó Riagáin, Crathach, deartháir a chéile a d'aimsigh Cloch Chléire c.1874 atá anois ar bhuanaispeáint i Musaem Phoiblí Chorcaí [Cf. (i) Garraí Lastuaidh den Bhóthar Cti 45; (ii) 'Decorated Stone From Cape Clear, Co. Cork', É. Lankford, ICHAS, XCIII (1988): 144]. Bhí an tigh agus an talamh ag Pádraig Shéamais Ó Drisceoil, deartháir Dhonncha Shéamais Ó Drisceoil, i.e. DSD go dtí le déanaí [Cf. Tigh Dinny Shéamais C 142].
- <sup>50</sup> Cf. An Dromán A 16-17.
- <sup>51</sup> Tá rian na gcosán nó bóithre coise a bhíodh ag gabháil gach treo trasna na talún le feiscint go soiléir i dtírdhreach an oileáin. Tá cuid acu léirithe ar léarscáil 'Oileán Cléire' (1981), Cumann Iarsmalann Chléire, Cléire.
- <sup>52</sup> Bhí cáil ar Phaidín Mhiocan Mór mar sheanchaí fiú isteach sna seachtóidí déanacha. Phós Miocan Mór Ó Drisceoil [Ó Drisceoil, Comalán BGC] Máire Ní Dhálaigh. Mac leo ba ea Pádraig nó Paidín a chaith a shaol leis an iascaireacht. [Cf. Garraí Mhiocain GL 25; Cabhlach Mhiocain Flor GL 28].
- <sup>53</sup> Iníon le Paidín Mhiocain Ó Drisceoil a bhí pósta le Conchúr (Connie) Ó Donnchú. Ba iad Muintir Dhonnchú an Mhuintir Liath [Cf. Cabhlach Mháire Léith C 180; LM 224]. Is in Ardghort agus i mBaile Iarthach Thuaidh atá fáil ar an mhuintir Donnchú ach is den chlann céanna iad. Ba i Lios Ó Móine a bhídís den chuid is mó tráth [Cf. (i) 'Muintir na Páirce Abhus', DSD. IT, 12/3/ 1980; (ii) Ó Donnchú, Ardghort BGC].

<sup>54</sup> Tigh le DÓD a bhí pósta le Ellen Timsey, i.e. Ellen Ní Drisceoil, Gort na Lobhar. Tá an tigh i seilbh iníon le Danny Mike Ó Drisceoil ó 1991 [Cf. Tigh Dhomhnaill LM 43].

<sup>55</sup> Eoin Ó Dálaigh [Cf. Ó Dálaigh, Ardhort BGC] athair Mhíchíl (i.e. MÓD), Eoin (i.e. EÓD) agus Donncha (i.e. DÓD) a thóg an tigh seo. Sin, seanathair Mhíchíl Uí Dhálaigh (i.e. MÓD) ba ea Pádraig Ó Dálaigh a bhí pósta le Máire Ní Argáin. Roinn sé an fheirm in Ardhort ar a bheirt mhac Mícheál agus Dónall [Is ó Dhónall atá Garraí Dhónaill Uí Dhálaigh GL 44 ainmnithe].

A spirit licence was originally held for the house where Mrs. Dunleavy is now. There is an old wall there, where once stood the 'síbín' owned by Dan Daly. Dan moved the licence to Cumar and opened a 'síbín' there [Cf. Tigh Dhonncha de Búrca BIT 272]. The farm at Ardhort was bought from Mrs. Dan Daly by my father, Eoin who built his own house which was later sold to Nóra Ní Dhálaigh, Mrs. Dunleavy [Iníon le Mícheál Ó Dálaigh agus Síle Ní Drisceoil (i.e. Síle Chon Mhiocain Bhig) í Nóra Ní Dhálaigh. Cf. Ó Dálaigh, Ardhort BGC] EÓD.

<sup>56</sup> Is gnáth Tigh Denis Daly a thabhairt air. Mac le Mícheál Ó Dálaigh agus Síle Ní Drisceoil (i.e. Síle Chon Mhiocain Bhig) é Denis. Cf. Ó Dálaigh, Ardhort BGC.

<sup>57</sup> Bothán adhmaid de chuid roinn Poist agus Teileagrafa a bhí ann ó 1941-1984. Cf. 'Muileann Teleafóin', DSD, IT. 29 /4 / 1981.

Do chuntas ar chéad chóras teileafóin Chléire; Cf. Seán Gilmartin, 'The Post Office On Cape Clear', Iris Oifig an Phoist. P agus T. 13 uimh. I (1982): 2.

<sup>58</sup> Bunaíodh 'Córas Radio Teileafóin' i gCléire i 1941 a bhí ag brath ar chumacht aibhléise, geinte ag muileann beag gaoithe. Glaoch gutháin amháin in aghaidh na huair a ceadáíodh ar an gcóras. Is mó an usáid a bhaintí as an sreangscéal an tráth san. Feabhsaíodh an córas i 1955 nuair a ceadáíodh ceithre gutháin ar dhá líne oscailte go dtí an mórthír. Ó 1970 tháinig méadú mór ar líon na gcustaiméirí agus d'eirigh oibriú an chórais an achrannach. Beartaíodh Malartán nua a thógaint in Ardhort.

Tá Malartán Teileafóin Chléire (1992) den tsaghas is nua-aimsirí san Eoraip. Feidhmíonn an córas le cabhair ghléas Glacadoireachta Micreatonn chun teachtaireachtaí a sheoladh agus a ghlacadh ón mórthír. Córas lán uathoibríoch é atá i bhfeidhm ó 1984 a dhéanann codú ar theachtairachtaí roimh a gceoladh. Tá cuid den trealamh a bhain leis an sean-chóras teileafóin anois ar taispeánt i Láthair Oidhreachta Chléire [Cf. Nóta 57 supra agus NHC 31].

<sup>59</sup> Cf. Ó Drisceoil, Ardhort BGC.

<sup>60</sup> Ní fios i gceart cá bhfuil a shuíomh ar an ngabháltas.

### **An Bhá Thuaidh (BT)**

<sup>61</sup> Tugtar an Bhá Thuaidh ar an gcuid sin den bhfarraige idir Chléire, Inis Fada agus an tír. Cuid de Long Island Bay atá ann. Cf. Léarscáil Long Island and Baltimore Bays, Surveyed 1847, No. 2129..

<sup>62</sup> Bíodh go dtagann an chuid éan le chéile ar an oileán beag seo ní dócha gur uaidh sin a ainmníodh é. Tá 'Bird Island' ag Lucht Faire Éan ar an áit le fada agus 'Island of the Birds' atá sa NB. Oileán Éinne atá i mbéal an phobail agus is dóichí mar sin gur ón ainm Éanna a ainmníodh an t-oileán. Faightear an t-ainm Éanna i nGeinealach Chorca Laoighdhe [Cf. Geinealach Chorca Laoidhe, Misc. Dublin 1849. Ed John O'Donovan]. Ba de shliocht Chorca Laoighdhe Drisceolaigh Chléire ach ní ainm Drisceolach é Éanna chor ar bith nó ní dúchasach do Co. Chorcaí é mar ainm. Cf. 'Éanna', Patrick Woulfe, Irish Names for Children, 1967, 16.

<sup>63</sup> Cf. Garraí na Seagáí C 8.

<sup>64</sup> Cf. Súnata an Ré Shúnta BT 16; Nóta 73 infra.

<sup>65</sup> Cf. An Rabha BIT 19.

<sup>66</sup> Na hÓglaigh a tugtar ar na carraigreacha mara Óglach Beag, Óglach Láir agus Óglach Mór le chéile atá suite idir Oileán Cléire agus Oileán Éinne. Ní fheictear iad le lán mara.

<sup>67</sup> Is ionann 'caol' agus canáil a bheadh doimhin go leor chun bád a choimeád ar snámh. Bealach nó ar uisce do bháid atá ann. Cf. (i) An Bealach C 254; (ii) 'Caolas-ais', Strait, Sound. H. Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll. H. Cameron Gillies, M.D., David Nutt, London, 1906, 193.

<sup>68</sup> Is tríd a ghabhann an bád a bheadh ag dul taobh thuaidh de Oileán Éinne ar thuras go dtí an mórhír.

<sup>69</sup> Ní mór don seoltóir bheith curamach sa bhfarraige idir Oileán Éinne agus Trá Chiaráin mar a bhfuil alán carraigeacha mar Trant, na hÓglaigh agus Leac Leith Ard.

<sup>70</sup> Cf. Súnata an Ré Shúnta BT 16; Nóta 73 infra.

<sup>71</sup> Cf. (i) 'Loch agus Inbhear', DSD, IT. 18|2|1981; (ii) IPN 99.

<sup>72</sup> Ainmnithe ó fhear de Mhuintir Laoghairé ón Lao Iarrach a chaoin a chlann a bád ag an gCarraig Aonair. Cf. (i) 'Carraig Aonair', Songs of the Irish. Dónal O'Sullivan Ed., Dublin, 1961, 83-85; (ii) 'Carraig Aonair', Tomás Ó Canainn, Traditional Music in Ireland. London, 1978, 116-120; (iii) Carraig Aonair BIT 290.

<sup>73</sup> Cf. (i) 'Súnda'-Caolas (tá sé le fáil in áitainmneacha). An Súnda ó dheas idir Árainn agus Contae an Chláir LFR 224. (ii) Sound: a narrow passage of water but usually wider than a strait, sometimes a narrow inlet in the sea coast PDG 205.

<sup>74</sup> Cf. Carraig an Locha BT 12; Nóta 71 supra. Cf. (i) 'Loch agus Inbhear', DSD, IT. 18/2/1981; (ii) biorrach, bulrushes, reeds' FGD.

<sup>75</sup> Cf. An Rabha BIT 19.

<sup>76</sup> Cf. An Bhoilg LM 3, GI 32.

<sup>77</sup> Cf. Drom an Ghalláin C 95.

<sup>78</sup> Cf. Cabhlach Nóra Ní Shíocháin A 48.

<sup>79</sup> Ceann de thrí cinn de oileáin sa Bhá Thuaidh ar a dtugtar na Laonna. Tá na Laonna tuairim leath slí idir Cléire agus Scoil Mhuire. Níor chónaigh éinne ar na hoileáin seo os na daicheadí.

<sup>80</sup> Cf. (i) Ceann Chléire BIT 142; (ii) 'Rinn', DSD, IT. 18/2/1981; (iii) 'Rinn' - Point or promontory, IPN 136-37 [Cf. Nóta 32 supra].



---

81 Cf. Nóta 32 supra.

82 Bhí cónaí ar chlann de Mhuintir Riagáin ar Lao Oireach agus tharlódh gur ó dhuine díobh a ainmníodh.

83 'Bhí aithne agam ar mhac a mhic Dónall Diarmín. Tá an píosa tailimh ag Paddy Leonard anois'.

MÓD

84 Tá an bealach farraige anseo an chúng agus baolach.

85 Cf. Nóta 79 supra.

86 Cf. An Bealach C 254.

87 Bhí an t-ainm cloiste ag MÓD agus BC ach theip orthu beirt aon mhíniú a thabhairt air.

88 Cf. Nóta 79 supra

89 i.e. Oileán na Péiste; cf. Pointe na Péiste C 194, nóta 556.

90 B'íonn na róna de shíor ag bailiú ann. Cf. Garraí na Róinte C 21.

91 cf. 'Mol, top, extremity or protuberant part of anything' FGD; Ciallaíonn ros' 'promontory', nó 'grove'. Rinn talún atá i gceist le ros na háitainme seo. [Cf. INP 137-138]. cf. Mullach, IPN 391-393; IPN 124.

## BAILE IARTHACH THEAS (BID)

92 Seacht ngabháltas talaimh a deineadh den 202 acra, 1 ceathrú agus 39 péirse atá sa bhaile fearainn. Sa bhliain 1841 áiríodh 102 duine ina gcónaí i mBaile Iarthach Theas [Census of Ireland for the Year 1891]. Naonúr a bhí lonnaithe ann i 1991 [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991].

Tá an talamh torthúil thoir agus ó thuaidh ach port is sliabh is mó atá thiar agus ó dheas mar a bhfuil An Sliabh Ard atá 275' os cionn farraige.

93 Is dóichí gur tagairt do Phálás Éisc a bhí gar don áit seo atá i gceist san ainm seo. Bhí an éileamh ar shéirdíní sa seachtú agus ochtú aois déag agus thagadh iascairí ón Mór Roinn go dtí an cósta theas [Cf. (i) 'The Irish Pilchard Fishery', A.E.J. Went, PRIA. 51, B 5; (ii) 'The Pilchard Fisheries of South West Cork', Rev. J. Coombes, JCHAS 63 (1958): 117f; (iii) 'Negotiations for the establishment of a pilchard fishery at Bantry in 1875,' A.E.J. Went, JCHAS LXVI (1961): 67-9]. Bhíodh an tainm "Pailís" (Béarla) ar áit leasaithe éisc sa 17<sup>ú</sup> aois [TCCD I (1938): 41. Cf. (i) Kilkinnikin West tdl, 'Cnocán na Pailíse', "Knoll of the Pallace or Palice" a pressing or curing station for pilchard. These were established in the peninsula by Sir. Wm. Petty in 1672 Dinn., VI, 2 (Nollaig, 1974): 43-44. Bhí cúpla Pálás i gCléire. e.g. Pálás Cn 10, Pálás BID 23 agus tharlódh go ndeintú leasú séirdíní tráth san áit i nGoirtín na Séirdíní BID 83.

94 Bhíodh cónaí ar sagart an oileáin anseo tráth agus deirtear gurb é an tAth. Tomás Ó Mainnichín an duine deireanach a chónaigh ann. B'shin thart ar an mbliain 1800. Cf. (i) Garraí an tSagairt C 228. (ii) Tigh an tSagairt Cn 9.

95 Cf. Cuas an Uisce BID 12.

96 B'fhéidir gur 'Garraí Mala', i.e. garraí ar mhalainn chnoic atá i gceist. Cf. 'Mala,' the brow of a hill FGD. Cf. An Mhalainn A 77; Ca 8.

97 The Low Road is like most of the other roads on the island - narrow, rutted and flanked by banks covered with flowers rather than bare walls or fences NHC 15. Cf. (i) Bóithre CFC 118-19; RBÉ 609: 222. (ii) 'Public Works.' To The Editor Southern Reporter, Jan 12th., 1847.

98 Thugtaí Joe Cuais ar Sheosamh Ó Drisceoil toisc cónaí a bheith air gar do Chuas an Uisce (BID 12). Bhí Joe pósta le Cáit Nic Coitir deirfiúir 'Pat the Poet'. Cf. Tigh Phádraig Mac Coitir GM 18.

99 Cf. (i) Goirtín na Séirdíní BID 83; (ii) Cnocán na Palaíseach BID 9; (iii) Páláis Cn 10.

100 Cf. (i) An Leaca Mhór CC 1. (ii) 'Lick' INP 1, 416-18.

101 Cf. Cnoc an Phréacháin LM 167, Cn 36. Do bhéaloideas Phréacháin Cf. 'An Préachán Dubh,' Béal. 36-38 (1969-1970): 256-58.

102 Cf. (i) An Gearathar MFC 138; (ii) Garraher SO, i mbaile fearainn Sliabh Mór in Inis Earcáin BIE.

103 Cf. Páirc Barraicín BID 33.

104 Dónal Buí a thugtaí ar Dhónal Ó Lionán (Leonard) a phós Mary Ann Burke 1886 [CMR]. Aon duine deag clainne a bhí orthu [Ó Lionán, Baile Iarthach BGC]. Phós Danny, Máire Ní Drisceoil, Ceathrúna, deirfiúir Theidí [Tigh Theidí GL 57].

105 B'fhéidir gur tagairt do shuíomh na páirce ar airde atá gar do Fhail an Phréacháin BID 28 atá i gceist san ainm. An bhféadfadh gur ón éan 'Barra cinn óir (goldfinch)' do ainmníodh? 'Bairricín, a toe cap, a ferrule for a stick' FGD. Bheadh bairricín dúda ag an tseandúine ag caitheamh a pháipia do lá gaoithe. Cf. Páirc Barraicín BID 33.

106 Cf. (i) Fail Ní Chathail CTi 1; (ii) Fail an Tairbh Ca 57.

107 "Creathadh le faitíos" an chiall atá le piobarnaíl. Tharlódh gur ón bhfocal 'piobar' (pepper) a bhfuil an chiall-"fustar," "deifir," leis a tháinig "piobarnaíl". Cf. (i) 'Nótaí ar Fhocail,' Éigse, XXII, (1987): 107-8. (ii) 'Piobaranta,' CFOC 211.

108 Cf. (i) Cora-tocht a choinníonn uisce siar (a dam) TA 255. (ii) Cora-gob caol fada talún a bheadh ag síneadh amach i bhfarraige LFR 52. (iii) Cora Top. Hib III (1985): 147 CC; Top. Hib III (1984): 64 CC.

109 Riagánaigh ba ea Muintir na Struma. Cf. Tigh Phádraig Uí Riagáin Cto 17.

110 Donncha agus col-ceathrar leis Con Ó Céadagáin a sheol 'an Illen' ó Dhún na Séad chuig na hoileán Falkland le Conor O'Brien, sna fichidí. Cf. 'Báid Seoil,' DSD, IT, 12/5/1983; 'Gaoil Préacháin,' DSD, IT, 2/6/1982.

111 Cf. Ó Sé, Baile Iarthach Theas BGC.

112 Cf. 'An Irishwoman's Diary,' IT, 1/11/1982.

113 Tagairt do phlanda fiain b'fhéidir. Cf.: 'Bileóg na n-éan, wood-sorrel; bileóg sráide, a wild plant' FGD. Cf. Garraí Barracán BID 31.

- 
- 114 Cf. (i) An Gearathar MFC 138; (ii) Garraher SO, i mbaile fearainn Sliabh Mór in Inis Earcáin BIE.
- 115 Cf. An Com BIT 31.
- 116 Cf. An Gearathar BID 45.
- 117 Cf. 'An Feochadán', Seán Tóibín, Blátha an Bhóithrín, 1965, 62-63.
- 118 i.e. Garraí le Conchúr Ó Sé ? PC.
- 119 Cf. Ó Sé, Baile Iarthach Theas BGC.
- 120 Fear de mhuintir Drisceoil ba ea é. Drisceolaigh a bhí thiar ansan an uair sin PC. Garraí le Diarmaid Ó Drisceoil, i.e. 1899 Denis Driscoll VB, mac le Diarmaid, i.e. 1850 Jeremiah Driscoll VB.
- 121 Cf. 'Carraig an Aifrinn' CFC 94.
- 122 Bhí an forshloinne 'Cathrach' ar chuid de mhuintir Uí Mhathúna i gCléire. Cf. ADSD 140. Donncha nó Dinny na Cathrach a bhí ar Dhonncha Ó Mathúna, i.e. 1923 Denis Mahony VB.
- 123 Bhí Liam Ó Céadagáin, i.e. 1877 William Cadogan VB, pósta le Máire Ní Chéadagáin. Iníon leo Cáit, a bhí pósta ag Diarmaid Ó Donnabháin, Baile Iarthach Theas. [Cf. Tigh Mhairéad Bean Uí Dhonnabháin BID 134 ; Ó Donnabháin, Baile Iarthach Theas BGC].
- 124 Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC.
- 125 Cf. 'Breacaire,' a (sorry) angler FGD.
- 126 Cf. An Bollán Co 7; C 157.
- 127 Is ionann í agus carraig fhoichaise. Cf. 'Fochais'-Carraig nó iomaire carraigeach fé uisce, go mbíonn an fharraige ag briseadh os a cionn le linn stoirme TCCD I (1938): 74.
- 128 Iníon le James Coughlan, An Spáinneach Mór ba ea Máire Spáinní DSD. Cf. Carraig Sheáin Spáinneach A 93.
- 129 Cf. Ó Sé, Baile Iarthach Theas BGC.
- 130 Cf. Cnocán na Pailíseach BID 9. Bhí séirdíní (*Sardina pilchardus*) an raidhsiúil ar an gcósta theas tráth. Bíonn fáil fós ar roinnt díobh ag deireadh an tsamhraidh. Cf. NHC 147.
- 131 Tá Cuas an Ghallúnaigh leis in Inis Fada. Cf. BIE.
- 132 Cf. An Gearathar BID 45.
- 133 Cf. (i) Béal Inbhir GI 38; (ii) An Sean Tigh Teileagrafa GI 1; (iii) An Sean Tí BID 137; (iv) Gort an Túir BID 107.
- 134 Sa bhliain 1845 pósadh Lawrence Bohane agus Ellen Mahony CMR. Cf. (i) Cabhlach Bohane BID 129; (ii) Garraí Nóra Ní Bhuacháin BIT 42.45; (iii) Mac Curtáin, An Gleann BGC.
- 135 Cf. (i) Cnocán na mBuachaillí BIT 167; (ii) Cnocán na mBuachaillí, "Knoll of the boys", JCHAS. LXXXV (1980): 117, 241-242. Deirtear gur tháinig muintir an oileáin le chéile uair ansin chun tigh a thógfaint.
- 136 Cf. Mac Curtáin, An Gleann BGG.
- 137 Cf. Garraí Chonchúir Uí Fhaoláin BID 103.

138 Bhí tigín beag adhmaid anseo ag lucht faire loingeas an Tigh Teileagrafa PC. Cf. Gort an Túir BID 93.

139 In Éirinn agus in Albain tá ciall "mountain", "mountain range," agus "moor," leis an bhfocal **Sliabh**. Talamh ard gan puinn tairbhe ann is gnáthciall don téarma. Nuair is do chnoc a thagraíonn 'Sliabh' is gnáth an téarma a bheith i dtús an ainm agus eilimint tánaisteach a bheith lena chois. e.g. Sliabh Ard. Tuairim is 275' os cionn farraige An Sliabh Ard. I gcomhthéacs Chléire, 'Sliabh' atá anseo i gcomparáid le 'Cnoc' i gCnoc Coraintín CLF 11 a bhfuil airde 533' ann. Le hairde 267' 'Cnoc' a bhaistear ar Chnoc an tSuíocháin BIT 95. Is minic mar sin 'Sliabh' ag tagairt do mhóinteán atá ard, seachas 'cnoc' nó an rud ar gnáth "mountain" a thabhairt air sa Bhéarla. Níl puinn tairbhe sa talamh ar an Sliabh Ard. Féachann sé gur ghnéithe tábhachtacha iad déanamh, fásra agus torthúlacht áite in ainmniú áiteanna a bhfuil an téarma 'Sliabh' nó 'Cnoc' iontu agus go bhfuil níos mó i gceist ná airde an chnoic amháin. Cf. 'The Distribution of Certain Gaelic Mountain-Names', Nicolaisen, Transactions of the Gaelic Society of Inverness. XLV (1969): 123.

'Cnoc' atá sa **Sliabh Ard** i mBaile Iarthach Theas i gcomparáid leis 'An Sliabh' i gCrathach [Cf. An Sliabh Ard BID 108; An Sliabh CTi 6]. Cf. (i) 'Sliabh', 'Roinnt Nótai ar Sliabh, Binn, Cruach in Ainmneacha Cnoc', Éamonn De hÓir, Dinn., IV, uimh. 1, (1970): 1-4; (ii) 'Sliabh', Béaloides 14 (1944): 5.

140 Líne galláin trasna na sléibhe a bhí iontu ach tá cuid acu anois leagtha agus clúdaithe le fásra. Cf. (i) 'Buachaillí Bréige', Ted O'Sullivan, Bere Island- A Short History, Cork, 1992, 51-52; (ii) 'Na Fir Bhreige, the false men'. W. C. Mackenzie, Scottish Place-Names. London: Kegan Paul, 1931, 62.

141 Taithíonn lucht faire éan an ball seo, go háirithe le linn drochaimsire. Cf. 'Sea watching' NHC 140-146.

142 Cf. Mairbhne Bhád an Bhulláin CFC 42.

143 Cf. Garraí Neill Ní Churtáin BID 98.

144 Cf. Siad na clocha atá gnách timpeall na háite seo ná séala DSD. Cf. (i) Leicín C 211. (ii) 'This placename probably means 'The Stony Place' MFC 139.

145 B'fhéidir gur tagairt do Ghrúgach Dhún an Óir atá san ainm. Cf. SC 111.

146 Tagairt don laoch Fiannaíochta Diarmaid Ó Duibhne. Cf. Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83.

147 Ball tábhachtach ag Lucht Faire Éan. Cf. (i) NHC 16; (ii) Tón na gCaincín C 119.

148 Tá an leac mhór a bhí ansin titithe le faill anois. Cf. Faill Dhiarmada BID 119; CFC 83-84.

149 Cf. Ó Lionán, Baile Iarthach BGC.

150 Cf. Tigh Dinny na Cathrach BID 62.

151 Ba as ceantar an Sciobairín, Co. Chorcaí a tháinig muintir Bhuacháin nó Bohane go Cléire am éigin sa luath naoú aois déag. Bhí an forshloinne Burchill ag gabháil le cuid díobh. I Leabhar na mBaistí do Chléire (CRB) don bhliain 1853 luaitear Honora, iníon le John Bohane agus Mary Coughlan. Tá an t-ainm Bohane nó Bohan coitianta go leor in Iarthar Chorcaí, go háirithe i

mBeanntraí agus sa Sciobairín. Cf. Gort Nóra Ní Bhuacháin BIT 42; Garraí Mháire Labhraís BID 96.

152 Cf. Ó Sé, Baile Iarthach Theas BGC.

153 'Dáibhí na mBréag' a bhí mar leasainm ar Dháibhí Mac Gearailt a chónaigh anseo.

154 Bungaló a tógadh sna seachtóidí. Roimhe seo bhí 'Tigh an Bhanaltra' i gCrathach Thiar. Cf. Tigh an Bhanaltra Cti 44.

155 Cf. Ó Lionán, Baile Iarthach BGC.

156 Jeremiah Donovan came to Cléire from Castle Island in Long Island Bay and married Catherine Cadogan from the house near the Bollán in Cummer. They had fourteen children and lived in the old house to the rear of Peg Donovans (i.e. Tigh Mhairéad Bean Uí Dhonnabháin).

Daniel, mac le Jeremiah Donovan a bhí pósta ag Mairéad Nic Curtáin, An Gleann, [Cf. Mac Curtáin, An Gleann BGC]. Phós Muriel Donovan, Seosamh Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach [Cf. Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach BGC], agus bhí cónaí orthu i dTigh an Mháistir Cn 28.

157 Bungaló a tógadh i 1975 do Bhainisteoir Chomharchumann Chléire Teo.

158 Bhí méadú mór ar líon na gcuartheoirí go Cléire sna hochtóidí agus tháinig feabhsaithe leis ar na háiseanna a bhí ar fáil dóibh. Cuireadh bád farantóireachta nua ar fáil; osclaíodh Láthair Oidhreacht, Bialann agus Ionad Campála.

## BAILE IARTHACH THUaidh (BIT)

159 Le 240 acra, 1 ceathrú, 13 péirse se an baile fearainn is mó achar i gCléire é agus tá sé roinnte in aon ghabháltas deag. "Farms from thirty-eight to one ninth of townland. Soil light, produces light crops of wheat and middling potatoes" [Cf. 'Descriptive Remarks' Clear Island OS Name Book 1839-40, 4]. Cnoc atá in a lán den talamh ó thuaidh.

Sa bhliain 1841 bhí 187 duine lonnaithe ar an mbaile, líon a thit go 105 faoi 1891 [Census of Ireland for the Year 1891]. Lonnaithe ann i 1991 bhí 27 nduine [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991].

Tá gar do 6,400 baile fearainn in Éirinn a bhfuil an téarma **baile** iontu agus tá údair den tuairim gur sa tréimhse taréis teacht na Normanach a tháinig an t-ainm chun cinn mar logainm [(i) PNSEC 8; (ii) Cf. 'Town and Baile in Irish Place-Names', T. Jones Hughes, Irish Geographical Studies, 1970, 244-73; (iii) Cf. 'A note on the use of the word **Baile** in place - names', L.Price, Celtica V1, (1963): 119-26]. Tá ciall *place, land, farm* agus *town* leis an téarma **baile** [Cf. (i) PNCW, 495-6; (ii) IPN 20-26] i logainmníocht na hÉireann.

"What most people would consider the most typical form of Irish placenames is that beginning with **baile**, anglicised **bally**. This is generally translated *town* but it does not necessarily mean *town* in the modern sense. Like the English word **town** its meaning changed with the passage of time. It may have meant merely *place* to begin with, then *homestead* or *dwelling-place* or possibly *farm*

---

or *holding* and finally, as at the present day *town*, although the sense **home** has not been entirely lost" [(i) 'The Placenames of Ireland', Éamonn de hÓir, BUPNS, ser. 2, vol. 3, (1980-81): 4; (ii) 'Common elements in Irish Place-names: *ceall, cill*', D. Flanagan, BUPNS, ser. 2, 11 (1979), 1-8]. Pé ciall a bhaintear as an téarma **baile** tagraíonn sé i gcónaí do bhuanlonnaíocht de short éigin de chuid an duine daonna bíodh aois na lonnaíochta luath nó déanach. Tá seo fíor i gcás ciall an téarma in Albain leis mar a bhfuil an téarma ar an eilimint is coitianta atá le fáil sa logainmníocht ansin [Cf. (i) 'The distribution of Gaelic **baile**', W.F.H. Nicolaisen, Scottish Place-Names: 131-141; (ii) 'Gaelic Placenames in Southern Scotland', W.F.H. Nicolaisen, Studia Celtica, V (1970): 17-19; (iii) 'Baile in Scots Gaelic', I. Fraser, BUPNS, ser. 2, 1 (1978): 14-15].

Do dháileadh an téarma **baile** in áitainmneacha Chontae Chorcaí : Cf. (i) Patrick O'Flanagan, 'Colonisation and County Cork's Changing Cultural Landscape: the evidence from Placenames', JCHAS, LXXXIV, 239 (1979): 1-14; (ii) TDC 3-12; (iii) 'Baile', Gasaitéar na hÉireann, Oifig an tSoláthair, Baile Atha Cliath, 1989, 10-29.

<sup>160</sup> Ag tosach na naoúaoise déag moladh tógáil Cé agus athraithe eile i bplean don Chuan ['Plan and estimate for a new quay in Clear Island' LN 15 B. 13 (3)]. Faoi 1837 nuair a bhí Lewis ag scríobh bhí Cé Sheáin Rua CC 45 tógtha. Deineadh mórhógáil agus feabhsaithe i gCuan Tráigh Chiaráin i 1904-05 ['North Harbour Cape Clear, Co. Cork, Plan showing (hatched) the work now under construction 1904', Marine Works Act, 1902 (Plan XV11, 1904) CLOC].

<sup>161</sup> Téarma coitianta sa logainmníocht 'sea **Béal** [Cf. (i) Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp mar Logainmneacha', Comhar, (Bealtaine 1985): 31-32; (ii) Cf. 'Béal', Gasaitéar na hÉireann, 1989, 31-34; (iii) IPN 27-28]. San ONOM tá 160 logainm a bhfuil béal ina dtosach. 'Oscailt', *opening*, nó *mouth* an Bhéarla is gnáth chiall do **bhéal**. I gcomhthéacs na logainmníochta is gnáth an téarma a usáid i leith *aghaidh* nó *oscailt* i mír éigin ar talamh nó ar uisce. Cf. Béal na Leacan C 145, Béal Tí Maithín CC 42, Béal an Bhealaigh C 255, agus Béal Inbhir GI 39.

<sup>162</sup> Findracht Cleri, i.e. 'Fionn Tráigh Chléire' a bhí ar Thráigh Chiaráin i bhfad siar. Is gnáth anois sa chaint, Tráigh Chiaráin á thabhairt ar cheantar an Chuain ar fad seachas an trá féin amháin. Trá clochach atá ann. Cf. *Memories of Tráigh Chiaráin* dán le J.K. Cotter CLOC. Tá 'Tráig Chille Chiaráin' tugtha leis air. Cf. Séamus Ó hAodha, 'An Nestorian', An Branar, Baile Átha Cliath, Iml. I, Uimh. 4 (1919) 143-148.

<sup>163</sup> Cf. 'Plan and estimate for a new quay in Clear Island' LN 15 B. 13 (3).

<sup>164</sup> Bhí Duffy's Pier tógtha faoi 1876. Cf. Daniel O'Donovan, Sketches in Carbery, Cork 1876, 66.

<sup>165</sup> Is anseo a bhuaileadh Bád an Phoist, 'Dún an Óir' port 1932-58. Nuair a solátharaíodh an Naomh Ciarán (1958) mar bhád Poist chuirte daoine ar tír ag ceann an Ché BIT 5. Tá an fógra a deineadh don chéad ionad cur ar tír ina sheasamh sa sean láthair i gcónaí. Cf. Plean don bhfógra 'Leaba Bhád an Phoist' CLOC.

<sup>166</sup> Is i 1960 a deineadh foinse an tobair a aimsiú. Roimhe sin bhíodh uisce an tobair ag briseadh aníos ar an dtrá. Cf. Éamon Lankford, 'Addendum' i 'A possible iron age pillarstone on Cape Clear', le Paddy O'Leary & Elizabeth Shee Twohig, JCHAS, Vol. 98 (1993): 139.

167 Cf. (i) 'Gallán Chiaráin,' Patrick Joseph O'Leary and Elizabeth Shee Twohig, 'A Breton Type Iron Age Pillarstone On Cape Clear, Co. Cork, Ireland', Rev. archeol. Ouest. Supplement n 2. (1990):

263 -267; (ii) 'A possible iron age pillarstone on Cape Clear', Paddy O'Leary & Elizabeth Shee Twohig, JCHAS. Vol. 98 (1993): 133-140.

168 'Mrs Burke's Store' a bhí air ag tús an chéid. Cf. (i) 'North Harbour Cape Clear, Co. Cork. Plan showing (hatched) the work now under construction 1904', Marine Works Act, 1902 (Plan XV11, 1904), CLOC: (ii) 'History of the Observatory,' NHC 186-91.

169 Is minicí an t-ainm Reilig Chiaráin a bheith i mbéal daoine ná Cill Chiaráin. Ní chloistear 'Reilig Chill Chiaráin' dá rá, bíodh go raibh 'Reilig Chill Bhrún', atá suite ar an gComalán sa chaint ag BC. Is minic a deineadh athrá ar an mbrí a bhí le téarma i logainm tré, mar shampla an téarma Béarla *Burial Ground* nó *Graveyard* a chur leis an mbonn leagan Gaeilge fé mar a deineadh i gcás Chill Bhrún C 139 le 'Kilvroom Burial Ground' [Cf. SO 1] agus 'Kilvroom Graveyard' [Cf. JPC 58]. Cf. Nóta 531 infra. Gaelú ar Bhéarlú atá againn mar sin le 'Reilig Chill Bhrún', athrá, a tháinig leis ar alán eile dár 'gCill ainmneacha' [Cf. 'An tAthrá in Áitainmneacha na hÉireann', Breandán S. Mac Aodha, Studia Hibernica, 24, (1984-8), 122-26]. Cloistear 'Teampall Chiaráin' [Cf. 'The distribution, origins and development of Temple as a Church name in the south-west of Ireland', V. Hurley, JCHAS, LXXXIV (1979): 74-97] ag daoine leis agus iad ag tagairt don bhfoirgneamh ar a dtugtar Cill Chiaráin atá suite i lár na reilige.

Is eilimint an-choitianta 'cill' i logainmneacha na hÉireann agus na hAlban. Tá sé Chill i gCléire [Cf. CFC 87-88; Cill Bhrún C 139; Cill Leice Fórabháin (CLF) ] agus i gCo. Chorcaí tá 322 ainmneacha Bailte Fearainn a bhfuil 'Kil' nó 'Kill' ina bpríomheilimint [Cf. TDC 43-47]. Don téarma **Cill** sa logainmníocht in Éirinn agus in Albain: Cf. (i) 'Cill, Supplement for Schools', Deirdre Flanagan, BUPNS., ser. 2, 4 (1981-82): 71-2; (ii) 'Common Elements in Irish Place-Names' Deirdre Flanagan, Bull. Ulster Place-Name Soc., ser. 2, vol.2 (1979): 1-8; (iii) 'The distribution of Gaelic Cill', W.F. H. Nicolaisen, Studia Celtica, V (1970): 23-27; (iv) W.F.H. Nicolaisen, Scottish Place-Names, (1976), 143-144. (v) 'Gaelic Cill (Kil(l)-). In Scottish Place-Names', Aidan MacDonald, Bull. Ulster Place-Name Soc., ser. 2, vol.2 (1979): 9-19; (vi) 'Elements of Celtic Place-names', Ian M. Matley, Names (1965): 41-43.

170 Do chur síos ar fhoirgneamh Chill Chiaráin: Cf. (i) 'St.Kieran's Church. Cape Clear Island, County Cork', R. Cochrane, JCHAS. XV111 (1912): 2-4; (ii) SAC.

171 Cf. 'Tigh Chonchúir 'ac Éireamhóin' C 168.

172 Deineadh an chuid is mó den ábhar tógála do chóiriú an Chuain i 1904-05 a bhaint gar do Thrá Leagaigh BIT 30. Taisceadán stroighne, 3 x 3 ina mbíodh ábhar pléascaigh atá i mBosca an Phúdaire. Cf. 'North Harbour Cape Clear, Co. Cork, Plan showing (hatched) the work now under construction 1904', Marine Works Act, 1902 (Plan XV11, 1904) CLOC.

173 Rabha, bain., iol. Rabhaite, carraig dhoimhin ná nochtfadh in aonchor agus mar sin féin a bheadh dainséartha. Tá seo rabhaite ansan, talamh salach is ea é TDF 63. Cf. 'Rabha', CFOC 218-219. Do ainmneacha rabhaite: Cf. RBÉ 742:327-28.

174 Cf. SGC.

175 Cf. 'Díle, díleann, dílinne' a flood, a deluge, the sea, the ocean FGD.

176 Bíonn fáil i gCléire ó cheann ceann na bliana ar an gcolúr Columba lívia Gmelin. Is i mí Meán Fomhair-Deireadh Fomhair, Nollaig-Eanáir a bhíonn an líon is mó díobh le feiscint. Cf. (i) Cuas na gColúr C 116; (ii) Cairt Dáilthe Colúr NHC 79-80; (iii) 'Rock Dove' Collins Pocket Guide to English Birds, R.S.R. Fitter & R.A. Richardson, London, 1977, 144-5; (iv) 'Iasacht ná Fillfear' DSD, IT. 6/8/1980; (v) A List of the Birds of Ireland. Robert F. Ruttledge, 1975, 81 -83.

177 Luaitear 'The Townland of Glebe' sa NB agus an 'Glebelande' ar an DST rud a thugann le fios go raibh an Glebe ina roinn talaimh ann féin scartha ó Bhaile Iarthach thuaidh tráth. Thug PC 'An Rann' ar an áit. B'fhéidir gur 'Rann', division idir an Glebe BIT 45 agus Baile Iarthach Thuaidh atá i gceist san ainm. Tá an téarma 'Rann' i logainmneacha coitianta go leor [Cf. ONOM 578- 9] mar a bhfuil 24 logainm le Rann iontu. Cnoc ar ghob nó rinn talún atá ann. B'fhéidir gur Cnoc Rinn na gCeann atá san ainm. Cf. 'Rinn,' DSD, IT.18/2/1981.

178 Poll Séideáin nó Poll Seantoinne atá ann. I gcuid de na pluaiseanna sna hailltreacha ar an imeallbhord téann an fharraige isteach iontu, agus ghníonn poll thrí uachtar na pluaise. Nuair a bhíonn anfa ann séidtear an fharraige cháite suas thrí na poill seo, agus ar a leithéid sin de phoill tugtar poill seantoinne . Cf. (i) TA 264; (ii) 'Blowhole' - DPG 66; PDG 29; TA 130.

179 Trá a bhfuil leacacha móra le fáil inti. Baineadh mórchuid cloch anseo le haghaidh oibreacha tógála sa Chuan i 1904 [Cf. (i) An Cuan BIT 1; (ii) 'North Harbour Cape Clear, Co. Cork, Plan showing (hatched) the work now under construction 1904', Marine Works Act, 1902 (Plan XV 11, 1904) CLOC]. Cf. (i) Foilege, Faille Leagtha Faille leagtha i.e. Faille Leaghtha, "eroding cliff" Dinn, VI, 2 (Nollaig 1974): 39; (ii) Trawleagaigh (rugged coast) NHC 16. Tá an t-ainm Trá Leagaigh le fáil leis in Inis Earcáin. Cf. BIE.

180 'Tá an focal Ceilteach 'Kambios' *cam* ar eolas sa gciall 'casta neamh-dhíreach' in áitainmneacha de chuid na hÉireann, na hAlban, is na Breataine Bige' [Cf. 'Cam in Áitainmneacha,' T.Ó Máille, The North Munster Antiquarian Journal XI (1968): 69]. Is ionann *com* agus lug sa talamh. 'Com' a hollow, atá ag FGD, agus 'Com', coomb, cirque [Cirque (French) or Corrie, a deep, rounded hollow with steep sides, formed through erosion by snow and ice, and thus characteristic of regions which have been glaciated. Cf. DPG 40; 'mountain recess' atá ag FGB.

"Cúm, Coom, a hollow, a nook, glen or dell in a mountain; Welsh *cum*, English *coomb*. 'The Coombe' in Dublin implies a hollow place". Cf. INP 1, 432-33.

Téarma a fhaightear an-mhinic sa logainmníocht 'sea 'Com'. Tá, mar shampla, 28 baile fearainn i gCo. Chorcaí a bhfuil an téarma 'Coom' ina dtosach.

Tá seacht gcinn de ainmneacha i gCléire leis an téarma iontu [Cf. 'Com' san Innéacs]. Sort locha a deineadh de bharr oighear-chreimthe atá sa chom i ngach cás díobh. Cineál coire (Corrie an Bhéarla) nó Cirque atá iontu go léir [Cf. SGC].

181 B'fhéidir gur ón bhfuaim a dheineann an fharraige anseo a ainmníodh. Cf. 'Srann', a humming noise made by wind FGD.



---

182 Bothán do mhuca déanta de chlocha garbha a bhí sa mhucalach [Cf. (i) 'An Teach' CFC 106; (ii) 'Clocha' ADSD 53]. Ainm bhaile fearainn i gCiarraí 'sea Bán na Muclach. Cf. (i) Cnocán na Mucalaí BIT 167; (ii) Cf. 'Muclach', place where pigs were put for feeding PNCW. VII (1967): 503.

Tharlódh gur Cnocán na mBuachaillí atá san ainm. e.g. (i) Cnocán na mBuachaillí BID 97; (ii) Cnocán na mBuachaillí, "Knoll of the boys" (SO 104), JCHAS. LXXXV, 241-242 (1980): 117.

183 Cf. Nóta 151 supra.

184 Oighean, a pan, a cauldron, an earthen pot; a river source FGD. B'fhéidir go raibh soitheach le haghaidh uisce ag Tobar an Oighin BIT 44 agus gurb uaidh a ainmníodh. Ní raibh de mhíniú ag PC ar an ainm ach gurb ionann oighean agus 'pan'. Gar don Sciobairín, Co. Chorcaí tá Loch Oighin.

185 The Glebe, on which are the ruins of an ancient church, comprises 25a.3r.26p [Lewis 250]. Glacadh an focal Glebe isteach sa Ghaeilge-'An Ghleidhb', t. gein-'na Gleidhbe'. Gnáthainm é do phársa talún a ghabhadh leis na heaglaisí agus do coigistíodh taréis creacha na heaglaise. Cf. Baile fearainn den ainm 'Glebe', An Seabhac, Uí Ráthach: Ainmneacha na mBailte fearainn sa Bharúntacht. Cumann le Béaloideas Éireann, Baile Átha Cliath, (g.d.), 53.

186 Cf. Na Lochtini C 42.

187 Tagairt do Ghallán Chiaráin BIT 8 a bhí suite sa ghort seo sar a aistríodh é (1920) go dtí an suíomh mar a bhfuil sé anois, agus roimh tógáil an chlaí atá anois ar theorainn thuaidh na páirce [Cf. 'Gallán Chiaráin', JCHAS, Vol. 93 (1993): 138].

188 Cf. 'Seolán,' sorrow FGD.

189 Tá Cabhlach an 'Boathouse' le feiscint os comhair Club Chléire.

190 D'fhéadfaí geancach a thabhairt ar dhuine claon casta. Ní fios an Conghailigh nó Niallaigh a bhí sna 'geancaigh' a raibh cónaí orthu anseo. Cf. Garraí Dhonncha Uí Fhrannach LM 118.

191 Tagairt don ionsaí a deineadh ar Chaisleán Dhún an Óir i 1602.

192 Cf. 'Dunanore Castle', James N. Healy, The Castles of County Cork. Mercier Press, Cork & Dublin, 1988, 182-184.

193 Cuas fada doimhin le failltreacha arda ar gach taobh atá ann.

194 Cf. Nóta 237 infra.

195 The group of four rocks NW marked Tón Luinge should read Tón Luing LiDE. Applies to a small rock exposed at low tides. This rock derives its name from the fact of a ship being wrecked on it. It is detached and situated 9 chains west of Doonanore Castle RNB 33. Cf. Tón an Amadáin BID 117.

196 Cf. An Rabha BIT 19.

197 Cf. Pollín an Lóigh CB 2. Cf. (i) Páirc Geamhair JCHAS. LXXXV, 241 & 242 (1980): 106. (ii) 'Geamhair' - corn in the blade, a green blade of corn; corn grass FGD.

198 Cf. Cuas na Síofraí C 220.

199 Nuair a bhíonn an t-arbhar beagán aníos as an dtalamh, bíonn sé i ngeabhar, nó bíonn geabhar air nuair a bhíonn sé éirithe go maith aníos as an gcreafóig BB 44-45.

---

200 Cf. 'Bum-báilleadh' - a bum-bailiff FGD. Is dóichí gur tagairt do bháille an tiarna talaimh atá i gceist.

201 Cf. Malainn GL 47; An Mhalainn A 77, Ca 8.

202 Bhí William Hayes i mbun scoile anseo sa bhliain 1849. Cf. 'Schoolhouse endowed by Sir. Wm. W. Beecher in Ballyieragh North' VB.

203 Is i seilbh Coitirigh a bhí an tábhairne agus an gabháltas a ghaibh leis le fada go dtí 1989 nuair a cheannaigh Máire Ní Chéadagáin ('Máire na Cille') é. Cf. (i) 1898 Public House (Licenced House) VB; (ii) Mac Coitir, An Gleann BGC.

204 Is léir ó fhianaise an VB [Cf. 1881 Public House (the Crown) VB]. gur ón gCoróin a gheibhtí léas ar an dtigh ábhairne nó síbín a bhí ó 1881, anseo ag Muintir Dálaigh. B'shin é ba chúis, is dócha le 'Talamh an Rí' a bheith ar láthaireán Tábhairne de Búrca BIT 82 agus Siopa de Búrca BIT 272. Cf. Ó Dálaigh, Ardghort BGC.

Bhí John Daly, Captaen an Thomas Joseph [Cf. Dán, *Lamentation of The Thomas Joseph, 1918*, ar an tubaist a bhain don Thomas Joseph le D. Mahony, CLOC] a chuaigh go tóin poill gar do Inis Earcáin i 1918 ar dhuine de Dhálaigh an Chumair. Cf. 'Thomas Joseph Disaster', Cork County Eagle, 12/10/1918; 19/10/1918; 'Inquest into Baltimore Disaster', Cork County Eagle, 26/10/1918; 'Thomas Joseph', Cork Examiner, 22/10/1918.

205 Ní thugtar anois air ach 'Paddy Burke's'. Do gheinealach na mBúrcach i gCléire Cf. De Búrca BGC: agus dá stair in Iarthar Chorcaí Cf. 'The Burkes', Peadar O'Donovan, Irish Family Names, 1991, 69-79.

206 Tá an Comar suite idir Chnocán an Choimhthígh (CC) agus Choinlín (Cn) ar an dtaobh thoir agus an dá bhaile fearainn Baile Iarthach Thuaidh agus Theas ar an taobh thiar. Sruth-chlais cúng doimhin ceathrú míle slí ar faid atá sa Chomar a scarann Cuan Trá Ciaráin BIT 1 ó Chuan Inbhir GM 1.

Cummer, Valley between the hills (perhaps equivalent to the Welsh '*cwm*' and the English West County '*coomb*' NHC 34. Cf. Comar CC 33.

207 Ainm magúil 'sea "Danzig"'. Cf. (i) Iníon le Con Hegarty ba ea Mary Ann Stevens, i.e. 1930 Mary Stevens VB. (ii) Chónaigh Cáit Carey (Ní Drisceoil) i Lios Ó Móine mar a raibh siopa beag aici [Cf. Tigh Cháit Carey LM 36].

208 Sraith de sheacht dtigh a chuir an tiarna talún Sir Wrixen Beecher ar tógáil do lucht leanúna an Island and Coast Society. Bhí na tithe in ainm an Oirmh. Edward Spring sa bhliain 1849 [Cf. VB 1849] agus iad ligthe ar chúis aige chuig lucht freastal seirbhísí Protastúnacha ar an oileán.

209 Is dócha gur An Mhuireann Mhór atá san ainm. Cf. (i) Muireann: Beann charraigeach ar an gcnocán is airde (655.7') ar an mbaile Top. Hib. 1, 18 Co. (ii) Muireann: An cnocán is airde ar an mbaile. 'Rocky Hill' Top. Hib. 1, 37 Cn. (iii) 'Muireann: a weight, a load (of hair etc.), a family considered a burden or charge' FGD. Sé is 'Muireann' ná rud a bheadh ina ualach ar dhuine. B'fhéidir go raibh an Mhuireann, an Mhuireann Mór agus an Mhuireann B[h]uí BIT 93 deacair le hoibriú agus

dá réir sin ina a ualach. B'fhéidir gurb amhlaidh go raibh an cnoc ag iompar uallaigh, nó fós b'fhéidir i gcomhréir leis an gcnoc gurb an Mhuireann 'clann' an chnoic.

210 Mionnán 'sea gabhar óg. Cf. (i) Minean, 'Kid', Dinn.V. 2 (Nollaig, 1972): 43; (ii) Mionnán, Pointe ard talún agus faille TCCD II (1938): 130. Cf. Mionnán na Caillí CC 27, nóta 465 infra.

211 Is dóichí gur páirc neantóga atá i gceist san ainm. [Cf. Neantóg, *Urtica dioica*, Common nettle. Níocholas Williams, Díolaim Luibheanna. BaileÁtha Cliath. 1993, 131-134].

212 Chuirte éisc ag tirmiú agus is dóichí gur uaidh seo a ainmníodh. Cf. 'Deargán Fomhair', ADSD 117-18.

213 B'fhéidir gur 'Cora' Sliogáin atá san ainm seo. Cf. Sliogán, 'a little flat stone', Carrigasleggaun, Glasnasliggan PNCW. 505.

214 Tá airde 200' os cionn farraige sa bhfaill.

215 Cf. Nóta 210 supra.

216 Is i mBaile Iarthach is mó atá fáil ar na cánóga (Puffins) agus bíonn roinnt le fáil leis sa Ghleann Iarthach. Cf. (i) Cairt Dáilthe Cánóg NHC 42, Léarscáil Dáilthe Puffin *Fratercula arctica* NHC 78; (ii) 'Puffins', CCBO Rep. 12, (1970-71): 18; (iii) 'Puffin', *Fratercula arctica*, Gordon D'Arcy, The Guide to the Birds of Ireland, 1981, 111; (iv) 'Ar Lorg Nead' ADSD 108; (v) 'Gearcaigh Toirtúla', DSD, IT.6/8/1980.

217 Cf. (i) Stucán LM 93; (ii) Stuaic, stuaicín, 'pinacle, height' PNCW. 505; (iii) Stack, DHG 507.

218 Téann uisce Loch Ioral BIT 114 chun farraige anseo.

219 Suíomh sa bhfarraige a bhfuil cáil air mar thalamh iascaigh.

220 Loch 11 acra a bhfuil sruthán ag rith uaidh fé thalamh. Téann an sruthán chun farraige ag Béal na Gaibhge BIT 112.

221 Dheintí líon a phortú anso tráth.

222 Tá airde 300' sa bhfaill in áiteanna.

223 Ó Bhealtaine go Méan Fómhair a bhíonn fáil ar an bhFáinleog *Hirundo rustica* Linnaeus. Cf. (i) 'Swallow', NHC 85-86, LBI 91-92; (ii) 'Fáinleog', GBI 122-23.

224 An bhféadfadh go bhfuil baint ag a ainmniú leis an bhfuaim atá le clos ón bhfarraige ansin? Cf. 'Cliar', sharp high pitched voice FGD.

225 Bíonn farraige an-ard ag bualadh in aghaidh na faille anseo. Cf. Dflean na Cille BIT 24.

226 'Díle 'sea an fharraige ard' PC (Agallamh, Lúnasa. 1982); Díle, bain. (gen. -ann). flood FGD.

227 Rinn Aird na gCaorach, the promontory W. of Loch Iriol, is called by some Rinn Áit na gCaorach. More careful speakers, however, use the form given in the map [Cf. LiDF].

Níor bhac feirmeoirí Chléire le beathú caorach puinn sa fichiú aois bíodh go raibh siad coitianta go leor roimhe sin. Luaigh Lewis sa bhliain 1837 go raibh caoirigh Chléire an-bheag, tuairim a nochtadh arís sa bhliain 1844. "The sheep are a tiny breed, fed on the most barren spots; and are kept for the sake of furnishing wool for the home-made manufacture of coarse frieze clothing" Cf. PG 303; Sk. 111].

- Do sheanchas ar an gcaora Cf. 'Seanchas na Caorach', Seán Ó Heochaidh, Béaloideas, XXXVII-XXXVIII, (1969-1970): 131-209.
- 228 Cf. (i) SC 100; (ii) 'Léim', INP 1, 171.
- 229 Cf. An Fhail Mhór BIT 116.
- 230 Cf. Drom an Ghalláin C 95.
- 231 Tá an fhail gearrtha fíaclach anseo.
- 232 Cf. 'Rinn', DSD, IT, 18/2/1981.
- 233 Bhí MD den tuairim gur ó long 'The City of York' a chuaigh go tóin poill in aice le Cruachán, Co. Chorcaí a ainmníodh. Tharlódh gur tháinig raic ón long-bhriseadh seo isteach sa chuas anseo.
- 234 Bhí an t-ainm ag MVC agus PC ach ní raibh aon mhíniú acu ar an téarma 'Leasaí'. An bhféadfadh tagairt a bheith i gceist don dún ag Dún Tomáis BIT 199 [Cf. 'Doonthomais' TJW 253]. Ba mhínic 'lios' á thabhairt ar dhún. Cf. 'Leasach, aighe', belonging to a lios or fort, court-like, palace like FGD.
- 235 *ibid*.
- 236 Is minic na téarmaí 'Rinn' agus 'Ard' a bheith i dteannta chéile i logainmneacha. Cf. (i) Rinn Ard na gCaorach BIT 125; Rinn Ard a gCrónán C 270; (ii) An Rinn Reamhair Ca 1; (iii) 'Rinn', DSD, IT, 18/2/1981; (iv) IPN 136-137.
- 237 Tá an téarma 'Ceann' coitianta sa logainmníocht in Éirinn [Cf. 'Ceann', Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp mar Logainmneacha', Ainm, II (1987): 76-80] agus in Albain. An chuid is airde de rud, rinn, pointe nó ceann tíre a bhíonn i gceist de ghnáth. Léiriú ar airde na farraige a bhíonn ann amanta. Sin mar atá sa dá ainm Ceannmhara (i.e. ceann-mara), a Béarlaíodh mar 'Kinvara', Co. na Gaillimhe agus Ceann (Ci(o)nn+-t-) Sáile, Co. Chorcaí atá anois mar Kinsale againn sa Bhéarla. Is ó thagairt don cheann-mara a fhaightear 'Kenmare' Chiarraí. Tá leis, i gCo. Chorcaí, Ceann Toirc (Kanturk, SO 23/10/14) agus Ceann an Toirc (Turk Head) láimh le Lísín, An Sciobairín. Tá Ceann Baoi (Dursey Head), Ceann Chnoc an Dúin (Knockadoon Head) agus Ceann Tuaithe (Toe Head) ar chósta Chorcaí áiteanna a raibh sain chur amach ag iascairí agus piolótí Chléire orthu. Do logainmneacha leis an téarma 'Ceann' iontu: Cf. Gasaitéar na hÉireann, Oifig an tSoláthair, 1989, 49-51. 'Ceann Tíre', 'Cinn-Tíre' atá ar 'Kintyre' na hAlban [W.J. Watson, History of the Celtic Place-Names of Scotland, 1926, 92]. Cf. IPN 47.
- 238 Cf. James Fenton, Amhráin Thomáis Ruaidh: The Songs of Tomás Ruadh O'Sullivan. (1785 1848), 95.
- 239 Cf. (i) Fail Ní Chathail Cti 1; (ii) Fail an Tairbh Ca 57.
- 240 Ceann de thrí locha an Bhaile Iarthaigh a bhí ann tráth. Ar an FP agus BSM a deineadh thart ar 1839 léirítear loch mar a bhfuil an Port anois. Cf. RW 25.
- 241 Cf. Cúl Mór Ca 20.
- 242 Luaitear "Bouswell" i leith Chlann Uí Chéadagáin ar an mBaile Iarthach. Cf. (i) 1860 John Cadogan (Bouswell) FB; (ii) 1880 William Cadogan (Bouswell) VB.
- 243 Cf. (i) Páirc an Liochtáin C 215; (ii) Na Lochtíní C 42.

- 244 Cf. 1908 Cornelius Coughlan VB.
- 245 Cf. Cnocán na Mucaláí BIT 37.
- 246 Cf. Drom an Ghalláin C 95.
- 247 Aon pháirc amháin anois iad Garraí Sheáin Uí Laoghaire BIT 175 agus Garraí Sheáin Stack BIT 176.
- 248 Cf. Mac Curtáin, An Gleann BGC.
- 249 *ibid.*
- 250 Tá greim mhaith ag fraoch ar an oileán ó d'imigh an churadóireacht as nach mór, i gCléire. An Bell Heather Erica cinerea agus Calluna vulgaris is mó a gheibhtear. Cf. 'Higher Plants' NHC 173.
- 251 Réidh, mountain plain an gnáthmhíniú atá ag PND ar an téarma 'Réidh' agus luaitear 23 sampla ar lch. 490. Cf. (i) 'Réidh', a level plain, a field; réidh sléibhe, a level tract of moorland, (spelled Ré or Rae often) FGD. (ii) 'Ré', smooth (heather) slope JCHAS, 241 & 242 (1980): 108; (iii) An Réidh Mhór LM 212, CB 51; (iv) Réidh, 'level', Drumray, Knockanree PNCW, 504.
- 252 Áit mhaith le haghaidh iascaireacht slaithe do dhéanamh. Bheifí ag súil le hainm mar é ar oileán agus ar chósta. Cf. (i) Carraig an Choiscéim in Inis Fada BIF; (ii) 'Carraig Chiscéime', Dinn., V, 2 (1972): 35.
- 253 Cf. An Réidh BIT 187; Nóta 25i supra.
- 254 Cf. Faill na gCloch nGeal C 191.
- 255 Cf. Phós Cornelius Coughlan, Mary Minihane sa bhliain 1842 CMR.
- 256 Is dócha gur 'géarán', áit ghéar atá i gceist san ainm.
- 257 Do chur síos ar an Dún: Cf. TJW 253; SAC.
- 258 Cf. An Bánóg Thiar GI 14.
- 259 Ba le Bean Uí Dhonnabháin an talamh sin, ach dhíol sí le Father Murphy agus an Comharchumann é. Agallamh le Pádraig Ó Céadagáin, Lúnasa 1982.
- 260 'The High Road' [Cf. NHC 20, 135] a thugann Lucht Faire Éan ar an mbóthar ón gCumar go Loch an Bhaile Iarthaigh. Bhí an bóthar seo tógtha faoi 1842 [Cf. BSR mar a bhfuil léaráid de].
- 261 Páirc/gort 'sea achadh'. Cf. (i) 'Achadh' - IPN 12-13; (ii) 'Achadh - aidh', a field. land, a plain -. Ireland is called Achadh Airt FGD; (iii) W.F.H. Nicolaisen, 'The distribution of Gaelic Achadh', Scottish Place - Names, 1976, 125-8; Studia Celtica, V (1970): 19-23. (iv) (a) Cuan Achaidh Mhóir Top. Hib. II, 63 CC. (b) Achadh Mór - The Big Field Top. Hib. II, 100.
- 262 Ainm a bhí i mbéal an phobail i rith an Dara Cogadh Domhanda nuair a bhí roinnt de fhearaibh Chléire ar seirbhís i gCabhlach Mheiriceá.
- 263 Cf. Tigh Thaidhg Uí Chéadagáin BIT 246.
- 264 Cf. Mac Gearailt, Baile Iarthach BGC.
- 265 Cf. Garraí Phádraig BIT 224.
- 266 Cochlánaigh ba ea Muintir na Spáinneach. Cf. (i) Carraig Sheáin Spáinneach A 93. (ii) Garraí Shéamais Spáinnigh BIT 239.

- 267 Cuid de chlaí teorainn Ghort an Ghalláin BIT 221 atá ann agus é suite ar airde os cionn Loch an Bhaile Iarthaigh BIT 114. Soir-Siar a fhéachann aghaithe na cloiche seo a bhfuil airde gar do sheacht dtroigh inti. Cf. SAC.
- 268 Cf. Hegarty's Garden BIT 253-4.
- 269 Ainm aistriú ar áitainm Rúiseach go Cléire atá anso. Bhí Sebastopol na Rúise faoi léigear ag tréimhsí éagsúla ó 1851 agus bheadh tuairisc ar na himeachtaí seo sna nuachtáin comhaimsire. Bhí sé faoi ionsaí ag an tSeapáin i 1905, agus bhí an áit i mbéal daoine arís sa tréimhse 1914-18, agus 1941-45.
- 270 Cf. Ó Dálaigh, Ardghort BGC.
- 271 Cf. (i) Tobar Dhónail Uí Shíocháin BIT 234; (ii) 1889 Daniel Sheehan CRB; (iii) Ó Síocháin, Lios Ó Móine BGC.
- 272 Cf. Loch an Lín C 161.
- 273 Cf. Garraí na Cruaiche CLF 4.
- 274 'Clais', a drain, a sewer, a furrow, a gravel pit, a hollow, a valley FGD. 'Clais' = isleán nó cumar gearrtha TCCD II (1938): 135. Cf. (i) IPN 54; (ii) Clais na mBád BID 21; (iii) Clais na Boilge LM 2; (iv) Clais Fada Cti 37.
- 275 Cf. Garraí Phádraig Uí Dhálaigh BIT 217.
- 276 Cf. Garraí Dhónail Uí Shíocháin BIT 226.
- 277 Ní nochtadh PC tuairim faoi cad uaidh a ainmníodh. Cf. (i) 'Athach, athaigh', a giant, a plebian, a clown; (ii) 'Atach -aigh', a request, a prayer FGD.
- 278 Cf. (i) Leaca an Aitinn C 30; (ii) Garraí an Aitinn A 28.
- 279 Cf. Garraí Dhiarmaid na Spáinneach BIT 218.
- 280 'Gaol le May Duinnín ba ea Síle' PC. Cf. Ó Duinnín, Baile Iarthach BGC.
- 281 Cf. Mac Curtáin, An Gleann BGC.
- 282 Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach Theas BGC.
- 283 *ibid*.
- 284 Bóithrín go Tigh Sheáin Dhiairmín BIT 247 atá ann.
- 285 Cf. (i) Tigh Thaidhg Mór Ó Riagáin LM 117; (ii) 'Forshloinnte', ADSD 142-3.
- 286 Cf. (i) Ó Síocháin, Lios Ó Móine; (ii) Ó Síocháin, Comalán BGC.
- 287 Cf. (i) Tigh Chonchúir Uí Chéadagáin BIT 260; (ii) Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC.
- 288 Níl éinne den ainm Éigeartaigh ar an oileán anois. B'é John Hegarty an duine deirneach den ainm sin a chónaigh i gCléire. Cf. 1930 John Hegarty VB.
- 289 Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC.
- 290 Cf. Róidín Chochúir Uí Chéadagáin BIT 251
- 291 Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC.
- 292 Cf. (i) Ó Drisceoil, Comalán; (ii) Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin BGC.
- 293 Cf. (i) Ó Donnchú, Ardghort; (ii) Ó Donnchú, Lios Ó Móine BGC.
- 294 Cf. Ó Duinnín, Baile Iarthach BGC.

- 
- 295 Ba é seo an chéad chaidéal poiblí a chuir Comhairle Chontae Chorcaí ar fáil i gCléire. Bhí sé in úsáid ó 1935 go 1986 nuair a aistríodh go dtí Láthair Oidhreacht Chléire LM 221 é mar mhír taispéantais.
- 296 Mac le Danny Mike é Ciarán. Cf. (i) Tigh Dhomhnaill LM 43; (ii) Tigh Mikey BIT 279; (iii) Ó Drisceoil, Lios Ó Móine BGC.
- 297 Tá fuaimiú an ainm seo ag PC doiléir ar téip. Tá cosúlacht idir a bhfuil ar an téip agus 'Cuas Rí na Geirrán'? atá ar LDF. Buille faoi thuairim ag MD a bhí san ainm Cuas Rí na gCeann.
- 298 Seomra buailte le Tábhairne de Búrca BIT 82 agus atá anois in úsáid mar stór.
- 299 Dhá thigh buailte lena chéile atá anseo. Is sa chuid thiar den tigh a d'oscail Dónal Ó Dálaigh ón Ardghort síbín. Cf. (i) Garraí Dhónail GL 44; (ii) Ó Dálaigh, Ardghort BGC; (iii) Tigh Nóra Uí Dhuinnshléibhe A 113; Nóta 204 supra.
- 300 Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC.
- 301 Bhí clann den ainm Thomas ansin PC. Cf. 1860 Daniel Thomas VB; 1869 David Thomas VB.
- 302 Mac le Danny Mike. Cf. (i) Tigh Dhomhnaill LM 43; (ii) Tigh Chiaráin BIT 268; (iii) Ó Drisceoil, Lios Ó Móine BGC.
- 303 Cf. Ó Céadagáin, Comalán BGC.
- 304 Cf. 'Plean do Thigh na nGeineadóirí' CLOC.
- 305 Ceann de dhá fhoirgneamh réamhdhéanta a tógadh taobh le taobh anseo sna luath seachtóidí. Bhí earraí iarainn dá ndéanamh ann 1975-77. Is ann, ó 1986, a bhí oifig ag Comharchumann Chléire Teo. Potaireacht a bhí sa bhfoirgneamh eile ó 1976 go 1990. Leagadh an Potaireacht go talamh i 1991 agus thóg Údarás na Gaeltachta Ionad Fiontair ar an láthair. Is ann leis atá Oifigí ag Comharchumann Chléire Teo., Potaireacht Chléire agus An Siopa Beag.
- 306 *ibid.*
- 307 Tógadh an Grotto i 1960 agus cuireadh Gallán Chiaráin BIT 8 ina sheasamh mar a bhfuil sé anois le hais an Grotto. [Cf. Gallán Chiaráin BIT 8].
- 308 PC, foinse eolais ar mhórchuid de logainmneacha an oileáin sna seachtóidí agus sna hochtóidí.
- 309 Stór le haghaidh trealaimh chothabhála don Chuan.
- 310 *i.e.* An cúinne sin den Chuan BIT 1 is giorra don Reilig BIT 10. Cf. (i) An Doic BIT 4; (ii) An Cé BIT 5.
- 311 Carraig sa bhfarraige gar don Charraig Aonair BIT 290.
- 312 *i.e.* Boilgín Charraig Aonair .
- 313 Bíonn leagan éigin den ainm 'Fastnet' luaite de ghnáth ar na príomh-Mhuirchairteanna dá bhfuil ann ón gceathrú aois déag.
- 314 Tógadh an Teach Solais 1849-54. Cf. (i) 'The Fastnet Rock Lighthouse', T.G. Wilson, The Irish Lighthouse Service (1968): 35-43; (ii) John S. Sloane, A Manual for Lightkeepers, etc., Dublin, (1873); (iii) C.W. Scott, History of the Fastnet Rock Lighthouses, London, 1906. (iv)

'Lighthouses off the South West Coast -a long history', Gerard Harrington, Southern Star, Sat., April 11, 1972.

## CEATHRÚNA (Ca)

315 Is idir an tArdghort agus Comalán atá Ceathrúna suite. Síneann an 42 acra. 15 péirse atá san achar ó fharraige go farraige. Tá sé leagtha amach i gceithre ghabháltas le talamh maith méith ó thuaidh agcnoc sa chuid is mó den bhaile fearainn ó dheas. Bhí cónaí ar sheachtar ann i 1991 [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa, 1991]. Sa bhliain 1841, 47 a bhí lonnaithe ann, an líon is mó a bhí. Bhí idir Dhrisceolaigh, Choileánaigh agus Mathúnaigh ar an mbaile tráth ach dhá líonti, mórsheisear Drisceolach atá anois ann [Census of Ireland for the Year 1891]. Mheas DSD gur iarsma é an t-ainm *Ceathrúna* ón roinnt a dhein an tiarna talaimh ar thalamh Chléire sa bhliain 1833 [ADSD 48-50]. Bhí leaganacha den ainm in usáid i bhfad roimis sin áfach, eg. Carhoone DSM, Karrunigh CI.

Tá breis agus 700 baile fearainn in Éirinn le **Ceathrú** ina bhun eilimint iontu. *Carrow* nó *Carhoo* is mó a bhíonn in usáid mar leagan béarlaithe. Faightear *Carhoo* in áitainmneacha i gCiarraí agus i gCorcaigh de ghnáth [Townland Index 1851]. I gCo. Chorcaí tá fáil ar 7 mbaile fearainn ar a dtugtar *Carhoo*, dhá shampla de *Carhoon*, sampla amháin de *Carhue* agus *Carhoona* nó Ceathrúna Cléire. Tá leis cúpla ainm le **Ceathrú** agus eilimint eile ina theannta e.g. Ceathrú Garbh (SO 133; SO 135) agus Ceathrú Caol (SO 33).

'Quarters', that is a townland comprised of allotments of a quarter acre. These were occupied by the poorest of the island people MFC 134. Cf. (i) 'Carhoo', INP 1, 244; (ii) Ceathrú, IPN 48.

316 Cf. Nóta 32 supra.

317 Cf. An Rinn Ramhair Mhóir A 67.

318 Cf. Futhar C 27.

319 Cf. An Mhalainn A 77.

320 Cf. (i) Carraig an Chorráin GO 6; (ii) An Corrán GO 5.

321 Ar na leaganacha de **Chúl** a gheibhtear tá *Cúl*, *Cúilín*, *Cúilíní* agus *Cúlach* coitianta. I gCo. Chorcaí amháin, tá 144 baile fearainn ina bhfuil an téarma **Cúl** nó **Cool** an Bhéarla ina phríomheilimint iontu [Cf. TDC 22-25]. Baintear feidhm as leaganacha éagsúla den téarma. **Cúl** i logainmníocht chósta is farraige e.g. Cúl Bhá GO 9, Cúl Phortáin C 202, Cúilín lárán Fhothair Cto 30. Thugtaí '**Lochán**' agus '**Loch**' ar réimse uisce a ghearrann isteach sa talamh. Ba lú 'An Cúl' na 'An Lochán' agus ba lú ná san arís. 'An Cúilín' [Cf. DSD, IT. 18/2/1981]. Tá fáil coitianta leis ar **Cúl**, **Cúil** agus **Cúilín** mar mhíreanna a chuireann síos ar phársa talaimh a bheadh i gcúinne idir dhá ghort, agus b'fhéidir beagán den iarghúlacht ag roinnt leis e.g. An Cúilín Beag GO 59 agus Na Cúilíní Ca 79. Tá an chiall chéanna leis an téarma in Éirinn is atá in Albain. '**Cúilín**', a little field or corner Dwelly 284. 'Cúilín Beag', a little field or corner FGD. Cf. IPN 66.



---

322 Cf. Garraí an Aitinn A 28.

323 Bhí an tigh ina chabhlach faoi 1850. Cf. 1850 Thomas Mahony (House Down) FB. Bhí Kit, nó Cáit, iníon le Tomás Ó Mathúna, Ceathrúna, pósta le Peadar Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach. Cf. (i) Cabhlach Pheadair Uí Shíocháin CB 45; (ii) Boilg Thomáis Ca 70.

Bhí cónaí ar na Mathúnaigh i gCnocán na mBáirneach agus i gCeathrúna tráth ach do bhris báille an Tiarna Talaimh an chlann díobh a bhí lonnaithe i gCnocán na mBáirneach. Tuairiscíonn an TAB (1833), 42 acra den bhaile fearainn a bheith faoi ainmneacha Jos. Mahony agus Thomas Mahony.

324 Dreapa ar thaobh an bhóthair ón a bhfuil casán go Cabhlach Thomáis Uí Mhathúna Ca 22.

325 Is anseo a deintí an chruach féir a thógaint DSD. Cf. 'Déanamh na Cruaiche', Ó Muimhneacháin, 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta', Béaloides 14 (1944): 17.

326 Ainmnithe ón Athair Labhrás Ó Mathúna a raibh cónaí air ar an gComalán sa bhliain 1818. Cf. Garraí an tSagairt C 228.

327 Ardán talaimh atá ann. Cf. Drom an Ghalláin C 95.

328 Cf. Dreapa Chonchúir na Cuaiche C 239.

329 Mac le Tadhg an Táilliúra ba ea Taidhgín. Cf. (i) Tigh Theidí GL 57; (ii) Tigh Sheáin Curly Ca 85; (iii) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC

330 Ba chuimhin le Taidhgín, Máire Óg a bheith ansan - Agallamh le DSD, Lúnasa 1978.

331 Talamh garbh carraigreach ar deachair a oibriú - Agallamh le DSD, Lúnasa 1978.

332 Talamh bainte nó rómhartha ann. Cf. (i) Gort an Ghrafaidh A 40; (ii) Na Grafaí TCCD II (1938): 130.

333 Níl le déanamh chun crann troim, *Sambucus nigra* a shaothrú, ach slat de a chur sa talamh agus fásfaidh gan teip. Radharc gleoite an crann troim i dtús an tsamhraidh agus é faoi lánbhláth [Cf. 'An Trom', Seán Tóibín, Troscán na mBánta. 1967, 34-36]. Bhíodh crann nó dhó ag daoine mar fhothain don tigh [ADSD 38]. Bheadh crann troim oiriúnach don ghnó.

Ní raibh puinn crann ar an oileán riamh go dtí 1974-5 nuair a cuireadh 5,000 crann i nGort na Lobhar a raibh fás maith futhu. Chuir Comharchumann Chléire Teo. 14,000 crann ar a gcuid talaimh i Lios Ó Móine in 1988-89. Cf. 'Tromm, Trom, Trum', elder tree', F. Edmund Hogan S.J., Luibhleabhrán-Irish and Scottish Gaelic Names of Herbs. Plants. Trees etc.. Dublin, 1900.

334 Is é an gnáthchiall a bhainfeadh muintir na tuaithe as 'Garraí' ná gáirdín tí ina mbeadh prátaí curtha. Déarfadh duine go raibh 'gáirdín maith cabáiste' aige. An téarma 'Gáirdín' is mó a bhíonn in úsáid in Iarthar Chorcaí. 'He's spraying the garden', a déarfadh duine agus na prátaí i gceist aige, nó 'He had three or four 'Gardeens' and he knocked them into one good field'. [Táim buíoch do Catherine Hegarty, Garryglass, Drinagh, Co. Cork as an eolas seo].

Cf. (i) Garrdha - IPN 93; (ii) 'Garaí', ceapach thalún LFR 101; (iv) 'Gáirdín', ceapach thalún, a bhfásann bláthanna nó torthaí inti LFR 100.

335 'Cúilín', Iomaire gearr i ngarraí; Níl sa gharraí ar fad ach sé nó seacht de chúilíní LFR 62.

'Cúlán', Cúinne de gharraí LFR 64. Cf. Cúl Mór Ca 20.

336 Cf. Cabhlach C 89.

- 337 Mheas CD gurb Drisceolach a bhí i Máire Chiaráin.
- 338 Tá mar a bheadh seomra déanta faoi thalamh ann DSD.
- 339 Cf. nóta 315 supra.
- 340 Mac le Jerh. Thaidhg Ó Drisceoil agus Siobhán Ní Choitir ba ea Pádraig J. Deartháir leis ba ea Tadhg (Timsey), athair P.T.Ó Drisceoil (i.e. PTD), Gort na Lobhar. Mac eile le Jerh. Thaidhg ba ea Carey Jerh. a bhí pósta le Nóra Ní Shíocháin, Comalán Thuaidh agus ar mac leo Micheál C. (i.e. MCD), nó Mícheál 'Rf' mar is fearr aithne air. Cf. Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC.
- 341 Sé 'Faill' an gnáth téarma a úsáidtear sa Mhumhain do 'Cliff' an Bhéarla ['Cliff', a high, steep, rock face, a precipice; a steep coastal declivity which may or may not be precipitous DPG 97]. Faightear 'Aill' i logainmneacha ar fud Éireann uile [Cf. (i) 'Aill', 'Faill', INP 1,408-9; IPN 13]. Is minic 'Foily,' in úsáid mar leagan Béarlaithe do 'Faill' in áitainmneacha [INP 1, 408-9]. Cf. Nóta 588 infra.
- 342 Cnapán nó toirt chruinn carraige is ciall le 'Bullán' nó 'Bollán' sa logainmníocht de ghnáth [Cf. TCCD I, (1938), 39; 82]. Tá 'Bullán' ina phríomh eilimint i 9 logainm i gCléire agus ciall bullán cloiche nó cloch mhór chruinn i gceist i ngach cás [Cf. Bullán san Innéacs]. Cf. 'Bullaun is Ainmneacha Gaolmhaire', T.S.Ó Máille, Galvia, (1959): 50-59; (iv) Cf. An Bollán C 61.
- 343 Cf. Garraí na Cuaiche C 157. Do bheatha agus seanchas na cuaiche. Cf. (i) 'An Chuach', Tadhg Ó Ceallaigh, Saoghal Éanacha, 14-18; (ii) 'An Chuach', A. Ó Muimhneacháin, 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta', Béal.oidias, 36-38, (1969-1970): 275-277; (iii) 'Teachtaire an tSamhraidh' ADSD 110.
- 344 At the eastern end of Cape Clear there is a sheltered strand called File-Coagh (The Cliff of the Cuckoo), which, from being the most adjacent point of debarkation from the mainland, has been used by the inhabitants as a convenient site where they may haul up their boats. A deep cutting has been made in the side of the cliff, and up this precipitous incline the stalwart boatmen pull their heavy six-oared boats, displaying wonderful strength in its accomplishment Sk, 70-71.
- 345 Cf. SC 4.
- 346 Cf. (i) An Bullán Mór Ca 58 ; (ii) An Bollán C 157.
- 347 Cf. (i) Garraí Thaidhg an Táilliúra A 6 ; (ii) Tigh Julia GL 11; (iii) DSD, IT.12/3/1980.
- 348 Tharlódh go raibh cearta lóch a bhaint anseo ag Tomás Ó Mathúna. Cf. (i) Dreapa Thomáis Ca 23; (ii) Cabhlach Thomáis Uí Mhathúna Ca 22.
- 349 Latrach (pron. Latarach) 'Talamh garbh go mbíonn seisc agus uisce ann', opp. to mínleach DCC 69. Cf. An Latrach LM 210; 'An Latrach', talamh garbh, nó láthair éagothrom TCCD I (1938): 76.
- 350 Is ar ghabháltas Chonchúir Uí Dhonnchú , Ardghort atá sé.
- 351 Cf. 'Treabhadh. Rómhar Agus Prátaí', A. Ó Muimhneacháin. 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta', Béal, 14 (1944): 9-11.
- 352 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.
- 353 Cf. Cúl Mór Ca 20; Nóta 321 supra.

- 354 Baisteadh Margaret, iníon le Joseph Collins agus Norry Sheehan, 1846 CRB.
- 355 i.e. Tigh Sheosaimh Uí Dhrisceoil, mac Thaidhg. Cf. 1905 Joe F. Driscoll VB.
- 356 Tigh le Seán Ó Drisceoil mac Sheáin Curly. Mac le Tadhg an Táilliúra. Gort na Lobhar ba ea Curly [Cf. (i) Garraí Thaidhg an Táilliúra A 6 ; (ii) Tigh Julia GL 11]. Bhí mac le Curly, Pat Curly, pósta le Nóra Ní Dhálaigh. Seachtar clainne a bhí orthu; Connie, Mícheál, Margaret, Tadhg nó Teidí [Cf. Tigh Theidí GL 57] a chónaigh i nGort na Lobhar, Mary a phós Danny Leonard, Baile Iarthach. Nóra agus Seán (1912-1970), a phós Máire Ní Drisceoil (d'éag 1986), Cill Leice Fórabháin. Mac leo 'sea Seán Curly. Cf. Ó Drisceoil, Ceathrúna BGC.
- 357 Táthar in amhras faoin a shuíomh. Tharlódh go bhfuil sé níos cóngaraí do Inis Earcáin.

### CILL LEICE FÓRABHÁIN (CLF)

- 358 Teagmhaíonn Cill Leice Fórabháin le cúig baile fearainn i.e. Gort na Lobhar, Cnocán na mBáirneach, Lios Ó Móine, Crathach Thoir agus Crathach Thiar. Ritheann sí go farraige ar an taobh ó dheas.
- Tá 39 acra, 2 ceathrú, 26 péirse roinnte i ndhá ghabháltas atá in achar an bhaile fearainn. Tá an talamh go maith bíodh gur cnoc an chuid is mó de. Farms from one ninth to one third of Town land nearly. Soil light and rocky. Produces light crops of wheat and a little flax and potatoes. Cf. 'Descriptive Remarks', Clear Island OS Name Book, 1839-40, 17.
- Airíodh 35 duine a bheith lonnaithe ann sa bhliain 1841 agus 17 i 1891 [Census of Ireland for the Year 1891]. Bhí buanchónai ar cheathrar ann i 1991 [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa, 1991].
- 359 Cf. 'Déanamh na Cruaiche', A.Ó Muimhneacháin, 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta', Béal, 14, (1944): 17.
- 360 Ní rabhthas cinnte faoi chérbh díobh Conchúr. Luann an VB, Cornelius Fohill a bheith lonnaithe anseo sa bhliain 1875.
- 361 Is cuid den seanchill é FD. Cf. An Cill CLF 35. Cf. Nóta 169 supra.
- 362 Cf. (i) An Latrach Ca 71; (ii) An Latrach LM 210.
- 363 Sé an cnoc is airde ar an oileán é le 553'. 'Quarantine Hill (Cnoc Coraintín. Seanchas Chléire, . 147) on Cape Clear (a hill of 553' on O.S. 153) was possibly a lookout station for the port of quarantine'. Cf. (i) 'Baltimore as a Port of Quarantine', Fr. J.Coombes, Seanchas Chairbre, 2 (1983): 30; (ii) 'Quarantine Island (NE of Sherkin) and Quarantine Hill', Dinn., 1, uimh 2 (1964), 55-56; (iii) Quarantine Hill (Cnoc Coraintín), nóta 1, MFC 158.
- 364 Tá seans ann go mbaineann an carn seo le aois an chré-umha (2,000 R.Ch.-500 R.Ch.) agus go mb'fhéidir gurbh ionad adhlactha a bhí ann. Fuarthas ábhar adhlactha idir chréamtha agus neamhchréamtha ó aois an chré-umha i lár charn eile den saghas seo. Baineadh an chuid de chlocha an chairn ón láthair seo mar ábhar tógála fallaí sna gorta timpeall is dócha. Is cosúil gur thóg lucht

---

Suirbhé an carn beag ar an dtaobh thuaidh den seancheann san aois seo caite. Tá sé suite ar an bpointe is airde san oileán SAC. Cf. 'A Passage Tomb on Clear Island in West Cork?', Patrick J. O'Leary, JCHAS, XCIV (1989): 124-6.

'Cairn', a heap of stones, in ancient times erected for memorial purposes, but more recently often erected as a landmark DPG 35.

365 Cf. (i) Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh A 51, GL 39; (ii) Tigh Eoin GL 38; Ó Dálaigh, Ardghort BGC.

366 An 'Rising Sun' a bhí baistithe ar shíbin a bhí anseo ag Ciarán Ó Síocháin DSD. Cf. Eirí na Gréine CLF 20.

Bhí ceadúnas díolta biotáile in ainm Patrick Sheehan sa bhliain 1907 [Cf. 1907 Patrick Sheehan (Licenced 1907) VB]. Jeremiah Sheehan a bhí lonnaithe ann i 1909 [Cf. 1909-22 Jeremiah Sheehan VB; Nóta 436 infra]. Ciarán Ó Síocháin a bhí i mbun tábhairne ó 1950 go dtí gur dhún sé an áit sna seascaidí. Cailleadh Ciarán i gCorcaigh i 1969 [Cf. 1950 Ciarán Ó Síocháin VB; Kieran Sheehan NHC 191].

Thugtaí Carey Jerry ar Chiarán Ó Síocháin. Mac le Diarmaid Ó Síocháin agus Máire (Phol) Ní Drisceoil ba ea é [Cf. Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach BGC]. Chaith Ciarán blianta fada ina bhailitheoir béaloideas i gCléire do Choimisiún Béaloideas Éireann i gCléire [Cf. (i) 'Réamhrá', Marion Gunn, Céad Fáilte go Cléire, 1990, 9; (ii) 'Duileasc A Cuantaibh Cléire', Breandán Ó Buachalla, Oidhreacht na nOileán, LCC XX11 (1992): 16; (iii) ADSD 118; DSD, IT, 11/8/1979; (iv) Tigh Sheáin Mac Coitir Cti 47. Tá an bord cistine ar a dhein Ciarán morán dá shaothar béaloideas a scríobh ar bhuntaispeáint anois i Láthair Oidhreachta Chléire.

367 Cf. Latrach LM 210, Ca 71.

368 Cf. An Bán Mór A 82.

369 Bhí an t-ainm seo ag TR, DSD, MÓD agus PCD ach níor nochtadh aon tuairim faoi cad uaidh a ainmníodh. Cf. 'Dream an Uabhair', DSD, IT, 16/9/1981.

370 Ait ina mbíodh daoine ag teacht le chéile. Cf. Cnocán na mBuachaillí BID 97; BIT 167.

371 Cf. (i) Tigh Neill GL 38; (ii) Ó Dálaigh, Ardghort BGC.

372 'Cuar', crooked, round, circular, hollow FGD. Cf. An Cuar GM 8; CB 21.

373 The area is called Keels by the inhabitants. There has been no person interred in these lately, and can hardly be distinguished from the surrounding fields MEM SO 440.

Téarma an-choitianta i logainmníocht na hÉireann agus na hAlban 'sea 'Cill'. Tá sé cinn de chilleanna i gCléire. I gCo. Chorcaí tá 313 ainmneacha bailte fearainn a bhfuil 'Cill' ina príomheilimint iontu. [Cf. TDC 43-47]. Cf. (i) Cill Bhrún C 139; (ii) Cill Chiaráin BIT 10; (iii) An Garraí Nua CLF 6.

374 Luaitear sa GV tigh i gCill Leice Fórabháin i seilbh Andrew McCarthy. Ní foláir gur uaidh a ainmníodh 'Garraí Aindí' CLF 42, agus 'Cruis Aindí' CLF 36.

375 Deartháireacha ba ea Conchúr Ó Riagáin, Lios Ó Móine agus Tadhg Ó Riogáin, Tigh na Croise. Thugtaí 'Tadhg an Mhadra' mar leasainm ar Thadhg. Athair Tommy Regan (i.e. TR) ba ea an Tadhg

- 
- seo. Athair Helena Bean Uí Shúilleabháin (i.e. HB) ba ea Conchúr nó Con Regan mar a b'fhearr aithne air. Bhí iníon eile le Con pósta i mBoston le Tadhg Shéamais Ó Drisceoil ón gComalán. Cf. (i) Ó Riagáin, Lios Ó Móine BGC; (ii) Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 376 B'as Port Láirge don Mhuintir Tóibín DSD. Cf. (i) Poll Mháire Tóibín C 19; (ii) 'Sasanaigh', ADSD 72-73.
- 377 Ní ann don tigh a thuilleadh.
- 378 Cf. An Chrois CLF 36.
- 379 Cf. An Cuaidí CLF 31.
- 380 An bhféadfadh gur tagairt do aoibhneas na háite atá i gceist? Cf. (i) 'Seamhnach', pleasant FGD; (ii) 'Seabhaim', I blow FGD.
- 381 Cf. (i) Sfbín Mháire Ní Mhuirthile GL 33; (ii) Garraí Mháire Ní Mhuirthile GL 32.
- 382 Cf. Drom an Ghalláin C 95.
- 383 Cf. 'Uisce na dtrí teorann', CFC 124-5.
- 384 Cf. Tigh Theidí GL 57.
- 385 Cf. (i) Tigh Eoin GL 38; (ii) Ó Dálaigh, Ardghort BGC.
- 386 Ibid.
- 387 Mac le Ciarán Ó Drisceoil, i.e. 1919 K. Driscoll VB, agus Katie (Mháire Gós) Ní Drisceoil, Cnocán na mBáirmeach 'sea Paddy Carey. Miocan Mór Ó Drisceoil a shean-athair agus Máire Ní Dhálaigh a sheanmháthair ar thaobh a athar dhe. Deirfiúr le Paddy Carey ba ea Máire a bhí pósta le Seán Curly Ó Drisceoil, Ceathrúna. Cf. (i) Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin BGC; (ii) Tigh Sheáin Curly Ca 85.
- 388 Cf. (i) É. Lankford, 'Cape Clear Wind Energy Project', (1990) CLOC; (ii) 'Muilte Gaoithe Chléire', -Taispeántas 20 painéal a cuireadh le chéile i gcomhar le hOifig an Chomhphobal Eorpaigh, Baile Atha Cliath (1988), agus atá i dtaisce i Láthair Oidhreachta Chléire; (iii) 'Eadrainn', -Nuachtlitir de chuid Comharchumann Chléire Teo, Cléire, Co. Chorcaí, uimh. 2, 1986.
- 389 Táthar beagán in amhras faoi'n a shuíomh ceart.
- 390 Forshloinne atá i "Leoil". Tugtar Mícheál 'Leoil' agus Conchúr 'Leoil' ar bheirt mhac le Finín 'Leoil' Ó Drisceoil. Cónaíonn Conchúr 'Leoil' [Cf. Tigh Chonchúir GO 69] sa Ghleann agus Mícheál 'Leoil' [Cf. Tigh Mháire Éireamhóin GL 17] i nGort na Lobhar.

## COINLÍN (Cn)

- 391 Tá 86 acra, 37 péirse in achar an bhaile fearainn agus é roinnte i sé ghabháltas. Farms from one thirteenth to one quarter of townland. Soil light and rocky. Produces light crops of wheat and potatoes [Cf. Clear Island OS Name Book, 1839-40, 15]. Sa bhliain 1841 bhí cónaí ar 64 duine ar an mbaile, figiúir a bhí laghdaithe go 35 faoi 1891 [A Census of Ireland for the Year 1891].

Níl buanchónaí ach ar dhuine amháin anois ann [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa, 1991].

Coinlín 'sea, a mbíonn i ndiaidh cruithneacht a bhaint. 'Coinnlín, a stubble; a withered stem or blade of grass' FGD: 'Coinnlein, Coinnlin, Stalk of grain, especially barley' Dwelly 248.

Coinleach a tugtar ar an ngort taréis an t'arbhar do bhaint. Cf.(i) C. Ó Muimhneacháin, 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta'. Béal. 14 (1944): 14; (ii) Baile Fearainn Coinlín (Cn.). (iii) 'Coinlín': sin é an lorgain atá ar an déis, nó píosa den Lorgain, nó den chonall. 'Coinnleach', nó Connlach an talamh atá fágtha taréis an tarbhar a bhaint. [Cf. 'An tArbhar', T.Ó Máille, An Béal Beo (g.d.): 44-45]; (iv) Coinnlein, Coinnlin-Stalk of grain, especially barley Dwelly 231. Cf. Páirc an Choinligh C 67.

392 i.e. 'Conair, casán, bealach nó slí' TA 255. Cf. (i) 'Conair - slí nó bóthar nó bealach' TCCD III (1938): 143; (ii) 'Conair - way, course, path' Dwelly 248. (iii) 'The Bollán Road' is teideal, leis, do dhán a cumadh faoi'n bhfoireann oibre a thóg an bóthar ón gComar go dtí Inbhear Mór. Dán é, atá curtha i leith Din Mahony a bhfuil roinnt streanncán uaidh i mbéaloideas an oileáin.

393 Ritheann seanbhóthar soir ó Thigh Sheáin Bill Cn 3, thar chnoc in airde tré Choinlín go bun Chnoc an Phréacháin Cn 36. Cf. An Geata Dubh CC 43.

394 Bhí John Bill ar dhuine de fhoireann an St. Ultan, bád le Con Regan, an Comar, a dhein fóirhint ar fhoireann an Hazelside a cuireadh go tóin poill gar do Chléire ag tosach an Dara Cogadh Domhanda. Tá cuntaisí pearsanta agus cáipéisí i dtaobh na tarrthála i dtaisce i Láthair Oidhreachta Chléire. Nuair ba le Liam Ó Céadagáin an tigh seo i lár na naoú aoise déag tharla tubaist le soitheach pairifín a d'fhág roinnt daoine marbh agus roinnt eile dóite go dona. Cf. 'Uisce Beatha agus Branda', DSD, IT. 12/12/1979.

395 Tharlódh go dtagrann an t-ainm do chéad tarrú bóithre Chléire. "[A]s recently as 1962 the only tarred road on the island was the quarter-mile stretch between the north and the south harbours" NHC. Bhí an t-ainm seo leis ag BC, faisnéiseoir a chaith a shaol i Meiriceá, rud a chiallódh b'fhéidir go raibh "An Tarry Rock" i mbéal daoine mar ainm i bhfad roimh aon tarrú ar bhóithre Chléire. An bhféadfadh gur 'tarry rock', sé sin 'to stop and delay' a bhí i gceist san ainmniú?

396 Cf. An Conair Cn 1; SC 113.

397 i.e. Carraig mhór ag cúinne an bhóthair os cionn Inbhir. 'The Bollán' a bhíonn sa chaint áitiúil anois. Cf. 'The Bollán Road,' Nóta 392 supra.

398 Cf. Faill na Loinge (Dóite) MFC 137,

399 Bhí cónaí ar shagairt an oileáin ar an gComalán anuas go dtí 1840 nó mar sin [Cf. Gáirdín an tSagairt C 228]. Tógadh an Séipéal LM 219 sa bhliain 1839 agus tá Seaview Cottage luaite ar SO 1 (1840), a chiallódh go raibh Tigh an tSagairt i gCoinlín faoi'n dáta seo. "A substantial stone residence in the Townland of Keenleen, two chains east of South Harbour" a thug an RNB air sa bhliain 1898. Tigh dhá stór a bhí ann a sheas go 1953, nuair a tógadh an bungaló atá anois ann ar an láthair céanna. Pádraig T. Ó Drisceoil (i.e. PTD), siúinéir a chónaíonn i nGort na Lobhar a thóg an tigh nua.

---

Ba sa seantigh a cailleadh An tAth. Risteárd Ó hAllmhuráin sa bhliain 1918. Ar ócáid na sochraide deineadh é a chaoineadh ag geata Tigh an tSagairt. Do liosta de sagairt Chléire ó 1805 i leith Cf. 'Sagairt Chléire' CLOC.

400 Cf. Cnocán na Poláiseach BID 9 agus nóta 93 supra.

401 Tógadh an Scoil sa bhliain 1897.

402 Cf. 'Diarmuid agus Gráinne', Breandán Ó Buachalla, 'Phoenetic Texts From Oileán Cléire', Lochlann 2 (1962): 111-12.

403 Luaitear 'An Geata Bán' sa dán *The Glen Road* le JKC a cumadh uair éigin roimh imeacht do ón oileán i 1920 [Cf. Tigh John K. GO 56]. Cf. An Geata Dubh CC 43.

404 Cf. Ó Céadagáin, Coinlín BGC.

405 Chuir Bill Curtin (i.e. BC) in iúl gur mheas na sean daoine go raibh naomh tráth ann ar a dtugtaí Naomh Maoláin.

406 Tobar fíoruise atá ann ach tá fallaí cloiche an tobair briste anuas agus uisce an tobair salaithe ag ainmhithe.

407 Níl aon rian de chill le feiscint ar an mbaile seo.

408 Sé atá i gceist le *cloch* sa chiall seo ná gallán [Cf. Páirc na Cloiche PNSEC 8, Nóta 393 supra].

Thart ar 5 through ar airde a bhí Gallán Mhaoláin ag seasamh dó tráth i nGort Mhaoláin Cn 17. Tá sé anois saite sa chlaí theas sa ghort céanna ach é ina luí soir siar agus cúpla troigh de fhalla tógtha os a chionn [Cf. SAC].

409 Cf. An Chaológ C37.

410 Cf. (i) Nóta 418 infra; (ii) Ó Sé, Coinlín BGC.

411 Tá '**drom**' coitianta mar bhuneilimint i logainmneacha in Éirinn. Cf. (i) *Drom*, INP III, 524-525 agus INP III, 311-338; (ii) 'Baill choirp mar Logainmneacha', Art Ó Maolfabhail, Comhar, (Iúil 1985): 22. I gCo. Chorcaí tá 132 Baile Fearainn gurbé 'Drom' a bpríomh eilimint. Cf. (i) TDC 30-32; (ii) *Drom an Ghalláin*, 'Ridge of the Pillar- Stone' (SO 116, 117), JCHAS, 241 & 242 (1980): 112.

Tá '**drom**' ina phríomheilimint i gcás 9 logainm i gCléire agus faightear 'Dromán' faoi thrí. Tá 'drom' tugtha ar láthaireacha iascaigh chomh maith e.g. 'An Drom Istigh' atá 5 míle taobh theas de Chléire agus 'Drom Gabhair' atá sa Bhá Thuaidh (BT). Do choitiantacht an fhocail '**drom**' sa chaint i gCléire Cf. DSD, IT.13/6/1981.

Do choitiantacht an eilimint '**Druim**' i logainmneacha na hAlbain Cf. (i) W.F.H. Nicolaisen, Transactions of the Gaelic Society of Inverness, 45, 3. (1969) 120; (ii) 'Druim' (Lat. Dorsum), a back, a ridge. 'The word has many meanings, rather values', Cf. H. Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll, 1906, 15. (iii) *Druim*, 'a back', is used for smooth ridges, generally around 2,000 feet in height. It is sometimes applied to the end slope of ridges or mountains. Cf. Ian Matley, 'Perceptions of Mountain Environments as Reflected in the Names of Landforms in the Scottish Highlands, Norway and Romania', i Topothesia: Aistí in onóir T.S. Ó Máille, ar na gcur in eagar ag B.S. Mac Aodha, RTCOG, Gaillimh, 1982, 29. Cf. *Drom an Ghalláin* C 95.

- 412 Cf. Ba é Seosamh Ó Drisceoil a d'éag ins na seascaidí an t-Oide Scoile deireannach a raibh cónaí air i dTigh an Mháistir.
- 413 Aistríodh Oifig an Phoist ó Chrathach Thiar go Coinlín. Cf. Tigh Thomáis Shipsey Cti 46.
- 414 Cf. (i) 'Ascal Uí Chonaill' LM 252; (ii) Dreapa an tSéipéil LM 220.
- 415 Bhí Johanna, iníon le Tomás Shipsey pósta ag James Gafney, i.e. 1900 James Gafney-Johanna Shipsey CMR.
- 416 Cf. Leaca Loch an Lín C 160.
- 417 Cf. Garraí an Lín BIT 227, GO 57.
- 418 Is ar an gCoinlín a bhí fáil ar an gClann Uí Shé. Cf. Tigh Dhiarmaid Máire Cn 38. Bhí clann díobh leis i mBaile Iarthach Theas. Ar chlann Chonchúir Uí Shé agus Maireád de Búrca, Coinlín, bhí Pádraig, Diarmaid agus Mícheál a chaith a saol ar farraige. Captaen ba ea Pádraig ar longa móra de chuid Moor and McCormick Line a dhéanadh turasanna idir Bhostan, Éire agus Sasana. Cailleadh i dtimpist farraige é. Ba Chaptaein iad Diarmaid agus Mícheál leis ar bháid mhóra a bhíodh ag iascaireacht amach ó chósta Mheiriceá. Cf. Litreacha de chuid BC i gCartlann Láthair Oidhreachtá Chléire.
- 419 Tá an bóthar in aon líne amháin le Carraig Aonair agus bhí sé mar mharc talaimh ag iascairí Chléire.
- 420 Ag tagairt don radharc ón áit seo a bhí BC nuair a luaigh sé an t-ainm seo [Agallamh le BC, Lúnasa 1984]. Luaigh sé Cnoc an Phréacháin i Lios Ó Móine leis. 'Sé is dóichí gur 'Fraochán' vaccinium myrtillus a fhásann i gCléire is bonn don ainm [Cf. (i) 'Fraochán, -'the whortle-berry, bilberry, hurt, whort' FGD; 'wind berries' O'R.; 'Fraochán' DL 87-90. (ii) 'Sometimes, too, the name has, through an incorrect apprehension of its component parts, been incorrectly Englished, like 'Crow Hill' (Cnoc na bhFraochán), which should be 'Hurt Hill' if the bhFraochán had not been mistaken for bhPréachán' PND, xi. Cf. Ainm peileachán 'sea 'Fraochán' leis. [Cf. Coenonympha pamphilus, fraochán beag, small heath butterfly. Ainmneacha Plandaí agus Ainmhithe. 1978, 83.
- 421 Bhí Gort Camilum i mbéal PC, PÓL, DSD agus BC. Theip glan orthu aon tuairim a nochtadh faoi cad uaidh a ainmníodh.

### CNOCÁN NA mBÁIRNEACH (CB)

- 422 Ar taobh thoir Chléire agus ar an gcósta thuaidh atá Cnocán na mBáirneach suite. Thoir uaidh tá baile fearainn Ghort na Lobhar, thiar atá Lios Ó Móine, le Cill Leice Fórabháin ó dheas. San achar, tá 38 n-acra. 1 ceathrú, 15 péirse agus é roinnte i gceithre ghabháltas. Talamh torthúil sa chuid is mó a bhí ann riamh, bíodh go bhfuil alán de anois clúdaithe le raitheach, driseacha agus talamh portaigh. Lonnaithe ar an mbaile sa bhliain 1841, bhí 39 duine, le 29 ann i 1891 [Cf. Census of Ireland for the Year 1891]. Cúigear a bhí ann i 1991 [Cf. Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire. Lúnasa 1991]. Bhí an chlann Muirthile agus 'an chlann Bhuí' Ó Mathúna [Cf. 'Muintir Mhathúna' CFC 96-97] ina



gcónaí ar an mbaile tráth ach ní raibh éinne den dá shloinne sin ann le breis agus ceithre scór bliain. Drisceolach aonair agus clann den mhuintir Síocháin atá anois ann.

Is téarma an-raidhsiúil é **cnocán** i logainmníocht na hÉireann. Tá breis is trí scór ainmneacha bailte fearainn i gCo. Chorcaí a bhfuil **cnocán** mar phríomh eilimint iontu [Cf. TDC 47-48]. *Knockane*, *Knockaun*, *Knockeen*, nó *Knickeen* a tugtar ar chnocán de ghnáth sa Bhéarla [Cf. (i) INP 11, 381; (ii) IPN 57-58.]. 'Knuckauna'- an Béarla a úsáidtear i gcás Chnocán na mBáirneach agus Chnocán an Choimhthígh (CC), an dá bhaile fearainn i gCléire a bhfuil an téarma **cnocán** ina phríomh eilimint iontu.

Caithfidh gurbh é raidhsiúlacht báirnigh ar an gcuid seo de chósta Chléire ba chúis le Cnocán na mBáirneach a bhaisteadh air. Tá an Báirneach Patella vulgata (Limpet) ar an iasc sliogánach is fairsinge dá bhfuil ann. Clúdaítear carraigreacha leo ó lán mara go díthrá. Tá an sliogán ar déanamh 'hata Síneach' agus greim docht doscaoilte aige ar an gcarraig. Chun a ngreim a bhogadh de charraig, ní mór scian nó a leithéid a oibriú orthu.

Do chineálacha báirnigh agus a mbeatha, Cf. (i) 'An Báirneach', 'An Báirneach Iascáin', agus 'An Báirneach Mín', Séamas Mac an Iomaire, Cladaí Chonamara, 1985, 65-67; (ii) 'Báirneach Garbh', 'Báirneach Mín', 'Báirneach Iascáin', Seán Mac Giollarnáth, Cladach na Farraige, 1947, 29-31; (iii) 'Seanchas Iascaireachta agus Farraige', Seán Ó hEochaidh, Béal., 33 (1965): 82-83.

423 Cf. (i) Carraig Mharcais C 13; (ii) Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach BGC.

424 Is gnáth *lóch* a thabhairt ar 'seaweed' i gCléire, bíodh go bhfuil 'feamainn' leis sa chaint agus sa logainmníocht áitiúil. Cf. Boilg na Feamanai BT 70. Ciall 'stumpa' do 'feam' a bhí ag DSD [Cf. 'An Lóghach,' DSD, IT.18/7/1979].

Tá éagsúlacht lóigh ann. Tá mar shampla, an Lóch Dearg, an Lóch Dubh, Dulamán, Glas Láth, Diliosc agus Sleabhacán raidhsiúil i gCléire. Ar na cinn is mó toirte tá *Laminaria Digitala* nó Copóga, a bhfuil déanamh crainn air coitianta.

Faightear *Alaria Esculenta* agus *Himanthalis longata* (Sea - thongs) leis in áiteanna agus faid deich droigh geall leis iontu. Is isteach ar Thráigh Chiaráin, Trá Dhún Cléire, Cuas an Dúglais, Cuas an Bháid, Inbhear agus ar thránna eile an oileáin a bhailíonn i ndiaidh stoirme éagsúlacht fásanna mara Chléire [Cf. (i) J.P. Cullinane, 'List of marine algae new to Cape Clear Island,' CCBO Rept., 10, 33-35; (ii) J.P. Cullinane, 'Phycology of the South Coast of Ireland', Cork, 1973; (iii) 'A list of the marine algae of Cape Clear Island,' M. Parke, CCBO Rept., 9, 57-60; (iv) 'Seaweeds' NHC 183-185; (v) 'Fáiseanna Mara,' ADSD 100-1].

Do shain chur síos ar fháiseanna mara. Cf. (i) Séamas Mac an Iomaire, 'An Fheamainn,' Cladaí Chonamara, 1985, 205-68; (ii) Seán Mac Giollarnáth, 'Feamain Bhuilgíneach,' 7rl., Cladach na farraige, 1947, Caib.XI, 125-131. Ba le Corrán Cam a bhaintí an lóch [Cf. SC 91-2] a d'úsáidí mar leasú talún [Cf. PG 303]. (iii) An Corrán GO 5; Carraig an Chorráin GO 6.

425 Dheintí lín a chur ar maoth i bpoll ann tráth agus b'fhéidir gurb as an ngnó seo a ainmníodh.

426 Cuaisín ina mbíodh báid bheaga ar snámh ann i gcaitheamh an tsamhraidh tráth.

427 Is uaidh agus ó Charraig Liúir GO 7 i nGleann Oirtheach a deintear leithead Chléire a thomhas.

- 428 Tá an t-ainm Rónán luaite i nGeinealach Chorca Laoighdhe [Cf. Misc. 34, 36]. Cf. 'Rónán,' Donnchadh Ó Corráin / Fidelma Maguire. Gaelic Personal Names. Dublin, 1981, 157.
- 429 D'úsáidítí an biorrach-lachan, arundo phragmites i ndónadoireacht tí agus le haghaidh ciseáin den uile short do dhéanamh. Cf. (i) 'Biorrach-lachan,' a common reed grass; a marshy field O'R; (ii) Loch na Biorraí BT 18.
- 430 Cf. (i) Cuar CLF 34; GM 8; ADSD 58; (ii) 'Cuar,' curved, bent, slanted, sloped, looped FGB; (iii) Cuar an Chuasán, curved hollow of the recess Top. Hib. 1V, 1985, 20 TN.
- 431 Deartháireacha ba ea Tadhg agus Pádraig Ó Muirthile. Cf. (i) Tigh Phádraig Uí Mhuirthile CB 24; (ii) 1848 Timothy Hurley m. Catherine Driscoll CMR.
- 432 Níl ann anois ach cuid den seangharraí mar gabhann an 'Bóthar Nua' trín a lár. Cf. An Bóthar Nua CB 32.
- 433 Cf. SC 139.
- 434 Is i 1925 a tógadh an bóthar seo.
- 435 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.
- 436 'Seanstoc tíoraíochais san oileán', ba ea muintir Pheadair Uí Shíocháin [Cf. SC 1-2]. Tugann Conchúr (Con Pheadair) Ó Síocháin roinnt dá gheinealach ina shaothar liteartha 'Seanchas Chléire' [Cf. SC 1-2].
- Phós Conchúr Ó Síocháin, Máire Ní Mhuineacháin sa bhliain 1865. Mac leo Peadar a phós Cáit (Timsey) Ní Drisceoil. Ochtar clainne a bhí orthu; Conchúr, Tadhg, Cáit, Jack, Ciarán, Máire agus Jerry a phós Máire (Phol) Ní Drisceoil.
- Mac le Peadar ba ea Conchur Ó Síocháin, údar 'Seanchas Chléire' (1940). Cuireadh roinnt sleachtaí uaidh i gcló sa 'Lóchrann' i 1930-31;
- 'An t-Eiriciti', An Lóchrann, Feabhra 1930;
- 'Bean an Tórraimh', An Lóchrann, Márta 1930;
- 'Bhéarsa do Ghaisceannán' An Lóchrann, Lúnasa 1930;'
- 'Grádh!' An Lóchrann, Lúnasa 1930;
- 'Scéal fhear an donais' An Lóchrann, Feabhra 1930;
- 'Mar do chuaidh an Púca insa bhfarraige', An Lóchrann, Deireadh Fómhair 1930;
- 'An Bhó Fhuaduighthe', An Lóchrann, Feabhra 1931;
- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Meitheamh 1931;
- 'Ó Oileán Cléire'. An Lóchrann, Lúnasa 1931;
- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Deireadh Fómhair 1931.
- Do léarmheas ar an leabhar Seanchas Chléire le Conchúr Ó Síocháin, Cf. Seán Ó Súilleabháin, 'Na Criticí: Stairsheanchas Luachmhar', Feasta. (Eanáir, 1971): 23-24.
- Ar na sleachtaí a scríobh Cáit Ní Shíocháin don Lóchrann i 1931, tá;
- 'Litreacha Ó Chléire', An Lóchrann, Feabhra 1931;
- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Márta 1931;
- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Aibreán 1931;

- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Bealtaine 1931;
- 'Ó Chléire', An Lóchrann, Samhain 1931;
- 'An t-asal cliste', An tÉireannach, Nollaig 7, 1935.
- Cf. Seán Ó Súilleabhain, 'Na Criticí: Stairsheanchas Luachmhar'. Feasta, (Eanáir, 1971): 23-24.
- Bhí síbín ag Jerry nó Diarmaid Ó Síocháin i gCill Leice Fórabháin ar a dtugtaí 'The Rising Sun' CLF 20 [Cf. Nóta 366 supra]. Mac Dhiarmada ba ea Ciarán, nó 'Carey Jerry (1896-1969), bailitheoir béaloideas. Cf. 'Réamhrá' CFC 9-12. Iníon Dhiarmada ba ea Bríd Bean Mhic Coitir ('Bean na gCnoc') a bhfuil roinnt dánta scríte aici [Cf. Tigh Sheáin Mhic Coitir Cti 47].
- Cf. (i) Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach BGC; (ii) Ó Síocháin, Comalán BGC; (iii) Tigh Thaidhg Uí Shíocháin C 225.
- 437 Do chur síos ar an dtigh Cf. SC 2.
- 438 Tá Garraí na Ceártan eile i gCrathach Thoir Cto 4, ach gan aon rian de cheárta le feiscint ann.
- 439 Ba den Chlann Bhuí Mathúna Liam, mac Thaidhg Uí Mhathúna. Cf. (i) RBÉ 609:204; (ii) Cabhlach Thomáis Uí Mhathúna Ca 22; (iii) Nóta 323 supra.
- 440 Cf. (i) An Rae RBÉ 609:203, CFC 125; (ii) An Réidh Mhór LM 212; (iii) An Réidh BIT 187.
- 441 Mheas SS agus ED gur 'Sean Dia' a bhí i gceist. Agallamh, Lúnasa 1981.
- 442 Cf. Garraí Mhiocain GL 25.
- 443 Cf. (i) 'Ó Chléire', An Lóchrann, Aibreán 1931; (ii) 'An t-aon mhadra rua a bhí i gCléire riamh' CFC 58-60; (iii) 'An Sionnach,' Ailbhe Ó Monacháin, Ainmhithe Allta na hÉireann : Inné agus Inniu, 1967, 11-12.
- 444 Bhí dealramh ag Conchúr le duine den ainm Gaffney, a raibh cónaí air i gCoinlín [Cf. Páirc Gaffney Cn 31]. Mac le Donncha ('Gaffney') Ó Drisceoil ba ea Conchúirín nó 'Crúidín' [Cf. Tigh Mary F. CB 74]. Cf. (i) Ó Duinnín, Baile Iarthach Thuaidh BGC; (ii) Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 445 Cf. 'Muintir na Páirce Abhus' DSD, IT, 12/3/1980.
- 446 Áit riascach gan puinn tairbhe ann. Cf. 'Móin,' a mountain, an extensive common, a bog, moss, turf, peat O'R.
- 447 Maireann Aiteann Gaelach Ulex Galli go rábach in áiteanna scéirdiúla agus faightear an téarma 'áiteann' coitianta sa logainmníocht in Éirinn. Fásann sé go h-íseal ar leacacha os cionn na farraige ar fud an oileáin. Faoi bhláth geal buí is aoibhinn é i dteannta dathanna rua-chorcra na bhfraoch. Cf. (i) Aiteann, (Ulex europaeus, Gorse) agus Aiteann Gaelach (Ulex Gallii) DL-3-6, (ii) INP 14; (iii) Leaca an Aitinn C 30.
- 448 Ceann de sheanchoiréil an oileáin é. Cf. Coiréal C 147.
- 449 B'fhéidir gur 'Páirc Béal Trá' atá i gceist.
- 450 Cf. (i) Cabhlach Thomáis Uí Mhathúna Ca 22 (ii) Ceárta Liam 'ach Thaidhg CB 48.

451 Mac le Flor Éireamhóin agus Máirín Mhiocain ba ea Éireamhóin Ó Drisceoil a bhí pósta le Peig Ní Mhuirthile. Ceathrar clainne a bhí acu; Cáit, Seán, Máire (Babe) agus Pádraig.

Phós Seán [Cf. Tigh Sheáin Éireamhóin CB 72] Ellen Ní Drisceoil, i.e. Eibhlín Chonchúir Mhiocain, Gort na Lobhar [Cf. Tigh Mhike Mháire Mhiocain Óig GL 17], Éireamhóin [Cf. Tigh Hernie CB 72], Conchúr agus Síle a phós Tadhg Ó Síocháin [Cf. Tigh Thaidhg Uí Shíocháin C 225], Comalán an chlann a bhí orthu.

452 Bhí Donncha 'Gaffney' Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach [Cf. Tigh 'Mhíocháin' 'Rí' C 252], pósta le Máire iníon Flor Mhóir Uí Dhrisceoil, Comalán. Bhí cónaí orthu san áit ina bhfuil Mícheál C. Ó Drisceoil ar an gComalán [Cf. Tigh Chonchúirín 'Gaffney' CB 62]. Síle, Tomás, Conchúr agus Floirín an chlann a bhí orthu. Phós Floirín, Máire Ní Mhuirthile, Cnocán na mBáirneach agus bhí triúr clainne orthu; mac amháin Tomás, agus beirt iníon Máire nó Mary F, agus Nóra, a bhí pósta le Donncha Ó Drisceoil nó Dinny Con, Ardghort [Cf. Tigh Dhonncha Con A 118]. Cf. (i) Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach BGC; (ii) Ó Drisceoil, Ardghort BGC.

452 Chaith Jimmy cúig bliana is fiche ina fhear poist i gCléire. Cf. Seán Gilmartin, 'The Post Office On Cape Clear', Iris Oifig an Phoist, P agus T, 13 uimh. I (1982): 2.

#### CNOCÁN AN CHOIMHTHÍGH (CC).

454 Síneann Cnocán an Choimhthígh ón gCuan soir go teorainn Lios Ó Móine agus gabhann an bóthar mór soir trín a lár, suas an Leaca Mhór chomh fada le bun Chnoc an Phréacháin. Tá an talamh cuíosach maith leath's tuaidh den bhóthar ach is cnoc a formhór leath's teas. 62 acra, 33 péirse roinnte i dtrí ghabháltas atá in achar an bhaile fearainn. Tá daichead bliain ó chónaigh duine ar an mbaile. Luann Daonáireamh 1841, buanchónaí ar 36 duine ann, líon a thit go seisear faoi 1891. Cf. Census of Ireland for the year 1891.

455 Faightear an téarma leac an choitianta i logainmníocht na hÉireann. Le taobh, sleas, nó cliathán cnoic is mó a luaitear é. Ar na leaganacha a bhfuil fáil orthu i gCléire a fhréamhaíonn ó leac, tá leaca, lic, licín, leicín, leachtán, liochtán, agus, an leacan. Cf. Leaca - side of face, cheek FGB; Leaca - any flat sloping surface, brow or side of hill FGD. 'Leaca' and 'leacán' also signify the cheek and it may be that this is the sense in which they are applied to a hillside INP 1, 418. Cf. Na Lochtíní C 42.

456 Treibh de chuid Chorca Laidhe ba ea na Cobhthaigh a shíolraigh ó Lughaidh Mac Con, Ard Rí Éireann, 225 AD [Cf. Misc., 4, 9]. Bhí na Cobhthaigh lonnaithe ar chósta Chorcaí gar do Chlanna Caoillte mar a raibh caisleáin acu ag Dún Uabhair, Dúnín, Dún Déide, Dún Uí Chobhthaigh, Dún Eoin, Dún Uí Mhuirthile agus Dún Guairle [Cf. James N. Healy, The Castles of County Cork, 1988, 249, 253, 256, 258, 260]. Is ar leárscáil SQ 144 a gheibhtear suíomh na gcaisleán thuasluaite.

457 Tá rian an dreapa seo le feiscint go hard sa chlaí ar chliathán an bhóthair agus cúpla troigh airde falla os a chionn mar a cuireadh clocha ó 'Chabhloch Dhonncha Uí Mhathúna'. Lena chois sin chuir

---

tógáil 'Bhóthar an tSéipéil' le hairde an dreapaigh sa chlaif teorainn, rud a d'fhág deich droigh os cionn leibhéal an bhóthair inniu é.

458 Baineadh anuas an cabhlach agus cuireadh a chuid cloch ag tógáil na gclathacha atá timpeall ar Gharraí Dhonncha Uí Mhathúna.

459 Cf. (i) 'Cosán Contúirteach', DSD, IT. 13/4/1983 ; (ii) Páirc an Dreapaigh C 247.

460 Fuair Seán Rua bás i 1931 in aois a seachtó bliain. Bhí leasdeartháireacha aige i Meiriceá DSD. Thugtaí Liam Rua leis ar Liam na Struma. Riagánaigh ba ea muintir na Struma.

461 Leagadh an tigh agus cuireadh clocha uaidh ag tógáil 'An Grotto' BIT 284 sa Chuan.

462 Cf. Carraig Sheáin Spáinne C 156.

463 Ba de bhunaibh Phort Láirge Faolánaigh Chléire dar le DSD.

464 Cf. An Bhinn LM 144.

465 Mionnán = gabhar óg. Cf. Nóta 210supra. Is ionann 'cailleach' agus bean feasa. B'fhéidir go dtagann an t-ainm ón déanamh atá air DSD.

466 Cf. Rinn Áit na gCaorach BIT 125.

467 Cf. Dreapa an Phúca C 81.

468 Do liosta logainmneacha ina bhfaightear na heilimintí 'Poll' agus 'Púca' iontu: Cf. 'An Púca i Logainmneacha', P.Ó Cearbhaill, Ainm II (1987): 99-100.

469 i.e. An gleann atá idir theorann Chnocán an Choimhthígh-Coinlín ar an taobh thoir agus Baile Iarthach Thuaidh-Baile Iarthach Theas ar an taobh thiar. Thart ar cheathrú míle slí atá sa Chumar. Cf. An Comar BIT 83.

470 B'fhéidir gur Cuas na bhFiaigh atá san ainm. Tá an Fiach, *Corvus corax* agus *Corvus corone* coitianta i gCléire. Cf. Raven *Corvus Corax* Linnaeus NHC 87-88; 'Raven, Carrion, Hooded Crow, *Corvus Corone*', Robert F. Ruttledge, A List of the Birds of Ireland. 1975, 93.

471 Tharlódh gur trúailiú ar an bhfocal 'baitín' atá sa téarma 'baithín' agus a chiallaíonn stick-fighter, bully-boy'. Cf. 'Baitín', FGB.

An bhféadfadh gur 'Béitín' a chiallódh gur tagairt do 'burned grass or surface soil' nó 'grass withered by frost' atá san ainm?. Cf. 'Béitín', FGD. Tá 'Béitín' leis ag FGB agus an bhrí 'Top-burnt soil' leis.

Ciallaíonn 'Beat' an Bhéarla 'The rough sod of moorland, or of matted growth of fallow land which is sliced off and burned before ploughing the land. Cf. 'Beat' Shorter OED. 'beat' (1534) to slice off the rough sod from uncultivated or fallow ground OED.

Cf. 'Béitín\béitine', Máire Ní Mhaoláin, 'Roinnt Focail Iasachta Sa Nua-Ghaeilge', Éigse XXI (1986): 159-60. B'fhéidir gur 'Cnoc an Mhaithín' a bhí i gceist ag an bhfaisnéiseoir PC. Cf. Béal Tí Maithín CC 42.

472 Bhí an t-ainm seo ag CC chomh maith, ach níor nochtadh aon tuairim faoi cad uaidh a ainmníodh, munar 'baitín' atá mar bhrí le 'maithín'. Cf. 'Maitín', a little stick FGD.

473 Is ar chliathán an bhóthair ag bun Chnoc an Phréacháin atá An Geata Dubh. Ritheann casáin cnoic siar uaidh i dtreo an Chomair agus ó dheas i dtreo an Ghleanna. Dhéanfadh an coisí a shlí gan dua ón nGeata Dubh go dtí An Geata Bán i gCoinlín Cn. 15.

474 An Tiarna Talún Sir William Wrixon Beecher a chuir an Ché seo dá tógáil c.1835 agus ba é a sheas gach costas a bhain léi. Ní ar mhaithe le leas do dhéanamh d'oileánaigh a spreagadh chun díograis é, áfach, ach ar mhaithe le háis a sholáthar do féin agus dá chlann. Deineadh cóiriú agus daingniú ar fhallaí agus ar bhainceanna Cé Sheáin Rua 1988.

475 Tógadh an foirgneamh cloiche seo mar stór ag tosach na haoise seo. Cheannaigh Comharchumann Chléire Teo. an Stór i 1977 agus athchóiríodh a uachtar mar thigh tábhairne, 'Club Chléire' agus a íochtar mar bhialann, 'Cistin Chiaráin'.

476 Sealla nó bothán adhmaid a tógadh i 1966 mar shiopa cuimhneacháin a dhíol. Cf. 'Inné', Nuacht Litir Chléire, (1966): 5.

### COMALÁN (C)

477 Ar an taobh thoir de Chléire atá baile fearainn an Chomaláin suite. Tá méid 141 acra, 2 ceathrú, 5 péirse ann. Chonaigh 104 duine ann sa bhliain 1841 [Census of Ireland for the year 1841]. I 1991 ní raibh buanchónaí ar an mbaile fearainn ach ar fiche duine [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991]. Cf. An Com 31.

478 Thart ar 400' os cionn farraige atá an enoc.

479 Tharlódh gur 'dearc talún' a chiallaíonn pluais nó poll a bheadh tochailte atá i gceist san ainm. Cf. (i) 'Dearc talún, a pit or cave' FGD: 'Dearc', a hole, cave O'R; (ii) 'Cuas Dearcaigh, cuas of the cave place' Dinn. VI, I (1974): 23; (iii) 'Dearc', INP 1, 437.

Nochtann Riobárd P. Breatnach an tuairim go mb'fhéidir gur truailliú ar 'Ua Duirc', Duirc an ainm. Cf. MFC 135.

480 Cf. 'Droichead in Áitainmneacha', T.S. Ó Máille, Galvja, X (1965): 46-60.

481 Tá Poll an Phúca eile i mbaile fearainn Cnocán an Choimhthígh CC 32. Eilimintí coitianta in áitainmneacha na hÉireann is ea 'Poll' agus 'Púca'. Cf. 'An Púca i Logainmneacha', P.Ó Cearbhaill, Ainm II (1987): 96-113.

482 Nuair nach raibh cur amach ag iascairí an oileáin ar na bainceanna móra spiléireachta amuigh sa bhfarraige doimhin. b'í 'an mhig' [Mig, Midh-] áit áirithe sa bhfarraige go mbíonn doighiúltacht ar iasc d'fháil'. Cf. (i) An Lóchrann, D. Fómh., (1930): 6; (ii) 'An Mhig', CÓS RBÉ 742: 322-324; (iii) 'Meá / Meadh / Midh / Meath' Éigse, XXI (1986): 160.] an talamh iascaigh a bhí acu. Bhí a ainm féin ar gach mhig díobh [e.g. Mig Fhail Ní Chathail GO 4, Cti 5; Mig Inbhir GI 37].

483 Ní gnáthach don Seaga Phalacrocorax Carbo (Linnaeus) neadú ar an oileán ach bíonn fáil orthu i gceantar Pholl an Duirc agus Oileán Éinne BT 1 mar a bhfuil Carraig na Seagaí BT 2. Bíonn an líon is mó díobh le feiscint i mí Lúnasa. Cf. (i) Léarscáil Dáiltha Seagaí NHC 47; (ii) 'Seaga Phalacrocorax Aristotelis' GBI 40, LBI 10.

484 Ní ró mhinic a fheictear Fiolar i gCléire ach tagann siad ann áfach, ó am go chéile. Chonaic Lucht Faire Éan cúig cinn de fhiolair gar do Phointe an Bhulláin BID 112 i 1965. Measadh gurb

"White-Tailed Eagles", *H. albicilla*, a bhí iontu [Cf. CCBO. Rep. 7 (1965): 16]. Tá an 'Golden Eagle *A. chrysaetos*' feicthe i gCléire leis [NHC 53].

Do sheanchas an Iolair Cf. 'An t-Iolar'. Seán Ó Heochaidh, 'Seanchas Eanlaithe Iar Uladh', Béal. XXXVI-XXXVIII (1969-1970): 246-253. 'Éanlaithe Tíre', *ibid.* 318-337.

485 Cf. Garraí Mharcais C 70. Bhíodh a bheart lóigh dheirg féin ag cách agus meas dá réir air. Ba ag báille an tiarna tailimh a bhíodh an t-ionad ab fhearr. Cf. ADSD 71.

Is le Scamhadóir nó Corrán Cam a deintí an lóch a bhaint chun na garraithe a leasú. [Cf. (i) SC 18, 90-91, PG 303, Lewis I, 249; (ii) An Corrán GO 5; (iii) Carraig an Chorráin GO 6.]

486 'Chomh fada agus a chím féin ba rinn gach gob agus pointe agus ceann talaimh anseo in ár gcomharsanacht féin agus sí mo thuairim láidir go raibh sé sin fíor do Éirinn go léir. Sea, tá fhios agam go bhfaighfear gob fánach thall agus abhus ach 'dén éifeacht é sin. Ní h-amháin ar na gobanna móra tábhachtacha a glaoití rinn ach ar ghobanna beaga talaimh ná tabharfaí fé ndeara ó loing ná ó bhád agus dá dtugtaí féin ní bheidís mór le rá' DSD, IT.18/2/1981.

487 Cf. DSD, IT.10/10/1979. Chuir an 'Island and Coast Society' misean ar bun i gCléire agus faoin mbliain 1850 tuairiscítear go raibh 100 duine de phobal an oileáin taréis iompú ina bProtastúnaigh. [Cf. Yearly Statement of Missionary Progress of the Islands and Coast Society 1850 Dublin. Goodwin and Nethercott (1850): 10-11.]

Bhí Tóibínigh leis i gCill Leice Fórabháin. Cf. (i) Tigh Sheáin Tóibín CLF 39; (ii) Garraí an Tóibín CLF 38.

488 Cleachtaíonn an Rón *Halichoerus grypus*, nó an Grey Seal uiscí Chléire, go háirithe ó Iúil go Deireadh Fomhair. Níl an Common Seal phoca *vitulina* chomh raidhsiúil i gCléire is atá i Rinn Chúil Uisce sa Bhá Thuaidh (BT). Cf. (i) NHC 154; (ii) Sharrock, J.T.R. 'Mammals at Cape Clear Island in 1968', CCBO Rep., 11 (1969): 24-25; (iii) Jackson, R.D. 'Mammals at Cape Clear in 1969', CCBO Rep., 11 (1971): 30-31; (iv) 'An Rón', ADSD 131-132.

489 Cf. (i) 'Screathan', "Scree Place", Dinn., V, 2 (1972): 33; (ii) 'Screathan Caoch - "disused stony slope". The peat surface has been removed and barren clay remains' JCHAS. LXXXV, 241 & 242 (1980): 123; (iii) Ainm baile fearainn i bPortláirge 'sea "Scrahans", 'land of briars and rocks' PND 42.

490 'Ba é an "futhar" cnoc nó cuid de chnoc. Chiallódh sé fiantas agus garbhaíocht ná beadh puinn gabháil daoine ann. Ní raghadh aoinne go deo ar an bhfuthar mar a raghadh sé ar an gcnoc. Do raghadh sé "sa bhfuthar" nó "fén bhfuthar" nó "fés na fuithreacha" - "siar fés na fuithreacha" nó "ó dheas fés na fuithreacha" agus mar sin de. Bhídís uatha nó iolra is "iontu" nó "futhu" a raghfaí [Athrú ar ainmneacha' ADSD 145-146]. Cf. (i) Foithir "grass land sloping to the edge of a cliff" Dinn., VI, 4 (1977): 128; (ii) Foithir na Cibe - foithir "shelter or shrubbery", Dinn., V, 3 (1973): 90; (iii) I nGaeilge na hAlban ciallaíonn 'futhar' - 'slope' [Cf. Nicolaisen, Scottish Place Names, 1976, 55] agus ciallaíonn 'Fothar', (Forest). [Cf. Scottish Place-Names, W. C. Mackenzie, London, 1931, 170, 178-180.]. 'Slope' síos chun na farraige is gnáth ciall le 'futhar' i gCorca Dhuibhne agus i gCorcaigh. [Cf. (i) 'Fothair, leaca ard os cionn faille, nó leathardán tíre, i.e. terrace'. An Fhothair

Bheag TCCD I (1938): 41-42; 'Na Fothracha, i.e. leath-ardán nó terraces atá san ainm. Leath-ardán ó chnoc go farraige ar an áit go léir' TCCD I (1938) 35. 'Fothair, grua cnoic os cionn faille, nó leath-ardán' TCCD II (1938), 130. (ii) 'Foithir Chaol' - narrow foithir, i.e. grassland sloping to the edge of a cliff' JCHAS. LXXXV, 241 & 242 (1980): 114;

Is ó 'Foithir Chaol' a ainmníodh an baile fearainn Furkeal (SO 104) atá in aice le Beantraí, Co. Chorcaí. [Cf. 'Furkeal', TDC]. Tá baile fearainn ar Oileán Bhéara (SO 127) ar a dtugtar Fuhur. Cf. 'Fuhur' TDC 34.

491 Ciallaíonn 'Ógh', an té nó an rud atá gan smál, gan locht. Tharlódh gur rinn talaimh í atá slán, dosháraithe, nó go bhfuil cruinneas nó foirfeacht ina cruth atá i gceist. An amhlaidh gur tagairt do bhan-naomh a d'áithrigh an ball seo atá san ainm ?

Cf. (i) Faightear an áitainm Killoveenoge i bParóiste Mhuintir Bháire agus i bParóiste Dhrom Dá Liag agus i bParóiste Chill Mac Cába, Co. Chorcaí; (ii) Killveenoge, Cill Óighe Mhineóg. Cf. PNCW 59; (iii) 'Some West Cork Place Names', JMB 99; (iv) Tá an tainm "Pointe hÓgh" le fáil in Inis Fada. Cf. BIF.

492 Bhuail An Gorta Cléire 1846-47. Cf. (i) 'Cape Clear, A Retrospect', Rev. Charles Davis. The Month. XXIV (Sept. Dec. 1881): 476-488; (ii) "The whole face of the country was changed from the 'Giants Causeway' to Cape Clear, from Limerick to Dublin, not a green field is to be seen". The Times. June 29. 1846; (iii) Litir ó Father Thomas Fenton, R.C. Administrator of Cape Clear chuig Eagarthóir an Southern Reporter. Jan 12, 1847 ag cur síos ar droch bhail an phobail i gCléire agus in Inis Earcáin; (iv) Lms. 7664-8. Minute Books of the Island and Coast Society 1846-93. Old Manuscripts Dept. Trinity College Library, Dublin, Oct. 1846; (v) Yearly Statement of Missionary Progress of the Island and Coast Society 1846. (Dublin: Goodwin & Son 1847) Appendix Lch. XLVIII; (vi) Páirc an Ghorta LM 203.

493 D'úsáití aiteann mar bhia do chapaill agus asail. Cf. (i) 'Furze as a horse feed, Furze as a cattle feed, Furze for bedding for animals, Furze for hedges, Furze for domestic fuel'. RBÉ 1813: 6-28; (ii) 'Furze', A.T. Lucas, Béal. XXVI (1958); (iii) DSD, IT. 24/11/1982 agus IT. 21/3/1988; (iv) Aiteann DL 3-6.

494 Focal coitianta i logainmníocht 'sea 'Beilic'. Cf. Innéacs, Top. Hib. IV (1985): 88. I gCléire féin tá Béilic an Chláir CB 73, Béilic an Chómhra LM 256, Béilic na Malann A 79, Béilic na Leacan C 145.

495 Tá thart ar 26 baile fearainn in Éirinn a bhfuil leagan éigin den téarma 'Caológ' iontu. 'Keeloges' [Cf. (i) Kealoge (SO 114/14) TDC; (ii) Townland Index 1851] nó 'Coulagh' nó 'Coolock' féin, mar atá i mBaile Atha Cliath is gnáth Béarlú ar an téarma.

Téarma talamhaíochta atá sa bhfocal 'caológ' nó 'caolfhód'. Cf. (i) 'Caológ, Caolfhód' = (First) strip in ploughing: central strip of potatoe-ridge.- FGB; (ii) 'Caológ', narrow strip of land. Keeloge, Keeloges PNCW 497; (iii) 'Caol-fhód' - the narrow sod turned up by the plough to clear the furrow'. 'Ní hoireamh go caol-fhód; the ploughman's test is the caolfhód' FGD; (iv) 'Caolfhód'-Iomaire caol



le claí (áit nach mbeadh leithead lán iomaire) LEFR 36.; (v) Keiloge, Caol Fhód- "Narrow Land (lit. 'sod')", PND 218-9; (vi) 'An Caolfhód Cam', DSD, IT 2/5/1979.

496 Bhíodh éadaí na n-iascairí déanta de Bheafití. Cf. (i) SC 37; (ii) RBÉ 1320:423; (iii) . MFC 153; (iv) OED, sv. Baft..8.

497 Lochtán (liochtán) nó Leachtán: Is mar a chéile iad. Leac a bheadh ag gobadh amach in áit nó leac a dhéanfadh ardán in áit ar bith. 'Cairn cloch clúdaithe le drisleacha' [Cf. DCC 69]. Cf. An Leaca Mhóir CC I.

498 Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.

499 Cf. Ó Céadagáin, Comalán BGC.

500 Cf. DSD, IT 12/3/1980. Drisceolach ba ea an piolóite a thionlaigh loingear na Spáinne go Cuan Chionn tSáile sa bhliain 1601. Is dá bharr san a fuair clann de Drisceolaigh Chléire 'giolla' mar fhorshloinne.

501 Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.

502 Éan sciamhach, dea-dhéanta, maorga 'sea an chuach. Dornán beag díobh a neadaíonn i gCléire, ach tuairiscíonn Lucht Faire Éan scuainí díobh ag eitilt thar farraigí Chléire ó am go chéile.

Cf. (i) NHC 81; (ii) 'Éanacha Dúchasacha' - "An Chuach", S. Mac Cnáimhín, Cá nDéanfadh mo nead?, op. cit., 67-82; (iii) 'Cuach', GBI 115; (iv) Faille Chua Ca 59; (v) 'Cuckoo' LBI 83-4.

503 Cf. Nóta 391 supra.

504 Cf. Carraig Mharcais C 13.

505 Ba é an díon scolb an díon ba shlachtmhaire agus ba bhuaine. Tuí, luachair nó biríneach a d'úsáití i ndíonú tithe i gCléire. Deintí an tuí ar an díon scolb a ghreamú le scolb a bheadh folaithe istigh fén dtuí féin. Díon 'scolb-istigh' a tugtaí ar a leithéidí. Cf. (i) 'Díonú an Tí', S. Ó Dúbhda, 'Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta', Béal., 13 (1943): 38; (ii) 'An Díon', CFC 110-111.

[Cf. Lewis 1, 250]; (iii) Biríneach - place of "bireens" or little spikes (*Juncus Maritimus*) frequent in salt marshes, in td. of Trafrask (SO 116, 117), JCHAS, LXXXV, 241 & 242 (1980): 123.

506 Tá an Spideog *Erithacus rubecula* (linnaeus) an flúirseach i gCléire agus bíonn fáil uirthi ó cheann ceann na bliana. Tá barr níos léithe ar spideog Chléire ná mar atá ar spideoga na mór-thíre [Cf. H.M. Dobinson, 'The Cape Clear Robin', CCBO Rep. (1979): 79; 'Robin', LBI 105. Tá nádúrach agus ceannsacht sa spideog nach bhfuil in éin eile [Cf. 'Spideog' DCC 72]. Tá go leor seanchais agus béaloidis faoi'n spideog ann [Cf. 'An Spideog', Seán Ó Heochaidh, 'Seanchas Éanlaithe Iar -Uladh', Béal., XXXVI-XXXVIII (1969-1970): 283-286].

Cf. (i) NHC 99; (ii) CCBO Rep., (1979): 14; (iii) Léarscáil Dáiltha Spideog NHC 91.

507 Deintí an tuí a fhuar ar dhíon tí le scolb agus le sínteoirí nó le snáithid agus le téad fionnán. Cf. (i) 'An Díon', CFC 110-111; (ii) 'Saghasanna Féir': Míneach, glóras, fionnán 7rl. Cf. 'Téarmaí Agus Seanchas Feirmeoireachta' Béal., 14 (1944): 18 & 39; (iv) 'An Teach agus a Ghnótha', (An Tuigheadóir), T. Ó Máille, An Béal Beo, 1936, 152; (v) 'Staple Thatch', R.H. Buchanan, Ulster Folklife, 3. (1957), 19-28; (vi) 'The Thatcher'. K. Danaher, Biatas, (June 1964): 151-156; (vii) 'The Questionnaire System; Roofs and Thatching', Béal., 15 (1945): 203-217.

- 508 Tá farasbarr den achar a bhí faoi Loch an Chomaláin tráth anois faoi fhásra. Ní hionadh mar sin gur minicí anois An Port á thabhairt air ná An Loch.
- 509 Cf. Liosta logainmneacha ina bhfaightear 'Púca'. 'An Púca i logainmneacha', P. Ó Cearbhaill, Ainm, II (1987): 97-105. Tharlódh gur fhréamhaigh 'Púca' ón Méan-Bhéarla 'puke, pouke' (Mid. Eng. Dict. 488). Tá 'Púca' na Gaeilge gaolmhar leis an bhfocal Breatnaise 'pwca'. Cf. 'The Supernatural in Welsh Place-Names', Melville Richards, Studies in Folk Life (1969): 311-312. (iv) Tá 'puki' sa tSean-Ioruais. Cf. J. Pokorny, Indogermanisches Etymologisches Wortebuch I (1959): 100.
- 510 Baisteadh Denis, mac le Florence Driscole agus Mary Cronacane, Cummer, 13/10/1845 CRB. Ba iad Drisceolaigh an Chumair 'Na Crónachánaigh'. Cf. Faille Dhiarmada Uí Chrónacháin BID 119.
- 511 Cf. Garraí Sheáin an Ghiolla C 59. Mac le Tomás Ó Drisceoil ba ea Batt nó Párlán. Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 512 i.e. Pádraig Ó Drisceoil (72, iascaire), Comalán RBÉ 558:573.
- 513 Cf. Nóta 411 supra.
- 514 'Sé is dóichí gur téarma é 'moirtéal' a bhaineann leis an ábhar a deintí a thocailt as an Coiréal C 147 atá gar don ghort seo.
- 515 Is ó Inis Earcáin a tháinig Muintir Gosnell go Cléire. Luaitear Léan Gós i RBÉ S 295:18 agus Helena Gosnell, 1888 i CRB.
- 516 Is i seilbh DSD a bhí an tigh i ndiaidh Chiaráin. Tá sé anois ag an chéad ghlún eile den mhuintir sin.
- 517 Cf. Nóta 31 supra.
- 518 'Tomhaistí talamh ina théadaibh. Ba chomh-mhar a chéile daichead téad agus acra. Ní luaité téada cearnacha, nó an focal pér domhain é. Timpeall dhá thruslóg deag ab ea fad téide. Is le na truslóga a deintí an tomhas úd' ADSD 163. Sé atá i gceathrú ná an ceathrú cuid de acra.
- 519 Cf. Ó Drisceoil, Comalán agus Ó Drisceoil, Ceathrúna BGC.
- 520 Is ar an taobh ó dheas de Chléire is mó atá fáil ar na Colúir. Cf. (i) Cuas na gColúr BIT 25; (ii) NHC 79-80.
- 'The game are rabbits, pigeons, snipe, green and grey plover, wild ducks, a very few partridge, and a great number and variety of sea birds' [Cf. The Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1844, 303].
- 521 'Tá rinn talaimh ag gobadh amach sa bhfarraige anseo agus cuma caincín nó sróna a bheadh ag iarradh béil a phógadh uirthi' DSD. Cf. 'Geancach' - rud 'claon casta', srón a bheadh casta suas LFR 103. Sé a bhíonn i gceist de ghnáth le **tóin** i logainmneacha ná an chuid is faide siar de rud. Cf. (i) 'Tóin' LFR 232; (ii) 'Tóin', Baill Choirp mar Logainmneacha, Art Ó Maolfhabhail, Ainm III (1988): 24. Tá ar a laghad sé logainm i gCléire gurbé '**Tón**' a bpríomh eilimint. Cf. Innéacs.
- 522 Ar an Down Survey Terrier (i.e. DST) a ghabhann leis an DSM luaitear Hugh Mc Erwan Driscoll agus Fynine oge na parke Driscoll mar úinéirí talaimh in 'Ardghort & Parke'. Ar léarscáil an DSM tá láithriú déanta ar 'Parke' i mBaile Fearainn Coinlín an lae inniu in áit talamh na Páirce atá ar an gComalán. Tá sliocht Mhuintir na Páirce fós ar an gComalán. Cf. (i) Garraí Mháire Léith C

- 179; Cabhlach Mhíchíl na Páirce C 135; Tigh Sheáin na Páirce C 136; (ii) 'Muintir na Páirce abhus', DSD, IT. 12/3/1980; (iii) Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 523 Aon áit a luaitear *Pointe* le gob nó rinn talun i gCléire, is deimhin, dar le DSD gur ainm nua í agus go raibh an scoláireacht ag cur isteach ar a bhaiste. Cf. 'Rinn', DSD, IT. 18/2/1981.
- 524 Ciallaíonn 'Scol', tionól [Cf. FGD], nó Scairt [Cf. FGB]. Is sa bhfómhar is mó a fheictear na Cáig *Corvus Monedula* Linnaeus. Tá suas le 330 díobh comhraithe ar laethanta i mí Dheireadh Fómhair. Cf. (i) NHC 88; CCBO Rep. 15 (1978), 20; (ii) 'Cáig, Jackdaw, *Corvus Monedula*' GBI 152, LBI 93; (iii) 'Cosán Mara', DSD, IT. 26/10/1983. Le cúpla bliain anuas tá an-tóir ag na Cáig ar an mball seo mar is le cois na h-áite atá brúscar an oileáin á shéideadh
- 525 Tá Leaca na mBráthar láimh le Cuas an Dúglais dhá mhíle slí farraige ó Thrá na mBráthar in Inis Earcáin. Bhí mainistir de chuid na bProinsiasánach in Inis Earcáin agus tharlódh gur tagairt an ainm seo do Bhráthaire an Oird sin. Cf. (i) Sherkin Abbey, JCHAS. IIIa (1894): 243, XI (1905): 65-66, XVIII (1912): 6-14; (ii) Sk. 35-36; (iii) 'Cailís Chléire', ADSD 14-15; (iv) Cf. An Leaca Mhóir.
- 526 Luaitear an t-ainm faoi dhó i BCC ach níor chuala DSD aon trácht thar an ainm.
- 527 Tharlódh go mbíodh carn aoiligh anseo ó chróitíní na n-ainmithe. Cf. (i) 'Anois teacht an earraigh', DSD, IT. 17/2/1982; (ii) Gort na Lobhar GL.
- 528 Cf. Garraí Dhiarmaid na Páirce C 120.
- 529 'Saoi fealsúnachta a chine' agus 'ardfhear scléipe, scéalta agus seanchais' ba ea Seán D. Cf. Feartlaoi ó Chléire le Donncha Shéamais Ó Drisceoil, DSD, IT. 8/11/1978.
- 530 Bhí mórchuid de thalamh an oileáin ina phort agus b'éigin é a thaoscadh. B'iad an dá mhór-scéim draenála ná Draenáil Dhiarmada Bháin C 138 agus Draenáil Dhiarmada Mhór C 269 a deineadh i ndiaidh roinnt thalamh Chléire i ngabháltais sa bhliain 1833. [Cf. 'Diarmaid agus Diarmaid Eile', DSD, IT. 16/4/1980].
- 531 Tá an bóthar os comhair Tigh Sheáin D.Uí Dhrisceoil C 137 agus geata Thigh Mhíchíl Uí Chéadagáin, i.e. Tigh Michael John C 173, tógtha ar chuid de láthair na seanchille. Meastar gur ó uaigeanna na Cille iad na leachacha atá le feiscint ag an ngeata seo. Cf. Nóta 169 supra.
- 532 Is de shliocht Mhuintir na Páirce Jerry Sheáin Ó Drisceoil, i.e. JSD. Cf. Nóta 522 supra.
- 533 Ceárdaí agus scéalaí ba ea Seán P. Ó Drisceoil nó Johnny Phaddy mar a b'fhearr aithne air. Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 534 Scoláire Gaeilge, fealsamh, file agus fear fáilteach mórchroíoch ar foilsíodh sleachtaí uaidh i gcolún 'Turascáil' an *Irish Times* in sna seachtóidí agus sna hochtóidí. Tá roinnt des na sleachtaí seo curtha i bhfoirm leabhair 'Aistí Ó Chléire. Tomás De Bháldraithe a chuir in eagar, 1987. Cf. (i) 'Donncha Shéamais Ó Drisceoil, Oileán Chléire', M.L., Cork Examiner, Sept. 18, 1984; (ii) 'Donncha Shéamais Ó Drisceoil - Oileánach nach raibh oileánda' Máirín Lankford. Feasta, XXXVII, uimh.II (Samhain, 1984): 23-25; (iii) 'Donncha Shéamais Ó Drisceoil - Birín Beo', Máirín Lankford, Cork Holly Bough, Christmas, (1984): 18 & 31; (iv) Ó Drisceoil, Comalán BGC; (v) 'Scarúint na gCarad, Sean-Chara, Saoi, Ollamh', Tuarascáil, IT, 26/9/1984.
- 535 Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.

- 536 Ceardaí agus sárscéaláí ba ea Donncha Ó Céadagáin. Cf. Ó Céadagáin, Comalán BGC.
- 537 Cf. (i) Béil-na-Leacan DSD, IT, 26/10/1983; (ii) Garraí na mBéiliceach C 33.
- 538 Cf. Nóta 3 supra.
- 539 'Abraim Cuas-a-Dubhglais áit ina dtagadh báid riamh anall chun earra agus éisc do chur ar dtír ann. Ní cuan é, ole ná maith, ach go raibh colbha maith ann go bhféadfadh bád luí leis. An bád a fhágfaí ar snámh níorbh fholáir í a heisteadh ón dá thaoibh. Níl sé puinn in usáid anois bíodh gur feabhsaíodh go mór an áit ó bhíomar-na óg' DSD, IT, 14/10/1981.
- 540 Cf. 'Inshore Fish at Cape Clear', J.P.F. Wilson and C. Rhind, CCBO Rep., 18 (1983-1984): 69-73.
- 541 Macraeilí, scadáin, colmóirí, pollóga, deargáin, ballaigh, gabhair agus langaí is mó a shanntaigh iascairí Chléire. Bhí éileamh ar eascúin, truisic is cadóga leis. [Cf. 'Díol Éisc De Réir a 'Choimhrimh'. 'Béaloideas Ó Chléire II', Béal., XI, I-II (1941): 37-38]. Le hagamh cuntaisí ar chúrsaí éisc agus iascaireachta i gCléire. Cf. (i) 'Cúrsaí Éisc', DSD, IT, 2/7/1980; (ii) 'Saibhreas an Ghrinnil', DSD, IT, 29/8/1974; (iii) NHC 25-27.
- 542 Báille an tiarna talaimh ba ea an Spáinneach Mór, Séamus O Cochláin. Baisteadh 'An Spáinneach' air toisc gurb ón Spanish Cove láimh le Cruachán do. Ba shin sin seanathair Dhonncha Shéamais Uí Dhrisceoil é. Cf. 'Gaul Phréacháin le Poll' DSD, IT 16/6/1982. Tharlódh gur anseo timpeall ar 'Bhoilgín na Spáinneach' a bhí cearta lóigh a bhaint ag Séamus O Cochláin, 'An Spáinneach Mór'.
- 543 Cf. (i) An Bollán Cn 7; (ii) 'Bullaun is Ainmneacha Gaolmhara', T.S. Ó Máille, Galvia, VI (1959): 50-59.
- 544 Cf. DSD, IT, 28/10/1981. 'Ní théimíd feasta ar Chnoc Rinn Guaile. Ní théimíd ach 'soir ar an gcnoc'. In ár gcaint d'fhéadfadh aon chnoc eile do bheidh ann seachas Cnoc Rinn Guaile. De réir aoise na ndaoine ar an mbaile beidh 'Rinn Guaile' cailte ar chaint agus ar chuimhne na ndaoine i gceann fiche bliain ó inniu nó cuid is lú' ADSD 146. Is minic an téarma **guala** i logainmneacha á lua le cnoc nó airde talaimh éigin. [Cf. (i) Seanagolden, Co. Limerick; (ii) 'Guala/Gualann' INP I, 524; (iii) 'guala' - "shoulder, ridge". Colier, Gowle, Goldenhill PNWC 502; (iv) Tá an téarma i logainmníocht na hAlban leis. Guala, the shoulder, H. Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll, 1906, 8, 182].
- 545 Luann Smith go raibh 'tolerable crops of flax' i gCléire sa bhliain 1750 [Cf. Vol. 1, 289]. Tagraíonn an NB do "a small share of flax" in Ardghort agus "a little flax" i gComalán agus i gCill Leice Fórabháin ['Descriptive Remarks'. Clear Island OS Name Book, (1839-40): 3, 9, 17]. Dhá áit i gCléire ina ndeintí lín a phortú nó a chur ar bogadh ba ea Loch an Lín ar an gComalán agus Loch Ioral BIT 114b i mBaile Iarthach Thuaidh.
- Cf. (i) Rev. H. Townsend, Statistical Survey of the County of Cork, 1810, 305- 306; (ii) Lewis I, 249.

- Do phróisneas an Lín: Cf. (i) 'Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta', Seán Ó Dúbhda. Béal. 13. (1943): 32-35; (ii) 'Téarmaí Agus Seanchas Feirmeoireachta', A. Ó Muimhneacháin, Béal. 14 (1944): 18-19. Cf. Nóta 3, MFC 157.
- 546 Luaitear Congher McErwan, Killmorowne sa DST. An bhféadfadh gurb é Conchúr 'ac Éireamhóin a bhfuil an oiread sin tagairt do i mbéaloideas Chléire. Cf. (i) CFC 86-87; (ii) Nóta 4, MFC 157, JMB 120.
- 547 Mac le Flor Mór Ó Drisceoil agus Nóra Ní Chéadagáin ba ea Flor nó Finín san ainm seo. Cf. Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 548 Bhí Mícheál Rua Ó Drisceoil pósta le Máire Ní Drisceoil, i.e. Máire Nic Giolla. Saolaíodh a mac Séamas sa bhliain 1840. Phós Séamas Máire Ní hArgáin 1871. Maidhc Shéamais a thugtaí ar mac leo. Máire Ní Dhonnchú, a d'éag 1912, a bhí pósta ag Maidhc. Iníon leo 'sea Máire a bhí pósta le Ciarán Ó Céadagáin (a d'éag 1985). Sé Mícheál nó Michael John, mar is fearr aithne air a mac. [Cf. Ó Céadagáin, Comalán BGC]. Cf. 'Smacht', DSD, IT. 17/1/1979.
- 549 'Draigheann'; An crann deilgneach, i.e. Blackthorn nó Hawthorn. Cf. (i) 'Draighean', D.A. Webb, An Irish Flora 1963, 55; (ii) 'Draighean', sloe prunus spinosa, J. Adams, A Students Illustrated Irish Flora, 1931, 45, 310; (iii) An Draighean LM 64-65; (iv) Draighean, Co. Chorcaí, i.e. Drinagh East (SO 12/11/5) Drinagh West (SO 12/10/8); Dreenagh East (SO 16/5), Dreenagh West (SO 24/2) - TDC 30; (v) Baile an Draighin TCCD III (1938): 192.
- 550 Cf. (i) Cnoc Rinn Guaile C 159; (ii) Tobairín na Carraige C 175.
- 551 Ba iad an Mhuintir Liath an Mhuintir Donnchú nó Donnchadha agus bhíodar fairsing go leor i gCléire tráth. Ní hann áfach don bhforshloinne sin ar an oileán a thuilleadh. Cf. (i) Ó Donnchú, Ardghort agus Lios Ó Móine BGC; (ii) DSD, IT. 12/3/1980.
- 552 Bhí Diarmaid Ó Drisceoil, i.e. Diarmaid na Páirce a bhí pósta ag Máire Liath nó Máire Ní Dhonnchú. Seachtar clainne a bhí orthu. Phós Seán, Johanna O Donoghue a tháinig isteach ón mórhóir. Mac leo 'sea Jerry Sheáin. Cf. Tigh Jerry Sheáin C 140; Ó Drisceoil, Comalán BGC.
- 553 Ba de shliocht Chorca Laidhe an chlann Uí Fhicheallaigh. Cf. (i) Misc. 52-53; (ii) 'Tuath Ó hhFithcheallaigh'. P. Ó Niatháin. Dinn., I (1964): 12-14; (iii) Leicín Uí Fhicheallaigh LM 229; (iv) MFC 138.
- 554 An ghrua, a tugtar ar uachtar an leicinn agus an leaca ar an gcuid íochtair. Cf. BB 102.
- 555 'Pale green, grey slate and gritty slate' atá mar bhonn do gheolaíocht na háite seo. Cf. Léarseáil Geolaíochta SGC.
- 556 Tá 'piast mhacánta' tugtha ag DSD ar na 'seolthóirí' nó 'Basking Sharks' [Cf. 'Piastaí na mara'. DSD, IT. 6/12/1978, ADSD 134-135]. An 'Phiaist' díobh atá i gceist san ainm ?. Cf. 'Na Piastaí' DSD, IT. 20/1/1982. Gnáthaíonn Míolta Mara uiscí Chléire go rialta. Cf. (i) J. J. Sharrock. 'Mammals at Cape Clear Island in 1968'. CCBO Rep., 10 (1969): 24-25; (ii) R. D. Jackson. 'Mammals at Cape Clear Island in 1969'. CCBO Rep., 11, (1971), 30-31. Tá láithriú mícheart déanta ar Phointa na Péiste ar LSC 1 agus LSC 2.
- 557 Cf. 'An Irishwoman's Diary', Eileen O' Brien, IT, Nov. 1, 1982.

558 Ceann de bhóithríní coise Chléire. Bhí a leithéidí ag gabháil gach treo, soir, siar, síos, suas, trasna an tailimh agus ceart ag an saol chuchu. Fiú dá mbeadh páirc curtha fé bharraí, ar imeall na faille bhí sé achtaithe cosán a fhágaint ann don té a bheadh ag dul ann ar ghnó ar bith. Cf. 'Sean Dlí', DSD, IT. 27/3/1983.

559 Cf. (i) 'Do bhí agus tá fós carraig mhara ann go dtugtaí 'Cúl an Phortáin' uirthi' CFC 61; (ii) Cúl Mór Ca 20.

560 Cf. 'bunadach', "belonging to their original stock" DIL 243b.

561 Cf. Futhar Rinn na hÓgha C 28.

562 Cf. Nóta 497 supra.

563 Tá an t-ainm le fáil leis in Inis Earcáin. Cf. BIE. Ba é 'Treathan', an Tuis. Gein. uath. de 'Thriath' na Sean-Ghaeilge a chiallaigh 'an fharraige'.

564 Creideadh go láidir in sna síofraí i gCléire. Cf. (i) 'Síofraí', ADSD 63-64, DSD, IT. 2/9/1981; (ii) 'Púcaí agus Síofraí', DSD, IT. 16/2/1983; (iii) 'Fuascailt', DSD, IT. 16/9/1981.

565 Aimsir an Dara Chogadh Domhanda a deineadh an bóithrín seo. Nuair a bhí an obair ag dul chun leadráin, bhíodh sé ina nath ag an bpobal i leith na foirne go rabhadar chomh mall le fórsaí Mountbatten ar an mbóthar go Burma.

566 Ba as ceantar an Sciobairín agus ceantar Chairn Uí Néid a tháinig an chlann Síocháin go Cléire. Thréigh sliocht an mhuintir Síocháin a tháinig ó Sciobairín, an t-oileán le h-imeacht na mblianta. Tá clann na clainne eile fós i gCléire bíodh go bhfuilid tearc. Is ar an gComalán agus i Lios Ó Móine atá fáil orthu. Cf. (i) Ó Síocháin, Comalán; Ó Síocháin, Lios Ó Móine BGC; (ii) DSD, IT. 22/10/1980.

567 Is anseo ar an gComalán a chónaigh sagairt an oileáin roimh 1838. Anuas go 1831 Paróiste ann féin ba ea Cléire. Cf. 'Sagairt Chléire c.1800-1986' CLOC.

Ba é An tAthair Labhrás Ó Mathúna an sagart ba cháiliúla a chónaigh ar an gComalán. Tá faltas scéalta ag Conchúr Ó Síocháin i ngeall air i Seanchas Chléire agus i mbéaloideas an phobail. [Cf. SC 86-89]. File ba ea an tAth. Labhrás leis. Sé an dán is cáiliúla leis ná 'Laogh Mo Chroí'. [Cf. (i) 'Laogh mo Chroí', Irisleabhar na Gaeilge. (1908): 109-110; (ii) Tá láimhscríbhinn an dáin i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh. Cf. Lms. 87 (T.11)]. Is é a chuir tús leis an Baptismal Register Cape Clear 1818. D'eirigh idir é féin agus na tiarnaí talún agus ní ró-mhaith a réitigh sé le lucht choiméadtha Tigh an tSolais ach oiread. Cf. RBÉ 558:523-529, CFC 102-104.

568 Cf. Ó Drisceoil, Comalán BG

569 Faightear na Galláin i líne thuaidh-theas i nGort na nGallán. Ceithre oll-chloch iad, an ceann is mó orthu thart ar 400 cm. ar airde. Tá ceann amháin acu anois titithe go h-iomlán agus ceann eile acu ina luí i gcoinne an dá cheann atá fós ina seasamh. Tá poll i gceann acu thart ar 3.5 cm. trasna. Cloch na nGeallúna a tugtar uirthi seo mar bhíodh sé de nós ag lanúna óga a méireanna a chur tríd an bpoll seo agus geallúintí grá á dtabhairt acu dá chéile [Cf. SAC]. Ba é seo tuairim Sheáin P. Uí Riordáin faoi Ghalláin a raibh poill iontu. 'Certainly highly ornamented stones of Early Iron age date were undoubtedly cult objects. So also are holed standing stones with some of which superstitious

practices are said to have been associated, these stones are simple uprights perforated with a hole a few inches in diameter' [Seán P. Ó Riordáin, *Antiquities of the Irish Countryside*, 1953, 81]. Tá léaráid de na Galláin seo le fáil i Mem SO 404.

570 Cf. 'cabhlach', nóta 6 supra.

571 Bhí Flor Mór Ó Drisceoil pósta le Nóra Ní Chéadagáin. Mac leo ba ea Finín nó Flor atá luaite san ainm. Cf. Gort Fhinín C 170.

572 Ní raibh coiníní riamh dúchasach do Chléire. Tugadh isteach iad c.1830 mar abhair fiaigh do na Bitséaraigh, tiarnaí talaimh. Is pláigh ar an oileán iad anois. Tá fáil ar an líon is mó Coinín *Oryzolagus Cuniculus* (Linnaeus) i gceantar Loch Iorail agus sa Ghleann. Deineadh comhairleamh de 150 díobh i bpáirceanna i gComalán agus i gCnocán an Choimhthígh ar 15 Meán Fomhair 1968 [CCBO Rep.,10 (1968), 24]. Cf. (i) 'Coiníní is Mná', ADSD 94, DSD, IT, 19/3/1980; (ii) NHC 153. Do bheatha agus tréithe an choinín: Cf. 'An Coinín', Ailbhe Ó Monacháin, Ainmhithe Allta Éireann, 1967, 24-28.

573 Bhí agus tá fós dreapaí ar na clathacha ó ghabháltas go gabháltas. Táid leis le cois na farraige rud a thug cead dul ann do chách gan sásamh do éinne. Ar Chasán an tSléibhte ó Dhreapa an tSéipéil go Drapa Thigh an Phoist tá sraith dreapaí a tógadh go h-ealaíonta mar chuid de scéim oibre na Comhairle Contae i 1929. Tá seandreapaí in usáid fós mar bhealaí teachta agus imeachta chuig formhór tithe an oileáin. Is baolach áfach, go bhfuil usáid ainmneacha na ndreapaí imithe as caint na ndaoine don chuid is mó. Dornán beag díobh fós atá mbéalaibh seandaoine. Cf. 'Dreapa' san Innéacs. Do nósanna a bhain le **dreapaí** agus **casáin**. Cf. 'Cosán Contúirteach', DSD, IT, 13/4/1983.

574 Anuas go dtí tosach na hochtú aoise deag bhí Rí i gCléire a bhí tofa ag an bpobal. Glacadh lena údarás. Bhí an téarma 'Rí' ag gabháil le clann áirithe den Mhuintir Drisceoil. Cf. (i) Ó Drisceoil, Comalán BGC; (ii) Lewis I, 250.

575 Cf. Faille na gCloch nGael C 191 agus Nóta 555 supra.

576 Tá an téarma **Bealach** le fáil sa logainmníocht i leith áiteanna ar farraige agus ar talamh. Casán nó slí coise ar, nó idir chnoic, gleannta agus gnéithe eile den tírdhreach a bhíonn i gceist le **Bealach** ar talamh. Caol nó cúnail a bhíonn i gceist le **Bealach** ar farraige. Cf. (i) 'Bealach'- uisce sách domhain le go snámhfadhb bád ann LFR 245; (ii) An Bealach Mór/An Bealach Beag Top. Hib. IV, (1985), 87; (iii) Na Bealaí Top. Hib. II, 100 CC; (iv) 'Bealach Beag', a narrow short cut for a boat between Gairinis and the mainland shore Dinn. VI, 1 (1974), 23; (v) An Bealach, Blasket Sound: An Bealach an t-ainm ar an gcaol farraige idir an tOileán Mór agus Dún Mór. Pharóiste Dhún Chaoin TCCD I, 85; (vi) Bealach Lao BT 36; Cf. IPN 28.

577 Cf. Béal Chuain Tráigh Chiaráin BIT 2.

578 'Tá carraig i lár an bhealaigh idir Chléire agus Inis Arcáin, agus is é an ainm atá ar an gcarraig Gaisceanán. Is í an charraig is géire go ritheann an taoide thairis timpeall an chósta' [Cf. SC 6]. Is ionann 'gais' agus sruthán tuile nó taoide. Bíonn *ceann* bán ar an gcarraig nuair a bhíonn na tonntracha ag briseadh agus an taoide ag dul thairis. An bhféadfadh gur ó '*gais-ceann(b)án*' a ainmníodh, ?.DSD.

---

Tugadh 'An Gascúnach' ar Amhlaobh Ó hEidirsceoil a thit ag Cath Thrá Lí 1234. Is uaidh a shíolraigh Clann an Ghascúnaigh. [Cf. Misc., 1849, 12; ]. Cf. 'Cape Clear Couplet-Custom', JCHAS. 1 (1892): 185.

579 Ar an dturas go Cléire tá sé níos giorra teacht tré Súnta an Ghaisceanáin ná imeacht timpeall ar Inis Earcáin agus amac An Caol. Is san aimsear breá áfach a thiocthadh duine tré Súnta an Ghaisceanáin agus An Bealach.

580 Sa bhliain 1989 tháinig tumadóirí ar ghunna cannúin den déanamh a bhí coitianta ar longa na Poirtingéile 1550-1600. Tairgeadh an gunna ar díol go mídhleathach thar lear ach d'eirigh le Ard-Mhusaem na hÉireann seilbh a ghlacadh air. Féachann sé go ndeachaigh long de chuid na Poirtingéile ar an gCarraig Mhór am éigin. Cf. 'Museum retrieves old cannon illegally taken to Britain', IT. 13/7/1990.

581 Do bheatha agus nósanna an bhroic Cf. 'An Broc', Ailbhe Ó Monacháin, Ainmhithe Alta Éireann. 1967, 13-14.

582 Cf. Bollán na nDeargán BID 110.

583 Cf. 'Diarmaid agus Diarmaid eile' DSD, IT. 16/4/1980;

584 Cf. (i) Rinn Ard na gCaorach BIT 125; (ii) 'Liosta Logainmneacha Inis Earcáin: Sherkin Island Placename List', Rev. J. Coombes, (1960) atá i dtaisce i Roinn na Súirbhéireachta Ordanáis, Baile Atha Cliath.

585 Cf. (i) 'Poll: giodán ins na cuanta nó i mbéal na gcaltha a mbíonn fasgadh ón dtalamh ann, domhain mhaith agus grinneall láibe agus gaineamh righin gan aon chlocha, sa gcaoi go mbeadh greim maith le fáil ag ancoire agus ag griféid ann' BB 76-77; (ii) 'Amuigh ar a bpoll', a deirtear, i.e. amuigh ar an domhain BB 77.

### **CRATHACH THIAR (Cti.)**

586 Gleann Oirtheach. Lios Ó Móine, Crathach Thoir, Cill Leice Fórbháin agus an tAigéan Atlantach ó dheas is teorann do Chrathach Thiar. Gabhálas amháin de 65 acra, 2 ceathrú, 6 péirse atá in achar an bhaile fearainn. Duine aonair a chónaíonn anois ann [Cf. Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991]. Áiríodh 15 a bheith lonnaithe ann sa bhliain 1841 agus 11 i 1891 [Census of Ireland for the Year 1891]. 'All one farm. Soil light and rocky. Produces light crops of wheat and middling potatoes' [Clear Island OS Name Book, 1839-40, 7].

587 Is i mí Lúnasa a bhíonn an líon is mó den Common Porpoise *Phocoena phocoena* (Linnaeus), le feiscint ar chósta Chléire. 'By far the commonest species of Cetacea sighted off the island, the totals in each of the four years 1969-1973 being 360, 529, 477, and 2,138. As usual the vast majority were in autumn, with August to October accounting for 90, 73, 96, and 91 per cent respectively. The most recorded in a day was 500 on 25th August 1973'. Cf. (i) 'Porpoise', CCBO, Rep. 11 (1969):



- 31; (ii) 'Mammals at Cape Clear in 1968', T.J. Sharrock, CCBO, Rep. 10 (1968): 25; (iii) 'Dolphins, porpoises and whales', NHC 156-8.
- 588 Foilneecohill. a spectacular cliff-bound inlet with a sheltered corner of soft turf from which to watch Fulmars NHC 17 [Cf. 'Cliff', a steep coastal declivity which may or may not be precipitous; a high steep rock face. DPG 97].
- Sí Faill Ní Chathail an fhaill is airde ar an oileán. Foilycahill atá ar an SO don chósta ag Cnoc Phoill an Duirc C 1 ach is i leith na faille i gCrathach Thiar atá an t-ainm Faill Ní Chathail i mbéal daoine. Cf. Nóta 341 supra; Faill an Tairbh Ca 57.
- 589 'Mullach' a tugtar ar bharr ard chnoic . Cf. 'An Sliabh', 'Téarmaí agus Seanchas Feirmeoireachta', A.Ó Muimhneacháin, Béal., 14 (1944): 5. Tá **Mullach** mar áitainm ann féin in Inis Fada [Cf. BIF]. Thug **MÓD** trí leagan den logainm Mullach Uí Chathail uaidh. Ní fios an ionann suíomh do Mhullach Uí Chathail agus Mullach Uí Úill áfach. Tá Mullach Uí Úill istigh sa bhfaill féin. Pluais ag barr na faille a bhí ann. An béilic a bhí ann i bhFaill Ní Chathail, tá sé titthe anois. **MÓD**
- 590 Do mheadhanna iascaigh a thaithíodh iascairí Chléire Cf. (i) RBÉ 742:327; (ii) Mig Pholl Duirc C 6.
- 591 Ní '*cnoc*' atá i gceist le 'Sliabh' sa chás seo, ach stráice de thalamh ard gan mórán tairbhe ann [Cf. IPN 142-43]. Cf. Nóta 139 supra.
- 592 Phós Daniel Thomas, Helen Tobin sa bhliain 18 (CMR). Iníon leo ba ea Eibhlín.
- 593 Bíodh go bhfuil 'Gort na Móna' agus 'Páirc na Móna' i logainmníocht Chléire níl aon mhóin tine le fáil ar an oileán.
- 594 Tháinig clann den mhuintir Bohane go Cléire ó Scoil Mhuire i lár na naoú aoise déag DSD. Bhí dream eile díobh a tháinig ó cheantar an Sciobairín dar le PC.
- 595 Forshloinne Drisceolach ba ea Crónachán. Cf. (i) Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83; (ii) Faill Dhiarmada Uí Chrónacháin BID 119.
- 596 Cf. Leaca an Aitinn C 30
- 597 Leacht a bhaineann b'fhéidir le aois an Chré-Umha 'sea é seo agus tá sé 2.65 m. ar airde. Tá marc beag cupáin/logán cupa ar an dtaobh thuaidh den geloich-'sé is dóichí gur tréith nádúrtha é seo SAC.
- 598 Attempts to mine copper at Foilneecohill and manganese near Foiladda met with little success NHC 31.
- 599 Cf. Lín Suíocháin Cn 32.
- 600 Cf. An Cottage Cti 44.
- 601 Tobar ffor uisce atá ann a clúdaíodh chun a chuid uisce a tharraingt isteach sa Chóras Uisce Poiblí.
- 602 Is ann atá taisceadán an uisce don oileán go léir. Is i 1967 a tosnaíodh an chéad Scéim Uisce Poiblí ar an oileán. Leathnaíodh an Scéim ar fud an oileáin de réir a chéile taréis roinnt toibreacha a thocailt. Gar do 40,000 galún a thógann an taisceadán agus a seacht gcinn de thaiscumair lán. Deineadh toibreacha eile fós a thochailt i 1978 chun cur le héifeacht an chórais.

---

603 Tá Bóthar Chnoc an Chrothaigh in aon líne leis an gCarraig Aonair agus ba mharc talún nó comhartha do iascairí Chléire riamh é.

604 Guardians of Skibbereen Union a chuir an Cottage dá thógáil mar Íoclann 1889 [Cf. 1911 Skibbereen Rural District VB; 1930 Co. Board of Health VB]. Tógadh Íoclann nua i mBaile Iarthach Theas i 1977 [Cf. Tigh an Bhanaltra BID 132].

605 Fuarthas an chloch ghreanta ar a dtugtar an 'Cape Clear Stone' sa pháirc seo thart ar 1875 [Cf. M. J. O'Kelly, 'An Example of Passage - Grave Art from Co. Cork', JCHAS, 54 (1949): 8-10]. Tá an chloch 13m. ar airde agus beagán os cionn 0.3m. ar leithead agus tá maisiú ar thaobh amháin di. Tá trian íochtarach an taoibh mhaisithe briste. Is é atá sa mhaisiú, sraith de thrí cinn de bhíseanna i gceartlár na cloiche. Tá dearadh fiarlán os cionn agus ar thaobh dheis na mbís. Ar chlé tá sraith 'V'-eanna. Tá Cléire lasmuigh den ghnáthlimistéir ina bhfuil fáil ar ealaín Mheigiliotach na hÉireann. Tá an saghas maisithe seo ar aon dul leis an saghas a fhaightear i dTuamanna Pasáiste, go bhfuil a bhformhór le fáil sa leath thuaidh den tír. Faightear ealaín mar seo i dTuamanna Meigiliotacha na Briotáine agus in Iarthar na Hibéire. Téann roinnt de na láithreacha in Éirinn go bhfuil an ealaín Mheigiliotach seo iontu chomh fada siar leis an mbliain 2500 R.Ch. [Cf. Éamon Lankford., 'Decorated Stone From Cape Clear', JCHAS, 93 (1988): 144]. Tá cosúlachtaí idir an leagan amach atá ar 'Chloch Chléire' agus cloch a fuarthas ag Barclodiad y Gawres na Breataine Bige. Cf. E. Twohig, The Megalithic Art of Western Europe. Oxford, 1981.

606 Is anseo a bhí céad Oifig an Phoist Chléire. Thosnaigh Post rialta ar an chéad lá d'Aibreán 1894. Tá rian fuinneoige agus suíomh bosca na litreach le feiscint sa bhfalla i gcónaí. Is i gCoinlín atá Oifig an Phoist ó thús an chéid. Cf. Tigh an Phoist Cn 29.

607 Mac le Bríd Ní Shíocháin ('Bean na gCnoc') agus Pádraig Mac Coitir, Lios Ó Móine. Cheannaigh Pádraig Mac Coitir an fheirm seo i 1907 ó mhuintir Shipsey. Deirfiúr le Carey Jerry (i.e. Ciarán Ó Síocháin, 'An Rising Sun CLF 20) ba ea Bríd. Tá roinnt filíochta scríte aici faoi'n ainm cleite 'Bean na gCnoc'. e.g. *Aifreann Lá Nollag*, The Cork Yule Book 1986-87. 51; *An Réalt i gCléire*, "Inné". Nuacht Litir. Márta 1967, Coiste Ghlór na nGael a sholáthraigh.

#### CRATHACH THOIR (Cto.)

608 Is i lár an oileáin geall leis, atá Crathach Thoir, idir an Gleann, Lios Ó Móine agus Cill Leice Fórabháin. In achar an bhaile fearainn tá 41 acra, 39 péirse rointe i dtrí ghabháltas. 'Farms from one eighth to one fifth of Townland. Soils light and rocky. Produces light crops of wheat and potatoes' [Clear Island OS Name Book. 1839-40,6]. Dhá thigh cónaithe atá ar an mbaile ach nár chónaigh éinne iontu ó 1975. Airíodh 24 duine lonnaithe ar an mbaile sa bhliain 1841 agus 20 sa bhliain 1891. [Census of Ireland for the Year 1891].

609 Cf. An Futhar C 27.

- 610 Áit aduain, scoite amach, leis féin is dóichí. Cf. 'Aduain, áit aduain, strange, apart, eerie, place' FGB.
- 611 Cf. Garraí na Róinte C 21.
- 612 Níl aon rian de cheárta le feiscint ann. Cf. Ceárta Liam 'ach Thaidhg CB 48.
- 613 Tobar fíor uisce ar thaobh an bhóthair a bhfuil sruthán ag rith uaidh go Tráigh Dhún Cléire LM 24. Cf. (i) Sruth an Mhuileainín LM 34; (ii) Droichead na nDearnaití LM 217.
- 614 Cf. (i) An Bán C 39, CLF 27; (ii) An Bán Mór A 82.
- 615 'Gearrán, a gelding, nag or hack, a horse (as opp. to capall, mare in U., Con., Louth)' FGD. Cf. 'An Capall', A. Ó Muimhneacháin, Béal, 14 (1944): 27-30.
- 616 Mac le Seán Ó Dálaigh, i.e. 1853 John Daly (GV) ba ea Mícheál.
- 617 Tigh samhraidh le Mick McGurke. Ba le Pádraig Ó Riagáin an tigh roimhe, i.e. 1911 Patrick Regan VB.
- 618 Forshloinnte do Riagánaigh ba ea 'Bheast' agus 'Struma' [Cf. 'Forshloinnte', ADSD 143]. Bhí file i gCléire tráth gurbh ainm Séamas na Struma dhó [Cf. 'Béal.oideas Ó Chléire', Béal, XI, 1-11 (1941): 30]. Cf. Tigh Thaidhg Mór LM 217.
- 619 Páirc an Locháin a tugtar ar gach ceann ar leith díobh [Agallamh le CC].
- 620 Cf. (i) Boilgín na Spáinneach C 156; (ii) Garraí Sheáin Spáinnigh CC 19.
- 621 Ní fios céir díobh Tadhg Phádraigh munar Riagánach é [Agallamh le CC].
- 622 Cf. (i) 'Na Deargáin ar Lár', DSD, IT, 22/8/1979; (ii) 'Deargán Fómhair', ADSD 117-118.
- 623 Is minic sa logainmniú an téarma '**Capall**' á usáid i leith pointe talaimh nó carraige. Cf.(i) Capall Bán C 73; (ii) Capall na Bunadaí C 204; (iii) Capall an Chuaisín Cto 28.
- 624 Cf. Cúl Mór Ca 20.
- 625 Cf. (i) Branar = cré nó ithir dhearg. - An Branar, TCCD II (1938): 132; (ii) 'Branar, the loose surface of a grubbed field' FGD; (iii) Gort an Ghrafaidh A 40. 'Nuair atá an talamh bán, sé sin an talamh nár cuireadh le fada agus a bhfuil féar ag fás air, iompaithe nó treafa, bíonn sé ina bhranar. Talamh (nó créafóg) aireamhúil, talamh a bhfuil créafóg bhreá bhriosg ann le haghaidh cuir' BB 47. 'The graffán is not yet quite obsolete in Co. Cork, it is used in the cultivation of lazy beds, and, this present year, the writer has even seen a "branar" in process of cultivation within a neighbouring barony' PNSWC 192.

### GLEANN IARTHACH (GI)

- 626 Tá talamh an Ghleanna ar thaobh theas an oileáin roinnte i dtrí bhaile fearainn, i.e. An Gleann Oirtheach GO, Gleann Meánach GM, agus Gleann Iarthach GI. Taobhaíonn Bóthar an Ghleanna GM 26 gach baile fearainn acu óThráigh Inbhir Mhóir GM 3 go Cnoicín an tSeabhaic GO 1 ar an taobh ó thuaidh. Ritheann talamh an Ghleanna go farraige ó dheas.

---

Sa Ghleann Iarthach, gabhálas amháin é an 65 acra, 2 ceathrú, 26 péirse talaimh atá in achar an bhaile fearainn. Ba é Johnny Finín Ó Drisceoil an úinéir deireanach de dhúchas an oileáin a raibh sé ina sheilbh. Is ag eachtranach atá an ball ó 1985. Is ón am sin a deineadh an bóithrín suas tríd an talamh ard chnocach agus an t-athchóiriú agus nua-thógáil ar dhá thigh a bhí ar an ngabháltas seo. Bíodh nach bhfuil buanchónaí ar aon duine anois ar an mbaile, bhí 31 duine lonnaithe ann sa bhliain 1841. Cf. (i) Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991; (ii) Census of Ireland for the Year 1891.

627 Bhí Oifig Teleagrafa anseo tráth ag an Magnetic Telegraph Co. Cf. SC 4-5. Do stair an chórais Teleagrafaíochta: Cf. (i) Telegraphy and Telephony, A. Williams, London, 1928, 66; (ii) Submarine Telegraphy, D.H. Cameron, London, 1927. (iii) 'Successful Laying of the Cable Between Baltimore and Cape Clear'. West Carbery Eagle, 24/10/1863: 'The Cape Clear Telegraphic Station'. West Carbery Eagle, 8/12/1863.

628 Ag scríobh do sa bhliain 1837 dúirt Lewis "a good harbour has been formed, and a neat pier constructed on the south side of the island, at the joint expense of Sir W. Wrixon Becher Bart. and the late Fishery Board". Cf. Lewis 1, 249.

629 Bhí an t-ainm seo ag PÓL, BC, MÓD, SFD agus PC ach ní rabhthas in ann a rá cad uaidh do ainmníodh.

630 The promontory just N. of this marked Oileán 'fhatha' is called by some speakers Oileán Eathach. Since the meaning is not known, there seems to be no reason for the 'fh' LiDF.

631 Anseo a baineadh cuid den chloch a chuaigh isteach i dtógáil an Teampaill Ghallda GM 6.

632 'The headland on the east side of the south harbour marked An Lubalach should read An Logalach. The **o** is pronounced **u**; and the **g** is so guttural that it set me astray' LiDF.

**Lug** or lag signifies a hollow; when used topographically it is almost always applied to a hollow in a hill and lag, lig, leg and lug, are its most common forms INP 1, 431-2.

633 B'fhéidir gur ón bhfuaim a dheineann an fharraige anseo do ainmníodh [Cf. 'Díodán', humming, crooning, swaying motion accompanying a mourning croon FGD]. 'On the eastern side of the harbour the cliffs attain to a considerable height, having to confront the fierce onset of wind and wave; they are also hollowed out by the continual undermining action of the sea at their base into numerous caves, many of which run in to a considerable length, and form natural archways, some with two openings externally' - Sk 88.

634 *ibid.*

635 Cf. 'bán-bánóg'; Nóta 40 *supra*.

636 *ibid.*

637 B'as na Déisibh do na Faolánaigh. Cf. 'Béile Cinn,' DSD, IT, 23/2/1983.

638 Tigh le Seán, mac Fhinín Uí Dhrisceoil, i.e. 1909 Florence O Driscoll VB.

639 Cf. An Charraig Liath CB 29.

640 Cf. An Futhar C 27; Nóta 490 *supra*.

---

641 Cf. An Bolg-Carraig fhocaise; 'Tá na boilg ag briseadh, comhartha droch-aimsire bheith ag teacht é sin nó a ghlór' TCCD I (1938): 48.

642 Cf. Mig Pholl Duirc C 6.

643 Cf. Béal Chuain Tráigh Chiaráin BIT 2.

## GLEANN MEÁNACH (GM)

644 Tá 52 acra 2 ceathrú 18 péirse talaimh sa Ghleann Méanach agus é roinnte i ndhá ghabháltas. Bhí 31 duine lonnaithe ann sa bhliain 1841, líon a thit go seisear faoi 1891 [Census of Ireland for the Year 1891]. Dhá theaghlach le líon ochtar ar fad iontu atá anois ar bhuanchnónaí ar an mabaile [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991].

645 Ineer-sheltered and calm in all but the worst weather and with water so clear that seaweed fronds can be seen, waving invitingly on hot days NHC 15.

South Harbour or Ineer. Applies to an arm of the Atlantic Ocean running into the southern end of Clear Island between Pointabullig in the South of the Townland of Glen West and Blananarragaun in the S.E. of the Townland of Ballyieragh South.

It is about a mile long and varies in width from three quarters to one eighth of a mile. This harbour is well sheltered, and there is a small Quay at the N.E. corner' RNB.

646 i.e. An chuid sin den chuan idir Phointe na Boilge GI 33 agus An Bollán Cn 7.

647 Trá an chlochach é. 'a small shingly beach at the North East corner of South Harbour' RNB.

648 Cf. NHC 29.

649 Teampall Protastúnach a tógadh 1849-53. Do chúntas ar Mhisiún an Island and Coast Mission Society i gCléire Cf. (i) 'Cape Clear: A Retrospect', Rev. Charles Davis, The Month. (Sept.-Dec. 1881): 479-486. (ii) Tomás Ó Murchú, Forbairt agus Soláthar Oideachais i bParóiste na Rátha agus na nOileán 1800-1870. Tráchtas neamhfhoilsithe (1988), Dámh na nEalaíon, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh lgh 513-23. (iii) William Holland, The History of West Cork and the Diocese of Ross (Skibbereen: Southern Star, 1949, 327-328).

650 Cf. 'Cape Clear : A Retrospect.' 1881, 482

651 'Cuar', means a bay, a ring or hoop, a winding inland, its most usual meaning is a winding or dell among hills, a round hollow INP 111, 251. Do mhinicíocht agus éagsúlacht bhrí an téarma **Cuar** nó 'Coor' i logainmneacha na hÉireann. Cf. (i) INP 111; (ii) Townland Index 1851. Tá 20 baile fearainn i gCo. Chorcaí a bhfuil **Cuar** ina phríomh-eilimint iontu. Cf. (i) TDC 24-25. (ii) An Cuar CLF 34; Cuar CB 21.

652 Gáirdín atá taobh le Brú an Óige GM 4 a bhí tráth ina theach ag an Ministéir Protastúnach Edward Spring. Ghlac Spring seilbh ar an dtigh agus chóirigh mar 'Parsonage' é 1850. Cf. Cóip de litir ag lorg cabhair airgid chun fiacha an tí agus an séipéal nua-thógtha a ghlanadh CLOC.

- 653 Cf. 'An Chopóg Sráide', Seán Tóibín, Blátha an Bhóithrín, 1965, 92-93; Copóg Shráide, *Rumex obtusifolius*, Broad-leaved dock DL 40-43.
- 654 Ciallaíonn **buaille** páirc nó áit ina gcoimeádaí ba le h-aghaidh a gcrúite. Buaille is used, according to IPN 35-36, to describe any area set aside for the tending of cattle and is usually translated simply as 'Milking Place'. Cf. (i) Na Buailíní A 87; (ii) 'Some Mayo Traditions of the Buaille,' Béal., XIII (1943), 161-77.
- Ciallaíonn an focal Gaeilge 'Airge', a place for milking cows, byre, cowshed. Cf. 'Common Gaelic Airge, Old Scandinavian Aergi or Erg?', Gillian Fellows Jensen, Nomina 4, (1980): 68.
- 655 Meastar gur tháinig muintir Griffen isteach ón mórthír mar chuid den pobal a bailíodh le chéile don Reverend Edward Spring. Cf. An Teampall Gallda GM 6; Nóta 652 supra.
- 656 Níl aon rian den tigh fágtha ach tá grianghráf de i gCartlann Láthair Oidhreachta Chléire a thaispeánann gur tigh ceann tuí ag cúinne an bhóthair a bhí ann. Is mar chuid den pobal Protastúnach a bhailigh na Goodwin's, Connolly's agus Griffen's isteach ar an oileán thart ar 1844-53.
- 657 Phós Pádraig Mac Coitir ('Pad the Lad'), Máire Ní Drisceoil ón Sciobairín. Ceathrar clainne a bhí orthu. Phós Cáit, Joe Cuais. Cf. Tigh Joe Cuais BID 20. Phós Lisa, Timothy Hannon agus infon leo san 'sea Kathleen atá pósta ag Bernie Lynch. Cf. Tigh Bernie Lynch BID 20. Phós Mary Anne Mike Ó Drisceoil ('Mike the Mason') ón mórthír. Thóg Mike roinnt tithe i gCléire sar a d'aistrigh an chlann go Cathair Chorcaí. B'é Pádraig ('Pat the Poet') an t-aon mhac a bhí ag 'Pad Cotter'. Bhí 'Pat the Poet' i gCabhlach Mheiriceá (1940-45) agus thaisteal sé an domhan ina mháirnealach ar longa móra lasta ar feadh tréimhse taréis do eirí as an gCabhlach. Cf. (i) 'Viking-Faced Cape Clear Island,' Francis MacManus, The Bell, (1950): 28; (ii) Mac Coitir, An Gleann BGC.
- 658 Cf. Nóta 269 supra.
- 659 D'fhág Clann Beamish an t-oileán i 1935 agus chuaigh chun cónaithe ar Inis Earcáin.
- 660 Scríobh 'Pat the Poet' [Cf. Tigh 'Pat the Poet' GM 18; Nóta 657 supra ] dán ar Dhiarmaid MacSuibhne [Cf. *When Sweeney Sold The Boat*, Dánta le 'Pat the Poet' CLOC].
- 661 Bhí bóthar déanta ó Inbhear go Cnoicín an tSeabhaic faoi 1806. "The Road is already made to this Tower, and is 198 perches long. It has no ditches in it, and wants repairing very much - said Road is laid out at a perch, or 21 feet wide, which is to include future ditches [Cf. 'A Map of the Ground occupied by Signal Tower and Road leading to it at Cape Clear in the Barony of West Carberry and County of Cork, being part of the Estate of Wrixen Beecher Esq' - Surveyed in October 1806 by John Hampton. Lms. 15 B 13 (22), LN].
- 662 Lóch 'sea Gas Láth. Cf. (i) Gas Láth, the fine green seaweed on rocks DCC 68; (ii) Glas-Lath is the name of a green slippery alga found in the lower part of the shore at ebb tide. The name also applies to pond scum in fresh water' Dinn., I. (Meitheamh, 1974): 17; (iii) Oileán na Glasláithche Dinn., V. 2 (Nollaig, 1972): 42; (iv) 'An Lóghach,' DSD, IT, 18/7/1974; (v) Poillín an Lóigh CB 2.

## GLEANN OIRTHEACH (GO)

663 Tá an Gleann Oirtheach ar an mbaile fearainn is mó orthu sin atá sa Ghleann. Tá 108 acra, 8 péirse san achar. Cnoc atá i gcuid mhaith de. "Poor Rocky and Stony Pasture" atá curtha síos sa bhliain 1806 don talamh i gceantar Tigh an tSolais. "Indifferent Pasture," a tugadh ar an gcuid eile [Cf. 'A Map of the the Ground occupied by Signal Tower and Road leading to it at Cape Clear' LN 15 B 13 (22)]. I gcaint Chléire ní deirtear ach go bhfuil cónaí ar dhuine sa Ghleann agus ní thagraítear cor ar bith don Ghleann Oirtheach, Meánach nó Iarthach.

'Townland of Gleann Oirtheach, middle of south coast, in which the old Lighthouse is situated, should read Gleann Oirthearach. One would naturally expect the next townland but one W. to be Gleann Iartharach, and the two most westerly townlands to be Baile Iartharach; but as far as my ear can catch, this is not so. The form may be Iarach LiDF.

Sa bhliain 1841 bhí cónaí ar 61 duine ann [Census of Ireland for the Year 1891]. Lfóntí seisear atá anois ann.

664 Cf. 'An Seabhadh Mara', Seanchas Éanlaithe Iar-Uladh, Seán Ó Heochaidh, Béal. 36-38 (1969-1970): 309-10.

665 Do chur síos ar an dTeach Solais: Cf (i) 'A Brief Description of Cape Clear,' R. Wilson, Jr., Seanchas Chairbre, 2 (1983): 27, 28-29; (ii) Dublin Penny Journal, (March 7, 1835): 282-283; (iii) T.G. Wilson, The Irish Lighthouse Service, Dublin, 1968; (iv) 'Inis Cléire' - Alt ar Theach Solais Chléire curtha le chéile le cabhair foinsí 'Irish Lights' Baile Atha Cliath. CLOC; (v) John S. Sloane, A Manual for Lightkeepers, Dublin, 1873; (vi) D. A. Stevenson. The World's Lighthouses before 1820, London, 1959.

666 Cf. Paul M. Kerrigan (i) 'The Defences of Ireland, 1793-1815 - the signal towers,' An Cosantóir, XXXIV, (1974): 225-7; (ii) 'An Early Proposal for Signal Towers, 1803,' The Irish Sword, XII (1975- 1976): 155-6; (iii) 'A Map of the Ground occupied by Signal Tower and Road leading to it at Cape Clear, 1806,' LN 15 B 13 (22).

667 Cf. Mig Pholl Duirc C 6.

668 Tá suas le 270 áitainmneacha in Éirinn ina bhfuil an téarma **Corrán** nó leagan Béarlaithe de ina phríomh eilimint iontu [Townland Index 1851]. Is do rud **cuar** nó do rud lúbtha ar chosúlacht corráin a thagraíonn an téarma de ghnáth ['*Corrán, Curraun, Corrane, Crann,*' T.S. Ó Máille, Béal., XXX (1962): 76-88]. D'úsáidí an Corrán Bainte len a lann lúbtha chun arbhar nó féar a bhaint [Béal. 13 (1943): 26]. Is leis an Corrán Cam nó Scamhadóir a deintí lóch a bhaint i gCléire. "Seaweed is the chief manure, and is procured by means of an implement resembling a scythe" [PG 303]. Corrán fada le lann ar déanamh lann na speile, agus crann 16' troigh ar fhaid as atá ann. Thugtaí scamhadóireacht ar ghearradh lóigh [Cf. 'Corrán Cam,' DCC 65]. Rinn talún 'sea *An Corrán* GO 5 agus is féidir cuma chorráin bainte a shamhlú leis agus leis An Corráin Thoir Ca 9.

669 *ibid.*

- 670 Cf. (i) Liúir (gob carraige sa bhfarraige); Ó Liúrach, i.e. bualadh na dtonn ón bhfarraige mhór aniar uirthi, a tharla an t-ainm sin ar an gearraig TCCD, I (1938): 72; (ii) Liúrach : Ceann de na maidí caola atá ar fhad curaf LFR 132; (iii) Liuir, noise, clamour, prating Dwelly 593; (iv) Carrig lure (Carrig Liúir), Nóta 1, MFC 156-7.
- 671 Cf. (i) Cúl Mór Ca 20; Na Cúilíní Ca 80; (ii) Cúil-Cúl INP 1, 531; (iii) Cúl, IPN 66; (iv) Onom 317-33 mar a bhfuil 211 sampla den téarma **cúl** i logainmneacha; (v) Cúl Trá in Inis Cáim Thoir BIC :
- 672 Cf. 'An neoin- uaimh nó uaigh fé thalamh ann, fé leachtán. Deirtear an neoin .i. an uamhain. Uamhain = ómhain agus óin; óin + an = neoin; neoin +an arís = an neoin' TCCD III (1938): 142-143, agus 'neoin-f-áille' TCCD III (1938): 145. Cf. Tá Cuas an Eoin in Inis Cáim Thoir leis. BIC
- 673 Cf. (i) Leahanaun Beg; (ii) Leahanaun Muar MFC 139.
- 674 Cf. (i) Páirc an Leachtáin LM 105; (ii) Páirc an Liochtáin C 215.
- 675 Cf. (i) An Túr GO 3; (ii) An Seantigh Solais GO 2.
- 676 Tharlódh gur anso a deintí na ba a chrú.
- 677 Tá an talamh sa riocht go bhféadfadh trí nó ceithre cinn de uaigeanna a bheith ann.
- 678 Forshloinne Drisceolach ba ea 'Crónachán'. Cf. Garraí Mhíchíl Uí Chrónacháin Cti 21.
- 679 Cf. An Futhar C 27.
- 680 Ainmnithe ó Dhonncha Mac Curtáin, Baile Iarthach, a phós Síle iníon Pháirtaláin Muirín Uí Dhrisceoil. Mac leo ba ea Éamon nó Ned Curtin mar a b'fhearr aithne air. An Chlann a bhí ar Ned ná, Denis, Michael, Mary, Patrick, Catherine, Nóra, Jack, Florence, Edward, Jerry, Garrett, William (i.e. BC), Margaret (i.e. Mairéad Bean Uí Dhonabháin, Baile Iarthach, Cléire). Cf. Mac Curtáin, Gleann BGC.
- 681 Mheas BC go raibh John Reilly ar dhuine de fhoireann Tigh an tSolais roimh dúnadh do sa bhliain 1854 [Agallamh le BC, Lúnasa 1985]. Sa GV (1853) luaitear 'House and Offices'" i seilbh John Reilly agus iad ar chfós aige ón Ballast Board, lucht stiúrtha Tigh an tSolais an uair sin.
- 682 Cf. (i) Talmhóg, Earth, burrow, cache, an earth house, an earth-nest of honey bee FGD; (ii) 'Ar Ghéagán Truim,' DSD, IT. 1/12/1980.
- 683 Bhí an forshloinne 'Cathrach' ag gabháil leis na Mathúnaigh i gCléire tráth. Cf. Tigh Dinny na Cathrach BID 62.
- 684 Cf. An Toinn GO 35.
- 685 Ag FGB tá 'ar tonn talún,' on the face of the earth, agus 'Tonn ar bogadh,' quaking sod. Cf. Garraí na dTonn A 34.
- 686 i.e. 1855 Jeremiah Whelan m. Ellen Regan CRM. Cf. (i) Páirc Neill Ní Fhaoláin GI 15; (ii) Garraí Chonchúir Uí Fhaoláin BID 103; (iii) 'Béile Cinn,' DSD, IT. 23/2/1983.
- 687 Cf. An Chaológ C 37.
- 688 Tagairt dos na geataí a bhí ar an mbóthar go dtí Tigh an tSolais. Cf. 'Piers & Gate' ar 'A Map of the Ground occupied by Signal Tower and Road leading to it at Cape Clear,' 1806 LN 15 B 13 (22)



- 689 Thagair BC [Agallamh le BC, Lúnasa 1985] do teacht le chéile na n-éan sna tráthnóintí le linn a óige sa Ghleann, agus an t-iontas a dhéanadh sé féin dá mbailiú roimh oíche. B'shin 'Cathair an Éin,' dar leis. Cf. Caomhnú na beatha fiáine,' DSD, IT. 12/12/1980.
- 690 Cf. (i) 'Féar', Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta', Béal., 13 (1943): 10; (ii) 'An Féar agus an tArbhar,' BB 38.
- 691 Cf. Na Lochtíní C 42.
- 692 Cf. Mac Curtáin, An Gleann BGC.
- 693 Beachlann, áit ina mbíodh coirceóga na mbeach suite. Cf. (i) 'Banríon na mbeach,' Séamas mac Cnáimhín. Cá ndéanfadh mo Nead? (g.d.). 7-16; (ii) Gort Talmhóga GO 28.
- 694 Cf. (i) 1849 Denis Minaghane FB; (ii) 1860 Jermiah Minihan VB.
- 695 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.
- 696 Cf. Mac Coitir, An Gleann BGC.
- 697 Cf Leaca Loch an Lín C 160.
- 698 Cf Nóta 321 supra.
- 699 Cf. Ó hAonghusa, An Gleann BGC.
- 700 Cf. Lms. 15 B 13 (22) LN.
- 701 Cf. Ó hAonghusa, An Gleann BGC.
- 702 Cf. Dólán - Gabhlán, fork, creek FGB.
- 703 Bíodh gur Cillín Beag a thug MH uaidh, luaigh sé go bhféadfadh Cúilín Beag a bheith i gceist (Agallamh, Lúnasa 1979).
- 704 Cf. An Coiréal C 147, A 4.
- 705 Bungaló a tógadh i 1977. Mac le Finín (Leoil) Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin. Cf. Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin BGC
- 706 Ba le 'Cadogan's of the Lighthouse' an tigh seo go dtí lár na seascaidí nuair a díoladh é le healaíontóir Stephen Doyle, a chónaíonn. i gCill Airne, Co. Chiarraí.
- 707 Ardán beag cré agus cloch ar a sheas 'Sun Dial' Tigh an tSolais tráth. Cf. Tigh an tSolais GO 2.

#### **GORT NA LOBHAR (GL)**

708 Síneann baile fearainn Ghort na Lobhar ó fharraige go farraige. Eiríonn an talamh ó dheas go hairde 400' nach mór in áiteanna. Ritheann an talamh is torthúla ó thuaidh. Is beag crann a bhí i gCléire go dtí le déanaí. Idir 1973-75 cuireadh gar do 5,000 crann ar an mbaile seo. Tá mór phlandáil 14,000 crann déanta ó shin i Lios Ó Móine. Tá méid 49 acra, 2 ceathrú, 19 péirse roinnte i gceithre ghabhaltas. Ceathrar a chónaíonn ann anois [Cf. Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991]. Sa bhliain 1861 áiríodh 51 duine ina gcónaí ann, an líon is mó daoine riamh [Cf. Census of Ireland for the Year 1861].

**Gort** 'sea páirc a bheadh curtha, nó páirc ina mbeadh fásra de shagas amháin in uachtar b'fhéidir [Cf. (i) IPN 93-94; (ii) Gort an Bhranair Cto 1; Gort na bhFeochadán BID 49]. Tá breis is 1,200 baile fearainn in Éirinn a bhfuil '**Gort**' nó '*Gurt*' ina phríomh eilimint [Cf. Townland Index 1851, 139 díobh sin i gCo.Chorcaí [Cf. TDC 38-40]. Tá gar do chéad baile fearainn le '**goirtín**' iontu agus iad Béarlaithe '*Gurteen, Gortin*' agus '*Gurteen*'.

Sa TDC tá 27 baile fearainn i gCo.Chorcaí ar a dtugtar '*Gurteen*'. Tá '**Gortán**' leis le fáil in áitainmneacha e.g. Gortán an Aoil C 133, agus ba i nGortán, Dhún na nGall a saoláodh Naomh Colm Cille [Cf. Onom. 477]. "*Gor*, and the diminutive *Goirtean* are of the same origin as the English Gard-en and garth', an enclosure. The Norse is gardr - an enclosure [Cf. H. Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll, London, 1906, 16]. Tá "a field, cornfield, garden; a field of grown corn, as opposed to **geamhar**, corn grass" ag FGD ar 'Gort.'

Seachas Gort na Lobhar Cléire tá áitainmneacha eile ina bhfuil an téarma 'Gort' agus 'Lobhar' i dteannta chéile. Tá fáil ar Gortnalour (SO 82) in aice le Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí agus Gortnalower i bPortláirge [Cf. PND 299]. Bíonn an téarma 'Lobhar' i dteannta eilimintí eile leis gan amhras. Tá mar shampla Droim an Lobhair nó 'Dromalour' (SO 31/32) i gCo. Chorcaí, Cluain na Lobhar in aice le Trá Lí agus Baile na Lobhar, Leperstown i bPortláirge (PND 208) agus i mBaile átha Cliath [Cf. Lobhar, "leper", 'Irish Place - Names in -AS, -ES, -IS, -OS, -US', T.S. Ó Máille, Ainm IV (1989-90): 135]. 'Leprosy and certain Irish Placenames,' G. Lee, Dinn., II (1967): 71-75.

<sup>709</sup> Cf. Carraig Uí Laoghaire BT 14.

<sup>710</sup> i.e. Cuaisín Charraig Uí Laoghaire GL 1.

<sup>711</sup> Tá cuid mhaith de Chléire clúdaithe anois le raithneach ó d'imigh saothrú na talún i léigh don chuid is mó. Tá an éagsúlacht raithíní ann. Áirítear daichead a haon saghasanna atá dúchasach d'Éirinn. I gCléire faightear Ceannabhán dubhchosach, Blechnum Spicant (Hard Fern) agus Raithneach-madra nó Raithneach Mhuire. Tá fáil leis ar Phyllitis scalopendrium, creamh na muice fia (Hart's-tongue), agus Polypody. Is mó go mór áfach atá fáil ar Raithneach an Rí, Osmunda regalis (Royal Fern) ná saghas ar bith eile raithíní.

Do chúntas agus léaráidí ar éagsúlacht Raithneach na hÉireann: Cf. (i) 'Ferns of Ireland', Donal Synnott / Harold Bird, Irish Environmental Library, 14, No. 68 (Folens); (ii) 'Royal Fern' Roger Phillips, Grasses, Ferns, Mosses & Lichens of Great Britain and Ireland, London, (1980), 104-5; (iii) 'Raithneach mhór', Pteridium aquilinum, Bracken, DL 146-149; (iv) 'Fern', Foclóir Béarla Agus Gaeilge, L. Mc Cionnaith SJ, 1935, 469-70. Tá oileán ar a dtugtar Oileán na Raithíní suite gar do Inis Earcáin. Cf. BIE; Cf. Raithneach, IPN 132.

<sup>712</sup> Cf. Garraí Pheadair GL 54. Phós Peadar Ó Síocháin Cáit Ní Drisceoil (Kate Timsey) sa bhliain 1865 [CRB]. Ochtar clainne a bhí orthu; Cáit, Tadhg, Conchúr, Tomás, Jerry agus triúr a chuaigh go Meiriceá, Jack, Ciarán agus Máire [Cf. Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach BGC].

<sup>713</sup> Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.

---

714 Chónaigh Tadhg an Táilliúra (Ó Drisceoil) sa tigh seo tráth. Cf. (i) Cabhlach Chonchúir an Táilliúra A 9. (ii) Garraí Thaidhg an Táilliúra A 6. (iii) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC. Curly the Tailor of Ceathrúna [Cf. Tigh Theidí GL 57] had a brother Michael who sailed the world. Michael's son Tadhg lived where Teddy now lives. They had a boat 'Saggart Aroon', Registered No. 390. Another one of this family, a Mrs. Julia Lavin, returned from America around 1930, lived and died in the old house there. Teddy came to live in the other house there around 1950 EÓD [Agallamb le EÓD, Mí na Nollag 1983].

715 Cf. 'Glór na bPunann', DSD, IT. 9/11/1983.

716 Bhí Máire 'Ghiolla' Ní Drisceoil pósta le Miocan Mhiocain Bhig. Iníon leo ba ea Máire a phós Conchúr Mhiocan Ó Drisceoil. Acu san bhí Síle a phós Seán (Jackeen) Ó Drisceoil, Lios Ó Móine; Máire, Mike (i.e. Mike Mháire) agus Ellen, nó Eibhlín Chonchúir Mhiocan a phós Seán (i.e. Seán Éireamhóin) Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach. Cf. (i) Ó Drisceoil, Comalán BGC; (ii) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC.

717 Cf. 'Gort na Lobhar' CFC 80.

718 Tá roinnt tagairtí do imeachtaí Fhinn Mhic Cumhaill agus Na Fianna i logainmneacha Chléire. Cf. (i) Leach Dhiarmada BID 121; (ii) Fail Dhiarmada BID 119; (iii) Poll an Duirc C 3; (iv) Gleann Smóil GO 1; (v) Tobar na Corann Chrosta Cn 14.

719 Cf. 'Gort na Lobhar' CFC 80.

720 "Gort was the smallest plot of land held in severalty" de réir D. Coughlan Ancient Land-Tenures in Ireland. 1931. 12. Cf. Nóta 708 supra. Do chúntas ar lobhra in Éirinn agus thar lear: Cf. (i) The Leper - Hospitals of Munster', Gerard A. Lee. North Munster Antiquarian Journal. 10 (1966): 12-26. Cf. RBÉ S 295:161-2. Cf. 'Leper houses and Placenames'. INP. III, 1902, 79-83.

721 Bhí Flor Éireamhóin Ó Drisceoil, Lios Ó Móine [i.e. 1859 Florence Driscoll VB: 1833 Flor. Corn. Driscoll TAB] pósta le Máirín Mhiocain Ní Drisceoil, Gort na Lobhar. Mór sheisear mac a bhí acu; Miocan Mór [Cf. Cabhlach Mhiocain Flor GL 28; Tigh Chonchúir Floirín GL 28], Séamas Mór, Seán Floirín, Pad Mháirín Mhiocain, Éireamhóin Mháirín Mhiocain. Is ó Mhiocan Mór, i.e. Mac Con Ó Drisceoil do ainmníodh Garraí Mhiocain.

Cf. (i) 'Ainmneacha Daoine', ADSD 144; DSD, IT. 16/10/1982; (ii) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC.

722 Cf. Tigh Mháire Phiolóit GL 27.

723 Phós Miocan Mhiocain Bhig (i.e. Mac Con, mac le Mac Con Óg Ó Drisceoil), Máire 'Ghiolla' Ní Drisceoil agus is uathi, nó ón a hiníon Máire do hainmníodh 'Tigh Mháire Phiolóit' agus Garraí Mháire Phiolóit GL 26. Píolóití loingeas ó Chléire go Corcaigh ba ea sinsear Mháire Phiolóit. Cf. (i) 'Ainmneacha Daoine' ADSD 144; DSD, IT. 16/10/1982; (ii) 'Píolóit', tá Cáit ina píolóit mhaith ar an oileán, i.e. go bhfuil eolas an oileáin go maith aici DCC 70.

724 i.e. Cabhlach Mhiocain, Miocan Mór nó Tigh le Mac Con (Miocan) Mór, mac le Flor Éireamhóin Ó Drisceoil agus Máirín Mhiocain Ní Drisceoil. Cf. Garraí Mhiocain GL 25; Nóta 721

---

supra. Thugtaí Tigh Chonchúir Miocan ar an gCabhlach seo chomh maith. Tigh ba ea é a bhí tráth i seilbh Chonchúir Uí Dhrisceoil, deartháir Miocan Mór. Cf. Cabhlach Mhiocain Flor GL 28.

725 Cf. Boulder Dolmen GL 61. Thugtaí Máintí Choinín ar an bpáirc chomh maith. B'fhéidir gur 'móinteán' atá i gceist. Cf. 'Móinteán', land growing rough, coarse herbage, reclaimed moor, peat-land, a bog FGD.

726 Cf. Leaca an Aitinn C 30.

727 Bhí an Chlann Muirthile lonnaithe i gCnocán na mBáirneach tráth. Cf. Tigh Phádraig Uí Mhuirthile CB 24.

728 Bhí roinnt síbíní eile i gCléire ó am go chéile. Cf. (i) Cabhlach Nóra Fhinín C 199; (ii) Tigh Dhonncha de Búrca BIT 272; (iii) 'The Rising Sun' CLF 20.

729 Cf. 'Clathacha' ADSD 50-52; DSD, IT. 23/11/1982.

730 Tigh scoraíochta c.1973-85, do lucht freastal Choláiste Gaeilge, Gluaiseacht na gCampaí Oibre. Tá sé anois i seilbh Gearmánach agus in úsáid mar bhrú do ógchiontóirí na Gearmáine. Cf. (i) Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh A 51; (ii) Ó Dálaigh, Ardghort BGC. Do Stair na gCampaí Oibre: Cf. Cléire, Gaeltacht nó Galltacht?, Beatha nó Bás?, An tAth.Tomás Ó Murchú, Meitheal. Iris Champaí Cholmcille. 1 (1970): 61-70. Cf. Eirí na Gréine CLF 20.

731 Sean athair Neill Ní Dhálaigh ba ea Seosamh. Cf. (i) Tigh Neill GL 38; (ii) Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh A 51.

732 Do chodanna an chéachta, Cf. Seán Ó Dúbhda, 'An Céachta', 'Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta', Béal. 13 (1943): 13-14.

733 My grandfather Pádraig Ó Dálaigh married a Mary Horgan from outside the island. His family were Denis [i.e. 1844 Denis Daly CRB], who married in Schull, Co. Cork; Dan [i.e. Dónall Ó Dálaigh, Cf. Tigh Nóra Uí Dhuinnshléibhe A 113], who lived in Cummer and Mícheál [Cf. Ó Dálaigh, Ardghort BGC] who married Máire Ní Chrónacháin from Sherkin Island [Cf. Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83]. Mícheál died in 1927 aged 81 years. His son was Eugene, my father, who died in 1920, aged 44 years. My mother was Minnie, or Mary O' Driscoll, daughter of Conchúr Floirín Driscoll [Cf. (i) Ó Drisceoil, Gort na Lobhar; (ii) Ó Drisceoil, Comalán BGC]. Their children were; Donncha (i.e. DÓD), who married Ellen (Timsey) O' Driscoll of Gort na Lobhar, and they lived in Ardghort and later at Ropewalk, Blackrock, Cork [D'éag Donncha, ard chainteoir Gaeilge i 1981. Cf. Tigh Dhonncha Uí Dhálaigh A 112]; Mícheál. (i.e. MÓD) married Mary Pyburn of Heir Island, Co. Cork and lived at Turk Head, Skibbereen; Máire (i.e. M Uí .D.) married Domhnall Ó Drisceoil or Danny Mike of Lios Ó Móine [Cf. Tigh Dhomhnaill LM 43]. I'm married to a daughter of Pádraig Mac Coitir, Lios Ó Móine [Cf. Cabhlach Mháire Léith LM 224; Tigh Carey Cotter LM 225] EÓD - Agallamh le EÓD, Mí na Nollag 1983; Cf. Ó Dálaigh, Ardghort BGC.

734 Cf. An Mhalainn A 77.

735 Another brother of my grandfather [Cf. Garraí Dhónaill A 44] also came to Cléire. He was Eoin Ó Dálaigh or Eoin Mór, and he had a son Eoin Óg [Cf. Ó Dálaigh, Ardghort BGC] who was Paddy

---

Daly's [Cf. Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh A 51] grandfather, or Eoin, Eoin Óg EÓD - Agallamh le EÓD, Mí na Nollag 1983.

736 Mac le Mícheál Ó Dálaigh agus Máire Ní Drisceoil as Inis Earcáin ba ea Eoin Mór. Phós sé Minnie Ní Drisceoil, i.e. Máire Chonchúir Floirín ón gComalán. Máire, Donncha, Mícheál agus Eóin an chlann a bhí orthu. Cf. (i) Garraí Dhónail GL 44; (ii) Ó Dálaigh, Ardhort BGC; ADSD 137.

737 Cf. (i) Cabhlach Pheadair Uí Shíocháin CB 45; (ii) Gáirdín Pheadair GL 8; (iii) Ó Síocháin, Comalán BGC.

738 Cf. An Bán Mór A 82.

739 Bhí beirt mhac ag Tadhg an Táilliúra [Cf. Garraí Thaidhg an Táilliúra A 6], Conchúr nó Curly agus Taidhgín. Bhí Pádraig, mac Curly, pósta le Nóra Ní Dhálaigh. Mac leo san ba ea Teidí (d'éag 1989) [Cf. Tigh Theidí GL 57; Bóithrín Theidí GL 59; Ó Drisceoil, Gort na Lobhar BGC], agus Seán a bhí pósta le Máire Ní Drisceoil, Cill Leice Fórabháin deirfiúir Phaddy Carey (i.e. PCD) [Cf. Tigh Phaddy Carey CLF 58; Ó Drisceoil, Cill Leice Fórabháin BGC]. Seán Curly a mac [Cf. Tigh Sheáin Curly Ca 85; Ó Drisceoil, Ceathrúna BGC].

740 *ibid.*

741 *ibid.*

742 Bhí fiche comhartha in aibítir an Oghaim agus greannadh iad mar eangaí comhthreormhara ar dhá thaobh cúinní galláin. Bhí an aibítir seo bunaithe ar aibítir na Laidne agus bhí sí a húsáid ó c. 350 A.D.-600 A.D [Cf. D. McManus, A Guide to Ogam. A Sagart, 1991]. Inscríbhinní cuimhneacháin a bhíonn ar na clocha Oghaim de ghnáth agus tugann siad ainm an duine agus a shinsir. Níor deineadh amach an inscríbhinn ar an gceann seo toisc go bhfuil an chloch ábhar caite. Tá seans ann, ar ndóigh, gur tháinig na marcanna ann go nádúrtha [SAC].

743 Baineann Dolmainí Bolláin/uaighe leis an gcuid déanach den Ré Neoilíothach (2,500 R.Ch.-2,000 R.Ch.) nó le tosach na hAoise Cré- Umha (2,000 R. Ch.-1,400 R.Ch.). Is i gCo. Chorcaí agus Ciarraí [Cf. William O'Brien, Boulder-Burials: A Later Bronze Age Megalith Tradition in South-West Ireland', JCHAS 97 (1992): 11- 35] amháin atá fáil orthu. Is minic a shamhlaítear iad le Ciorcail Cloch agus le Línte Cloch ó Aois an Chré-Umha.

De ghnáth bíonn adhlacadh créamtha aonair déanta i lár baill faoi na clocha boinn a thugann tacaíocht don bhollán mór dín aonair. Sa chás seo tá an bollán gaineamhchloiche 2.5M. ar faid agus 1.7M. ar leithead, agus 1M. ar airde. Lúfann sé ar cheithre chloch bhoinn atá níos lú. Tá ais mhór an bholláin ag féachaint ó thuaidh/ó dheas geall leis de. Ní bhaineann aon leachtanna eile leis an gceann seo [Cf. An Lios; An Teampall Gréine GL 22]. SAC.

## LIOS Ó MÓINE (LM)

744 Suite i lár an oileáin geall leis atá Lios Ó Móine. Liosamóine a deirtear sa chaint agus is dóichí gur ón lios a bhí ar an mbaile tráth a ainmníodh. Tá an t-achar 176 acra, 25 péirse roinnte i dtrí ghabháltas deag. Thart ar 70 acra de thalamh méith, 50 de thalamh atá garbh go leor. Cnoc 'sea an chuid eile. I 1988-89 do cuireadh 13,000 crann ar an mbaile seo, ar thalamh chnocach de chuid Comharchumann Chléire Teo.

Bhí 154 duine i Lios Ó Móine sa bhliain 1841, líon a thit go 89 faoi 1891 [Census of Ireland for the Year 1891]. Bhí buanchónaí ar 23 ann i 1991 [Daonáireamh Chumann Iarsmalann Chléire, Lúnasa 1991].

I logainmníocht na hÉireann is minic gur ionann ciall do 'Lios' agus 'Dún,' bíodh gur struchtúir difriúil iad ó thaobh na tógála agus na hArsafochta [Cf. (i) 'Lios,' FGD; (ii) 'Forts,' S.P. Ó Riordáin, Antiquities of the Irish Countryside 1966, 1-26]. Tá 120 baile fearainn i gCo. Chorcaí a bhfuil lios (nó *Lis* an Bhéarla) mar an chéad chuid den ainm iontu. Cf. (i) TDC 54-5; (ii) INP 111, 471-87; (iii) IPN 111-116.

'As a lexical item, early *les* (masc.) is, primarily, "the space about a dwelling- house or houses enclosed by a bank or rampart", and is so used in both secular and ecclesiastical contexts; then, sometimes, "the bank or rampart" itself [Cf. '*Caiseal, Cathair, Dún, Lios and Rath* in Scotland", Aidan macDonald, Ainm. (1987): 37-54; *les* DIL (L) 1969:2 ].

745 Briseann an fharraige go hard os a chionn in airde ED.

746 Carraig fhochaise nó carraig fhollaigh i.e. carraig fé uisce atá sa bhoilg. Boilg is a submerged rock or reef, over which the sea swells, and, in a ground sea breaks; it is written *boilg* Dinn., VI, 1 (Meitheamh 1974): 15. Cf. An Bhoilg GI 32.

747 Cf. 'bairéad, cap; bairéad píce, peaked cap' FGB. Cuma bioránta na carraige atá faoi chaibidil san ainm seo is dócha. An bhféadfadh gur ón mbairéadach, black guillemot a ainmníodh ?

748 Ritheann Sruth an Mhuilinnín LM 34 le cliathán na páirce seo. Bró an mhuilinnín a ndéintear tagairt do i Seanchas Chléire (lch. 116) is i gclai teorainn na páirce seo a bhí sé sáite, gur ardaíodh amach é i 1987 le cur ar taispeánt i Láthair Oidhreachta Chléire.

749 Cf. Aonach LM 61.

750 Bhí muileann anseo tráth a d'oibrigh le cabhair uisce Sruth an Mhuilinnín LM 34. Do chóras oibrithe na muilte seo. Cf. (i) 'The Horizontal Mill in Ireland, JRSAI, 83 (1953): 1-36; (ii) 'A Horizontal Mill at Ballykilleen, Co.Offally,' JRSAI, 85 (1955): 100-112; (iii) 'A Horizontal Mill at Knocknagranshy, Co. Limerick', NMAJ, 12 (1969): 12-22.

751 I gCléire 'Carey' a bhíonn ar Chiarán go minic [Cf. Garraí Cháit Carey LM 35]. Is dóichí gur Ciarán atá i gceist le 'Ciaróg' san ainm seo.

752 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.

753 Cf. Ó Riagáin, Lios Ó Móine BGC.

---

754 Thugtaí 'Na Geancaigh' [Cf. Garraí Dhonncha Uí Fhranncach LM 118] ar an mhuintir Chonghaile. Tigh athair John Connolly [Tigh John Connolly LM 245] a bhí anseo. Bothán do bha atá sa tigh anois. Cf. Connolly, Lios Ó Móine BGC.

755 Cf. (i) Páirc na Cruaiche Ca 24; (ii) 'Cruach,' a rick or a pile of anything Q'R.

756 Bíonn Dúnta Rinne (Promontory Forts) suite ar reanna talún a ghobann amach sa bhfarraige. Bíonn na h-aillte mar chosaint ar thaobh na farraige agus port agus clais ar thaobh na talún. Tógadh dúnta den saghas seo le linn Aois an Iarainn (c. 500 R.Ch.-500 A.D.). Bhaintí úsáid as roinnt díobh in aimsir chogaidh is aighnis sa Mheánaois (1,170 A.D.-1,600 A.D.).

Dealraíonn sé gur deineadh lochán dronuilleogach a thochailt chun líon (amh-ábhar an línéadaigh) a chur ar bogadh ann i dtosach an chéid seo caite. Cf. (i) 'Fortified Headlands and Castles in Western Co.Cork,' Thomas Johnson Westropp, Part 1, From Cape Clear to Dunmanus Bay, PRIA. XXX11, C (1915): 255; (ii) 'Promontory Forts,' S. P. Ó Riordáin, op. cit., 17-18.; (iii) SAC.

Díol suime a bhfuil le rá ag A.W. Moore [Manx Place Names, op. cit., 91] faoi an téarma 'Dún'. 'The Irish and Gaelic **dun**, and Welsh *din*, mean 'a fort', or 'a fortified hill', but n Manx, *doon* has retained the original meaning of a fence or enclosure, and hence the place enclosed'.

757 Trá an chlochach atá ann.

758 Is i mbaile fearainn Lios Ó Móine amháin atá fáil ar an áitainm '**Aonach**' agus is i dtrí ghabháltas le hais a chéile atáid. Tá fáil leis ar '**Aonach**' in Albain.

It is, as neatly as it can be put, a rocky front rising sheer from the sea; but every such front is not always named 'Aoineadh'. The name usually takes the form '*Innie*' in English, and it seems to be akin to the Norse 'Ennie' the forehead. Aonach, a moor, heath, or high-ground, is also a very difficult word to translate. The main idea is that of a good stretch of high, or rather say hill-ground; and whether it is level or a slope does not seem to make a difference. It must, however be a good stretch of such ground, and not cultivated, to be an Aonach' [The Place-Names of Argyll, op. cit., 12]. 'Aonach, a hill, height, heath, desert place atá' ag A Gaelic Dictionary. Armstrong 1825, 15. 'A steep, a hill' atá ag Dictionary of the Gaelic Language. The Highland Society. 1828, 15.

Féachann sé gur fásach nó áit fé leith, ann féin is ciall do *aonach* in Alban. *Aonach* is applied to rough and broken ridges or buttresses. The use of *aonach* in this sense seems to be an extension of its usual meaning of 'moor' or 'heath' and is not very common. The term also appears in the names of some summits [Cf. Ian Matley, 'Perceptions of Mountain Environments as reflected in the Names of Landforms in the Scottish Highlands, Norway and Romania', i Topothesia, op. cit., 28].

D'fhéadfaí an brí céanna a shamhlú leis i gcás áiteanna in Éirinn leis, eg. (i) 'Aonach, is a level riverside field, topographically distinct from the high, hilly, uneven land of the holder - It means "a place apart, alone" FGD: (ii) 'Aonach, what is separte.' Cf. Dinn, VI. 2. (Nollaig, 1974): 56, 113; (iii) 'Aonach seems a place apart, alone. Before division and cultivation it was a common, an outland distinct topographically from the cultivated holdings nearby.' Cf. 'The Aonachs', Dinn, VI, 2 (1974): 56; (iv) 'Macaire garbh, móinteánach, fliuch, gan foscadh ón tsín é an tAonach agus síneann sé gan briseadh, siar agus siar ó dheas ón mbaile go himeall farraige' 'Is domheasta Aonach daoine nó eallach

dá thionól riamh air agus uime sin, b'fhéidir gurbé an brí le Aonach sa chás seo ná fásach, amhail mar atá do i nGaeilge na hAlban, agus gur cás eile de i nGaeilge Éireann é Sliabh an Aonaigh i Mágh Cuilinn na Gaillimhe'. Cf. 'Cúpla Logainm Duibhneach', Seán Ó Cinnéide; Dinn. VI, 3 (1975), 114.

(vi) Cf. 'Ainmneacha Éideimhne', Tomás Ó Concheanainn, Dinn. II, 1 (1966): 15-18.

(vii) 'Eanach in Irish means primarily "a swamp", or a marsh'; Eanach an tSamhraidh, "summermarsh". Cf. 'The ElementIsland', Mícheál B. Ó mainnín, Ainm IV (1989-90): 205.

Tá ciall láthair teacht le chéile daoine tugtha mar mhíniú ar an téarma leis. Cf. (i) IPN 16-17; (ii) 'Aonach, assembly place: 'People assembled here on Sunday afternoons for amusement' - Dinn., VI, 1 (1974):18. 'The Aonach' is ainm do áit in Inis Earcáin (Cf. BIE). Is ar éigin gur tagairt do aonach nó láthair d'fólachán ainmhithe atá i gceist le 'Aonach' i gCléire. Séantar a leithéid sa bhéaloideas. Cf. (i) 'Páirceanna aonaigh' CFC 119; RBÉ 609:119. (ii) The Place- Names of Argyll, op. cit., 12.

759 Cf. (i) Tigh Gláimhín LM 37; (ii) Tobar Gláimhín LM 45.

760 Cf. (i) Tobar na gCeann Cto 5; (ii) An Muilinnín LM 10.

761 Cf. Garraí Mháire Cíoróg LM 12.

762 i.e. Tigh le Cáit iníon Chiaráin (Carey) Uí Dhrisceoil. Cf. Garraí Mháire Cíoróg LM 12.

763 Cf. (i) Garraí Mhíchíl LM 44; (ii) Tobar Gláimhín LM 45, LM 33.

764 Cf. Ó Drisceoil, Lios Ó Móine BGC.

765 Cf. (i) 1842 Michael Glavin m. Julia Burke CMR; (ii) Tigh Gláimhín LM 37; (iii) Tobar Gláimhín LM 33.

766 i.e. Tobar le Mícheál Ó Gláimhín, 1842 Michael Glavin CMR. Cf. Garraí Mhíchíl LM 44.

767 Bhí Miocan Mhiocan Bhig (deartháir Flor Mhiocan Bhig) pósta le Máire (Ghiolla) Ní Drisceoil. Triúr clainne a bhí orthu; Con, Síle agus Máire a phós Conchúr (Mhiocan) Ó Drisceoil. Ar a gclann san bhí Máire, Eibhlín a bhí pósta le Seán Éireamhóin Ó Drisceoil [Cf. Tigh Sheáin Éireamhóin CB 72], Síle a phós Seán Ó Drisceoil (Jackeen) Ó Drisceoil [Cf. Tigh Michael Jackeen LM 244] agus Mike. D'imigh Mike chun cónaithe ar an gCumar BIT 83 nuair a phós sé, ach choiméad sé an pháirc sin chuige féin agus tugtar 'Mike's field' uirthi ó shin - Agallamh le Cáit Ní Drisceoil, Lios Ó Móine agus an Cóbh, Co. Chorcaí, Aibreán 1982.

768 Cf. An Droighean LM 64.

769 Cf. An Cuar GM 8; An Cuar CLF 34, CB 21.

770 Tá trí chinn de ghoirtíní an luaithrigh ann (i.e. LM 56, 57, 69). Dheintí lóch a dhó agus an luaithreach a scaipeadh mar leasú talún.

771 Cf. Aonach LM 61.

772 *ibid.*

773 Cf. nóta 758 *supra*.

774 Droighean - an crann deilgneach, i.e. 'Blackthorn' nó 'hawthorn'. Cf. (i) 'Droighean, 'blackthorn, sloe tree' OR, FGD; (ii) Cnocán na Droighean C 177.

775 Cf. Gort na Leasa Uachtair LM 81.



- 776 Ritheann an Bóthar Láir ó chúinne an bhóthair ag Tobar Gláimhín LM 33 go Ceann an Bhóthair Láir LM 241 atá thart ar leathmhíle slí siar. Bíodh go dtugtar an Bóthar Láir leis ar an gcosán caol ó Thigh Mhailí Ní Chéadagáin LM 120 amach go dtí Dreapa an Bhóthair Láir CC 9, níl ann ach bóithrín coise.
- 777 i.e. Garraí le Máire iníon Chonchúir Óig Uí Shíocháin. Cf. 1853 Cornelius Sheehan GV.
- 778 i.e. 1849 John Burke VB.
- 779 Talamh garbh gearbach atá i garrachán. Cf. 'Carrachán, rough scabby land' FGD, FmC.
- 780 Cf. (i) 'Fortified Headlands and Castles in Western Co.Cork', Part 1, PRIA, XXX11 (1915): 252; (ii) SAC.
- 781 Tagairt don lios ag Gort na Leasa Uachtair LM 81. Cf. Lisín an Mháistir LM 102.
- 782 Cf. (i) Garraí an Aitinn C 216, A 28, GL 39; (ii) Leac an Aitinn C 30.
- 783 Cf. (i) An Carrachán LM 80; (ii) Nóta 779 supra.
- 784 Cf. (i) 1842 Michael Glavin m. Julia Burke CMR; (ii) Tobar Gláimhín LM 33, LM 45; (iii) Tigh Gláimhín LM 37; (iv) Garraí Mhíchíl LM 44.
- 785 Cf. Garraí na dTuigí GL 13.
- 786 Baintear feidhm as an téarma '**Stucán**' le cur síos a dhéanamh ar charraig a mbeadh bior air b'fhéidir agus í ina seasamh léi féin, scoite amach ar talamh nó ar farraige. Cf. 'Stack', an isolated rock monolith or pillar rising steeply from the sea DHG 507. 'Stuaic (Stook)', Pointed pinnacle, or projecting point of rock INP 1, 408; Stacán, cloch ghéar ard TCCD I (1938): 85. Thabharfaí duine 'stuachánach' ar an té a bheadh ag seasamh amach, ina staic.
- 787 Cf. (i) Mineán, "kid", Dinn., V, 2 (1972): 43; (ii) Mionnán na gCaillí CC 27.
- 788 Cf. Nóta 786-787 supra.
- 789 Deirtear 'An Pórt' sa chaint. Tharlódh gur "*fort*" an Bhéarla, i.e. dún, atá i gceist ó cheart, go háirithe ó tá iarsmaí dúna le fáil ar an láthair. Cf. (i) Dún Cléire LM 23; (ii) SAC.
- 790 Tá an téarma '**Lios**' ina phríomhchuid de thart ar 1,400 ainmneacha bailte fearainn agus sráid bhailte in Éirinn. "Many local names are formed by the union of the term '*Lios*' with a personal name, the individual commemorated being either the builder of the Lis or one of its subsequent possessors". Cf. INP 1, 271-4.
- Tharlódh go raibh an piosa talaimh seo i seilbh an Mháistir Scoile nó i seilbh báille (i.e. An Máistir) an tiarna talún.
- 791 Cf. Páirc an Liochtáin C 215.
- 792 Cf. Lisín an Mháistir LM 102.
- 793 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40
- 794 Ba ghnáth ceathrú talaimh a bheith ag gabháil le gach tigh. Cf. Ceathrú Bheití C 113.
- 795 Saolaíodh Mícheál Ó Donnchú, i.e. Mícil Liath, i Lios Ó Móine sa bhliain 1840. Phós sé Síle Dhónail (Ní Drisceoil) 1873. Ar an ndeichniúr clainne orthu bhí, Mícheál (singil) [Cf. Garraí Mhíchíl LM 199; Tobar Mhíchíl LM 200], Máire a phós Maidhc Shéamais Ó Drisceoil, Comalán [Cf. Tigh Mhike Shéamais C 173], Johanna, Seán a phós faoi dhó [Cf. Ó Donnchú, Lios Ó Móine

- BGC], Cáit, Nóra, Mairéad, Julia a phós Ciarán Mac Coitir [Cf. Cabhlach Mháire Liath LM 224]. Phós Donncha nó Dinny [Cf. Tigh Dhonncha LM 242], Cáit Ní Dhálaigh. Bhí cónaí ar Chonchúr nó Neilly mar a b'fhearr aithne air sa sean tigh a bhfuil an ceann tuí fós air. Thugtaí 'Tigh Neilly' air.
- 796 Cf. (i) Lisín an Mháistir LM 102; (ii) Nóta 790 supra; (iii) Tigh Sheáin Uí Chonghaile LM 19; (iv) Tigh John Connolly LM 245.
- 797 *ibid.*
- 798 Cf. (i) Lisín an Mháistir LM 102; Nóta 791 supra; (ii) An Bán Mór A 82.
- 799 Ba den Chlann 'Bheast' nó Riagánaigh iad muintir Thaidhg Mór. Cf. (i) 'Forshloinnte', ADSD 142-3; (ii) Ó Riagáin, An Crois BGC.
- 800 Ba le Donncha 'Geanncach' Ó Conghaile an garraí seo. Forshloinne don Mhuintir Chonghailigh ba ea 'Geanncach'. Ba as Droighneach, láimh le Dún Mánmhaí, Co. Chorcaí an Mhuintir Chonghailigh agus Brianaigh a tháinig go Cléire. Chas cuid acu ina bProtastúnaigh ar feadh tamaill agus bhíodar ina dtionóntaithe ag an Oirmh. Edward Spring a raibh seacht gcinn de thithe ina sheilbh sa Lána BIT 86. Cf. Ballyieragh North GV.
- Ba le Donncha Geanncach an garraí seo. Bhí Dónal Geanncach leis ann. Cf. (i) Dónal Geanncach RBÉ 52: 265, i.e. 1853 Daniel Connolly GV; (ii) Garraí Chonchúir Uí Fhranncach BIT 60.
- 801 Ard scéalaí agus amhránaí ba ea Mal. Bhailigh DÓF roinnt mhaith ábhair béaloideas uaithe i 1940. Cf. 'Réamh-Rádh,' Béaloideas Ó Chléire II, Béal. X1, 1-11 (1941): 3.
- 802 Mheas Nicolaisen (Trans. Gaelic Society of Inverness, XLV (1969): 115) go bhféadfaí glacadh leis gur focal Albanach é **binn** nó **beinn** toisc coitiantacht na heiliminte **binn** i logainmníocht na hÉireann gan a bheith chomh líonmhar le **beinn** na hAlban. Ciall 'cnoic' is gnáth ciall don téarma in Éirinn agus in Albain.
- Ní cnoc atá sa Bhinn LM 141 i gCléire ach faill atá ard agus chomh díreach le binn tí. Do ainmneacha a bhfuil **binn** ina dtosach agus ciall 'cnoic' leo. Cf. 'Roinnt Nótaí ar Sliabh, Binn, Cruach in Ainmneacha Cnoc,' Éamonn De hÓir, Dinn., IV, 1 (1970): 4-5.
- 803 Cf. (i) Stucán LM 93; (ii) Nóta 786 supra; Faill na Binne LM 127.
- 804 Tá sé suite tuairim 30 slat amach ó thalamh an oileáin.
- 805 Tagairt don Dún sa bhall céanna. Cf. (i) Dún Cléire LM 23; (ii) An Pórt LM 96.
- 806 Cf. SC 29; Oileán Beag LM 129.
- 807 Ba ag muintir Chonghailigh a bhí an gabháltas ina bhfuil an garraí seo, agus is dócha gur duine díobh an Nain atá luaite san ainm.
- 808 Cf. An Com BIT 31.
- 809 Bhí an Mathúnach ag obair do mhuintir Chonghailigh tráth. "Gaelic Mahony" a leasainm. HS (Agallamh, Lúnasa 1981).
- 810 Cf. An Dúinín LM 130.
- 811 Cf. (i) Faill na Binne LM 127; (ii) Nóta 802 supra.
- 812 Páirc le Dónal, mac Danny Mike. Cf. (i) Tigh Dhómhnaill LM 43; (ii) Tigh Dhónaill LM 248.

- 813 Cf. An Bóthair Láir LM 70; CC 44.
- 814 Cf. Carraig Mharcais C 13.
- 815 Cf. 1863 Jerry Sheehan CRB.
- 816 Cf. An Charraig Liath CB 29, CC 38-39, GI 28.
- 817 Cf. Garraí na gCopóg GM 11.
- 818 Cf. Páirc an Phóna LM 166.
- 819 Bean álainn óg í ainnir. Páirc den scoth í seo HS.
- 820 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.
- 821 Daingean ina gcoimeádaí beithígh a bhí sa phóna.
- 822 Cnoc an Fhraoch-bháin a thug HS mar mhíniú ar an ainm agus Cnoc an Féachán Cn 36 a bhí ag BC do chuid den chnoc céanna atá i mbaile fearainn Choinlín. An bhféadfadh gur Cnoc an Fhraocháin [Fraochán-'whortleberry, bilberry' Cf. Catalogue of Co. Dublin Plants, W.Wade] atá san ainm seo seachas Cnoc an Phréacháin? (ii) Fraochán-'fraochóg, the whortle-berry, vaccium myrtillus, bilberry, hurt, whort' FGD; (iii) Freachán '-caper (a fruit of a shrub)'. Cf. Luibhleabhrán-Irish and Scottish Gaelic Names of Herbs. Plants. Trees etc. F. Edmund Hogan S.J. Dublin, 1900. Tá fáil ar an bPréachán Carrion Crow, Corvus c. corone (Hooded Crow) i ngach contae in Éirinn. Neadaíonn sé i bhfailltreacha chóstaí agus oileáin. Cf. (i) A List of the Birds of Ireland, op. cit., 93; (ii) NHC 88, CCBO Rep. (1980-82): 40; (iii) Faill an Phréacháin BID 28. Toisc géire agus déine siúlóide ar an gcnoc seo tugadh 'Calvary' leis air.
- 823 Is ó Chiarraí a tháinig na Gearaltaigh go Cléire ag deireadh na seachtú haoise déag.
- 824 Cheannaigh Comharchumann Chléire Teo. an tigh seo sna seachtóidí mar bhrú do lucht freastal Choláiste Samhraidh Gaeilge. Athchóiríodh an tigh (1985) agus cuireadh an halla leis ar a dtugtar 'Luí na Gréine' anois air. Tá brú ag Coiste Choláiste na gCampaí Oibre i gCill Leice Fórabháin ar a dtugtar 'Eirí na Gréine' CLF 20.
- 825 Cf. Ó Síocháin, Ardghort; Ó Síocháin, Lios Ó Móine BGC.
- 826 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40.
- 827 Bhí cónaí ar John Roche ar an gCumar sa bhliain 1869 de réir an VB. Caithfidh go raibh garraí beag ar chíos aige i Lios Ó Móine uair éigin.
- 828 Cf. Goirtín a Mheathlaigh C 29.
- 829 Mic le hÉireamhóin Ó Drisceoil, Lios Ó Móine ba ea Éireamhóin agus Flor a bhí pósta le Máirín Mhiocain Ní Drisceoil, Gort na Lobhar [Cf. Garraí Mhiocain GL 25]. B'fhéidir gur ó dhuine den dá Éireamhóin a ainmníodh Cnoc Éireamhóin.
- 830 Osclaíodh Coláiste Chiaráin, 24 Iúil 1966.
- 831 Tigh le muintir Lionáin ba ea é.
- 832 Ní fios cén brí atá le 'craipaire' munar áit lom cropaithe í.
- 833 Gort nach mbeadh mórán tairbhe ann b'fhéidir. Cf. 'Giobach' rough, untidy FGD.
- 834 Is dealraitheach go mbaineann galláin le tréimhse chomh luath le hAois an Chré-Umha (2,500 R.Ch.-500 R.Ch.) agus is dócha gur deineadh "Críostú" ar mhórán acu i ré na Luathchríostaíochta

- (500 A.D.-1,700 A.D.) le cros a ghreannadh anuas ar éadan na cloiche. Sampla an-mhaith de atá anseo. Cf. Gallán Lios Ó Móine SAC.
- 835 Ceann de sheanchilleanna an oileáin í. Cf. Cill Bhrún C 139; Cill Chiaráin BIT 10.
- 836 Cf Leaca an Aitinn C 30.
- 837 Dreapa ag barr an chnoic ar Chasán an tSléibhe LM 252.
- 838 Cf. An Chaológ C 37. Is ar éigin gur ón gCaológ Riabhach a ainmníodh an garraí. Cf. Caológ riabhach; the little bird that follows the cuckoo FGD.
- 839 Cf. (i) Ó Riagáin, An Crois; (ii) Ó Riagáin, Lios Ó Móine FGB.
- 840 Is dóichí gur ó David Sheehan a phós Mary Cadigan 1849 [Cf. CMR] a ainmníodh nó b'fhéidir gur ó David Sheehan a phós Ellen Burke 1841 a baisteadh.
- 841 Cf. Tigh Mháire Sheáin Muirín CB 24.
- 842 Cf. Tigh Mhichíl Uí Dhonnchú LM 110.
- 843 *ibid*.
- 844 Cf. (i) Goirtín a Mheathlaigh C 29; (ii) 'Fish and Famine,' An Irishwoman's Diary, IT.11111982; (iii) 'Notable Career of Chevalier J.P. Leonard', Patrick Thompson, Cork Holly Bough, Christmas (1982): 33-4; (iv) Sk. 71.
- 845 Cf. Leaca Loch an Lín C 160.
- 846 Iníon le Conchúr Mór Ó Céadagáin agus Nóra na Spáinneach ba ea Siobhán Chonchúir. Phós Siobhán, Connie Ó Céadagáin. Cúigear clainne a bhí acu. Phós Tadhg Mairéad Nic Gearailt. D'imigh Joe go dtí na Stáit Aontaithe. Bhí Siobhán, i.e. Siobhán Connie, pósta le Maidhc Curly Ó Síocháin, Lios Ó Móine. Ní raibh aon chlann acu. Bhí Mary Anne pósta le Carey (Ciarán) Ó Riagáin. Bhailigh a gclann; Seán, Ciarán agus Máire leo go Meiriceá. Phós Micheál, Ellen Ní Shé (i.e. máthair Michael Vincent (MVC)), agus bhí cónaí orthu ag an Loch, Cléire. Cf. Ó Céadagáin, Baile Iarthach BGC
- 847 Uisce ó Thobar na gCeann Cto 5 a ghabhann tríd an Draein Mhóir chun farraige ag Tráigh Dhún Cléire LM 24.
- 848 Cf. (i) 'Seana-Shoilse na Gaeltachta' S. Ó Duilearga, Béal., 1 (1927-28): 78-79; (ii) 'The rushlight and its associates', H.C.Drury, JRSAL, 55 (1925): 99-111; (iii) 'Irish Rush-Light Candlesticks.' P. D. Vigors, JRSAL, 21 (1891): 473-4; (iv) 'Ábhar Solais', Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta, Béal., 13 (1943): 38; (v) DCC 73; (vi) MFC 146.
- 849 Cf. Latrach DCC 69.
- 850 Cf. (i) Réidh. 'esp. a moorland or heather plain, equivalent to móinteán' FGD; (ii) Ré, "smooth", (heather) slope, JCHAS, LXXXV (1980): 108; (iii) An Réidh, "The mountain plain"; a field PNSWC 12; (iv) Réidh - a term meaning a 'level place' or 'clearing' - IPN 136.
- 851 Tá sé suite trasna an bhóthair ó Thigh Danny Mike nó Tigh Dhómhnaill LM 43 agus tá sé in úsáid mar bhothán do bha i gcónaí. Tá roinnt troscán atá anois 150 bliain d'aois a tháinig ón dtigh seo ar taispeáint i Láthair Oidhreachta Chléire. Uncail le Nóra (Nonie) Bean Uí Drisceoil ba ea Dónal Ó Síocháin. Cf. Tigh Nonie LM 254.

852 Cf. Droichead Pholl an Duirc C 4.

853 Tógadh an Séipéal sa bhliain 1839.

854 Cf. Páirc an Dreapaigh C 247.

855 Cf. 'Laethanta na Scoile' CFC 126-7.

856 Tigh le Pádraig, mac Thomáis Uí Shíocháin a chónaigh anseo sa bhliain 1917. Is ag Dónal Ó Síocháin a bhí an tigh i 1934. Cf. (i) VB (1934); (ii) Tigh Nonie LM 254.

857 Athair Nóra Bean Uí Dhrisceoil ba ea Connie Ó Síocháin. Cf. (i) Tigh Nonie LM 254; (ii) Ó Síocháin, Lios Ó Móine BGC.

858 Tháinig Pádraig agus Ciarán Mac Coitir go Cléire ag tosach na naoú aoise déag. Tháinig Pádraig go Lios Ó Móine nuair a phós sé Máire Sheáin Léith den Mhuintir Donnchú [Cf. Ó Donnchú, Lios Ó Móine BGC].

Ar chlann Chiaráin Mhic Coitir, an Comar agus Nóra Ní Shíocháin bhí Séamas, Cáit, Siobhán agus Ciarán Óg a phós faoi thrí. Ochtar clainne a bhí ar Chiarán taréis do Ellen Sweeny a phósadh sa bhliain 1873.

Phós Cáit agus Mairéad ar an mórhír. Phós Máire Finín Ó Drisceoil, Comalán. Pad Leonard, Lios Ó Móine, a bhí pósta ag Ellen sa bhliain 1878. Níor phós Séamas riamh. Bhí Siobhán pósta le Jeremiah Driscoll 1874 agus is uathu a shíolraíonn clann Mhíchíl C. Ó Drisceoil [Tigh Mhíchíl C 252] ar an gComalán, muintir Phádraig T. Ó Drisceoil, Gort na Lobhar, agus clann Phádraig Uí Chéadagáin nó "Pat the Glebe" [Tigh 'Pat the Glebe' BIT 285]. Phós Chiarán Chiaráin Óig, Lisa Ní Chéadagáin agus ba mhac leo Ciarán a raibh 'Cotter's Bar' aige ar an gCumar [Tigh an Choitirigh BIT 80]. Phós Pádraig Máire (Sheáin Léith) Ní Dhonnchú sa bhliain 1881 [i.e. Patrick Cotter / Mary Donoghue 1881 CMR]. Beirt mhac, Ciarán agus Pádraig, agus beirt iníon, Ellen agus Johanna, a bhí acu. Bhí Ciarán nó Carey pósta le Síle Ní Dhonnchú agus chónaigh siad sa tigh ina bhfuil Rita Crowley [i.e. Tigh Carey Cotter LM 2] anois inti. Cf. Mac Coitir, Lios Ó Móine; Mac Coitir, An Gleann BGC.

859 *ibid.*

860 Cf. Cnoc Éireamhóin LM 176.

861 Cf. Garraí Sheosaimh Uí Fhicheallaigh C 186. Leicín Eithleann atá ar LSC I. An bhféadfadh gur Féithlinn *Lonicera periclyclenum* nó woodbine atá mar chúl leis an téarma 'Eithleann' san ainm? Bíonn cumhra deas na féithlinne le fáil i gCléire. Tá gas fada agus déanamh rópa air, rud a chuireann ar a chumas fás aníos tríd agus thar driseacha. Bláthanna bánbhuí, ar dhath an uachtair, a bhíonn air. Is féidir le daoine an sú milis a dhiúl as.

862 Cf. Stucán LM 93.

863 Cf. (i) An Cuar GM 8, CB 21; (ii) CLF 34.

864 B'fhéidir gur Cuas Dá nó Cuas Dáibhí atá san ainm. Cf. Garraí Dhá LM 195.

865 Cf. (i) An Bóthar Láir LM 70, (ii) CC 44.

866 Cf. (i) Tigh Mhíchíl LM 110; (ii) Ó Donnchú, Lios Ó Móine BGC.

- 867 Bhí beagán amhrais ar SS faoi shloinne Sheáinín. Luadh Ó Síocháin ach tá Tobar Sheáinín de Búrca LM 79 gar do shuíomh Bhotháin Sheáinín. B'fhéidir gur ón mBúrcach a ainmníodh mar sin.
- 868 Cf. Ó Drisceoil, Lios Ó Móine; Mike's Field LM 49.
- 869 Cf. Tigh Sheáin Uí Chonghaile LM 19.
- 870 Tigh le Tadhg Ó Drisceoil, Capatán Cunta, Naomh Ciarán II, bád farantóireachta Chléire (1993). Mac le Nóra (Nonie) Bean Uí Drisceoil [Cf. Tigh Nonie LM 254] é Ted.
- 871 Bóithrín go Tráigh Dhún Cléire LM 24.
- 872 i.e. Mac le Danny Mike é Dónailín. Cf. Tigh Dhomhnaill LM 43.
- 873 Mac le Nóra Bean Uí Dhrisceoil. Cf. (i) Tigh Nonie LM 254; (ii) Tigh Ted LM 246.
- 874 Chaith Mícheál blianta fada san Astráil. D'fhill ar Chléire sna seachtóidí agus d'éag 1989. Cf. (i) Ó Donnchú, Lios Ó Móine BGC; (ii) Tigh Shíle LM 255.
- 875 Casán coise ón Séipéal go dtí an Bóthar Theas ag Oifig an Phoist.
- 876 Tá amhras faoi shuíomh na háitainme seo.
- 877 Tomás, Peadar agus Máire an chlann a bhí ar Chonchúr Ó Síocháin, Lios Ó Móine, agus Máire Ní Mhuineacháin. Phós Máire Conchúr (Curly) Ó Síocháin. Ar chlann Churly, bhí Máire, Con agus Mike (Mícheál) a phós Siobhán Ní Chéadagáin, Lios Ó Móine. Phós Con Máire Ní Shíocháin agus seachtar clainne a bhí orthu; Mary, Jeremiah, Kitty, Nóra a bhí ina bean rialta, Síle, Paddy agus Connie. Phós Dan Curly Sheehan, Máire Ní Lionáin (Leonard). Máire agus Mícheál an chlann a bhí orthu agus chónaigh siad mar a bhfuil Tigh Dhónail Uí Shíocháin LM 222. Phós Mícheál Siobhán Connie Ní Chéadagáin agus chónaigh siad mar a bhfuil Tigh Shiobhán Connie LM 205. Phós Síle Curly Sheehan, Comalán [Cf. Tigh Thaidhg Uí Shíocháin C 225]. Bhí Magie Curly pósta le Connie, i.e. Connie Chon Ó Síocháin [Cf. Tigh Connie Con LM 223]. Iníon leo Nonie a phós Conchúr (Crúidín) Ó Drisceoil, Ceathrúna. Bhí beirt iníon eile, Cáit a phós Jimmy Connolly i Sasana, agus Máire a phós Charlie Adams. Bhí mac amháin ag Connie Chon agus Con a b'ainm do sin leis.
- 877 Tigh le Pádraig, mac Thomáis Uí Shíocháin a chónaigh anseo sa bhliain 1917. Is ag Dónal Ó Síocháin a bhí an tigh i 1934. Cf. (i) VB (1934); (ii) Tigh Nonie LM 254.
- 878 De Mhuintir Donnchú, Lios Ó Móine Síle Bean Uí Shíocháin (i.e. SS). Deartháir lei ba ea Mícheál [Cf. Tigh Mhíchíl LM 250], agus phós a deirfiúr, Mairéad, Pádraig Ó Céadagáin ('Pat the Glebe' i.e. PC) [Cf. Tigh 'Pat the Glebe' LM 285]. Mac le Mícheál Ó Donnchú (Micil Liath) agus Síle Dhónail (Ní Drisceoil) ba ea Dinny, athair Shíle Bean Uí Shíocháin. Cáit Ní Dhálaigh a máthair. Cf. Ó Donnchú, Lios Ó Móine BGC



Fig. 1







Fig. 2






Fig. 3

Cill Leice Forabháin (CLF)  
Cnocán na mBáirneach (CB)






Fig. 4






Fig. 5








Fig. 6






Fig. 7




Fig. 8




Fig. 9

Baile Iarthach Thuaidh (BIT)




Fig. 10



Fig. 11

